

INBHEAR NA SIONAINNE TUARASCÁIL THASCFHÓRSA EACNAMÁÍOCH



IÚIL 2023

Clár Ábhair

Gluais	iv
Réamhrá	v
1 Achoimre Fheidhmeach	1
1.1 Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara	3
1.2 An Réiteach	3
1.3 Cinntí a Theastaíonn Anois le haghaidh Dul chun Cinn a Dhéanamh	5
1.4 Feidhmiú	6
2 Forléargas ar na Moltaí	7
2.1 An Deis	8
2.2 Gaoth an Atlantaigh a Ghabháil	9
2.3 Luach a chur lena bhfuil ar fáil d'Fhuinneamh Gaoithe Eischósta Snámhach, chun leas an uile dhuine	12
2.4 Turasóireacht, Déanamh Áite agus Cáilíocht na Beatha	14
2.5 Gnóthacháin Fostaíochta a Chonneáil le Dícharbónú Slán Inacmhainne a Éascú sa Tionsclaíocht	14
2.6 An Gá le hInfheistíocht sa Bhonneagar	17
2.7 Moltaí maidir le Cur i bhFeidhm	20
3 Achoimre ar na Príomh-Mholtaí	22
3.1 An Deis	23
3.2 Gaoth an Atlantaigh a Cheapadh	23
3.3 Luach a chur le Fuinneamh na Gaoithe Eischósta chun Leas an Uile Dhuine	27
3.4 Turasóireacht, Déanamh Áite agus Cáilíocht na Beatha	27
3.5 Gnóthachain Fostaíochta a Choimeád trí Dhícharbónú Slán In-Acmhainne a dhéanamh ar an Tionsclaíocht	28
3.6 An Gá le hInfheistíocht sa Bhonneagar	29
3.7 Moltaí maidir le Cur i bhFeidhm	31
4 Tábhacht Inbhear na Sionainne	32
5 Uaillmhianta Earnála	35

6	Fuinneamh Gaoithe Eischósta	37
6.1	Beartas agus Uaillmhian	39
6.2	Bealaí Féideartha chun an Mhargaidh ag an bhFuinneamh Glas	47
6.3	Bonneagar Cumasúcháin	52
6.4	Córais Phleanála Náisiúnta agus Réigiúnacha	57
6.5	Pleanáil Straitéiseach Talún	62
6.6	Tacaíochtaí Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta, Oideachais agus Fiontair	64
7	Fuinneamh In-Athnuaite ar Tír Mór	75
7.1	Aonad Forbartha Bithmheatáin	81
7.2	Dlús a chur le Dícharbónú	85
8	Cinnteacht Soláthair agus Costas An Fhuinnimh	90
8.1	Iarrataí/Príomh-Ghníomhartha	92
9	Iompar, Lóistíocht agus Nascacht	95
9.1	Córas Iompair Inbhuanaithe Comhtháite	98
9.2	Máistirphlean an Mhoil Náisiúnta Lóistíochta	106
9.3	Inbhear na Sionainne: Tairseach Dhigiteach Nua	109
9.4	Mol Domhanda Trasloingsith	112
10	Turasóireacht	114
10.1	Plean Forbartha Eispéiris Cheann Scríbe	117
10.2	Glasbhealaí	119
10.3	Tionscadail Chaipitil agus Comhdhálacha	123
10.4	Forbairt Foraoise	125
10.5	Straitéis Ar Uisce	126
10.6	Féilte agus Imeachtaí	128
10.7	Cúrsáil Inbhuanaithe	129

11	Moltaí Maidir le cur i bhfeidhm	131
11.1	An Coiste Comh-Aireachta ar Théarnamh Eacnamaíoch agus Infheistíocht	133
11.2	Grúpa Idir-Rannach ag Tiomáint Chur i bhFeidhm na Straitéise Tionscail do Ghaoth Amach ón gCósta	133
11.3	Gníomhaireacht Fhiontair Tiomnaithe do Ghaoth Amach ón gCósta	133
11.4	Grúpa Forfheidhmithe Réigiúnach	134
12	Aguisíní	137
12.1	Aguisín 1 – Faisnéis Tacaíochta	138
12.2	Aguisín 2 – Comhréiteach le Beartas Náisiúnta, Réigiúnach agus Áitiúil	141
12.3	Aguisín 3 – Bainc Thalún ar Fáil	162
12.4	Aguisín 4 – Léarscáileanna Bonneagair	163
12.5	Aguisín 5 – Achoimre ar Ghníomhartha	166

Gluais

Giorrúchán	Sainmhíniú
MC	Measúnú Cui
ABP	An Bord Pleanála
CCC	Comhairle Contae an Chláir
RTBM	An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
RCAC	An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide
RFTF	An Roinn Fiontraíochta, Trádála agus Fostaíochta
RBATNE	An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta
RTRAO	An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
PLMA	Plean Limistéir Mhuirí Ainmnithe
RI	An Roinn Iompair
FÉ	Fiontraíocht Éireann
BSL	Bord Soláthair Leictreachais
AE	Aontas Eorpach
GW	Gigeavata
IDA	An Ghníomhaireacht um Fhorbairt Tionsclaíochta
CDLPS	Ceanglais Dianriachtanacha Leasa Phoiblí Sháraithe
CCCh	Comhairle Contae Chiarraí
LCCC	Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
MIL	Meánchostas iomlán Leictreachais
GNL	Gás Nádúrtha Leachtaithe
MAC	Cead Limistéir Mhuirí
MARA	Údarás Rialála na Limistéar Muirí
MW	Meigeavata
PFFIE	Plean Forbartha Fuinnimh In-Athnuaite Eischósta
STFIE	Scéim Tacaíochta Fuinnimh In-Athnuaite Eischósta
MSC	Measúnú Straitéiseach Comhshaoil
TEIS	Tascfhórsa Eacnamaíoch Inbhear na Sionainne
SFPC	Comhlacht Calafoirt na Sionainne Fhainge
PCCS	Plean do Chreat Comhtháite Straitéiseach
SOEF	Shaping Our Electricity Future
CCTÁ	Comhairle Contae Thiobraid Árann
TWh	Teireavatuair
FGÉ	Fuinneamh Gaoithe na hÉireann

Réamhrá



Réamhrá

Tugadh gealltanas sa Phlean Rialtais 2020 i leith tacaíocht a thabhairt do cheantar Inbhear na Sionainne le forbairt a dhéanamh ar Thascfhórsa Eacnamaíoch chun luacháil a dhéanamh ar an bpoitéinseal atá i gceantar Inbhear na Sionainne ó thaobh na forbartha eacnamúla de, agus chun a dhéanamh amach cén chaoi gur féidir sin a thabhairt i dtír ar bhealach inbhuanaithe ó thaobh an gheilleagair agus na timpeallachta de. Bunaíodh Tascfhórsa Eacnamaíoch Inbhear na Sionainne ar an 21 Aibreán 2022, agus an dá chuspóir aige fíís fhadtéarmach a chruthú don cheantar, agus plean praiticiúil a leagan amach lena bhféadfaí sin a thabhairt ann.

An sprioc atá ag an Tascfhórsa seo ná moltaí praiticiúla a dhéanamh le haghaidh gníomhartha i leith deiseanna nár tapaíodh amach go fóill, seachas liosta tagartha a chur ar fáil de thionscadail atá ar siúl cheana, cé go bhfuil an seans ann go bhfuil comhchuspóirí ann. Táimid tar éis bheith ag obair le páirtithe leasmhara poiblí agus príobháideacha chun gníomhartha dá leithéidí a mholadh don fheidhmiú, agus moltaí déanta conas iad sin a sholáthar ar bhealach tráthúil éifeachtach.

Tá méadú suntasach ar infheistíocht agus ar fhostaíocht sa cheantar ag comhlachtaí reatha agus nua le deich mbliana anuas, go háirithe faoi Luimneach agus an tSionainn. Nuair a bunaíodh an Tascfhórsa, bhí sé ar eolas go maith go bhfuil codanna áirithe de na ceithre chontae i gceantar Inbhear na Sionainne nár tharla iontu an fás eacnamúil agus an infheistíocht a rinneadh áiteanna eile, agus a bhfuil meath tagtha ar an daonra óg iontu mar thoradh air sin.

Ina fhianaise sin, leag an Tascfhórsa amach na mórphrionsabail a leanas:

- sainaitheint a dhéanamh ar na tréithe uathúla nádúrtha atá ag ceantar an Inbhir;
- díriú ar leas a bhaint as an uathúlacht sin chun cur go suntasach le cuspóirí na mbeartas náisiúnta agus an AE ;
- sainaitheint a dhéanamh ar aon easnaimh bheartais agus bhonneagair a chuirfidh bacainn ar na leibhéil fostaíochta reatha, agus ar riachtanach iad chun na leasanna a aithnítear a thabhairt i bhfirinne.

Treisiódh ar obair an Tascfhórsa seo i ngeall ar dhá ghéarchéim, mar atá an t-athrú aeráide agus cogadh na hÚcráine. Aithnímid dualgais na hÉireann ina leith seo, ar leibhéal náisiúnta agus AE ar aon. Creidimid gur féidir le ceantar Inbhear na Sionainne ról tábhachtach a imirt sa neamhthuilleamaíocht fuinnimh agus sa dícharbónú, d'Éirinn agus don Eoraip, agus san am céanna deiseanna ollmhóra eacnamúla a chruthú nach raibh indéanta go dtí seo.

Mhol an Taoiseach ina aitheasc sa Dáil ar an 17 Nollaig 2022 gur féidir leis an Cheathrú hUaillmhian aige, slándáil fuinnimh agus dícharbónú, bheith mar 'Scéim na Sionainne 2.0' na linne seo againn. Creidim gur deis ollmhór atá sna moltaí seo do 'Scéim na Sionainne 2.0 – Dorchla Digiteach Glas Atlantach na hÉireann', limistéar teicneolaíochta neodrach ó thaobh carbóin de ar fud Bhealach an Atlantaigh Fhiáin, don Stát go ceann na mblianta fada amach romhainn. Ach seo a dhéanamh go maith, is féidir linn bonn cothrom a chur faoin infheistíocht agus faoi fhás an daonra in Éirinn le deiseanna nua fostaíochta agus cáilíocht fheabhsaithe saoil sa leath thiar d'Éirinn.

Gabhann Tascfhórsa Eacnamaíoch Inbhear na Sionainne buíochas leis an uile dhuine a bhí rannpháirteach inár gcuid oibre go dtí seo, agus a thacaigh léi, idir na daoine a chuir isteach a gcuid tuairimí mar chuid de na comhairliúcháin tosaigh le páirtithe leasmhara, agus an Taoiseach Leo Varadkar TD, Aire na Roinne Fiontraíochta, Trádála agus Fostaíochta Simon Coveney TD chomh maith le hAiri eile agus a gcuid oifigeach. Mar Chathaoirleach, ba mhaith liomsa buíochas ó chroí a ghabháil le gach uile bhall den Tascfhórsa seo, lena n-áirítear an Rúnáíocht, a roinn a gcuid ama agus saineolais go fial linn, agus iad uile spreagtha ag na deiseanna a chreideann siad atá anseo dúinn.

As Chair, I would also like to thank most sincerely each of the members of this Taskforce, including the Secretariat, who all have given very generously of their personal time and expertise, all motivated by their strong belief in these opportunities.

Tá súil againn go mbeidh na moltaí cabhrach daoibh.

Is mise, ar son Thascfhórsa Eacnamaíoch Inbhear na Sionainne,



Barry O'Sullivan, Cathaoirleach

Iúil 2023

Seo a leanas na comhaltaí a bhí le Tascfhórsa Eacnamaíoch Inbhear na Sionainne:

Luuk van Der Wielen (UL), Pat Keating (Comhlacht Calafóirt na Sionainne Fhainge), Seamus Hoyne (TUS), Mary Considine (The Shannon Airport Group), Dee Ryan (Limerick Chamber), Sean Hegarty (BSE), Siobhan Dolan Clancy (SDC Consulting), Brendan O'Donnell (MTU), Eamonn Murphy (ICBE), agus Barry O'Sullivan (Cathaoirleach).

Bhí Príomh-Fheidhmeannach de chuid ceann de na húdaráis Áitiúla sna ceithre chontae mar thacaíocht ag an Tascfhórsa ar bhonn sealaíochta: Moira Murrell (Comhairle Contae Chiarraí), Joe MacGrath (Comhairle Contae Thiobraid Árann), Pat Dowling (Comhairle Contae an Chláir), Pat Daly (Comhairle Contae agus Cathrach Luimnigh).

TTá tacaíocht ag an Tascfhórsa chomh maith ó Rúnaíocht a chuimsíonn, óna thús, Paraic Rattigan (Plean Gnímh Fiontraíochta Réigiúnaí an Mheáin-iarthair), Colm Forde (RFTF), John Watters (RFTF), agus Jonathan Hoare (Plean Gnímh Fiontraíochtaí an Iar-Dheiscirt)



Baill de Thascfhórsa Eacnamaíochta Inbhear na Sionainne agus den Rúnaíocht leis an Tánaiste ag an am, Leo Varadkar TD, Nollaig 2022

1

Achoimre Fheidhmeach



Bhí gealltanais sa Phlean Rialtais 2020 maidir le tacaíocht le réigiún Inbhear na Sionainne trí fhorbairt a dhéanamh ar Thascfhórsa Eacnamúil chun luacháil a dhéanamh ar an bpoitéinseal don fhorbairt eacnamaíoch atá i gceantar Inbhear na Sionainne, agus a dhéanamh amach conas is féidir leis an bpoitéinseal seo a shlánú ar bhealach inbhuanaithe ó thaobh na timpeallachta agus an gheilleagair de.

Tar éis ár gcuid oibre a chur i gcrích, dar leis an Tascfhórsa seo, i neall ar acmhainní nádúrtha, riachtanas agus an uair bheith ag teacht le chéile, is é atá a chur i láthair anseo againn ná an deis is mó riamh is stair na hÉireann maidir le fás eacnamúil – forbairt ar cheann de na moil fuinnimh in-athnuaite is mó ar domhan, tógtha den chuid is mó ar cheapadh an fhuinnimh gaoithe eischósta ar scála domhanda ó Inbhear na Sionainne. Is suntasach a thráthúla atá an deis ag teacht, agus muid ag teacht le réiteach a thugann faoi dhúshláin a bhaineann le hathrú na haeráide, slándáil fuinnimh, agus éileamh ar fhuinneamh.

Tá Inbhear na Sionainne lonnaithe, i gcomhthéacs idirnáisiúnta, go huathúil maidir le riar air seo, i ngeall ar acmhainní nádúrtha mar seo a leanas:

- breis agus 500km² d'uisce domhain faoi fhoscadh ar aghaidh an Aigéin Atlantaigh (tá críocha farraige na hÉireann deich n-oiread níos mó ná na críocha talaimh);
- a ghaire atá sé do chuid de na hacmhainní gaoithe is fearr ar domhan, go háirithe faoi chósta an Atlantaigh;
- uisce atá faoi fhoscadh nádúrtha agus iad domhain go leor chun glacadh le suiteálacha gaoithe eischósta ar an scála cúí;
- talta leitheadacha atá oiriúnach don fhorbraíocht thionsclaíoch.

Creidimid, má thapaítear an deis seo, trí ghlacadh leis na moltaí atá leagtha amach sa tuarascáil seo, is féidir an caidreamh a chlaochlú idir an fás eacnamaíoch agus ár dtimpeallacht ón scrios go dtí an tógáil, agus an dá chuid a chur ag maireachtáil le chéile chun leas agus rachmhas an uile dhuine, ar scála a mbeidh suntas idirnáisiúnta á chur ann.

1.1 Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara

Ón mbun aníos a forbraíodh ár bplean, agus ionchur ann ó gach cuid den réigiún, den tír agus go hidirnáisiúnta.

Tá sé múnlaíthe ag an teagmháil lenár bpobail áitiúla; le saineolaithe tionsclaíochta ó na hearnálacha fuinnimh, turasóireachta agus iompair; oifigigh thofa; agus ionadaithe rialtais.

Gabhaimid buíochas ó chroí leis an uile dhuine as an méid a chuir siad leis an bpróiseas, a léargas agus a dtacaíocht.

Teagmháil dhíreach leis an Taoiseach agus le roinnt Airí Rialtais

Teagmháil shuntasach le hoifigigh ó Ranna Rialtais ábhartha

Cruinnithe le hOifigigh Thofa Áitiúla agus Réigiúnacha (Comhairleoirí, TD agus MEP)

Comhairliúchán le Páirtithe Leasmhara agus Saineolaithe idir phríobháideach agus phoiblí (Réigiúnach, Náisiúnta agus Idirnáisiúnta)

Dhá bhabhta comhairliúcháin phoiblí - agus breis agus 40 freagairt faoi leith

1.2 An Réiteach

Is féidir le ceantar Inbhear na Sionainne 5,000 post glas ar ardcháilíocht tríd an bhfuinneamh gaoithe san Atlantach a cheapadh agus teacht i dtír air, agus éirí ina réigiún neodrach ó thaobh carbóin de faoi 2035:

- tobar gan tóin an fhuinnimh ghaoithe atá san Atlantach a úsáid, agus leis an infheistíocht sa taighde agus sa nuálaíocht agus iad a chur chun cinn, deiseanna nua a chruthú agus tionsclaíocht a mhealladh nárbh fhéidir cheana;
- leis an ainmniú mar thosaíocht sa phleanáil, is féidir linn bheith ar thús cadhnaíochta maidir le gaoth an Atlantaigh a cheapadh, chun fuinneamh slán glas inacmhainne a chur ar fáil d'Éirinn;
- ach luas a chur le soláthair an bhonneagair straitéisigh, agus le conair láidir iomaíoch a leagan amach don dícharbónú, is féidir linn cosaint a dhéanamh ar an dul chun cinn eacnamúil atá déanta cheana, agus dúshraith láidir a thógáil don aimsir romhainn;
- ach infheistíocht a dhéanamh in áiteacha, agus tairiscint nua leasaithe a chur ar fáil do thurasóirí, beidh an ceantar ina áit bhreá bhríomhar don saol agus don infheistíocht;
- ach luas a chur faoi ghabháil na hacmhainne fuinnimh seo san Atlantach againn, is féidir linn Dorchla Glas Digiteach an Atlantaigh a chruthú, ó cheantar an Inbhir amach ar fud Bhealach an Atlantaigh Fhiáin, a thabharfaidh deiseanna, gairmeacha, agus cáilíocht bheatha ar scála nach bhfacthas cheana agus a mhairfidh go ceann na mblianta fada;

Scéim na Sionainn 2.0

Dorchla Digiteach Glas an Atlantaigh in Éirinn

- ach gréasán inbhuanaithe comhtháite iompair agus idirnasachta a chur ar fáil, agus mol náisiúnta lóistíochta a cheanglóidh an ceantar leis an chuid eile d'Éirinn agus thar lear, is féidir linn dúshraith a chur faoi fhorbairt inbhuanaithe eacnamaíoch agus fás an daonra sa cheantar, agus cuidiú san am céanna le dúshláin náisiúnta a bhaineann le cothromaíocht san fhorbairt réigiúnach, an brú spáis, agus an dícharbónú.

50,000 post glas a chruthú go hicriminiteach faoi 2050, trí leas a bhaint as Fuinneamh Gaoithe an Atlantaigh

10,000 post agus réigiún Glan-Nialasach faoi 2035, trí leas a bhaint as Fuinneamh Gaoithe an Atlantaigh

TORTHAÍ MÓRA

An geilleagar a fhás le fuinneamh slán inacmhainne ísealcharbóin

Áit iontach a chruthú le maireachtáil ann, agus cuartaíocht agus infheistíocht a dhéanamh

1.3 Cinntí a Theastaíonn Anois le haghaidh Dul chun Cinn a Dhéanamh

Tá cuid mhór gníomhaíochtaí mionsonraithe sa tuarascáil seo chun soláthar a dhéanamh maidir lenár n-uaimhian. Tugaimid thíos achoimre ar na cinntí mór a theastaíonn anois sa chaoi go mbeifear in ann dul chun cinn.



50,000 Post Glas faoi 2050

- Straitéis Náisiúnta Thionsclaíochta a chruthú don ghaoth eischósta.
- Láithreáin 'réidh don tochailt' a chruthú a mheallfaidh tionsclaíochtaí chun cumhacht ghlas a úsáid.
- Infheistiocht a dhéanamh sa T&D chun cur leis an luach breise ón ngaoth shnámhach.



Réigiún Glan-Nialasach a chruthú faoi 2035, trí leas a bhaint as Gaoth an Atlantaigh

- Úsáid a bhaint as beartais AE agus náisiúnta chun tosaíocht a dhéanamh de thionscnaimh fuinnimh in-athnuaite agus bonneagar cumasúcháin i réigiún an Inbhir.
- Ár bplean a chur i bhfeidhm fuinneamh eischósta snámhach ar scála a sholáthar faoi 2032.
- Gníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Gaoithe Eischósta Snámhaí a chruthú.



Bonn Reatha Fostaíochta a Fhás

- Straitéis Fuinnimh Náisiúnta a chruthú agus a imlonnú, chun tabhairt faoi shlándáil fuinnimh, iomaíochas costais, agus dícharbónú, in éineacht le chéile.
- Luas a chur faoi fhás an bhithmheatáin agus in-athnuaiteáin eile.
- Bonneagar criticiúil a luathú.



Áit Bhríomhar Maireachtála

- Infheistiú in Inbhear na Sionainne mar áit turasóireachta ísealcharbóin, agus dícheall leasa a bhaint as an deis léirithe a thiocfaidh le Corn Ryder.
- Infheistiú sa bhonneagar inbhuanaithe iompair, lóistíochta agus digiteach.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an Straitéis Náisiúnta Spáis don Réigiún.

1.4 Feidhmiú

Dúshlán a bhaineann le soláthar tráthúil a dhéanamh ar an mór-bhonneagar in Éirinn is ea an easpa acmhainne tacaíocht leordhóthanach a fháil ón bpobal d'fhorbairtí a bheidh le leas na sochaí agus an mhórphobail i gcoitinne. Éileoidh cuid de moltaí seo againne go ndéanfaí forbairt ar mhórsála ar bhonneagar. Cé go bhfuil tacaíocht acu seo ag creata beartais in Éirinn agus ón AE, tá an Tascfhórsa go mór ar son dul i dteagmháil dhomhain le pobail faoi leith chun éisteacht lena n-údar imní, tabhairt fúthu nuair is féidir, agus míniú soiléir a thabhairt ar an leas sochaí agus eacnamaíoch a thiochfaidh leis na tionscadail seo.

Sa chaoi go mbeifear in ann an deis iontach seo a thapú don Stát agus dár muintir, molann an Tascfhórsa an méid seo a leanas:

- Gníomhaireacht Forbartha Fuinnimh Gaoithe Eischósta snámhach, chun an deis seo a chur ar fáil. Thógfadh sé seo ar mhúnlaí maithe FÉ agus an IDA maidir le hinfheistíocht idirnáisiúnta a mhealladh sa teicneolaíocht, agus forbairt a dhéanamh ar an nuálaíocht agus ar an bhfiontraíocht in Éirinn. An cuspóir leis an eintiteas nua seo ná an caipiteal a mhealladh is gá chun an acmhainn seo a cheapadh. Tá riachtanas chomh maith le foireann bhainistithe bheag ach sinsearach don tionscadal sa réigiún, agus í faoi stiúir ag grúpa ceannairí atá san áit féin.
- Cistiú a chur ar fáil a chuirfidh ar ár gcumas tabhairt faoi na staidéir theicniúla is riachtanach chun bonn eolais agus treoir a chur ar fáil do na céimeanna tábhachtacha atá le glacadh i dtaca le forbairt an Inbhir amach anseo.
- Freagracht a shannadh ar ranna agus ar ghníomhaireachta reatha rialtais leis na gníomhaíochtaí eile a chur i bhfeidhm agus molaimid go ndéanfaí tuairisc faoin dul chun cinn dhá uair sa bhliain don Roinn Fiontraíochta, Trádála agus Fostaíochta.

2

Forléargas ar na Moltaí



Is féidir le ceantar Inbhear na Sionainne 50,000 post ar ardcháilíocht a chruthú faoi 2050 agus bheith neodrach ó thaobh carbóin de faoi 2025 san am céanna, ach na nithe a leanas a dhéanamh:

- leas a bhaint as gach beartas AE agus náisiúnta atá ar fáil chun tosaíocht a dhéanamh de thionscadail fuinnimh in-athnuaite agus éascaíocht a dhéanamh de bonneagar, bheith ar thús cadhnaíochta maidir le gaoth an Atlantaigh a cheapadh, agus fuinneamh slán, glas, inacmhainne a chur ar fáil d'Éirinn agus don Eoraip;
- leas a bhaint as an soláthar gan chríoch sin d'fhuinneamh ghlas, agus deiseanna nua a chruthú agus tionsclaíochtaí nua a mhealladh nárbh fhéidir cheana;
- infheistíocht chuí a dhéanamh sa bhonneagar straitéiseach, agus conair láidir iomaíoch a chruthú don dícharbónú, cosaint a dhéanamh ar an dul chun cinn eacnamúil atá déanta cheana, agus dúshraith láidir a thógáil don aimsir romhainn.

2.1 An Deis

Faoi Mhárta 2023, tá an Coimisiún Eorpach tar éis roinnt beartas 'Margadh Glas' a eisiúint (Fit for 55, REPowerEU, Net Zero Industry Act, Chips Act etc.) lena bhfuil creat gníomhaíochtaí a dhéanfaidh soláthar ar thrí chuspóir, mar atá slándáil soláthair fuinnimh a bhaint amach agus astaíochtaí carbóin a laghdú, leathnú a dhéanamh ar ár soláthar fuinnimh in-athnuaite, agus cur leis an bhféintuilleamaíocht sna teicneolaíochtaí straitéiseacha is riachtanach chun a chinntiú gur aistriú inbhuanaithe a bheidh i gceist.

Luaitear sna mionsonraí laghdú 55% ar astaíochtaí agus 40% féintuilleamaíocht in 8 gcinn de réimsí teicneolaíochtaí straitéiseacha atá nialasach ó thaobh carbóin de faoi 2030, agus éirí neodrach ó thaobh carbóin de faoi 2050. Cuireann na beartais seo chun cinn go gcruthófaí achair thionsclaíochta atá nialasach ó thaobh carbóin de chun go ndéanfar soláthar ar na cuspóirí seo.


An fhís atá againn ná gur féidir le réigiún Inbhear na Sionainne cur go ceannasach le rannchuid na tíre maidir leis na spriocanna Eorpacha seo. Chun na críche sin, iarraidimid go ndéanfaí tosaíocht de na tionscadail fuinnimh in-athnuaite agus an bonneagar éascaithe i réigiún leathan Inbhear na Sionainne, agus go mbainfear leas as gach uile threoir agus bheartas de chuid an AE agus na tíre seo, chun Dorchla Digiteach Glas an Atlantaigh' ar fud Bhealach an Atlantaigh Fhiáin, a chruthóidh 50,000 post de réir a chéile faoi 2050 i dtionsclaíochtaí straitéiseacha don aistriú chuig an neodracht charbóin.

Ár bhFís

Deis atá in Inbhear na Sionainne inbhuanaitheacht agus straitéis fáis na hEireann a aistriú as éadan. Is féidir linn teorainn nua eicea-fuinneamh-eacnamaíoch an AE a chruthú trí bhuntáiste ár n-oileáin a úsáid leis na hacmhainní dochríochnaithe in-athnuaite agus sin le spiorad an phobail. Idir sin agus an nuálaíocht sa teicneolaíocht dhomhain, rud a dhéanfaidh athnuachan agus slánú ar thodhchaí fuinnimh na hÉireann agus na hEorpa.

Dorchla Digiteach Glas an Atlantaigh in Éirinn

Inbhear na Sionainne ina lár i dtosach, ach é sin ar fud Iarthar na hÉireann:



Fíor 1: Taispeánann an léarscáil an 70GW (70,000MW) d'fhuinneamh gaoithe atá ar fáil ó Chalafort Fainge agus an áit a moltar an chéad chéim de Dorchla Digiteach Glas an Atlantaigh a thógann ar an ngréille reatha don tarchur leictreachais (agus bonneagar eile). (Foinse: Comhlacht Calafóirt na Sionainne Fhainge¹)

2.2 Gaoth an Atlantaigh a Ghabháil

Tá sé i gceist ag 'Margadh Glas' an Choimisiúin Eorpaigh luas a chur faoin dícharbónú ar sholáthar fuinnimh an AE agus éirí chomh féintuilleamaíoch agus is féidir le linn an phrósais sin. Thug an Tascfhórsa dá aire Plean Gnímh don Aeráid 2023 na hÉireann agus an Beartas i dtaca le Gaoth Eischósta dar 11ú Márta 2023 ón taobh sin de, gona ghealltanas forbairt a dhéanamh ar 2 GW de gaoth eischósta snámhach (FLOW) faoi 2030.

1 [Athbhreithniú Straitéiseach Fis 2041 Comhlacht Calafóirt na Sionainne / Fhainge, 2022.](#)

Creidimid gur féidir le réigiún Inbhear na Sionainne rannchuid shuntasach a dhéanamh i leith an chuspóra náisiúnta agus AE seo. Tá Bechtel, comhlacht domhanda innealtóireachta, tar éis anailís a dhéanamh a thugann le fios gur féidir 70,000 MW d'fhuinneamh, ar ionann é agus deich n-oiread an éilimh is mó in Éirinn, a chur ar fáil go deo. De réir mar a dhéanfar feabhsuithe ar an teicneolaíocht, is dócha go mbeidh fás ar an acmhainn fhéideartha sin ar ráta níos luaithe ná ár gcumas é a cheapadh.

Ar an aimsir seo, is costasaí an fuinneamh eischósta snámhach ná aon chineál eile, agus mar sin de is riachtanach an scála a chur ar fáil chun costas an aonaid a íoslaghdú. Is é dearcadh an tionscail gaoithe gur ag Inbhear na Sionainne amháin in Éirinn is féidir an lonnú a dhéanamh ar scála leordhóthanach. I mí na Samhna 2022, sheol an tAire Ryan Fís 2041, Athbhreithniú Straitéiseach an Comhlacht Calafóirt na Sionainne Fhainge, ina bhfuil plan mionsonraithe conas an toilleadh sin a fhorbairt san Inbhear.

Tá an Tascfhórsa tar eis dlúth-theagmháil a dhéanamh leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC), an tionscal gaoithe eischósta snámhach, agus páirtithe leasmhara eile féachaint conas an deis seo a chur chun cinn, i bhfianaise na moltaí sainiúla ón gCoimisiún Eorpach^{2,3} faoi luas a chur faoina leithéidí seo de thionscadail. Fuarthas aiseolas ó fhorbróirí gaoithe, ar an drochuair, a thugann le fios go bhfuil Éire roinnt blianta ar chúl na dtíortha eile san Eoraip maidir le forbairt a dhéanamh ar an ngaoth eischósta agus ainneoin dul chun cinn a rinneadh le déanaí, tá cuid mhór le déanamh chun aclú agus luathú a dhéanamh ar na próisis maidir le ceadú, mar a aontaíodh ag leibhéal an AE.

Ó tharla go bhfuil 70,000 MW ansin ar fáil, agus an teicneolaíocht á imlonnú áiteanna eile ar fud na cruinne, ní mór infheistíocht idir €3-5 billiún ó fhorbróirí in aghaidh gach 1,000 MW⁴ más fúinn a cheapadh. Mar sin féin, tá roinnt gníomhairí Eorpacha tar éis tarraingt amach as páirtíochtaí in Éirinn, agus fuaireamar amach go bhfuil éadóchas áirithe le brath i measc na bhforbróirí gaoithe atá fós ann. Tá scéala tagtha le déanaí faoi infheisteoirí eile teacht ach is ríthábhachtach anois go mbeidh dul chun cinn ann leis an spéis seo a choinneáil beo.

Iarraimid mar sin ar an Rialtas breithniú a dhéanamh faoin deis atá ar fáil ón ngaoth eischósta snámhach, mar ghéag thábhachtach den fhorbairt eacnamaíoch in Éirinn go ceann céad bliain, seachas mar uirlis fhéideartha don dícharbónú sa bhaile, mar a shamhlaítear inniu leis, is cosúil.

2 [Státchabhair: Faomhadh an Choimisiúin do leasuithe le scéim Ghearmánach mar thacaíocht le giniúint fuinnimh ghaoithe, An Coimisiún Eorpach 2022.](#)

3 [Acht um Thionscal Nialasach: An Eoraip a dhéanamh ina baile do theicneolaíochtaí, déantúsaíocht ghlan agus poist ghlasa: An Coimisiún Eorpach, 2023.](#)

4 [2021 Athbhreithniú ar Chostas an Fhuinnimh Ghaoithe, NREL, 2021.](#)

Cé gur féidir cinnte leis an bhfuinneamh eischósta snámhach cur leis an bhfeachtas náisiúnta dícharbónaithe tar éis 2030, is mó go mór an deis a bhaineann le honnmhairiú fuinnimh agus na dtáirgí a rinneadh trína úsáid, chuig an AE agus ar aghaidh. An chéad chéim sa deis ollmhór eacnamaíoch seo ná forbairt a dhéanamh ar fheirmeacha gaoithe eischósta agus tionsclaíochtaí nua a mhealladh agus a chruthú, agus síneadh a dhéanamh leis an idirnasc leictreachais chun na hEorpa.

Mar a moladh i mbeartas Margadh Glas an AE, iarraidimid go mbunófaí comhlacht aonfheidhme, Gníomhaireacht Náisiúnta um Fhorbairt ar Fhuinneamh Gaoithe Eischósta Snámhach, ina mbeadh foireann bheag daoine a bhfuil taithí acu agus iad i dteagmháil ar bhonn tráchtála agus teicniúil le forbróirí gaoithe féideartha agus córas an Stáit chun an chumhacht ghlas sin a thabhairt i dtír. Is ag FÉ atá an dualgas tacú le tionsclaíochtaí nua sa lá atá inniu ann, ag IDA atá sé FDI a mhealladh, agus ag Eirgrid atá sé idirnascacht a fhorbairt thar lear. Ní mór do na gníomhaireachtaí seo oibriú go dlúth le chéile más fúinn an deis eacnamaíoch seo a thapú.

Mar a léiríodh in aguisín 2.2, tá beartas suntasach ann ar leibhéal idirnáisiúnta, náisiúnta agus réigiúnach chun éascú agus tacaíocht a chur ar fáil d'Inbhear na Sionainne mar áit mhór ghlactha leictreachais gaoithe eischósta a gineadh amach ó chósta thiar na hÉireann. Beidh gá le hinfheistíocht shuntasach ar son an Stáit i gcalafort Fainge agus Gob na Muine, i bhforbairtí ar ghreille eischósta an Atlantaigh, i mbonneagar eile fisiciúil agus digiteach, i gceannach agus i bhforbairt tailte, agus i scileanna chun an deis ollmhór eacnamaíoch seo a thapú. Iarraidimid anois go dtabharfaí tús áite díobh seo mar thionscadail a bhfuil leas sáráitheach poiblí i gceist leo.

Tar éis dlúth-theagmháil againn féin le forbróirí a bhfuil spéis acu i dtionscadail ghaoithe amach ó chósta Chiarraí/an Chláir, molaimid go mbeidh clár gníomhaíochtaí ann lena chinntiú go dtiocfaidh an leictreachas i dtír in 2032. Cuirimid sraith moltaí chun tosaigh chomh maith chun éascaíocht a dhéanamh de sin, laistigh de chur chuige a bheidh faoi réir ag plan daingean.

Creidimid go mbeidh spreagadh i bhfeidhmiú na ngníomhaíochtaí seo, san amlíne seo, ag infheisteoirí idirnáisiúnta a bhfuil a gcaipiteal agus a dteicneolaíocht de dhíth orainn, chun athmhachnamh a dhéanamh ar Éirinn mar áit fhiúntach don infheistíocht sa ghaoth eischósta shnámhach.

2.3 Luach a chur lena bhfuil ar fáil d'Fhuinneamh Gaoithe Eischósta Snámhach, chun leas an uile dhuine

2.3.1 Pleanáil Straitéiseach sa Láthair

An tríú colún de bheartais Margadh Glas an AE ná feabhsú a dhéanamh ar shlándáil na n-amhábh ar agus na dteicneolaíochtaí atá tábhachtach maidir le forbairt leanúnach eacnamaíoch an AE. Tá de chuspóir ag an Acht um Thionscal Glan-Nialasach⁵ treoir a thabhairt do ghníomhaíochtaí chun táirgí straitéiseacha agus comhábhair thionsclaíocht a dhéanamh ar bhonn glan-nialasach lena chinntiú go mbeidh aistriú glas in Éirinn ann. Tá sainaitheint déanta ar na réimsí teicneolaíochta seo – cumhacht ghréine, cadhnraí/stóráil, gaoith, leictrealóirí agus cillíní breosla, caidél teasa, bithmheatán, greillí leictreachais, ceapadh agus stóráil carbóin (CCS). Díríonn an beartas seo ar thagarmharc 40% de riachtanais an AE a dhéantúsaíocht faoi 2030. Díríonn Acht Sliseanna an AE⁶ ar 20% de mhargadh domhanda na sliseanna ríomhaireachta a dhéanamh san Aontas Eorpach faoi dheireadh na 2020í.

Seachas b'fhéidir an CCS thuas, creideann gur féidir le mór-réigiún an Inbhir éirí ina láthair shuntasach déantúsaíochta do chuid mhór díobh seo, agus táirgí eile, ar nós na hidrigine agus bunábhar eile tionsclaíoch, an leas glas, breoslaí inbhuanaithe eitlíochta agus muirí, cruach glas agus alúnamam, agus stóráil sonraí glasa eile.

Trí ghíaráil a dhéanamh ar ár ngreillí leitheadacha leictreachais ardvoltacha agus gáis, infhaighteacht uisce, agus an acmhainn láidir déantúsaíochta atá sa réigiún, is féidir athrú céime a bhaint amach san fhorbairt thionsclaíochta.

Tá láithreáin criosaithe cheana faoin Inbhear atá oiriúnach do thionscail ar riachtanach go mbeadh teacht acu ar an domhnaíocht uisce. Tá 1,250 heictéar (3,000 acra) talaimh thar 9 láithreán, sainaitheanta i bPlean Straitéiseach Inbhear na Sionainne do Chreat Comhtháite (SIFP)⁷ mar Láithreáin Forbartha Straitéisí (SDL) agus iad criosaithe sna Pleananna Forbartha Contae oiriúnacha mar thacaíocht reachtúil.

Is féidir go mbeadh an réigiún mór máguaird, idir cheantair Luimnigh, na Sionainne agus na Gaillimhe oiriúnach do na tionscail ardteicneolaíochta ar nós dhéantús sliseanna. Níl sárú na mbailte mórthimpeall le fáil, ó Lios Tuathail go Ros Cré, maidir le tacú le tionsclaíocht, e.g. ionaid sonraí glasa, arna dtiomáint ar fad ag fuinneamh glas ón ngaoth Atlantach agus ag gearáil an ghreille ardvoltach atá in aice láimhe cheana. Tá sainaitheint déanta againn ar 2,950 heictéar (7,300 acra) de thailte criosaithe don tionsclaíocht sa réigiún níos leithne chun na críche seo (Aguisín 12.3). Tá ár nÚdaráis Áitiúla dírithe ar fad ar bheith ag obair go dlúth le IDA agus FÉ chun tionsclaíochtaí glasa dá leithéid a mhealladh.

5 [Net-Zero Industry Act: Making the EU the home of clean technologies manufacturing and green jobs, European Commission, 2023.](#)

6 [European Chips Act, European Commission, 2022.](#)

7 [Creat-Phlean Straitéiseach Comhtháite d'Inbhear na Sionainne, Grúpa Stiúrtha SIFP, 2013](#)

Molaimid go gceannódh an Stát nó a ghníomhairí tailte suntasacha, agus go gcuirfí an bonneagar ar fáil chun iad a réiteach láithreach do thionsclaíochtaí a d'fhéadfai a mhealladh anseo chun luach a chur leis an bhfuinneamh glan seo. Iarraimid cistiú chun meastachán a dhéanamh faoin gcostas na láithreáin seo a cheannach agus forbairt a dhéanamh ar na cinn atá ar láimh cheana, chomh maith leis an gcisítú chun sainaitheint a dhéanamh ar an oiread céanna ar a laghad de thailte chun forbairt bhreise a dhéanamh.

Is féidir 'Dorchla Digiteach Glas an Atlantaigh' seo a dhíriú ar dtús ar réigiún an Inbhir i gCiarraí Thuaidh, Tiobraid Árann, Luimneach agus an Clár. Is féidir ansin a leathnú amach chun dorchla a chruthú ó Chorcaigh go Dún na nGall, taobh istigh de Bhealach an Atlantaigh Fhiáin, nuair a bheidh an bonneagar riachtanach ann chun sin a éascú.

2.3.2 Tábhacht na hInfheistíochta sa Taighde, Forbairt, Oideachas agus Scileanna

Creideann an Tascfhórsa go láidir go bhfuilimid i dtosach réabhlóid thionsclaíoch nua agus go bhfuil cuid mhór le foghlaim agus le cruthú fós. Tá ceacht le foghlaimh ón lonnú a rinneadh ar luach €5 billiún de ghaoth chósta in Éirinn le 15 bliana anuas – mura nglacaimid go luath leis, is lú go mór na sochair eacnamúla a thagann go hÉirinn.

Tá deis mhór sa Taighde agus Forbairt, go luath i saolré na teicneolaíochta, chun nuálaíocht a fhorbairt, ár n-acmhainn theicniúil náisiúnta a fhorbairt, agus éascaíocht a dhéanamh de chomhlachtaí áitiúla fás agus éirí iomaíoch sna teicneolaíochtaí seo atá anois ainmnithe mar straitéiseach ag an AE. Iarraimid go mbeadh clásal T&F/ Nuálaíochta san áireamh sna tairiscintí do chonarthaí fuinnimh gaoithe eischósta, chun a leithéid seo a chothú.

Anuas air sin, tugaimid faoi deara gur mian le ceannairí polaitiúla go mbeadh comhoibriú idir SAM (Acht um Laghdú Boilscithe) agus an AE (Margadh Glas) ó thaobh na gclár dícharbónaithe de. Molaimid go bhfuil réigiún an Inbhir, atá le cois ceann de na hacmhainní gaoithe is tábhachtaí ar domhan, atá suite ó uair an chloig de Boston agus 2 uair an chloig ó Bheirlín, ar áit chomh maith agus atá ann maidir le páirtíochtaí idirnáisiúnta dá leithéidí a lonnú, maidir le taighde agus comhforbairt agus iarraimid cistiú chun an deis sin a fhiosrú agus a fhorbairt.

Moltar san Acht um Thionscal Glan-Nialasach go gcruthófaí acadaimh scileanna speisialta Eorpacha chun díriú ar theicneolaíochtaí straitéiseacha glan-nialasacha. Tá an t-ádh linn go bhfuil comhoibriú den scoth ar siúl idir fostóirí agus na hinstiúidí oideachais agus oiliúna i réigiún an Inbhir. Ní mór tús áite a thabhairt dó seo don uile chineál scileanna inár réigiún, agus a chistiú sa chaoi go n-aithneofar Éire mar lárionad buanna den chineál sin.

2.4 Turasóireacht, Déanamh Áite agus Cáilíocht na Beatha

Creideann an Tascfhórsa gur áit den scoth le maireachtáil é réigiún Inbhear na Sionainne, cé go bhfuil dúshláin ann faoi láthair, ar nós cúram sláinte agus tithíocht nach bhfuil faoi chaibidil sa tuarascáil seo. Ní mór tabhairt go córasach faoin dá cheann más fúinn glacadh sa réigiún leis an méadú daonra a bhfuiltear ag brath a bheas ann.

Ó thaobh na turasóireachta de, aithnímid an obair iontach atá déanta ag Fáilte Ireland, agus gan trácht ar eisceachtaí áirithe ar nós Aillte an Mhothair agus eile, creidimid gur réigiún é seo nach bhfuil eolas leathan air ina measc siúd ar mhaith leo saoire shuaimhneach a bheith acu. Tugann an Tascfhórsa faoi deara an dul chun cinn atá déanta feabhsú a chur ar an bhfearann poiblí i Luimneach féin agus molann na hiarrachtaí cur le meallacht ardchathair an réigiúin mar cheann scríbe don taisteal gnó agus fóillíochta. Fáiltímid roimh an tionscnamh straitéiseach ag Fáilte Ireland 'Criosanna Dícharbónaithe' a fhorbairt mar chomhartha sóirt agus creidimid go bhfuil an réigiún seo suite go maith chun sin a bhaint amach leis an gcuaspóir Glan-Nialasach 2035 againn. Tá roinnt moltaí againn don turasóireacht ghnó agus fóillíochta ón taobh sin den scéal, ar féidir iad a chur i bhfeidhm roimh an deis ardluachmhar a bheidh i gceist le Corn Ryder 2027 sa réigiún, agus sa tír féin.

Mar shampla níos fadtéarmaí, d'fhéadfaí forbairt a dhéanamh ar sholáthar breosla glas eitlíochta agus muirí ón ngaoth eischósta, rud a bheadh ina dheis don réigiún bheith mar thúspointe/ceann scríbe mór ag saoirí cúrsála, ó Aerfort na Sionainne, le tacaíocht bonneagair inbhuanaithe iompair ar fud an réigiúin, ar nós an iarnróid ghlais, agus iarraimid anois cistiú chun fiosrú breise a dhéanamh faoi dheis seo na cúrsála.

2.5 Gnóthacháin Fostaíochta a Chonneáil le Dícharbónú Slán Inacmhainne a Éascú sa Tionsclaíocht

I réigiún Inbhear na Sionainne, bítear ag brath ar onnmhairiú earraí bia, déantúsaíochta agus seirbhísí atá leochaileach ó thaobh praghais de; ní mór dár dtáirgeoirí anois dícharbónú a dhéanamh ar bhealach gur féidir leo leanúint ar aghaidh san iomaíocht idirnáisiúnta. Is thar lear a dhéantar an chuid is mó de na cinntí infheistíochta a théann i bhfeidhm ar thionscail inár réigiún féin.

Sa lá atá inniu ann, tá an t-aschur eacnamaíoch nasctha le hastaíochtaí carbóin, ach le himeacht ama agus forbairt déanta ar tuilleadh fuinnimh in-athnuaite ba chóir go mbeadh deireadh leis an nasc sin. Idir an dá linn, ní mór bainistiú straitéiseach a dhéanamh ar an gconair dícharbónaithe chun tosaigh. Sa chaoi go mbeifear in ann na leibhéil reatha fostaíochta a choinneáil, ní mór dúinn a chinntiú go mbeidh soláthar slán iontaofa fuinnimh againn ar dhóthain acmhainne, agus conair shoiléir ann chun ár gcuspóirí náisiúnta dícharbónaithe 2030 a bhaint amach, agus bheith iomaíoch i rith ama ó thaobh costais de. An rud is tábhachtaí anois ná clár cothrom a thógáil agus a sholáthar chun riar ar an 3 chuspóir seo, sa deich mbliana romhainn.

Ó thaobh an leictreachais de, is léir ó Eirgrid agus ó thráchtairí eile go bhfuil an córas soláthair tar éis bheith faoi bhrú le tamall maith, agus gur bacainn anois é ar an bhfás eacnamaíoch⁸. Tá cuspóir sa Phlean Gnímh don Aeráid 2023 go dtiocfaidh fórmhór mór na hacmhainne soláthair leictreachais amach anseo ó fhoinsí stadacha neamhiontaofa ar nós na gréine agus na gaoithe, agus leis sin tá an riachtanas i dtaca le bainistiú ar thaobh an éilimh suas le 20% faoi 2025 agus 30% faoi 2030. Luann an beartas go mbeidh ar Úsáideoirí Móra Fuinnimh rannchuid níos mó a thabhairt ó thaobh an sprioc a bhaint amach de.

I bhfianaise go bhfuil an beartas seo ag tógáil ar chóras soláthair nach bhfuil maith a dhóthain i láthair na huaire, iarraimid go ndéanfaí gealltanais faoi shlándáil an tsoláthair leictreachais d'fhostóirí inár réigiún ar gá dóibh a gcuid próiseas casta tionsclaíoch ar obair 24/7, agus dóibh siúd a dteastaíonn uathu fás sna blianta romhainn. Iarraimid soiléire maidir le hacmhainn ghinte agus tharchurtha sa réigiún ar bhonn sé mhí go mbeidh réiteach ar an scéal.

I Meitheamh 2022, luaigh Coimisinéir Fuinnimh an AE go poiblí gur mó go suntasach ná meán an AE an costas leictreachais in Éirinn. Ó tharla go bhfuil margadh domhanda i gceist do chuid mhór de thionscail ár réigiúin, agus iad leochaileach ó thaobh praghais de, iarraimid go ngeallfadh an Rialtas go gcruthófaí na dálaí sin a chuirfeadh costas leictreachais thionsclaíoch na hÉireann ar aon dul le meánchostas na hEorpa.

Tá ceanglais dlíthiúla leagtha síos sa Phlean Gnímh don Aeráid 2023 maidir le huasmhéid astaíochtaí carbóin. Laistigh den 'chuóta carbóin' bliantúil sin, ar gá a laghdú go suntasach faoi 2030, ní mór 3 rud a dhéanamh:

- ligean do ghnólachtaí a gcuid oibríochtaí reatha a choinneáil ag imeacht, lena n-áirítear a bhfás ón mbliain bhonnlíne 2018;
- spás a chur ar fáil dóibh lena gcuid oibríochtaí a fhás idir seo agus 2030, agus ina dhiaidh;
- spás a chruthú a mheallfaidh tionscail nua go dtí an ceantar.

Maidir le gnólachtaí inár gceantar féin, iarraimid go mbeadh tacaíocht acu le comhairle chuí theicniúil agus rochtain ar fhuinneamh slán inacmhainne ar an dlús is ísle carbóin chun na cuspóirí seo a bhaint amach.

8 [Dúshlán Iomaíochais na hÉireann 2022, Comhairle Náisiúnta Iomaíochais, 2022](#)

I gcás an gháis nádúrtha, aithníonn an Tascfhórsa go measann an tAE go bhfuil sin ina bhreosla don aistriú glas ó 2021, agus go bhfuiltear a mholadh é a úsáid chun éascaíocht a dhéanamh dúinn luas a chur faoin aistriú ó ghníomhaíochtaí ar mó an truailliú a théann leo, ar nós na giniúna ón ngual, i dtreo todhchaí atá níos neodraí ó thaobh carbóin de, bunaithe den chuid is mór ar fhoinsí in-athnuaite⁹. Anuas ar sholáthar nua fuinnimh a chur ar fáil atá iontaofa, iomaíoch ó thaobh costais de, agus a chabhróidh de réir a chéile lenár ngnólachtaí sa réigiún dícharbónú agus fás a dhéanamh, tá an Tascfhórsa den tuairim, mar a luadh sa tuarascáil eatramhach, gur infheistíocht shuntasach straitéiseach é áis allmhairithe/stórála agus giniúint leictreachais i réigiún Chiarraí Thuaidh/Luimneach Thiar. Ar an gcuid is tábhachtaí, ba mhór a chabhródh sé le hiarrachtaí infheistíochtaí mór caipitil eile a mhealladh ann. Tuigimid go mbeadh infheistíochtaí den sórt sin ábalta hidrigin a úsáid agus a chraobhscaoileadh nuair a bheidh gaith ón Atlantach ar fáil ar ball, mar atá curtha chun cinn i mbeartais Mhargadh Glas an AE.

Is dúshlán é ag cuid mhaith de na fostóirí is mó inár réigiún astaíochtaí a laghdú go tíosach ó théamh ardteochta a bhíonn i gceist ina bpróisis déantúsaíochta. Is fada atá an tAE a mhaíomh go n-úsáidfid an bithmheatán ar fud na hEorpa mar rogha breosla ísealcharbóin agus díríonn an beartas REPowerEU ó Bhealtaine 2022 ar dhúbailt a dhéanamh ar a tháirgeadh seo atá leitheadach cheana féin ar mhór-roinn na hEorpa, don teas. Tá an Tascfhórsa go láidir ar son an bheartais seo ós rud é go bhfuil an teicneolaíocht cruthaithe go maith, é in-athnuaite agus ar an gcuid is tábhachtaí, is féidir a thuar, rud a fhágann go bhfuil sé ar na réitigh is oiriúnaí maidir le dícharbónú ar ár gcuid tionscal, go háirithe iad siúd a bhíonn ag téamh ar ardteocht. Foinse ioncaim é chomh maith do cheantair tuaithe na hÉireann, agus laghdóidh sé baol an truailithe agus tiocfaidh sé in áit allmhairithe gáis. Go fadtéarmach, is féidir go mbeadh sé ina fhoinsé don charbón bithghineach a bheidh, in éineacht le hidrigin ón ngaith eischósta, mar bhonn le haghaidh táirgí eile a dhéanamh.

Go dtí le gairid ní raibh sé i gceist le beartas Rialtas na hÉireann go ndéanfaí forbairt ar thionsclaíocht shuntasach bithmheatáin, ainneoin go bhfuil ceann de na timpeallachtaí nádúrtha is oiriúnaí anseo chun é a tháirgeadh, agus an baol chomh maith nach bhfuil an chonair dícharbónaithe ar fáil do na tionscail anseo. Tá trian den ghás i ngréille na Danmhairge, tír eile a bhfuil bonn láidir talmhaíochta aici, ag teacht ó bhithmheatán a táirgeadh san áit. In Iúil 2022, d'fhoilsigh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide cuspóir 5.7 TWh, 10% den éileamh náisiúnta gáis, teacht ón mbithmheatán faoi 2030.

⁹ [Taxonomy Complementary Climate Delegated Act, An Coimisiún Eorpach, 2022.](#)

Áit an-oiriúnach é réigiún leathan Inbhear na Sionainne i dtaca leis an teicneolaíocht chruthaithe seo, i bhfianaise go bhfuil bonn láidir tionsclaíoch againn a éilíonn téamh ar ardteocht, ár n-acmhainn bithmheatán a tháirgeadh, agus an ghreille shuntasach gáis atá anseo cheana. Mar thoradh air sin, tá tús curtha againn le grúpa tionscal áitiúil, a dhéanann ionadaíocht ar mhórúsáideoirí ó earnálacha éagsúla atá ar aon intinn anois faoi ráitis spéise a lorg ó sholáthróirí féideartha bithmheatáin sa cheantar, agus tá comhchistiú déanta ar chomhlacht comhairliúcháin a bhfuil meas air chun tabhairt faoi chreat chun sin a dhéanamh. Iarraimid go gcuirfidh an Rialtas an tionscnamh seo chun cinn anois, de réir an bheartais REPowerEU, go gcuirfear tacaíocht don dea-chleachtas ar fáil agus cead a thabhairt do struchtúir ó thíortha eile an AE chun a chinntiú go n-éireoidh leis. Nuair a bheidh píolóta rathúnach déanta sa réigiún seo, is féidir a leathnú amach ar fud na tíre.

Is léir go mbeidh dúshláin shuntasacha ag tionscail sa cheantar seo maidir le sainaitheint agus feidhmiú a dhéanamh ar a gcláir féin más fúthu a gcuid spriocanna iomlána dícharbónaithe a bhaint amach faoi 2030. Ach gearáil a dhéanamh ar an bprionsabal faoi áit uile-fheidhme a luaite i mbeartas Margadh Glas an AE, molaimid gur chóir gníomhaireacht reatha amháin a cheapadh sa réigiún mar thaca le tionscail ar an gceist seo, agus gníomhaireacht reatha eile chun bheith ag obair le gach uile pháirtí leasmhar chun scéim phiolótach an bhithmheatáin a chur i bhfeidhm.

2.6 An Gá le hInfheistíocht sa Bhonneagar

Sainaitheann an Tascfhórsa an gá le hinfheistíocht shuntasach in iompar, i nascacht agus i mbonneagair dhigiteacha agus chriticiúla eile mar ábhar práinne. Rinneadh infheistíocht phríobháideach ar luach roinnt billiún euro le deich mbliana anuas, rud a thug faoin ngéarchéim dífhostaíochta a bhí sa treis an t-am sin.

Mar sin féin, is beag an infheistíocht a rinneadh sa tréimhse sin sa bhonneagar poiblí, rud a bhfuil fianaise air in Innéacs Iomaíochais Réigiúnaigh an AE do 2022¹⁰, a mheasann bonneagar i réigiún theas na hÉireann mar díreach 50% de mheán na hEorpa. Tá codanna de réigiún an Inbhir a bhfuil drochfhreastal orthu maidir le bonneagar nach bhfaca aon tionsclaíocht nua le blianta fada agus mar sin is mór an eisimirce a bhain do na háiteanna.

10 [Innéacs Iomaíochais Réigiúnaigh an AE 2.0 – eagrán 2022.](#)

Chun tabhairt faoin easnamh seo, molann an Tascfhórsa go ndéanfaí pleanáil bhonneagair i réigiún Inbhear na Sionainne ar bhealach imeasctha a bhaineann dícheall leasa as gluaiseacht daoine, earraí agus sonraí. Beidh bonneagar inbhuanaithe iompair agus sonraí, a bheidh ag riar ar riachtanais daonra agus gnó amach anseo, nasctha leis an gcuid eile d'Éirinn agus an Eoraip, mar bhunchloch ag an bhforbairt inbhuanaithe eacnamaíoch in aois seo an fhuinnimh ísealcharbóin agus na hintleachta saorga. Tugann an Tascfhórsa faoi deara go bhfuil roinnt tionscadal beartaithe do réigiún Inbhear na Sionainne ag na comhlachtaí iompair éagsúla agus aithníonn go bhfuil an riachtanas ann iad a sholáthar go luath agus go comhordaithe. Níl amháin gur riachtanach sin mar thaca leis an bhfás ar gheilleagar agus ar dhaonra an réigiúin, agus an leas suntasach is féidir a bhaint as amach anseo mar réigiún ceannais maidir le cuspóirí an Stáit 37 GW de ghaoth eischósta bheith ann faoi 2050, ach cuirfidh sé go mór le cáilíocht na beatha ag an bhfórsa saothair agus an daonra atá sa réigiún.

Ar na hinfheistíochtaí bóthair atá anois thar am, tá an ceangal idir ardchathair an réigiúin, an tríú cathair is mó in Éirinn, leis an dara ceann is mó, Corcaigh, leis an mótarbhealach M20, agus leis an Eoraip le N24 leasaithe go Ros Láir. Fáiltimid roimh ghealltanas an Rialtais go gcuirfear críoch mar thosaíocht ar an Scéim Bhóthair Luimneach go Faing, ar chóir anois a chríochnú chomh luath agus is féidir.

Laistigh den réigiún féin, is croiriachtanais uile iad seachbhóthair don Chaisleán Nua Thiar agus Mainistir na Féile ar an N21 go Trá Lí, agus críochnú Bhóthar Dáileacháin Luimneach Thuaidh i Luimneach, mar a moladh ar dtús sa Straitéis Spáis agus Eacnamaíoch don Réigiún Theas. Cé go raibh díospóireacht ann le gairid faoin gceann deireanach seo, creideann an Tascfhórsa gur riachtanach é le go mbeifear ábalta an chuid ó thuaidh de chathair Luimnigh agus an taobh thoir theas den Chlár a fhorbairt. Anuas ar an méid seo, ní mór leasú a dhéanamh ar na bóithre ar an dá thaobh den Inbhear, ó Inis go Cill Rois, agus Faing go Lios Tuathail, i bhfianaise riachtanas reatha agus éiritheach sa réigiún, ar nós riar ar phleananna BSL ag Gob na Muine agus an riachtanas le lánáí rothair, chomh maith le héascaíocht a dhéanamh de thionscail nua a mhealladh go dtí an ceantar.

Aithníonn an Tascfhórsa an acmhainn atá ag an iarnród sa cheantar agus fáiltíonn roimh an infheistíocht agus an líne go Faing a athoscailt. Tacaímid le hiarrachtaí Aerfort na Sionainne a cheangal le hÁth Dara le hiarnród paisinéara. Tacaímid chomh maith le pleananna SFPC áiseanna allmhairithe/onnmhairithe coimeádán a fhorbairt ag Fainge agus pleananna don chalafart domhain-uisce ag Oileán Fainge, chomh maith le pleananna Iarnród Éireann le haghaidh críochfort lastais ag Gabhal Luimnigh, ar féidir leo uile cur le hiarracht na hÉireann i dtaca le cuspóirí dícharbónaithe don iompar agus an brú a laghdú, laistigh den M50 go háirithe. Sa chaoi go dtarraingeofar na pleananna seo le chéile le straitéisí eile náisiúnta agus réigiúnacha eile don lastas agus don lóistíocht, molann an Tascfhórsa go mbunófaí mol náisiúnta lóistíochtaí i réigiún an Inbhir, agus tugtar mionsonraí faoi sin sa tuarascáil seo síos.

Creidimid chomh maith gur féidir go mbeadh an tInbhear ina mhol ísealcharbóin idirnáisiúnta don lastas agus don lóistíocht, ag gearáil acmhainn ghaoth an Atlantaigh agus an tsuímh againn mar dhoras tosaigh na hEorpa. I láthair na huaire tá ag Aerfort na Sionainne ceann de na rúidbhealaí tráchtála 24/7 is faide san AE. Tá an t-uisce domhain sa chuid thiar den Inbhear agus an talamh atá oiriúnach le haghaidh mol trasloingseoireachta domhanda a chruthú don lastas coimeádán, mar nasc idir an AE, an Áis agus cósta thoir SAM. Beidh barrthábhacht le breoslaí costaséifeachtacha, inbhuanaithe eitlíochta agus muirí a chur ar fáil ó fhuinneamh gaoithe an Atlantaigh. Iarraimid cistiú chun staidéar a dhéanamh faoin acmhainn seo.

Mol criticúil sa cheantar is ea Aerfort na Sionainne maidir leis an ngnó idirnáisiúnta agus nascacht cuairteoirí. Aithníonn an Tascfhórsa go bhfuil riachtanas ann leathnú a dhéanamh ar an eangach conairí a nascann le lárionaid ghnó atá tábhachtach straitéiseach, chomh maith le feabhsú a dhéanamh ar an nascacht chuig an Aerfort agus uaidh, más fúinn tacú leis na boinn leathnaithe tionsclaíochta agus daonra atá tuartha don cheantar. Anuas air sin, áit idéalach an tSionainn le haghaidh forbairt agus tástáil a dhéanamh ar an teicneolaíocht a bhaineann leis an eitlíocht inbhuanaithe, agus molann an Tascfhórsa go ndéanfaí forbairt agus cistiú ar thionscadail eitlíochta inbhuanaithe mar chuid de Shaotharlann Bheo ag Aerfort na Sionainne. I bhfianaise a láidre atá earnáil eitlíochta an cheantair, moltar chomh maith go ndéantar fiosrú faoin deis breoslaí inbhuanaithe eitlíochta (SEF) a tháirgeadh i réigiún Inbhear na Sionainne mar bhealach féideartha chun an mhargaidh do FLOW comh maith le breosla glas inacmhainne ón áit a chur ar fáil don earnáil eitlíochta atá ag fás léi.

I láthair na huaire, tá bacainn ar phointéinseal eacnamaíoch an cheantair i ngeall ar easpa acmhainne digití agus nascachta idirnáisiúnta, ar bonneagar é atá tar éis cur go mór le geilleagar Bhaile Átha Cliath le deich mbliana anuas. Molann an Tascfhórsa go ndéanfaí forbairt ar mháistirphlean digiteach don réigiún, a mbeidh cur chuige uilíoch aige agus a chuirfidh san áireamh ionaid sonraí á gcumhachtú ag an bhfuinneamh in-athnuaite, leathadh amach 5G, eangach sonraí ar talamh ina mbeidh dóthain acmhainne, agus nascacht dhíreach sonraí leis an AE agus le SAM. Beidh barrthábhacht chomh maith le hinfheistíocht shuntasach san idirnascacht leictreachais réigiúnach agus idirnáisiúnta chun Dorchla Digiteach Glas an Atlantaigh a éascú. Is riachtanach go n-ainmnítear Gob na Muine agus Tarbert mar phointí nasctha hibrideacha don ghaoth on Atlantach. Iarrann an Tascfhórsa soiléire faoi na riachtanais seo a thabhairt go mionsonraitheach sa chéad treochlár eile Shaping Our Electricity Future 1.1 ag Eirgrid.

Chomh maith leis sin, iarrann an Tascfhórsa go ndéanfaí nuashonrú ar na Straitéisí Réigiúnacha Spáis agus Eacnamaíocha (RSES) don tithíocht, uisce, dramhuisce agus bonneagar eile mar mhacalla ar na deiseanna a thiocfaidh leis an ngaoth eischósta ón Atlantach, agus go gcuirfear cistiú ar fáil chun iad seo a chur i bhfeidhm de réir mar is riachtanach.

2.7 Moltaí maidir le Cur i bhFeidhm

Molaimid go ndéanfadh an Roinn Fiontraíochta, Trádála agus Fostaíochta monatóireacht ar imlonnú na ngníomhartha aontaithe ar fad ón tuarascáil seo ar bhonn 6 mhí. Is féidir leis an ngníomhaireacht nó údárás ábhartha áitiúil nó náisiúnta breithniú agus feidhmiú a dhéanamh ar chuid mhór de na moltaí ón tuarascáil seo. Mar sin féin, maidir le dhá thionscadal – an ghaoth eischósta shnámach agus dícharbónú ar an mbonn tionsclaíoch – tá moltaí sainiúla againn don rialtas.

2.7.1 Gaoth Eischósta Shnámhach

Is mór an spreagadh againn é ráiteas an Taoisigh faoin 'gCeathrú hUaillmhian' aige, ina aitheasc Dála ar an 17 Nollaig 2022, ach i bhfianaise go bhfuilimid ar chúl tíortha eile maidir le gaoth shnámhach, molaimid cur chuige 'Rialtas uile ar ardluas' chun deis eacnamaíochta agus tionsclaíoch a thapú d'Éirinn, agus é in ann cabhrú lenár n-iarracht náisiúnta dícharbónaithe sna blianta romhainn.

Iarraimid mar sin go mbeadh Grúpa Ard-Oifigeach ann, faoi stiúir Ard-Rúnaí Cúnta in Oifig an Taoisigh, a dhéanfadh maoirseacht lena chinntiú go mbeadh feidhm le cur chuige 'uile Rialtas ar luas', mar atá iarrtha ag an Tascfhórsa seo agus Beartas Glas an AE, leis an uaillmhian, an fócas agus an luas a bhí leis céad Scéim sin na Sionainne. Iarraimid go mbeadh grúpa ar an leibhéal seo ag obair le chéile go dtí go dtabharfar an chéad chuid ar a laghad den fhuinneamh i dtír ón ngaoth eischósta shnámhach.

Molaimid go mbunófaí Gníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Gaoth Eischósta ar Snámh, ina mbeadh foireann shaindirithe agus iad cáilithe mar is oiriúnach, ar féidir leo plé go hiontaofa le forbróirí idirnáisiúnta ar na leibhéil tráchtála agus teicniúla ar aon. Baineann FÉ agus IDA leas as múnla sainghníomhaireachta forbartha i gcás na dtionscal dúchais agus iasachta faoi seach.

Molaimid go mbeadh IDA agus FÉ freagrach i gcónaí as tionsclaíochtaí nua a mhealladh agus gnólachtaí nua a chruthú chun leas a bhaint as an bhfuinneamh glas seo agus luas a chur leis. Bíodh Eirgrid ar aon dul leis sin ó thaobh na hidirnasachta idirnáisiúnta de. Beidh sé riachtanach gach uile Gníomhaireacht Rialtas bheith ag obair le chéile go han-dlúth maidir leis an deis ollmhór náisiúnta seo.

Siocair gur gá, ar deireadh, suas le €100 billiún d'infheistíocht agus de theicneolaíocht phríobháideach a mhealladh, molaimid go mbeidh an Gníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Gaoth Eischósta ar Snámh dírithe ar chustaiméirí go mór, agus go mbeidh sí lonnaithe i réigiún an Mheán-iarthair, cóngarach do chustaiméirí agus don áit ar féidir na gairis shámhacha gaoithe a dhéanamh do chuid uiscí na hÉireann. Ba lárnach an suíomh é sin sa Mheán-iarthar maidir le rochtain ar cheantair ghaoithe eischósta ar snámh, agus teacht éasca air chomh maith ó Bhaile Átha Cliath.

I ngeall ar an bhfad agus ar an gcastacht atá i gceist, dar linn go mbeidh gá le Grúpa Stiúrtha Áitiúil, ina mbeidh ceannairí sinsearach a ó ghníomhaireachtaí agus údaráis áitiúla ar nós na n-údarás áitiúla, calafoirt, aerfoirt, pleanáil réigiúnach fiontraíochta, institiúidí taighe agus oideachais, agus eile mar is gá, a mbeidh an fhreagracht acu ar an talamh éascaíocht a dhéanamh do na hinfheistíochtaí seo. Ba chóir go mbeadh an tacaíocht ag an ngrúpa stiúrtha seo ó fhoireann bheag shinsearach de bhainisteoirí ar féidir leo obair go dlúth agus go hiontaofa leis na Gníomhaireachtaí náisiúnta éagsúla agus na forbróirí féideartha gaoithe eischósta. Is féidir an fhoireann seo a lonnú in DAC bunaithe de chuid an Atlantaigh Ghlais Dhigitigh, arna chruthú ag na comhairlí contae áitiúla faoin bPlean Fiontraíochta don Mheán-iarthar agus is féidir léi bainistiú a dhéanamh ar sholáthar na staidéar breise a iarrtar sa tuarascáil seo. Beidh réigiún Inbhear na Sionainne sásta bheith mar phíolóta do struchtúr áitiúil dá leithéid a lonnófaí in áiteanna eile a mholtar don ghaoth eischósta, nuair is gá.

2.7.2 Dícharbónú ar an mBonn Tionsclaíoch Reatha

Mar thacaíocht do na tionsclaíochtaí agus iad ag cruthú agus ag tabhairt feidhme do chlár lena gcuspóirí féin a bhaint amach maidir lena gcuid astaíochtaí carbóin a laghdú faoi 2030, molaimid go dtabharfaí Gníomhaireachtaí Fuinnimh Luimnigh/an Chlár agus Thiobraid Árann le chéile agus acmhainní breise a thabhairt dóibh chun tabhairt faoin obair seo sa réigiún níos leithne. Éiríonn go maith leis an gcur chuige seo ar fud na hEorpa.

Maidir le dícharbónú a dhéanamh ar an deis an teas tionsclaíoch a laghdú le bithmheatán, aithnímid a phráinne atá sé go dtiocfaimid suas lenár gcomharsana Eorpacha sa chaoi go mbeidh cosaint ag an infheistíocht reatha ag tionscail áitiúla agus gur féidir tuilleadh a mhealladh laistigh d'uasteorainn astaíochtaí an Phlean Gnímh don Aeráid. Molaimid gur chóir d'Fhoras Bith-Gheilleagair na hÉireann, bunaithe ag an gcampas náisiúnta Bith-Gheilleagair ar an Lisín, Co Thiobraid Árann, leanúint den obair atá tosaithe againn, i gcomhar le Ranna Rialtais ar nós RCAC, RTIM agus RFTF. Iarraimid na hacmhainní agus an cistiú a dhéanfadh éascaíocht de seo. Beidh trácht ar na moltaí sainiúla ag an Tascfhórsa, le húinéirí agus amscálaí molta, sna rannóga éagsúla anseo thíos agus san aguisín.

Tá achoimre ar leanúint anois ar na gníomhaíochtaí tábhachtacha sin agus an t-údar leo, dar linn, sula gcuirfeadh an tráchttaireacht mhionsonraithe faoi do bhráid.

3

Achoimre ar na Príomh-Mholtaí



3.1 An Deis

Príomh-Mholtaí	Cén fáth?
<p>Tosaíocht a dhéanamh de thionscadail fuinnimh in-athnuaite agus den bhonneagar éascaithe in Inbhear na Sionainne, trí leas a bhaint as gach uile bheartas agus threoir náisiúnta agus AE, chun Dorchla Digiteach Glas an Atlantaigh' a chruthú taobh na tíre de Bhealach an Atlantaigh Fhiáin, agus an cuspóir bheith neodrach ó thaobh carbóin de faoi 2035.</p> <p>Níor mhór don ainmniú seo cinnteacht freagartha a thabhairt maidir le planáil, laistigh de na hamscálaí atá aitheanta, do thionscadail a thagann leis na critéir atá breactha sna beartais seo.</p> <p>Is féidir an Dorchla Glas Digiteach a lonnú ar dtús thart ar cheantar an Inbhir, ós ansin is féidir na gairis ghaoithe shnámhacha a dhéanamh, ach is féidir ar ball a leathnú amach ó Chorcaigh go Dún na nGall de réir mar a thiocfaidh an chumhacht i dtír agus a chuirfear an bonneagar ar fáil.</p>	<p>Deis ollmhór iontach le haghaidh forbairt a dhéanamh ar gheilleagar na hÉireann, agus cur san am céanna le cuspóirí an AE.</p>

3.2 Gaoth an Atlantaigh a Cheapadh


Príomh-Mholtaí	Cén fáth?
<p>Acmhainní agus bainistíocht rialtais a chur ar fáil mar thaca lenár gConair Chriticiúil chun Gaoth an Atlantaigh a sholáthar, arna saináithint leis na forbróirí móra gaoithe ba mhaith le hÉireann a mhealladh, chun cumhacht ón ngaoth eischósta shnámhach a sholáthar faoi 2032.</p>	<p>Tá forbróirí FLOW tar éis imeacht nó laghdú, i ngeall ar dheiseanna níos fearr áiteanna eile. Ní mór plan ceart a dhéanamh.</p>

<p>Beartais a thionscnamh a shamhlaíonn fuinneamh gaoithe eischósta mar dheis forbartha eacnamaíoch den chuid is mó, cé gur deis í lenar féidir cur go mór le spriocanna an Mhargaidh Ghlais d'Éirinn agus don AE ar fad.</p> <p>De réir bheartas an AE maidir le háit aon fheidhme a dhéanamh a chuirfidh dlús le cuspóirí an Mhargaidh Ghlais, Gníomhaireacht Náisiúnta um Gaoth Shnámhach a Fhorbairt, chun riar ar spriocanna rialtas ó ghaoth an Atlantaigh.</p> <p>Beidh an fhreagracht ar an ngníomhaireacht seo oibriú i gcomhpháirt le gach páirtí leasmhar chun an fuinneamh seo a thabhairt i dtír agus ar aghaidh.</p> <p>Ní mór oibriú leis an IDA agus FÉ chun dícheall luacha a chur le geilleagar na hÉireann.</p> <p>Lena chinntiú go ndíreofar ar chustaiméirí, molaimid go mbeadh an ghníomhaireacht seo bunaithe sa Mheán-iarthar – áit ar féidir déantúsaíocht, cur le chéile agus stóráil a lonnú, ónar furasta teacht ar cheantair eile FLOW an Atlantaigh, agus teacht éasca ar Bhaile Átha Cliath.</p>	<p>Ní mór an deis seo, a luaitear mar Chéim 3 sa bheartas reatha, a chur chun cinn in éineacht le Céim 2, atá dírithe go mór ar chuspóir dícharbónaithe 2030.</p> <p>Níl an cur chuige reatha (ó 2004) maidir le forbróirí gaoithe eischósta ag feidhmiú mar ba chóir, agus níl sé oiriúnach don scála mór gaoithe eischósta shnámhaí atá ann. Tá dealramh maith faoi chur chuige na gníomhaireachta saindírithe i réimsí eile (IDA, FÉ).</p> <p>Tá géarghá le foireann dhírithe ardtaithe lenar féidir dul i dteagmháil le hinfheisteoirí ar leibhéal teicniúil agus tráchtála ar aon.</p>
<p>Éascaíocht a dhéanamh den fhorbairt bhonneagair a bheidh de dhíth ar thionscal gaoithe eischósta (calafoirt, greille, bóithre, tithíocht srl.)</p> <p>Cistiú, agus ainmniúchán pleanála (IROPI) do thionscadail inbhir ag Faing, Gob na Muine, srl chomh maith leis an mbonneagar a éascú ar nós bóithre, iarnróid agus greille.</p>	<p>Tá Éire 5 bliana ar chúla cheana féin. Feiceann infheisteoirí idirnáisiúnta gur fearr na deiseanna áiteanna eile ainneoin a fheabhas atá an ghaoth againne.</p>
<p>A chinntiú go nglacfar go hiomlán le haiseolas ón gcomhairliúchán le forbróirí gaoithe an OREDP II faoin gceantar atá molta amach ó Chiarraí/An Clár.</p> <p>Gealltanas maidir le naisc hibrideacha greille ag Gob na Muine agus Tairbeart i SOEF 1.1 Eirgrid.</p>	<p>Lena chinntiú go mbeidh infheistíocht indéanta i FLOW i gCiarraí agus an Clár.</p>
<p>Cuir leis an acmhainn idirnasachta leis an AE agus an RA, thar mar atá beartaithe cheana.</p> <p>Greillí tarchurtha Private Wire a éascú, ar tír mór agus amach ón gcósta ar aon.</p>	<p>Inriteacht FLOW a éascú ar an scála ceart chun costas an aonaid a laghdú.</p>

<p>Tacú le forbairt ar T&D Éireannach i dteicneolaíochtaí don ghaoth eischósta trí chlásail a chur san áireamh a fhor-ordaíonn suimeanna T&D sa cheant.</p>	<p>Cur le leas eacnamaíoch na hinfheistíochta idirnáisiúnta trí tuilleadh luacha a cheapadh in Éirinn le breis eolais agus teicneolaíochta de chuid na háite.</p>
<p>Cistiú a dhéanamh ar staidéar féidearthachta maidir le hionad comhoibrithe T&D a chruthú do na cláir dícharbónaithe i Margadh Glas an AE agus Acht um Laghdú Boilscithe SAM.</p>	<p>Áit den scoth í Éire, agus réigiún Inbhear na Sionainne go háirithe, dá leithéid d'ionad, a chuirfeadh ar a sheal féin le hacmhainn na hÉireann sna ceantair seo.</p>

3.2.1 Plean Gnímh do Chonair Chriticiúil na Gaoithe Eischósta Snámhaí

Ar iarratas ó RCAC ar an 13 Márta 2023, tar éis iad an tuarascáil 'Géarú a dhéanamh ar Chlár Fuinnimh Eischósta na hÉireann' ar an 10 Márta, chuaigh SEETF i dteagmháil le sampla (4) de mhórfhorbróirí gaoithe a d'oibir cheana ar an gcósta thiar, lena dhéanamh amach cén chonair chriticiúil gníomhaíochtaí ba ghá leis an mhuinín a atógáil in Éirinn mar áit le haghaidh forbraíochtaí gaoithe eichósta snámhacha a lonnú. Cruthaíodh an Plean Gnímh do Chonair Chriticiúil as an gcomhphlé sin agus sainaitníonn na clocha míle is gá a bhaint amach, agus gnéithe idirspiléacha atá ar fud an bheartais mar atá, bonneagar cumasúcháin, agus imlonnú na dtionscadal eischósta ar scála. Molaimid anois go nglacfaidh an Rialtas leis an gconair seo a fhad lena seachadadh.



3.3 Luach a chur le Fuinneamh na Gaoithe Eischósta chun Leas an Uile Dhuine

Príomh-Mholtaí	Cén fáth?
<p>The Shannon Estuary region already has significant amounts of land zoned industrial, both along the Estuary and inland.</p> <p>Iarrann SEETF cistiú leis na nithe a leanas a dhéanamh:</p> <ul style="list-style-type: none"> • athbhreithniú a dhéanamh ar na láithreáin seo agus ar an mbonneagar a theastaíonn chun iad a réiteach don tsluasaid, sa chás nach bhfuil a fhios sin go fóill, agus sin a chuir faoi bhráid RFTF. • a chur ar chumas na nGníomhaireachta Rialtais na láithreáin seo a cheannach agus an obair sin a chur i gcrích. • láithreacha nua shainaithe agus an bonneagar a theastaíonn chun iad a réiteach don 20 bliain romhainn (faoi threoir Choiste Stiúrtha Chreat-Phlean Comhtháite na Sionainne) 	<p>Sa chaoi go meallfar infheistíocht sa ghiniúint fuinnimh gaoithe, ní mór go mbeadh forbróirí in ann a dhéanamh amach go bhfuil margaí réidh don chumacht ann.</p> <p>Beidh gá ag IDA agus FÉ le láithreáin atá 'réidh le tosú' chun forbraíocht nua tionsclaíochta a mhealladh.</p>
<p>Dóthain acmhainní a chur ar fáil d'IDA agus FÉ chun tacú le gnólachtaí nua agus tionsclaíochtaí nua a mhealladh chuig Dorchla Glas Digiteach an Atlantaigh.</p> <p>Is féidir sa réigiún cuid mhór de na 8 straitéisí teicneolaíochta a chruthú nó a mhealladh, atá sainaitheanta san Acht AE um Thionscal Glan-Nialasach, agus cinn eile nárbh fhéidir cheana (e.g. hidrigin, meatánól, amóinia, breosla eitlíochta inbhuanaithe, leasú glas, ionaid sonraí glasa srl).</p>	<p>Beidh gá ag na Gníomhaireachtaí seo le hacmhainní incriminteacha teicniúla agus tráchtála chun seo a bhaint amach.</p>
<p>Na húdaráis áitiúla breithniú a dhéanamh faoi chomhainmniúchán pleanála do réigiún Inbhear na Sionainne (SDZ nó a leithéid) chun foráil a dhéanamh i leith gnásanna aclaí comhordaithe pleanála a riarfaidh ar riachtanas tionsclaíochta agus pobail an réigiúin.</p>	<p>A chinntiú go mbeidh an réigiún ábalta dícheall leasa a bhaint as an deis a thiocfaidh le gaoth an Atlantaigh.</p>

3.4 Turasóireacht, Déanamh Áite agus Cáilíocht na Beatha

Príomh-Mholtaí	Cén fáth?
<p>Tacú leis an soláthar ar liosta tionscadal molta a ligfidh don réigiún barr maitheasa a bhaint as luach Chorn Ryder 2027.</p>	<p>Sochair fhadtéarmacha a chruthú don réigiún mar cheann scríbe mallturasóireachta/ ísealcharbóin.</p>
<p>Cistiú a chur ar fáil le haghaidh staidéir faoin Inbhear a fhorbairt mar áit tosaigh agus chríochnaithe do tionscadal idirnáisiúnta cúrsála (calafort agus aerfort).</p>	<p>Feabhsú a dhéanamh ar an tionscal turasóireachta reatha sa réigiún.</p>

<p>Cistiú a chur ar fáil le haghaidh staidéir faoi ionad comhdhála a thógáil do chósta an Atlantaigh, gar d'Aerfort na Sionainne, a thógfaidh ar an uailmhian go mbeidh Dorchla Glas Digiteach an Atlantaigh, glan-nialasach ann faoi 2035.</p>	<p>Cur leis an réigiún leathan mar áit le haghaidh na gnóthurasóireachta.</p>
---	---

3.5 Gnóthachain Fostaíochta a Choimeád trí Dhíchárbónú Slán In-Acmhainne a dhéanamh ar an Tionsclaíocht

Príomh-Mholtaí	Cén fáth?
<p>Soiléire a chur ar fáil faoin gclár slánaithe agus dícharbónaithe don soláthar fuinnimh (idir leictreachas agus ghás) i réigin an Inbhir don ghníomhaíocht reatha thionsclaíoch.</p> <ul style="list-style-type: none"> • Réamhaisnéis leanúnach 7 mbliana a dhéanamh, a léireoidh an acmhainn atá ar fáil don fhás eacnamaíoch sa réigiún, maidir le giniúint leictreachais, slánsoláthar an gháis nádúrtha (LNG) agus giniúint bithmheatáin, chomh maith leis an acmhainn tarchurtha don dá cheann, ar bhonn minicíochta ó mhí. • Soiléire a chur ar fáil faoi stádas na mbeartas maolaithe riosca don soláthar slán, agus astaíochtaí bliantúla is dócha a bheidh leis an meascán breosla atá beartaithe. 	<p>Neamhchinnteacht faoin acmhainn gnólachta reatha a oibriú agus a fhás, agus cinn nua a mhealladh, maidir le slándáil an tsoláthair agus spriocanna astaíochtaí a bhfuil ceangal an dlí leo.</p>
<p>Provide clarity on the impact of the 2023 Climate Gníomh Plan for LEUs in the region:</p> <ul style="list-style-type: none"> • 20% bainistiú ar thaobh an éilimh faoi 2025, ardú go 30% faoi 2030 agus cionroinnt dhíréireach le titim ar LEUann; • gealltanais a thabhairt nach mbeidh tionchar ar a gcuid oibríochta (agus fostaíochta) i ngeall ar easpa leictreachais nó gáis. 	<p>Neamhchinnteacht shuntasach faoin gcumas oibriú i monarchana déantúsaíochta dianchaipitil sa réigiún agus infheistíochtaí nua a mhealladh amach anseo.</p>
<p>Gealltanais a dhéanamh i leith bheartas rialtais costais leictreachais agus gháis don ghnó a choinneáil ar leibhéal nach mó ná meán an AE:</p> <ul style="list-style-type: none"> • treochlár mionsonraithe a fhoilsiú de na beartais a chuireann an praghas ar ais ar an meán, agus uasdátuithe bliantúla maidir leis an dul chun cinn. 	<p>Tá an réigiún ag brath ar onnmhairithe táirgí agus earraí atá leochaileach ó thaobh praghais de.</p>

<p>Bithmheatán atá iomaíoch ó thaobh costais de a chur ar fáil do thionscail a bhfuil ceangal orthu an téamh ardteochta a dhíchárbónú faoi 2030:</p> <ul style="list-style-type: none"> • leanúint den obair phíolótach* atá déanta ag an Tascfhórsa seo, le hAonad sain-ainmnithe Forbartha Bithmheatáin, chun bainistiú a dhéanamh ar sholáthar agus tacaíocht rialtais aige atá iomaíoch maidir le tíortha eile an AE. <p>(*Tá 6 cinn d'fhostóirí móra an cheantair tar éis cistiú a chur ar fáil d'obair forbartha ar thionscal a thacóidh leo)</p>	<p>Riosca eacnamaíoch leis an bhfostaíocht reatha, ós rud é go bhfuil seo ar fáil go forleathan san Eoraip. Deis eacnamaíoch sna ceantair tuaithe.</p>
<p>Tacú le Gníomhaireacht Réigiúnach Fuinnimh a Fhorbairt, chun cabhrú leis an ngnó, le hearnáil na talmhaíochta, le pobail sa réigiún leathan clár dícharbónaithe faoi 2030 a mheas, a fhorbairt agus a imlonnú.</p> <p>Molaimid go sannfaí an clár seo do ghníomhaireacht atá ar obair sa réigiún cheana.</p>	<p>Ní mór tacú ar leibhéal áitiúil le scálú luath na réiteach dícharbónaithe don tionsclaíocht, chun eolas agus acm.</p>

3.6 An Gá le Hinfheistíocht sa Bhonneagar

Príomh-Mholtaí	Cén fáth?
<p>Macalla ar uaimhian agus ar an acmhainn fholaithe atá sna Pleananna Forbartha Contae agus Spáis don Réigiún, ó thaobh ghaoth an Atlantaigh de</p>	<p>Soláthar a dhéanamh ar thithíocht agus ar bhonneagar eile.</p>
<p>Creat Pleanála don Iompar Inbhuanaithe a fhorbairt don réigiún, agus na nithe a leanas san áireamh:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Cistiú do na tionscadail thosaíochta a saináithníodh sa tuarascáil seo. • Na nithe a leanas a sholáthar: <ul style="list-style-type: none"> » Scéim Bhóthar Luimneach go Fainge (lena n-áirítear Seachbhóthar Átha Dara); » Iarnód Lastais Fhainge; » Bóthar Dáileacháin Luimneach Thuaidh » Scéim Fheabhsúcháin Bóthar Rochtana Aerfort na Sionainne N19; » M20 Luimneach go Corcaigh; » N68 Inis go Cill Rois/Gob na Muine; » Uasghrádú bóthair Faing go Lios Tuathail/Baile an Longfoirt » Uasghrádú N24 Luimneach go Port Láirge; » N21 Seachbhóthair Chaisleán Nua Thiar agus Mainistir na Féile; » Nasc idir Aerfort na Sionainne agus an t-iarnród; » Calafort domhain Fhainge ar Oileán Fhainge 	<p>Níl an bonneagar reatha maith a dhóthain do riachtanais eacnamaíocha an lae inniu, agus is riachtanach infheistíocht shuntasach a dhéanamh ar fud an réigiúin más fúinn fás a éascú amach anseo agus infheistíocht a mhealladh a sholáthrú agus a úsáidfidh fuinneamh gaoithe an Atlantaigh.</p>

<ul style="list-style-type: none"> • Tacaíocht an rialtas d'eangach leathnaithe bealaí idir Aerfort na Sionainne agus moil thábhachtacha straitéiseacha gnó, chomh maith le nascacht leasaithe iompair chuig an aerfort agus uaidh. • Grúpa oibre trasrannach a bhunú faoi na struchtúir feidhmithe sa Straitéis Hidrigine chun forbairt a dhéanamh ar Straitéis Náisiúnta SAF, i gcomhar leis an tionsclaíocht. • Tionscadal taighde náisiúnta SAF a bhunú faoi Inbhear na Sionainne chun foghlaim a dhéanamh maidir le dícheall leasa a bhaint as an teicneolaíocht, bonneagar, slabhra soláthair agus scálú táirgthe a bhaint amach. • Cistiú RD&I a chur ar fáil do thionscadail léirithe na heitlíochta inbhuanaithe mar shaotharlann bheo ag Aerfort na Sionainne, a thabharfaidh an teicneolaíocht eitlíochta glan-nialasaí chun céim na tráchtála, i gcomhpháirt le cláir chomhoibritheacha idirnáisiúnta. 	
<p>Tabhairt faoi staidéar féidearthachta agus moladh a cheapadh i dtaca le forbairt a dhéanamh ar Mhol Náisiúnta Lóistíochta faoi Inbhear na Sionainne, mar chuid den ullmhúchán i dtaca le 'Straitéis Réigiúnach Lastais' do réigiún Luimnigh/na Sionainne mar atá molta i Straitéis Iompair Cheantar Uirbeach Luimnigh/na Sionainne, agus de réir Ghníomh 23 den fhorbairt straitéisí don dáileacháin inbhuanaithe lastais, sa Straitéis don Tarlú Bóthair, a foilsíodh le déanaí.</p>	<p>Thiocfadh le méadú ar na hoibríochtaí lastais ag Aerfort na Sionainne agus dáileacháin na gcoimeádán ar iarnród agus ar bhóthar ó Fhaing laghdú a dhéanamh ar dhúshláin iompair na tíre i dtaca le brú, costas, agus astaíochtaí.</p>
<p>Soláthar a dhéanamh ar chistiú agus ar threoir bheartais faoin gCreat Digiteach d'Éirinn ón Rialtas láir, chun forbairt a dhéanamh ar mháistirphlean digiteach don réigiún a thabharfaidh le chéile saineolas ó na hÚdaráis Áitiúla agus páirtithe leasmhara saineolacha.</p>	<p>Bacainn ar an réigiún is ea an easpa bonneagar sonraí.</p>
<p>Cistiú iarrtha le staidéar indéantachta a thionscnamh faoi Mhol Trasloingseoireachta Domhanda Glan-Nialasach in áit oiriúnach in Inbhear na Sionainne, a dhéanfaidh gearáil ar infhaighteacht an bhreosla mhuirí, uisce domhain faoi fhoscadh, talamh, an suíomh tábhachtach mara, agus an acmhainn custaim a imréiteach do SAM. Ba chóir cistiú a lorg don staidéar i gcomhar leis an Athbhreithniú ar Bheartas Náisiúnta na gCalafort, atá tionscnamh.</p>	<p>Deis gearáil a dhéanamh ar ár suíomh idirnáisiúnta agus acmhainn iar-Brexit a chur ar fáil don AE.</p>

3.7 Moltaí maidir le Cur i bhFeidhm

Príomh-Mholtaí	Cén fáth?
<p>Cuir chuige ‘uile-rialtais ar lánluas’ a chur ag imeacht, maidir leis an deis ollmhór atá i gceist leis an ngeoth eischósta, trí fhreagracht don soláthar a tharmligean don Ghrúpa Ard-Oifigeach, faoi stiúir Ard-Rúnaí Cúnta in Oifig an Taoisigh.</p> <p>Tuairisciú don Taoiseach agus do na hAíré Cuí ar bhonn 6 mhí.</p>	<p>A chinntiú go mbeidh gach uile roinn agus ghníomhaireacht rialtais éifeachtach maidir le clár FLOW, mar atá molta ag SEETF, a sholáthar, ar luas a bheidh iomaíoch go hidirnáisiúnta.</p>
<p>Gníomhaireacht Forbartha Náisiúnta don Ghaoth Eischósta a bhunú, le foireann daoine atá cáilithe mar is cuí lenar féidir teagmháil a dhéanamh ar leibhéal tráchtála agus teicniúil le forbróirí féideartha agus corás an rialtais, chun na spriocanna a bhaint amach atá sa Phlean Gnímh don Aeráid.</p>	<p>Gníomhaireacht na haonfheidhme a dhéanamh, de réir bheartas Margadh Glas an AE. Cruthaithe go maith ag FÉ agus IDA cheana. Níl ag éirí leis an gcur chuige reatha.</p>
<p>Grúpa stiúrtha áitiúil de cheannairí sinsearacha a chruthú (AOFanna Contae, AOFanna calafoirt agus aerfoirt, ceannasaí an phlean gnímh don fhiontraíocht, agus eile de réir mar is gá), le tacaíocht foireann bheag bainisteoirí sinsearacha tionscadail, lena chinntiú go mbeidh éifeacht le córais áitiúla i mbun soláthair ar na spriocanna náisiúnta don ghaoth eischósta. Beidh gá le cistiú incriminteach do bhainisteoirí tionscadail.</p>	<p>Beidh géarghá le comhordú agus le soláthar áitiúil.</p>
<p>Aonad Forbartha Bithmheatáin a fhorbairt, faoin bhFondúireacht Bithghéilleagair reatha, i Lisín, Co Thiobraid Árann, chun bainistiú a dhéanamh ar scéim phiólótach a riarfaidh ar an gcuspóir 35% dícharbónú d'úsáideoirí teasa ardghráid tionsclaíochta i réigiún an Inbhir.</p>	<p>Scéim phiólótach bithmheatáin a chruthú a thabharfaidh faoin riachtanas dícharbónaithe don tionscal áitiúil agus ar féidir a scálú go náisiúnta. Gan réiteach mar é, d'fhéadfaí go mbeadh ar thionscal imeacht áit eile lena dtáirgeadh a choinneáil ag imeacht.</p>
<p>Na gníomhaireachtaí fuinnimh sa réigiún a thabhairt le chéile chun eintiteas amháin a dhéanamh ag a mbeidh na hacmhainní oiriúnacha chun tacú le hiarrachtaí dícharbónaithe ag tionsclaíocht agus ag talmhaíocht, mar is gá.</p>	<p>An cur chuige cruthaithe san Eoraip. Gá le hobair shuntasach chun cuspóirí 2030 a bhaint amach.</p>
<p>Maoirseacht agus tuairisciú a dhéanamh ar imlonnú moltaí eile SEETF ar bonn 6 mhí tríd an Roinn Fiontraíochta, Trádála agus Fostaíochta.</p>	<p>Glansoiléiriú a chur ar fáil do gach páirtí leasmhar.</p>

4

Tábhacht Inbhear na Sionainne




Tá roinnt údar le ról sainiúil Inbhear na Sionainne i dtréimhse seo an aistrithe eacnamaíoch nach bhfacthas a leithéid riamh, agus an chuid is mó díobh ag brath ar a shuíomh geografach ar chósta Atlantaigh na hÉireann. Acmhainn uathúil é atá suntasach go hidirnáisiúnta i ngeall ar na nithe seo:

- ceann de na sruthchúrsaí is doimhne agus is fearr foscadh in Éirinn agus san Eoraip, achar 500km² ann, agus é 32 méadar ar doimhneacht ina chainéil agus iomad áiteanna ancaireachta atá sábháilte domhain;
- lonnaithe ar thairseach acmhainn ghaoithe an Atlantaigh agus suas le 70GW de phoitéinseal faoi 36 uair de tharraingt fhliuch, agus na céadta acra de stóras fliuch laistigh;
- tá calafort Chéim 1 ann, agus ainmniúchán Ten-T ar Dhorchlaí an Atlantaigh/an Mhuir Thuaidh/An Mheánmhuir, agus sé cinn de shaoráidí móra críochfoirt, agus achar suntasach domhnaíochta cois cé, a láimhseálann suas le 1,000 long sa bhliain.
- Aerfort Idirnáisiúnta na Sionainne, gona rúidbhealach 3,200 méadair CAT II, oibríocht 24 uair gan srian agus gan aon srian torainn, ag freastal ar chonairí ar fud na hEorpa agus Mheiriceá Thuaidh;
- talamh cothrom inbhir arna chríosú don tionscal, é lánoiriúnach do láithreáin mhóra tionsclaíochta agus páirceanna fuinnimh;
- is ann atá fostóirí móra domhanda ar nós Kerry Group, Dell Technologies, Jaguar Land Rover, Johnson & Johnson, Liebherr, El Electronics, Analog Devices, Stryker, Regeneron, Lilly, DairyMaster agus a lán eile
- tá SIFP críochnaithe aige – creat idirdhlínse talaimh agus mara a threoróidh an fhorbairt agus an bhainistíocht amach anseo ar an Inbhear;
- tá 1.5 GW d'acmhainn reatha tarchurtha leictreachais a nascann stáisiúin chumhachta Gob na Muine agus Thairbhirt leis an ngréille náisiúnta;
- tá freastal maith ar na cladaigh thuaidh agus theas ag Greille Gáis Nadúrtha na hÉireann mar atá;
- tá sé lonnaithe go straitéiseach faoi thiomáint uair an chloig de Ghailimh ó thuaidh, agus 90 nóiméad go Corcaigh ó dheas, agus is gearr go mbeidh an bóthar nua Luimneach go Faing ag freastal chomh maith, agus athlonnú déanta ar an nasc iarnróid lastais idir Luimneach agus Faing (agus an fhéidearthacht paisinéirí a chur leis sin amach anseo);
- tá teacht ar 1.2 milliún duine faoi 90 nóiméad, le hais píblíne sheasta tallainn ó institiúidí áitiúla ardoideachais, agus 42,000 mac léinn sna Boird Oideachais agus Oiliúna, rud a chruthaíonn éiceachóras comhtháite de chaipiteal daonna;
- tá acmhainní T&F ar scoth domhanda ar fáil ag Ollscoil Luimnigh, Ollscoil Theicneolaíochta na Sionainne agus Ollscoil Theicneolaíochta na Mumhan, in éineacht le hionaid phríobháideacha agus phoiblí don taighde feidhmeach, lena n-áirítear Digital Manufacturing Ireland.



Fíor 2a: Léarscáil de Chríochfort Inbhear na Sionainne faoi mar atá (Foinse: Comhlacht Calafóirt na Sionainne Fhainge)



Fíor 2b: Léargas Comhtháite ar Éiceachóras Inbhear na Sionainne (Foinse: Creat-Phelean Comhtháite Inbhear na Sionainne)

5

Uaillmhianta Earnála



Bhí an Tascfhóras ar aon intinn ó chéim luath gur chóir foghrúpa a cheapadh a scrúdódh féidearthachtaí agus a dhéanfadh moltaí thar ceithre cinn de chroí-réimsí, le béim i dtólamh ar forbairt a dhéanamh ar an tallann agus na scileanna is riachtanach chun teacht ar na sochair iomlána a bhaineann leis na deiseanna eacnamaíocha seo.



Seo a leanas an chúis leis an rogha réimsí a ndíreofar orthu:

- **Fuinneamh Gaoithe Eischósta** – earnáil ina bhfuil buntáiste nadúrtha faoi leith ag réigiún Inbhear na Sionainne, agus earnáil atá Fíor thábhachtach i dtaca le geilleagar agus le comhshaol na hÉireann amach anseo. Is mó an brabús a bhainfeadh má dhéantar forbairt ar bhonn comhtháite tionsclaíoch agus nuálaíocht teicneolaíochta i gcomhpháirt le chéile, agus san am céanna éascófar forbairt bhreise ar chaipiteal daonna an réigiúin. Táthar tar éis forbairt na hearnála seo a aithint mar an deis eacnamaíoch is mó don réigiún le blianta fada.
- **Fuinneamh ar Thalamh** – luas a chur faoin imlonnú ar theicneolaíochtaí reatha atá glan ar charbón, chun tacú le gnólachtaí idir reatha agus nua a gcuid spriocanna astaíochtaí a bhaint amach, agus a chinntiú go mbeidh slándáil bhreise fuinnimh ag Éirinn tríd an spleáchas ar bhreosláí iontaise allmhairithe a laghdú.
- **Iompar, Lóistíocht agus Nascacht** – beidh barrthábhacht leis an gcumas daoine, earraí agus sonraí a ghluaiseacht más fúinn geilleagar an réigiúin a fhorbairt, agus is é a thacaíonn le gach uile dheis eacnamaíoch eile.
- **Turasóireacht** – earnáil mhór ghnó reatha don réigiún atá tógtha le blianta ar shócmhainní nadúrtha an réigiúin, agus iomad gnéithe spóirt, cultúrtha agus stairiúla a mheallann na sluaite.

Tabharfar léiriú mionsonraithe anois ar gach réimse ar leith, in éineacht le gníomhaíochtaí Fíor a éifeachtacha intomhaiste a chabhróidh leis an bhforbairt orthu uile.

6

Fuinneamh Gaoithe Eischósta




Siocair a ghaire atá sé d'acmhainn ollmhór gaoithe eischósta, an calafort uisce dhomhain atá ann, oiread den stóráil fhliuch atá ann, agus de thailte forbartha, nascacht gáis agus greille leictreachais, bóithre/iarnróid/nascacht aeir agus uisce, chomh maith leis an gcaipiteal daonna, ní fearr áit ná Inbhear na Sionainne chun réiteach a chur ar fáil do na dúshláin slándála agus inbhuanaitheachta atá ag córas fuinnimh na hEorpa. Tá breis agus 70GW d'acmhainn gaoithe eischósta ar fáil faoi fhad inrochtana, rud a fhágann gur féidir linn anois bheith mar thiománaí cumhachta ag an Eoraip tráth a bhfuil dúshláin ar fud an domhain ann in earnáil an fhuinnimh.

Is rídhócha gurb í an ghaoth eischósta shnámhach a bheas mar rogha teicneolaíochta chun an acmhainn ghaoithe seo a cheapadh, lonnaithe amuigh ar dhomhnaíocht an Atlantaigh. Beidh tuirbíní móra i gceist leis seo (15 MW+), suite ar struchtúir ar snámh, agus iad feistithe le grinneall na farráige. Tá dul chun cinn agus forbairt ar siúil ar an ngaoth eischósta shnámhach i roinnt áiteanna ar fud na cruinne. Mar shampla, in 2022 rinne Crown Estate Scotland ceantáil ar roghanna grinnill do 17.4 GW de ghaoth eischósta shnámhach sa tairiscint 'ScotWind' aige. Tá laghdú tapa ar chostas na gaoithe eischósta, agus muinín dá réir san earnáil maidir le ról na gaoithe eischósta snámhaí, agus tá acmhainn iomaíoch ag Éirinn ar féidir í a fhás ar ardluas.

Ainneoin chomh luath a tháinig ann don teicneolaíocht agus bhuntáistí nadúrtha gaoithe eischósta na hÉireann, níor chóir talamh slán a dhéanamh de chumas na hÉireann leas a bhaint as an acmhainn ghaoithe eischósta seo. Tá roinnt bacainní beartais, bonneagair agus rialála ann ar mhór iad a leigheas go práinneach más fúinn gníomhairí móra sa mhargadh a mhealladh (i.e. forbróirí agus comhlachtaí idirnáisiúnta Chéim 1) chun infheistiú a dhéanamh in Éirinn agus an riosca a bhaint as tionscadail trína thuilleadh cinnteachta a chur ar fáil maidir le costais tionscadail, tacú le slabhraí soláthair de chuid na háite, agus feabhsú a dhéanamh ar amscálaí forbartha agus soláthair. Ní mór tabhairt faoi na bearta tábhachtacha a leanas:

- soiléiriú faoi bheartas fadtéarmach don fhuinneamh eischósta san Atlantach, a thógfadh muinín infheisteoirí agus a thacódh leis an gcás gnó do chalafóirt agus don slabhra soláthair;
- bearta a chuirfeadh luas le tógáil an bhonneagair chriticiúil cumasaithe, ar nós na gcalafort agus an ghreille eischósta agus ar talamh;
- soiléiriú faoin mbealach chun an mhargaidh e.g. straitéis tionsclaithe, straitéis hidrigine, straitéis don ghreille baile agus straitéis idirnascachta;
- aitheantas d'acmhainn seo na hÉireann i gcomhthéacs Eorpach;
- acmhainní oiriúnacha a chur ar fáil do na comhlachtaí pleanála agus ceadaithe;

- infheistíocht bhreise san oideachas, sa nuálaíocht agus T&F ábhartha
- forbairt a dhéanamh ar bheartas tionsclaithe na gaoithe eischósta a bhainfidh an méid is mór de shochair don phobal.



Fíor . 3: Meánluas na Gaoithe ar fud na hEorpa. (Foinse: [Global Wind Atlas](#))

6.1 Beartas agus Uaillmhian

6.1.1 Loighic agus Réasúnaíocht

Tá gá in Éirinn le tacaíocht shoiléir leanúnach ón rialtas chun ár n-acmhainní ollmhóra fuinnimh a cheapadh ón Atlantach. Cé go bhfuil dul chun cinn mór déanta le blianta beaga, ní soiléir go fóill an chonair a fád lenár gcuspóirí fadtéarmacha a bhaint amach. Forbairtí dearfacha uile iad an tAcht um Phleanáil i Limistéir Mhuirí 2020 (an tAcht MAP), bunú an Údaráis Rialála Limistéar Muirí (MARA) agus na gealltanais 2040 agus 2050 (ainneoin nach bhfuil ceanglas dlíthiúil leo sin). Mar sin féin, tá gá in Éirinn anois le straitéis fhadtéarmach sholáthair, rud a fhágfaidh gur áit mhealltach í don infheistíocht ó mhórchomhlachtaí na gaoithe eischósta, agus a chinntiú nach gcaillfear an deis ar aistriú eacnamaíoch.

Tá an rún ag an mbeartas rialtais reatha an ghaoth eischósta a sholáthar ina céimeanna. Is rún leis na chéad chéimeanna (Céim 1 agus Céim 2) 5 GW a chur ar fáil faoi 2030, agus tús áite go mór ag tionscadail bun seasta, ar uisce éadomhain gar don chladach ar an gcósta thoir agus thoir theas. Leagadh amach sa Ráiteas Beartais i Márta 2023 faoin gCreat don Ghaoth Eischósta Chéim 2, spriocanna amach do 2030, 2040 agus 2050.

Bliain	2030	2040	2050
Sprioc Gaoithe Eischósta	5 GW (+2 GW*)	20 GW	37 GW
Meán-Ráta Bliantúil Imlonnaithe	1 GW**	1.5 GW	1.7 GW

Tábla 1: Spriocanna Gaoithe Eischósta na hÉireann (*2GW gan baint fós leis an ngréille le bheith 'á fhorbairt', ** glacann leis gur in 2025 a thosódh an t-implonú)

Luadh chomh maith i ráiteas beartais sin Mhárta 2023 céim nua a 3, a chuirfeadh 2 GW breise de ghaoth eischósta shnámhach ar fáil don úsáid neamhghreille bhreise á fhorbairt faoi 2030. Tuigtear go bhfuil na céimeanna ar fad á bhforbairt in éineacht ag RCAC, lena n-áirítear Creat Todhchaí don fhuinneamh in-athnuaite eischósta (i.e. tar éis Chéim 2 agus Chéim 3).

PLMAanna: Na forbróirí na taoisigh i gCéim 1, agus iadsan a roghnaigh áiteanna amach ón gcósta. Mar sin féin, an plean a thabharfaidh ceannas do Chéim 2 agus gach céim ina dhiaidh sin, agus ní thabharfar cead dul ar aghaidh ach do thionscadail atá lonnaithe i Limistéir Phleanála Muirí Ainmnithe (PLMAanna). Roghnófar PLMAanna bunaithe ar chritéir gheografacha, theicniúla agus straitéiseacha agus beidh mar phlean bainistithe do réimse sainiúil uiscí mara pleananna do réimsí ilghníomhaíochta nó gníomhaíochtaí sainiúla a úsáid a chur chun cinn, lena n-áirítear ORE. Beidh DMAanna mar chuid den Chreat Náisiúnt Pleanála Muirí (NMPF) agus beidh ceangal faoina bhreithniú ag cinnteoirí agus ag lucht déanta pleananna muirí.

Déantar sainiúil sa cháipéis Dréacht-Plean Forbartha Fuinnimh In-Athnuaite Eischósta II (OREDP II) ar na Réimsí Leathana Spéise (BAL) ónar féidir PLMAanna a dhéanamh le himlonnú tar éis 2030. Tar éis an Tascfhórsa athbhreithniú a dhéanamh, agus comhphlé le páirtithe leasmhara, measann an Tascfhórsa gur róbheag an BAL don 'Mheán-iarthar (ceantar na Sionainne/Fhainge)', a chiallaíonn go bhfuil tromlach na dtionscadal atá á bhforbairt i láthair na huairé lasmuigh den cheantar. Tá na tionscadail seo tar éis staidéir leitheadacha a dhéanamh chun sainiúil a dhéanamh ar lonnaithe oiriúnacha bunaithe ar chritéir ar nós dhálaí na gaoithe, fad go dtí an cladach, doimhneacht an uisce, tionchar radhairc srl. Mar sin féin, mura méadaítear an limistéar BAL/PLMA, beidh píblíne na dtionscadal féideartha ar an gcósta thiar i mbaol.

Tá muintín sa tionscal féin gur féidir uisce níos doimhne a úsáid don FLOW agus creidtear gur chóir doimhneachtaí níos mó ná 100 méadar (suas le 200 méadar agus amach¹¹) a mheas don BAL agus an limistéar PLMA. Lena chinntiú go mbainfear amach ár spriocanna do 2040, ba chóir go mbeadh gach tionscadal reatha amach ón Mheán-iarthar a chuimsiú in aon limistéar PLMA don Mheán-iarthar amach anseo.


Ceadanna Limistéir Muirí: An chéad cheim do thionscadail ghaoithe eischósta i gcóras pleanála na hÉireann ná cur isteach ar Chead Limistéir Muirí (MAC). A luaithe a bheith sin ár láimh, is féidir le tionscadail cur isteach ar chead forbraíochta nó dul isteach sa phlé réamhpleanála leis an Bord Pleanála (ABP), naisc ghreille a phlé le Eirgrid, an obair riachtanach suirbhé a chur i gcrích a thacódh le dearadh teicniúil agus le measúnuithe comhshaoil, agus dul isteach i gceantanna tar éis sin. Go nuige seo in Éirinn, níl MAC bronnta ach ar na 7 dtionscadal Chéim 1 (iad uile i Nollaig 2022). Faoi láthair níl soiléire ar fáil do thionscadail ghaoithe ar snámh san Atlantach (lena bhfuil 5 GW san iomlán) faoi cé acu is féidir leo bheith ag súil go dtabharfar cead dóibh cur isteach ar MAC, agus is amhlaidh gur bacainn cheart é seo ar an infheistíocht riachtanach teacht.

11 [Oceans Unlocked - A Floating Wind Future, COWI, 2021](#)

Stádas reatha Chéim 1 agus Chéim 2: Sa chaoi go gcuirfear luas faoin soláthar, is cur chuige bunaithe ar fhorbróirí atá i gceist le Céim 1 den Fhorbairt Eischósta in Éirinn, agus tá MACanna bronnta ar 7 dtionscadal i Nollaig 2022. Bhí na tionscadail seo páirteach san chéad cheant don ghaoth eischósta (ORESS 1), atá tar éis 3.1 GW d’acmhainn a aimsiú ar mheánphraghas €86.05/MWh¹².

Beidh mar chuspóir ag Céim 2 riar ar an ngannchuid a fhad le 5 GW agus ORESS 2 a sheoladh faoi dheireadh 2023. Díol suntais go mbeidh an chéim seo mar aistriú go dtí cur chuige bunaithe ar phlean, ina mbeidh an próiseas ceantanna ag aimsiú acmhainn ghaoithe laistigh de limistéir ar a dtugtar Pleananna Limistéir Muirí Ainmnithe (MACanna), mar a bunaíodh faoi Acht MAP, agus iontu sin amháin. Faoi láthair, níl sainmhíniú déanta ar na PLMAanna seo, rud a chiallaíonn nach féidir le tionscadail faoi cheannas forbróirí cur isteach ar MACanna agus go deimhin d’fhéadfaí iad a fhágáil ar lár ón gcéim seo.

Stádas Chéim 3 agus an Creat don Todhchaí: Is iad Céim 3 agus an Creat don Todhchaí (ar a dtugtaí roimhe seo ‘The Enduring Regime’) na céimeanna beartais Fíor thábhachtacha a éascóidh scálú a dhéanamh ar an bhFuinneamh Gaoithe Eischósta san Atlantach. Tugadh le fios i ráiteas beartais 2023 go dtacóidh Céim 3 le 2 GW de ghaoth eischósta shnámhach a fhorbairt don úsáid neamhghreille faoi 2030. Mar sin féin, tá forbairt á déanamh faoi láthair ar na mionsonraí a bhaineann le Céim 3 agus mionsonraí faoin gCreat don Todhchaí. Luaitear i ráiteas beartais Mhárta 2023 go bhfoilseofar in R1 2024 creat-bheartas don Ghaoth Eischósta san aimsir romhainn, in éineacht le beartas do Chéim 3.



Fíor 4: Céimeanna molta don fhorbairt gaoithe eischósta in Éirinn (Foinse: An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide)

12 [An tAire Ryan ag fáiltiú roimh thorthaí an-dearfacha an chéad cheant gaoithe eischósta, RCAA, 2023..](#)

Mura mbíonn soiléire faoi threoirínite, spriocanna agus conairí chun an mhargaidh, ní bheidh an chinnteacht ag mórghníomhairí an mhargaidh (i.e. forbróirí agus comhlachtaí idirnáisiúnta Céim 1) go tacóidh Éire le tionscal fadtéarmach, in-infheistíochta gaoithe eischósta, rud a fhágann go gcaillfear deiseanna ar mhórinfheistíocht, moill ar an mbonneagar barrthábhachtach ar nós calafort agus greille, agus is mó an dóchúlacht nach mbainfear amach spriocanna. Tá géarghá le táscairí soiléire don mhargadh agus méadú ar thacaíocht chun an neamhchinnteacht seo a imréiteach. I bhfianaise chomh fada a thógann sé tabhairt mar is ceart faoi thionscadail mhóra bonneagair, ní mór go bhforbrófaí Céim 3 agus an Creat don Todhchaí san am céanna la Céim 2.

Beartas na hEorpa: Is féidir le hInbhear na Sionainne ról mór bheith aige sa ghabháil gaoithe amach ó chósta an Atlantaigh, agus ba chóir a aithint sa bheartas náisiúnta agus Eorpach i dtaca lena ról uathúil i dtodhchaí fuinnimh na hÉireann agus na hEorpa féin.

Uaillmhain an Phlean REPowerEU ná deireadh céimnithe a chur le spleáchas na hEorpa ar bhreoslaí iontaise le coigiltis fuinnimh, éagsúlacht soláthair fuinnimh a chur ann, agus fuinneamh in-athnuaite a leathadh amach go tapa agus a chur in áit breoslaí iontaise i dtithe, sa tionscal agus sa ghiniúint chumhachta. Ar na tionscnaimh is mó in REPowerEU tá moladh tabhairt faoi phróisis chasta fhada ceadaithe do thionscadail mhóra in-athnuaiteán, agus leasú saindirithe ar an Treoir um Fhuinneamh In-Athnuaite chun aitheantas a thabhairt don fhuinneamh in-athnuaite mar leas sáraitheach poiblí.


Níl Éire tar éis a thabhairt le fios conas is rún di freagairt do REPowerEU maidir le ceantair a shain-ainmniú d'in-athnuaiteán. Cuireann REPowerEU de cheangal, go háirithe, ar Bhall-Stáit mapáil a dhéanamh faoi Mheitheamh 2024 ar na réimsí is riachtanach do rannchodanna náisiúnta i dtreo chuspóir fuinnimh in-athnuaite 2030, agus glacadh le plean nó pleananna a ainmneoidh ceantair d'in-athnuaiteán faoi Mheitheamh 2025¹³. I bhfianaise mhórmhéid acmhainn an Atlantaigh, agus an fhéidearthacht i dtaca le haistriú tionsclaíochta inbhuanaithe agus onnmhairithe fuinnimh, molaimid gur chóir ceantair i réigiún Inbhear na Sionainne agus máguaird a shain-ainmniú mar cheantair fuinnimh REPowerEU sa chás gur cuí sin, agus saindálaí ainmnithe pleanála i bhfeidhm más gá.

Údar mór imní a luann an tionsclaíocht go minic is ea an beartas FLOW bheith ceaptha gach aiseolas a mheas ón uile pháirtí leasmhar. Sa chaoi go dtabharfar faoin bhfabht seo, molann Tascfhórsa Eacnamaíoch Inbhear na Sionainne, go dtabharfaí ról níos rannpháirtí d'ionadaithe an tionscail maidir le beartas FLOW a dhréachtú. D'fhéadfaí seo a thabhairt ann trí ionadaithe ón tionscal a chur san áireamh ar na tasfhórsaí rialtais éagsúla chomh maith leis na struchtúir feidhmiúcháin a mholann an Tascfhórsa seo.

13 [REPowerEU: Aontú ag an gComhairle faoi ghéarú luais, Comhairle an AE, 2022.](#)

6.1.2 Tionchar/Toradh

Mar chuid dá Athbhreithniú Straitéiseach Fís 2041,¹⁴ tá Comhlacht Calafóirt na Sionainne/Fhainge in éineacht le comhairleoirí innealtóirí idirnáisiúnta Bechtels, tar éis 70 GW de phoitéinseal gaoithe eischósta a aithint laistigh de 36 uair d’Inbhear na Sionainne. Bunaithe ar an acmhainn fhéideartha seo, is í an fhís atá againn Inbhear na Sionainne bheith ar an áit thosaigh don ghaoth eischósta san Atlantach trí 2 GW d’fhuinneamh glas a chur ar fáil faoi 2030 agus suas le 30 GW insuite faoi 2050, rud a shásódh éileamh dúchais an gheilleagair ghlais chomh maith le méadú ar onnmhairiú an fhuinnimh ghlais chun na hEorpa, áit ar dócha gan mhoill gur mó an t-éileamh ar fhuinneamh glas ná an soláthar a bheas ann.



Fíor 5: an 70 GW d’fhuinnimh ghaoithe eischósta atá inrochtana ó Inbhear na Sionainne (Foinse: Comhlacht Calafóirt na Sionainne /Fhainge¹⁵)

14 [Athbhreithniú Straitéiseach Fís 2041, Comhlacht Calafóirt na Sionainne / Fhainge, 2022.](#)

15 [Athbhreithniú Straitéiseach Fís 2041, Comhlacht Calafóirt na Sionainne / Fhainge, 2022.](#)

Cás seo 2050 agus 30 GW de ghaoth eischósta shnámhach, d'fhéadfadh sé infheistíocht dhíreach dar luach €90-120 billiún¹⁶ dá ndéanfaí sin a mheascadh le húsáid tionsclaíochta agus tithe idir reatha agus tuartha^{17,18,19}. Ach cumasc a dhéanamh de chuspóir 30 GW faoi 2050 le roinnt tuarascálacha eacnamaíocha infheidhme, tugtar le fios go mbeadh tacaíocht le suas le 30,000 post go díreach ó dhearadh, thógáil, agus oibriú agus cothabháil na píblíne seo a fhad le 2050. D'fhéadfaí leas a bhaint le himeacht ama as tuilleadh mór post agus luach don gheilleagar trí chuid na hÉireann den slabhra soláthair a mhéadú. Mar sin féin, tá iomaíocht dhomhanda ann maidir leis an slabhra soláthair a mhealladh agus mura bhfuil ann ach an acmhainn (fuinneamh na gaoithe) gan an beartas tacaíochta ná an bonneagar éascaithe, tá an baol ann nach ndéanfar forbairt éifeachtach thíosach ar an acmhainn, nó nach ndéanfaí aon fhorbairt ar chor ar bith uirthi.

Sna babhtáí is déanaí léasaithe atá déanta sa RA, in Albain, i SAM agus áiteanna eile tá aibhsiú déanta ar scála na hinfeistíochta príobháidí a d'fhéadfaí teacht don ghaoth eischósta. Is féidir le babhtáí léasaithe atá deartha go hoiriúnach cothromaíocht a thabhairt idir praghas agus úsáideoirí, tionscal lena bhfuil ardluach breise, agus fás eacnamaíoch. Beidh an fás eacnamaíoch amach anseo ag brath ar sholáthar slán costaséifeachtach fuinnimh ghlais, agus ós rud go mbeadh sin in Éirinn bheadh éascaíocht déanta do thionsclaíochtaí lena bhfuil ardluach breise agus poist san agraibhia, teicneolaíocht, agus tionscal na n-ábhar, chomh maith le hearnálacha éiritheacha ar nós seirbhísí digiteacha saor ó charbón, eSláinte, iompar, turasóireacht srl.

Tá an teagmháil a bhí againn go nuige seo le páirtithe leasmhara tar éis a thabhairt le fios dúinn gur gá go mbeadh mórscála i gceist le gaoth eischósta an Atlantaigh má tá fiúntas le bheith ann, i bhfianaise na scála eacnamaíocha atá riachtanach, agus is é Inbhear na Sionainne an áit ríshoiléir don scálú seo tosú, dar linn. Ina fhianaise seo, tá sainaitheint déanta ar roinnt éascaitheoirí suntasacha beartais, bonneagair, agus rialála ar chóir tabhairt fúthu gan aon mhoill.

6.1.3 Iarrataí/Príomhghníomhaíochtaí

Gníomh	Úinéir	Dáta dlite
Beartas lena aithint gur deis mhórsála í gaoth eischósta an Atlantaigh atá straitéiseach ó thaobh an AE de.		
<ul style="list-style-type: none"> Le cumasc idir Beartas Tionsclaíochta Glas agus Beartas Céim 3/Creat Todhchaí don Ghaoth Eischósta, molaimid go dtabharfaí soiléiriú faoi conas a éascóidh Éire gaoth an Atlantaigh a cheapadh agus a úsáid in Éirinn agus san Eoraip, chomh luath agus is féidir. 	Rialtas Uile	R1, 2024

16 [2021 Athbhreithniú faoi Chostas Fuinnimh Gaoithe, NREL, 2021.](#)

17 [Fás na Gaoithe ar talamh go Gaoth Eischósta – Réigiún an Atlantaigh agus a Fhéideartha atá Fuinneamh Gaoithe agus Slabhra Soláthair, Eischósta Bhaile Átha Cliath 2022.](#)

18 [Athbhreithniú Straitéiseach Fis 2041, arna réiteach agBechtel do Chomhlacht Calafóirt na Sionainne / Fhainge, 2022](#)

19 [Scileanna don Charbón Nialasch, Roinn Fiontraíochta, Trádála agus Fostaíochta, 2021.](#)

<ul style="list-style-type: none"> • Ard-Rúnaí Cúnta a shannadh i Roinn an Taoisigh (nó Soláthar Plean Náisiúnta) a dhéanfaidh maoirseacht ar chur chuige 'uile rialtais', trí mheán Ghrúpa Oifigeach Sinsearach, chun luas a chur faoin dul chun cinn ar ghaoth eischósta shnámhach a bheidh inchurtha le luas na dtíortha eile AE. 	Rialtas Uile	R1, 2024
<ul style="list-style-type: none"> • Ard-Rúnaí Cúnta a shannadh i Roinn an Taoisigh (nó Soláthar Plean Náisiúnta) a dhéanfaidh maoirseacht ar chur chuige 'uile rialtais', trí mheán Ghrúpa Oifigeach Sinsearach, chun luas a chur faoin dul chun cinn ar ghaoth eischósta shnámhach a bheidh inchurtha le luas na dtíortha eile AE. 	Rialtas Uile	R1, 2024
<ul style="list-style-type: none"> • Gníomhaireacht Forbartha Eacnamaíocht don Ghaoth Eischósta Shnámhach a chruthú a bheidh dírithe ar theagmháil le forbróirí agus le rialtas chun spriocanna 2040 agus 2050 a bhaint amach agus a shárú, ar ráta iomaíocha ó thaobh costais de. An Gníomhaireacht sin a lonnú gar do chustaiméirí, sa Mheán-iarthar, gar don déantúsaíocht faoin Inbhear, lárnach i dtaca leis na 3 limistéar gaoithe eischósta agus le Baile Átha Cliath. 	RFTF	R2, 2024
<ul style="list-style-type: none"> • 'Céim 3'/'Creat Todhchaí' a fhoilsiú don bheartas Gaoithe Eischósta a riarfaidh ar na gníomhaíochtaí barrthábhachtacha don chonair atá molta ag SEETF don Phlean Gnímh don Aeráid 2 GW agus a thugann soiléiriú maidir leis an treochar tar éis 2030. Bíodh na nithe a leanas san áireamh: <ul style="list-style-type: none"> » Soiléiriú gur féidir tionscadail gaoithe snámhaí Chéim 3 a chur chun cinn in éineacht le tionscadail Chéim 2. » Sceideal molta a fhoilsiú i dtaca le ceantanna FLOW faoi réir ag an teagmháil leanúnach le tionsclaíocht agus tuairimíocht an mhargaidh a mheas. » An chéad cheant a shocrú dírithe ar an ngaoth shnámhach san Atlantach, agus 1 GW ar a laghad de leithdháileadh do limistéir PLMA an Mheán-iarthair. » Sainorduithe mar seo a leanas maidir leis na conarthaí fuinnimh gaoithe snámhaí: <ul style="list-style-type: none"> • cur le himeacht ama leis an déantúsaíocht áitiúil; • critéir shoiléire T&F, le hábhar agus páirtíochtaí áitiúla. » Treoir faoi chonairí fadtéarmacha chun an mhargaidh ar nós greille dúchais, naisc hibrideacha, idirnasacht, cumhacht le hais x, srl. 	RCAC	R1, 2024

<ul style="list-style-type: none"> Ba chóir RFTF bheith mar chomhchathaoirleach ar an tascfhórsa reatha don ghaoth shnámhach, agus méadú mór ar an ionadaíocht ón tionscal (mar bhaill nó mar chuid de bhord comhairleach). Ba chóir fiosrú a dhéanamh faoi mhúnla Chomhairle Tionsclaíoch Eischósta na RA, agus an pháirtíocht Ionad Catapult, agus samplaí idirnáisiúnta eile ar mhaithe le samplaí den dea-chleachtas a aimsiú maidir leis an earnáil phríobháideach agus phoiblí oibriú le chéile le soláthar a dhéanamh. 	RCAC	R3, 2023
<p>PLMA a chríochnú agus luas a chur faoi larratais MAC</p>		
<ul style="list-style-type: none"> Tús a chur le PLMA don Mheán-iarthar (Sionainn/Faing) agus tionscadail reatha i mbéal forbartha a chuimsiú, agus síneadh a chur leis an doimhneacht uasta ó 100m go 200m. Ba chóir an PLMA a chríochnú faoi thréimhse nach déanaí ná 12 mhí óna thús. 	RCAC	R3, 2023
<ul style="list-style-type: none"> OREDPA II agus pleananna amach anseo chun aitheantas a thabhairt do bhuntáistí an Inbhir maidir lena ghaire atá sé don acmhainn ghaoithe eischósta, naisc oiriúnacha greille, stóráil fhliuch, áiseanna calafoirt, talamh criosaithe tionsclaíoch, srl. 	RCAC	R3, 2023
<ul style="list-style-type: none"> Iarratais MAC ar oscailt d'iarratais laistigh de PLMA an Mheán-iarthair, agus próiseáil 90 lá i gceist de réir Acht um Phleanáil i Limistéir Mhuirí 2021. 	MARA	R3, 2024
<p>Tacaíocht bheartais do thionscadail in-athnuaite fuinnimh eischósta agus bonneagar éascaithe</p>		
<p>Tús áite a thabhairt do thionscadail fuinnimh in-athnuaite, bonneagar éascaithe agus forbairt ghlas thionsclaíochta i mór-Réigiún Inbhear na Sionainne, le leas a bhaint as gach uile bheartas agus threoir AE agus náisiúnta, agus tionscadail oiriúnacha arna n-aithint mar leas sáráitheach poiblí.</p> <ul style="list-style-type: none"> Is féidir na tionscnaimh seo a thabhairt ann laistigh de Pháirceanna Tionsclaíocha Glan-Nialasacha. Éascóidh na Páirceanna seo déantúsaíocht na 8 dteicneolaíochtaí straitéiseacha san Acht um Thionscal Glan-Nialasach an AE, agus iarratais eile don fhuinneamh glas, faoi na ceanglais atá leagtha amach san Acht sin e.g cinnteacht faoi amscálaí fadtéarmacha pleanála Molaimid go mbeadh Dorchla Glas Digiteach an Atlantaigh ann, réigiún Inbhear na Sionainne ina cheartlár ag an tús, ach ar féidir a shíneadh ó Dhún na nGall go Corcaigh, taobh na tíre de Bhealach an Atlantaigh Fhiáin. 	Rialtas Uile	R2, 2025

6.2 Bealaí Féideartha chun an Mhargaidh ag an bhFuinneamh Glas

6.2.1 Loighic/Réasúnaíocht

In 2023 sáróidh luach an mhargaidh dhomhanda don fhuinneamh glas \$1 trilliún den chéad uair, agus is dócha go sárófar luach \$2 trilliún faoi 2030²⁰, agus beagnach gach uile earnáil thionsclaíoch ag gearú anois i dtreo foinsí fuinnimh glan ar astaíochtaí. Mar shampla, tá comhlachtaí ard-déantúsaíochta, comhlachtaí teicneolaíochta agus ionaid sonraí ag déanamh margáí fuinnimh in-athnuaite chun cumhacht a choinneáil lena n-oibríochtaí agus a ndéantúsaíocht, chomh maith le hinfheistíochtaí díreacha a dhéanamh i dtionscadail ghaoithe agus ghréine.

Áiteanna eile, rud is díol spéise do thionscail atá i réigiún an Inbhir faoi mar atá, tá ceannairí i dtionscal na loingseoireachta ag infheistiú sna hin-athnuaiteáin chun éascaíocht a dhéanamh de tháirgeadh hidrigine agus amóinia mar fhoinsí breosla saor ó astaíochtaí; tá lucht déanta cruach agus miotail ag déanamh breithnithe ar an hidrigin ghlas chun dícharbónú a dhéanamh ar a dtáirgeadh, agus tá earnáil na heitlíochta ag infheistiú in SAF agus hidrigin. Ar fud na cruinne, tá infheisteoirí agus institiúidí ag cur fuinneamh in-athnuaite i gceartlár a straitéise infheistíochta, agus ag coinneáil súil ghéar ar theicneolaíochtaí nua agus ar thíortha forásacha.

Beidh an fuinneamh slán, iontaofa glas mar chuid ríthábhachtach den shlabhraí soláthair amach anseo i mbeagnach gach uile thionscal. Tá Éire ar an mbeagán tíortha forbartha ar féidir léi foinse fuinnimh in-athnuaite bheith aici a sháróidh ár n-éileamh air sa bhaile. Beidh straitéis chun margaidh, mar sin, a bheidh forásach éifeachtach chun luas a chur faoi acmhainn an Atlantaigh, Fíor thábhachtach mar éascaitheoir ag an infheistíocht riachtanach chun sraith mórtionscadal a thabhairt ar an saol, agus an bonneagar a thógáil a bheas ina dteannta mar éascaitheoir.

6.2.2 Tionchar/Toradh

Ba chóir go mbeadh na conairí tábhachtacha a leanas bheith mar chroíchuid de straitéis margaidh na hÉireann, ach gan teorainn a leagan ach an oiread.

6.2.2.1 Greille Leictreachais Dúchais

Tá straitéis náisiúnta ag Eirgrid (Shaping Our Electricity Future – SOEF) ina bhfuil réitigh ghearrthéarmacha (roimh 2030) atá dírithe ar ghiniúint roimh 2030 (in-athnuaite agus neamh-in-athnuaite) agus tabhairt faoi shaincheisteanna acmhainne i réimsí ardéilimh (i.e. Baile Átha Cliath). Rud nach bhfuil ag Éirinn ná máistirphlean forásach comhtháite a cheapfaidh ár n-acmhainn fuinnimh Atlantaigh agus a mbeidh cothromaíocht forbartha sna réigiúin mar chuid de.

20 [Méid an mhargaidh dhomhanda fuinnimh in-athnuaite in 2021, agus réamhaisnéis do 2022 go 2030.](#)

Is ionann buaic-éileamh leictreachais in Éirinn agus timpeall 6 GW²¹, ach faoi 2050 beidh gá againn le timpeall 25 GW²² de thoilleadh fuinnimh in-athnuaite i ngeall ar leictriú an iompair, an teasa, na tionsclaíochta, srl. I bhfianaise chomh fada a ghlacann sé bonneagar greille a thabhairt ann, is barr-riachtanach go gceapfar straitéis uile-oileánda greille glan-nialasach agus go mbeimid ag obair sa treo sin. Tá gealltanas déanta ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC) beartas a fhorbairt chun éascaíocht a dhéanamh de naisc greille hibrideacha, a chuimseoidh pointe amháin ceangail i leith ionaid giniúna teirmí ar talamh agus feirmeacha gaoithe eischósta don chóras tarchurtha ar talamh. Tá Inbhear na Sionainne ag an gceann thiar den dá líne tharchurtha 400-kV, agus fostáisiúin ardvoltacha ar a gcladaigh thuaidh agus theas, agus mar sin is maith an t-ionad é chun freastal a dhéanamh mar áit faoi leith sa ghearrthéarma maidir le nasc a dhéanamh idir cumhacht gaoithe eischósta agus an t-éileamh dúchais. Tá breis agus 1.5 GW de thoilleadh tarchurtha ar fáil cheana ag Gob na Muine agus Tairbeart, agus mar sin ba chóir go mbeadh Inbhear na Sionainne mar lárionad i dtaca lenár straitéis ghiniúna leictreachais amach anseo, agus a chur san áireamh láithreach in SOEF 1.1.

6.2.2.2 Idirnascacht

A bhfuil le hidirnascacht is féidir le tíortha leictreachas a allmhairiú nó a onnmhairiú le linn ardéilimh nó soláthair bhreise, agus tá fás tapa faoi le blianta beaga anuas de réir mar atáthar ag glacadh leis an dúshlán dícheall leasa a bhaint as giniúint an leictreachais. Tá nasc idir Éirinn agus an RA cheana leis an Idirnascaire 500 GW Thoir-Thiar agus tá forbairt á déanamh ar an Idirnascaire Greenlink idir Loch Garman agus Pembrokeshire sa Bhreatain Bheag, agus an tIdirnascaire 500 GW idir Corcaigh agus L Martyre na Fraince, agus tá Idirnascaire 500 M na Maoile idir Tuaisceart Éireann agus Albain.

Tá sprioc leagtha síos ag an AE don idirnascacht go mbeadh 15% ann faoi 2030 chun tíortha an AE a ghríosú idirnasc a dhéanamh lena dtoilleadh táirgthe leictreachais insuite. Tá feabhsú leanúnach á dhéanamh ar an teicneolaíocht HVDC, agus beidh tionscadail ar nós Nasc na Mara Thuaidh²³ (1400 MW, 720km), an t-idirnascaire is faide faoi fharraige ar domhan, ag dul i mbun oibríthe i nDeireadh Fómhair 2021.

Is iomaí duine, ar nós ceannairí nua sa teicneolaíocht ar nós an chomhlachta Éireannaigh Supernode, a cheapann go mbeidh Mór-Ghreille Eorpach ann amach anseo, agus ról mór ag Éirinn ann i ngeall ar na féidearthachtaí anseo maidir le giniúint ar mhórsála a sháróidh an t-éileamh sa bhaile. Bheadh Mór-Ghreille Eorpach, á thiomáint ag an bhfuinneamh in-athnuaite, le leas na dtomhlatóirí Eorpacha ar fad, chomh maith leis an aeráid, agus bheadh conair éifeachtach chun an mhargaidh ar fáil do ghaoth eischósta an Atlantaigh.

21 [Ráiteas faoi Thoilleadh Giniúna Uile-Oileánda 2022-2031, Eirgrid, 2022.](#)

22 [Our Climate Neutral Future Zero by 50, MaREI agus Fuinneamh Gaoithe na hÉireann, 2021](#)

23 [Nasc na Mara Thuaidh, suíomh gréasáin](#)

Tá Athbheithniú Straitéiseach Chomhlacht Calafóirt na Sionainne/Fhainge Fís 2041 tar éis sainaitheint a dhéanamh ar dhorchlaí reatha cáblaí greille, i gcomhar le Eirgrid, trí Inbhear na Sionainne a dhéanfadh gearáil ar an mbonneagar reatha ar talamh (suas le 1.5 GW), agus laghdú a dhéanamh ar an riachtanas le bonneagar nua ar talamh neamhfhorbairt. Ba chóir go mbeadh tagairt do na dorchlaí cábla seo sa straitéis Idirnascachta Leictreachais seo chugainn, agus ba chóir d'Eirgrid tosaíocht a dhéanamh de na dorchlaí cábla seo.

6.2.2.3 Cumhacht chuig X (i.e. Hidrigin Ghlas/Amóinia/eBhreoslaí a tháirgeadh)

Táthar ag déanamh go mbeidh forbairt thapa faoi thionscal breosla glas an domhain sna blianta romhainn. Táthar ag súil go gcuirfidh breoslaí glan-nialasacha ar nós hidrigin ghlas, amóinia nó leictreabhreoslaí réitigh ar fáil don dúshlán stórála/leanúnachais soláthair a bhaineann le hin-athnuaiteáin ar nós na gaoithe agus na gréine, agus réitigh a chur ar fáil freisin do na hearnálacha iompair sin nach bhfeictear gur inrite an ghluaiseacht ar leictreachas nó cadhnra ar bord (i.e. eitlíocht, loingseoireacht agus tarlú bóthar fada). Is féidir le hInbhear na Sionainne agus an réigiún níos leithne bheith ar thús cadhnaíochta an tionscail hidrigine glaise in Éirinn i bhfianaise a fhlúirsí atá an ghaoth amach ó chósta thiar na hÉireann san Atlantach. I bhfianaise mhéid na hacmhainne fuinnimh eischósta, tá de chumas ag an hidrigin ghlas agus ag táirgí a díorthaíodh uaithi bheith mar stóras ag an bhfuinneamh breise tráth a mbeidh rósólathar ann, rud a laghdóidh an brú ar an ngréille agus a thiomáinfidh an dícharbónú ar fud tionscal eile ar nós an iompair.

Tá imeacht mhaith cheana faoin margadh domhanda tráchtála don fhuinneamh glas. Tá comharsana tionsclaithe móra againn ar nós na Gearmáine tar éis a aithint nach mbeidh siad in ann dóthain leictreachais in-athnuaite a ghiniúint chun riar ar an éileamh dúchais agus tá spéis acu i dtíortha a bhfuil (nó a mbeadh) flúirse fuinnimh in-athnuaite acu a d'fhéadfaí a úsáid chun hidrigin ghlas a tháirgeadh a shásódh an t-éileamh dúchais. Cheana féin, tá síniú curtha ag an nGearmáin roinnt comhaontuithe comhoibríthe a ghéaróidh luas na forbartha tráchtála agus glacadh na hidrigine glaise le Ceanada agus an India. I mBealtaine 2023 chur Éire a lámh le comhráiteas leis an nGearmáin faoi chomhoibriú a dhéanamh maidir le táirgeadh na hidrigine glaise.

Is féidir breoslaí eile de chuid na haimsire romhainn a dhíorthú ón leictreachas/hidrigin ghlas – agus meastar gurb iad an meatánól agus amóinia is dealraithí don úsáid amach anseo sa tionscal loingseoireachta, mar shampla.

Rud barr-riachtanach i dtaca le héiceachóras breosla in-athnuaite ar Inbhear na Sionainne is ea forbairt ar áiseanna táirgthe breosla ar scála gigeavata. Cuimsíonn pleananna BSE Green Atlantic @ Gob na Muine an infheistíocht i saoráid don táirgeadh hidrigin ghlas agus breoslaí nialasacha ó thaobh carbóin de, lena mbeidh stóráil agus giniúint i gceist, a bheidh ar fáil go luath tar éis 2030. Tá sainaitheint déanta ag Fis 2041, Athbhreithniú Straitéiseach SFPC, ar thalamh Bhaile Longfoirt/ Thairbirt mar cheann de na spriocanna is fearr san Eoraip do shaoráid leictrealaithe 4 GW, i bhfianaise infhaighteacht an talaimh, a ghaire atá sé don ghaoth eischósta agus an áit a bhféadfaí an cábla a thabhairt i dtír, an rochtain ar uisce don leictrealú agus don fhuarú, uisce domhain don onnmhairiú loinge, agus a ghaire atá sé don ghreille reatha leictreachais agus gáis.

6.2.2.4 Réitigh Stórála

Beidh an stóráil agus an tsolúbthacht mar chroíchodanna de chóras fuinnimh amach anseo a mbeidh in-athnuaiteáin mar chuid lárnach de. Tugann an Tascfhórsa faoi deara go bhfuil an tionscadal molta 360 MW de stóráil pumpála i mBéal Átha Gabhann (san áireamh ar an gcúigiú liosta ag an AE de Thionscadail Comhleasa (PClanna)) agus an fhorbairt atá ar siúl ar thionscadail stórála cadhnra ar fud na tíre chun an tuilleamas a laghdú ar leictreachas a díorthaíodh ó bhreoslaí iontaise nuair nach láidir an ghaoth

6.2.2.5 Sreang Phríobháideach agus forbairt thionsclaíoch straitéiseach

Tá gá láithreach le reachtaíocht nuashonraithe chun teacht leis na treoracha AE a éascóidh an margadh infheistíocht a dhéanamh i gconairí neamhghreille chun an mhargaidh – e.g. táirgeadh na hidrigin agus sreanga príobháideacha. Is ionann sreanga príobháideacha agus greillí áitiúla príobháideacha a ligeann d'úsáideoirí fuinnimh nasc díreach a dhéanamh leis an bhfoinse giniúna leictreachais, ag seachaint an ghreille náisiúnta. Tá bunús faoina n-úsáid seo i gcuid mhór tíortha; mar sin féin in Éirinn faoi láthair tá bacainn sa reachtaíocht agus ceanglaíonn éileamh LEUanna leis an ngreille náisiúnta. Nuair is mó na foinsí fuinnimh in-athnuaite d'fhéadfadh sreanga príobháideacha bheith mar réiteach ar an mbrú a chuireann úsáideoirí móra ar an ngreille.

6.2.3 Iarrataí/Príomh-Ghníomhaíochtaí

Gníomh	Úinéir	Dáta Dlite
Greille Leictreachais Dúchais, Naisc Hibrídeacha agus Sreang Phríobháideach		
<ul style="list-style-type: none"> • Straitéis Ghlas Tionsclaíochta a fhorbairt a thacóidh agus a chuirfidh le riachtanais 'Mhargadh Glas' an AE trí ghíaráil a dhéanamh ar bhuntáistí na hÉireann 	RFTF	R2, 2024
<ul style="list-style-type: none"> • Eirgrid soiléiriú a thabhairt faoin mbonneagar atá beartaithe don idirnasacht greille chun na spriocanna a éascú do 37 GW de ghaoth eischósta faoi 2050, agus an buiséad measta chun iad seo a bhaint amach. 	Eirgrid, RCAC	R3, 2023
<ul style="list-style-type: none"> • Ráiteas beartais faoi nasacht hibrídeach leis an ngreille le hais nuashonrú ar SOEF Eirgrid chun aitheantas a thabhairt don bhonneagar reatha tarchurtha ag Tairbeart agus Gob na Muine. 	Eirgrid, RCAC	R3, 2023
<ul style="list-style-type: none"> • Nuashonrú ar SOEF Eirgrid chun faomhadh a dhéanamh ar na dorchlaí aitheanta cábla in Athbhreithniú Straitéiseach Fis 2041 an SFPC 	Eirgrid, RCAC	R4, 2024
<ul style="list-style-type: none"> • Soláthar a dhéanamh i leith reachtaíocht 'Sreang Phríobháideach' a ligfidh úsáid 'neamhghreille' ar talamh don sprioc 2GW de Ghaoth Eischósta Shnámhach. 	RCAC	R2, 2024
<ul style="list-style-type: none"> • Ceadaíonn d'fhorbróirí greillí a thógáil ó thuirbíní eischósta go dtí an talamh, mar chuid den thógáil thosaigh an tionscadail. 	RCAC	R3, 2023
<ul style="list-style-type: none"> • Soiléiriú a thabhairt faoi na critéir deartha agus úinéireacht dheiridh an ghreille eischósta. 	Eirgrid, RCAC	R3, 2023
Cumhacht chuig X		
<ul style="list-style-type: none"> • Straitéis Náisiúnta Hidrigine a fhoilsiú chun na nithe a leanas a dhéanamh: <ul style="list-style-type: none"> » ról tábhacht Inbhear na Sionainne a aithint don táirgeadh hidrigine agus chomh maith leis sin i dtaca le tionscal nua bunaithe ar hidrigin a bhunú; » tacaíocht le forbairt ar shaoráid déantúsaíochta don hidrigin ghlas in Inbhear na Sionainne, de réir mar a dhéanfar forbairt ar 2 GW+ de ghaoth eischósta shnámhach i gCéim 3; » cás gnó optamach eacnamaíoch a aithint do bhreoslai malartacha – hidrigin, meatán, meatanól, amóinia, SAF srl. 	RCAC	R3, 2023
<ul style="list-style-type: none"> • Straitéis Náisiúnta Stórála Fuinnimh a fhoilsiú, ina n-áireofar tacaíocht do stóráil mhórsála cadhnra agus stóráil phumpála ar nós Hydro Bhéal Átha Gabhann. 	RCAC	R3, 2023

Idirnasacht		
Beartas Idirnascachta Leictreachais a dhéanfaidh na nithe seo: <ul style="list-style-type: none"> » breithniú faoi idirnascairí leictreachais amach anseo (HV nó Supergrid) ó Inbhear na Sionainne go dtí an Eoraip; » tacú le dorchla cábla a bhunú isteach san Inbhear; » treoir a thabhairt faoi chonair níos fadtéarmaí (tar éis 2030) chun margaidh ag an bhfuinneamh glas, lena n-áirítear tarchur nach mbaineann don talamh ón gcósta thiar; » tacaíocht le trialacha ar theicneolaíochtaí nua (Supernode srl.) chun feabhsúchán a dhéanamh ar an nascacht mhargaidh le hionaid mhór-úsáide san Eoraip. 	RCAC	R3, 2023

6.3 Bonneagar Cumasúcháin

6.3.1 Loighic/Réasúnaíocht


Déanann Staidéar Náisiúnta na gCalafort, Meán Fómhair 2022, a réitigh Gavin & Doherty d’Fhuinneamh Gaoithe na hÉireann,²⁴ aibhsiú ar bhaol soiléir maidir le forbairt na gaoithe eischósta in Éirinn, mar atá gan ach aon chalafort amháin ar oileán na hÉireann, Cuan Bhéal Feirste, réidh le húsáid le haghaidh feirmeacha gaoithe eischósta a thógáil. Mar sin féin, tá roinnt calafort, lena n-áirítear Comhlacht Calafóirt na Sionainne/Fhainge agus Gob na Muine, ag pleanáil i gcóir an bonneagar mór calafóirt a fhorbairt a bheidh riachtanach chun dícheall leasa a bhaint as an deis ar ghaoth eischósta don oileán.

Ar bhonn náisiúnta, mar a léiríonn Athbhreithniú Straitéiseach Fís 2041 ag SFPC, a réitigh Bechtel, ní fearr áit ná Inbhear na Sionainne chun an slabhra soláthair a chumasú don ghaoth eischósta shnámhach, i ngeall ar a ghaire atá sé don acmhainn, agus a chumas uathúil glacadh leis gnéithe éagsúla a bheidh mar dhúshraith, mar atá na nithe a leanas:

- comhcheangal tuirbiní gaoithe eischósta snámhacha
- cur le chéile na bhfostruchtúr
- stóráil fhliuch
- oibriúchán agus cothabháil na bhfeirmeacha gaoithe.

Beidh an tInbhear chomh hoiriúnach céanna maidir le tionscnaimh gaoithe buin seasta a sholáthar sa chás go dtiocfaidh ann don éileamh seo.

24 [Staidéar Náisiúnta na gCalafort, GDG do Fuinneamh Gaoithe na hÉireann, Meán Fómhair 2022.](#)



Fíor 6: Bonneagar Inbhear na Sionainne a chumasóidh forbairt FLOW ar mhórscála (Foinse: Comhlacht Calafóirt na Sionainne / Fhainge²⁵)

6.3.1.1 An Áit is Oiriúnaí ar Fad

Aithníonn an Coimisiún Eorpach gur ag an ngaoth eischósta is mó atá an seans fás go mór, agus tá ráite aige go mbeidh suas le 450 GW de ghaoth eischósta de dhíth ar an Eorpaip faoi 2050. Ní beag an dúshlán é seo do na calafóirt reatha, ach is deis ollmhór chomh maith é maidir le bonneagar calafóirt a thógáil a thacóidh leis an slabhra seachadta a bheidh ag teacht.

Má tá cósta thiar na hÉireann lena ról a imirt agus bonneagar saintógtha dá leithéid a óstáil, tá ceithre ghné ann atá Fíor thábhachtach maidir le cumasúchán a dhéanamh ar an ngaoth eischósta shnámhach ar an scála ceart, agus mar a léirítear thíos, ní fearr lonnaithe ná Inbhear na Sionainne maidir le gníomhaíochtaí slabhra seachadta a óstáil ar a chladach.

- **A ghaire atá sé don acmhainn.** Éilíonn na modhanna deartha agus ionsuite do na tuirbíní snámhacha gaoithe eischósta go ndéantar iad a chur le chéile gar go maith don fheirm ghaoithe. I bhfianaise an suíomh lárnach atá aige ar an gcósta thiar, ní fearr áit ná Inbhear na Sionainne mar lárionad seachadta agus oibriúcháin don ghaoth eischósta shnámhach.

25 [Athbhreithniú Straitéiseach Fis 2041, Comhlacht Calafóirt na Sionainne / Fhainge, 2022.](#)

- **Áiseanna uisce dhomhain.** Toisc go ndéantar tuirbín gaoithe eischósta snámhach le chéile go hiomlán ag an gcalafoirt sula ndéantar a tharraingt go dtí an fheirm ghaoithe, níor mhór go mbeadh uisce an-domhain le hais na cé. Tá Inbhear na Sionainne ar na hinbhir is doimhne agus is mó foscadh ar domhan, agus thar aon áit eile in Éirinn, tá an iomad de chéanna ann (idir ann agus beartaithe) agus doimhneacht 15 mhéadar d'uisce lena n-ais. Tá de chumas i bpáirt ag pleananna Chomhlacht Calafóirt na Sionainne/Fhainge agus an BSE ag Gob na Muine glacadh le déantús na bhfostruchtúr chomh maith le tógáil agus suí na dtionscadal mór gaoithe ag an scála tionsclaíoch is riachtanach.
- **Stóráil fhliuch.** Ar na gníomhaíochtaí deiridh i slabhra seachadta na gaoithe eischósta snámhaí tá stóráil idirghabhála san uisce ('stóráil fhliuch'). Níl leithéid Inbhear na Sionainne ann i dtaca le féidearthacht don stóráil fhliuch san uisce domhain – na céadta heictéar san iomlán – agus tugann sin réiteach maolúcháin riosca maidir le dícheall acmhainne a bhaint as gaoth eischósta an Atlantaigh.
- **Naisc láidre leis an ngreille.** Tá Inbhear na Sionainne suite i ndeireadh mhórlínte tarchurtha trastíre 400 kV na hÉireann, agus tharla fostáisúin ardvoltacha cois a chladaigh, ní fearr áit a bheadh mar áit ghlactha le leictreachas arna ghiniúint ó ghaoth eischósta an Atlantaigh.

Beidh gá le hinfheistíocht shuntasach más fúinn an uaillmhian a bhaint amach i dtaca leis na forbairtí molta ar na calafoirt. Tá macalla sa ghníomh seo ag Fuinneamh Gaoithe na hÉireann ina dtuarascáil ó Aibreán 2023 *'We can build them: Supporting Irish ports to build offshore wind farms'*²⁶. Maidir leis na forbairtí sna céimeanna níos luaithe, d'fhéadfadh an-tábhacht bheith le cistiú Rialtais nó tacaíochtaí infheistíochta ar nós múnla fiachais cheannasaigh lena mbeadh dearbhú stáit, scéimeanna úis ísil, nó rochtain ar fheithiclí infheistíochta ar nós ISIF (Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann) agus EIB (Banc Infheistíochta na hEorpa) más fúinn soláthar a dhéanamh ar na pleananna atá faoi bhreithniú. De réir mar a rachaidh an earnáil in aibíocht, d'fhéadfadh an cistiú aistriú ó mhúnla ceannais go múnla cistithe tionscadail.

Beidh rithábhacht leis na céimeanna ceadaithe agus pleanála ar an mbonneagar atá molta, más fúinn na saoráidí calafoirt a chur ar obair go tráthúil. I bhfianaise an tábhacht náisiúnta atá leis na spriocanna aeráide, iarraidimid ar an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta a thabhairt ar MARA tús áite a thabhairt d'iarratais MAC ó ionaid thábhachtacha calafoirt chun riar ar an tionsclaíocht ORE de réir na teorach ón AE agus an Rialtas maidir le tosaíocht a dhéanamh de Phleananna agus Tionscadail Fuinnimh In-athnuaite Mhuirí, mar fhreagairt don ghéarchéim fuinnimh. Faoin Acht MAP 2021, tá MAC de dhíth ar na tionscadail chalafoirt seo le go mbeidh siad ábalta teagmháil fhoirmiúil a dhéanamh le ABP.

26 [We can build them: Supporting Irish ports to build offshore wind farms, GDG do Fuinneamh Gaoithe na hÉireann, 2023](#)

6.3.2 Tionchar/Toradh

D'aithin Athbheithniú Straitéiseach Fís 2041 SFPC cur amach saindirithe FLOW ón Inbhear dar luach timpeall 400 MW sa bhliain, agus leathnuithe céimnitheacha ag cur leis an bhfigiúr sin a fhad le 1,800 MW sa bhliain faoi 2050, a thacóidh le suas le 30 GW a sholáthar. Is barrthábhachtach go ndéanfaí soláthar luath ar thionscadail atá ina dtús, sa chaoi go scaoilfear an €90-120 billiún d'infheistíocht ón earnáil phríobháideach a bhfuiltear ag súil leis faoi 2050.

6.3.2.1 Seachadadh ó Inbhear na Sionainne

Molann an measúnú go mbunófaí ceithre cinn de croí-shaoráide faoi Inbhear na Sionainne chun tacú le seachadadh na gaoithe eischósta snámhaí, ar an scála cuí:

1. imeascadh tuirbíní agus réamhchoimisiúnú ag calafort uisce dhomhain Fhainge;
2. cur le chéile na bhfostruchtúr ag Gob na Muine;
3. stóráil fhliuch ag áiteanna éagsúla san Inbhear féin;
4. Iárionad O&M san Inbhear.

Ach na croí-shaoráidí seo bheith bunaithe, beidh an dúshraith ann don fhorbairt fhéideartha ar acmhainn bhreise slabhra soláthair sna blianta romhainn, ar nós dhéantús na lann tuirbíní, athchúrsáil na lann agus déantús cruach de chineálacha éagsúla.

6.3.2.2 Bonneagar Tarchurtha san Inbhear

I bhfianaise go bhfuil saoráidí fostáisiúin cois cladaigh aige agus ceangal maith leo, tá Inbhear na Sionainne réidh le bheith mar mol don nasc idir gaioth eischósta an Atlantaigh agus an greille náisiúnta. Níor mhór cáblaí ardvoltacha iomadúla faoin muir le go mbeifear in ann 10+ GW de chumhacht ghaoithe ón Atlantach a thabhairt i dtír faoin Inbhear. Níor mhór mar sin pleanáil a dhéanamh maidir le lonnaíochtaí na gcáblaí tosaigh agus a leathnú siúd i gceist amach anseo. I bhfianaise a dhoimhne agus a leithne atá an t-uisce, áit den scoth é an t-Inbhear 'dorchla cáblaí' a óstáil ina mbeidh slí ar fáil d'iomad cáblaí.

Anuas ar shruthlíniú agus tuilleadh cinnteachta a chur ar fáil don phróiseas forbartha feirmeacha gaoithe, má thógtar dorchla cáblaí a nascfaidh leis an ngreille leis an mbonneagar reatha tarchurtha, tiocfaidh deiseanna suntasacha maidir le forbairt na tionsclaíochta glaise ar feadh Inbhear na Sionainne.

6.3.3 Iarrataí/Príomh-Ghníomhartha

Gníomh	Úinéir	Dáta Dlite
<ul style="list-style-type: none"> Tacaíochtaí airgeadais agus ceadaithe (de réir bheartas Margadh Glas an AE) do na forbairíochtaí molta ag Faing agus Gob na Muine, a chumasóidh táirgeadh tíosach tuirbíní gaoithe snámhacha ar mhórscaála, agus críoach ar na saoráidí faoi R4 2028. Ba chóir go mbeadh tacaíocht chistithe an Rialtais san áireamh le haghaidh Oileán Fhainge a thógáil. 	RI, MARA	R4, 2023
<ul style="list-style-type: none"> Ba chóir do MARA (ach a mbeidh sé ar obair) MACanna a chur ar fáil do thionscadail Oileán Fhainge agus Gob na Muine chomh luath agus a dhéanfar na hiarratais de réir an Achta MAP 2021 agus treoracha ábhartha beartais. Tá plé tosaithe ag SFPC de réir a Athbhreithniú Straitéiseach Fís 2041, agus é ag fanacht lena dheis cur isteach ar MAC. 	MARA	R3, 2023
<ul style="list-style-type: none"> Airgeadas: Beartas Athbhreithnithe Calafoirt Náisiúnta breithniú a dhéanamh faoi mhúnla fiachais cheannais (nó meicníochtaí eile cistithe nó múnlaí fiachais) don chalafort sainordaithe a chumasóidh bonneagar FLOW ar Inbhear na Sionainne. 	SFPC, RI, RA	R2, 2025
<ul style="list-style-type: none"> Rinne Athbhreithniú Straitéiseach Chomhlacht Calafoirt na Sionainne/Fhainge Fís 2041, i gcomhar le Eirgrid, aithint ar dhorchlaí cáblaí greille, tríd Inbhear na Sionainne chun gearáil a dhéanamh ar bhonneagar reatha ar talamh agus an gá a laghdú le bonneagar nua ar thalamh neamhfhorbraíochta. Ba chóir d'Eirgrid tús áite a thabhairt do cheadú na ndorchlaí cábla seo. 	Eirgrid	R4, 2024
<ul style="list-style-type: none"> Eirgrid/RCAE a dhearbhu cé acu atá sé i gceist acu nóid nó nód greille a chuir san uisce do limistéar PLMA an Mheán-iarthair chun éascaíocht a dhéanamh do thionscadail Chéim 3. 	Eirgrid	R4, 2023



Fíor 7: Atlantach Glas molta ag Gob na Muine (Foinse: BSL)



Fíor 8: Críochfort Uisce Dhomhain molta ar Oileán Fhainge agus an bonneagar bainteach (Foinse: Comhlacht Calafóirt na Sionainne /Fhainge²⁷)

6.4 Córais Phleanála Náisiúnta agus Réigiúnacha

6.4.1 Loighic/Réasúnaíocht

Dar le Fuinneamh Gaoithe Éireann (FGÉ) gurb í an mhoill sna cinntí phleanála an chonstaic is suntasaí ar fhorbairt fuinnimh in-athnuaite in Éirinn. Agus muid ag tús tréimhse aistriúcháin fuinnimh nach bhfacthas a leithéid riamh cheana, ní mór acmhainní breise a chur ar fáil don chóras phleanála anois.

Tá tréimhse reachtúil 18 seachtaine ann d'iarratais phleanála d'fheirmeacha gaoithe atá le cinneadh ag ABP. Mar sin féin, tugann FGÉ le fios nach bhfuil sé neamhchoitianta faoi láthair go dtógfadh an próiseas seo níos mó ná 12 mhí do thionscadail ar tír mór, agus meastar go gcuirfeadh moill den chineál céanna ar thionscadail eischósta laistigh den phróiseas phleanála agus go bhfuil sé mall agus deacair ceadúnais urthrá a fháil cheana féin (tá sé tugtha le fios ag roinnt tionscadal go bhfuil tréimhsí feithimh os cionn 2 bhliain agus níl deireadh leo fós). Is minic a luaitear méadú sna hacmhainní chun déileáil le méid agus le castacht na n-iarratas mar phríomhghníomhaíocht amháin chun moilleanna sa chóras a laghdú.

27 [Athbhreithniú Straitéiseach Fis 2041, Comhlacht Calafóirt na Sionainne/Fhainge 2022.](#)

Tá réigiún Inbhear na Sionainne aitheanta cheana féin mar cheann de thrí réimse leathana tosaigh spéise d'fhorbairt PLMA sa Dréachtleagan de PFFIE II. I bhfianaise thábhacht straitéiseach Inbhear na Sionainne, tá sé ríthábhachtach go leanfaidh Inbhear na Sionainne ar aghaidh mar limistéar luath PLMA, le FLOW mar ghníomhaíocht lárnach a nglactar léi, agus gur leor méid agus suíomh limistéar PLMA chun tionscal a mhealladh ar scála mór.

Beidh ar thograí nua bonneagar calafoirt in Inbhear na Sionainne agus ar fhorbairtí gaoithe eischósta an Atlantaigh iarratas a dhéanamh freisin ar chead pleanála ó ABP faoi na forálacha a cuireadh isteach sna hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt leis an Acht um Pleanáil Limistéir Mhuirí 2021. Beidh uaimhianta an Rialtais líon na dtionscadal in-athnuaite ar tír agus eischósta a mhéadú sna deich mbliana amach romhainn ag brath ar thosaíocht a thabhairt d'iarratais phleanála fuinnimh in-athnuaite chomh maith leis na hiarratais sin a chuirfear isteach don bhonneagar cumasúcháin.

Chun an tábhacht a bhaineann le cinntí pleanála luathaithe a threisiú, tugaimid dár n-aire an phráinn atá á léiriú ag go leor dár gcomhghleacaithe Eorpacha chun a chinntiú go mbainfear amach spriocanna aeráide agus go gcaomhnaítear cinnteacht fuinnimh. Bhí an Ghearmáin go háirithe teanntásach faoin ngá atá le nósanna imeachta a chuíchóiriú agus deireadh a chur leis an rómhaorlathas, mar a léiríodh sa Treochlár maidir le Neodracht Aeráide a fógraíodh le déanaí ag an Seansailéir Scholz faoi 2045²⁸.

6.4.1.1 Breithnithe Comhshaoil

Tá timpeallacht inbhear nádúrtha agus chrios cósta Inbhear na Sionainne comhdhéanta de réimse leathan cineálacha éagsúla gnáthóg a thacaíonn le go leor speicis nádúrtha, a bhfuil go leor acu cosanta faoi chreat reachtach Náisiúnta agus AE lena n-áirítear an 'Treoir maidir le hÉin' agus an 'Treoir maidir le Gnáthóga' ('Treoir 92/43/CEE ón gComhairle maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fáine²⁹ a chaomhnú' agus 'Treoir 2009/147/CE maidir le héin fhiáine a chaomhnú³⁰).

Is breithniú lárnach é bainistiú thimpeallacht nádúrtha Inbhear na Sionainne maidir leis an ngeilleagar muirí a éascú i bhfianaise thábhacht eacnamaíoch na n-inbhear ar féidir leo rochtain chriticiúil a sholáthar ar thrádáil agus ar ghluaiseacht lasta ar fud na hEorpa.

Léiríonn treoir bheartais go dtí seo cur chuige cothrom a fhéachann le cosaint an dúlra in inbhir a réiteach agus an gá atá le hacmhainn iompair agus feidhm straitéiseach na gcalafoirt a mhéadú chun riachtanais iompair agus trádála na hEorpa a chomhlíonadh. Mar shampla, féachann Beartas Muirí Comhtháite an AE le forbairt agus fás inbhuanaithe gheilleagar muirí na hEorpa a fheabhsú agus an timpeallacht muirí a chosaint ar bhealach níos fearr i gcur chuige comhtháite trí phleanáil spásúil muirí éifeachtach.

28 [Leagann Seansailéir na Gearmáine Scholz amach treochlár maidir le haeráidneodracht faoi 2045, An Fóram Eacnamaíoch Domhanda, 2023.](#)

29 [Limistéar faoi Chosaint Speisialta Inbhir na Sionainne agus an Fhorghais, suíomh gréasáin, 2023.](#)

30 [Limistéar faoi Chosaint Speisialta Inbhir na Sionainne agus an Fhorghais, suíomh gréasáin, 2023.](#)

Ní chuireann an Treoir maidir le Gnáthóga bac ar fhorbairt bhreise in inbhear nó i gcriosanna cósta laistigh de láithreáin ainmnithe Natura 2000 nó timpeall orthu. Ina ionad sin, leagtar amach ann cosaint ghnásúil (mar chuid den phróiseas toilithe forbartha) chun a chinntiú go ndéantar forbairtí ar bhealach atá comhoiriúnach le cosaint gnáthóg agus speiceas ar díol spéise caomhnaithe iad. Ceadaíonn an Treoir d'fhorbairt dul chun cinn a dhéanamh laistigh de limistéir ainmnithe Natura 2000 nó timpeall orthu, i gcás nach bhfuil aon drochthionchar suntasach ag an tionscadal, trí 'Mheasúnú Cui', ar shláine ghnéithe caomhnaithe na láithreán ainmnithe sin, nó mar mhalairt air sin, i gcás gur Leas poiblí sáraitheach é an tionscadal agus in éagmais réitigh mhalartacha. Tá ról tábhachtach ag an sásra seo, a leagtar amach in 'Airteagal 6' den Treoir, i mbainistiú éiceolaíoch agus i bhforbairt eacnamaíoch inbhear na hEorpa, lena n-áirítear inbhear na Sionainne d'fhorbairt mhuirí agus chalafoirt.

Déantar foráil sa Treoir maidir le Gnáthóga (agus reachtaíocht na hÉireann) do chúinsí teoranta sa chás, in ainneoin measúnú diúltach a dhéanamh ar na himpleachtaí don láithreán agus in éagmais réitigh mhalartacha, nach mór do phlean nó do thionscadal dul ar aghaidh mar sin féin ar chúiseanna dianriachtanacha leasa phoiblí sháraithigh (Airteagal 6(4)). Tugtar CDLPS (Cúiseanna Dianriachtanacha Leasa Phoiblí Sháraithigh) air seo agus is annamh a úsáidtear é in Éirinn cé go bhfuil sé níos coitianta i mBallstáit eile³¹.

6.4.1.2 Ailíniú le Beartas Náisiúnta, Réigiúnach agus Áitiúil

Tá ceanglais reachtúla agus bheartais ar an leibhéal náisiúnta chun an t-athrú aeráide a mhaolú agus giniúint fuinnimh in-athnuaite a mhéadú bunaithe ar reachtaíocht idirnáisiúnta agus Eorpach ar leibhéal níos airde. Cuidíonn an comhthéacs beartais seo go díreach le riachtanas soiléir práinneach a leagan síos chun deiseanna Inbhear na Sionainne agus acmhainneacht fuinnimh chósta thiar na hÉireann a ghíaráil. Tugann fás earnáil an fhuinnimh in-athnuaite eischósta deis d'Inbhear na Sionainne maidir le bonneagar nua agus deiseanna sa slabhra soláthair. Mar a léirítear in aguisín 12.2, tá beartas suntasach ann ar leibhéal idirnáisiúnta, náisiúnta agus réigiúnach chun Inbhear na Sionainne a chumasú agus chun tacú leis mar nód mór glactha do leictreachas gaoithe eischósta a ghintear amach ó chósta thiar na hÉireann.

6.4.1.3 Creat Comhtháite Inbhear na Sionainne

Tá Creatphlean Comhtháite Straitéiseach (CPCS), an chéad chomhphlean straitéiseach talamhbhunaithe agus muirbhunaithe sa tír, a choimisiúnaigh na príomhpháirtithe, Comhairle Contae an Chláir, Comhairle Contae Chiarraí, Comhairlí Cathrach agus Contae Luimnigh, Grúpa Aerfort na Sionna, agus Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge in 2013 mar bhonn agus mar thaca ag na tionscadail bhonneagar chalafoirt atá á bhforbairt feadh Inbhear na Sionainne.

31 [Nóta Cleachtais ORP NC01 - Scagadh Measúnaithe Cui don Bhainistíocht Forbartha, Oifig an Rialálaí Pleanála, 2021.](#)

Aithníonn an CPCS 9 Suíomh Forbartha Straitéiseacha (SFSanna) ar an Inbhear, agus thar aon rud eile bhí saincheisteanna comhshaoil chun tosaigh sa CPCS, agus ar a ndearnadh próisis MSC agus MC araon. Sainithníodh sna measúnuithe sin bearta maolaithe, a fhéachann le haon drochthionchar ar an timpeallacht íogair a laghdú. Anois, agus níos mó suime á cur i bhforbairt an Inbhir don ghaoth eischósta, tá sé tábhachtach go ndéanfaí grúpa stiúrtha CPCS a athbhunú agus acmhainní a chur ar fáil chun tacú le forbairt chuí na SFSanna agus na gcúlsláthar talún nua-aitheanta i gcomharsanacht an inbhir.

6.4.2 Tionchar/Toradh

Nuair a bheidh an tÚdarás Rialála Limistéir Mhuirí (MARA) i bhfeidhm, déanfaidh sé bainistiú ar áitiú an limistéir mhuirí agus cuirfidh sé forálacha an chórais nua i bhfeidhm agus glacfaidh sé freagracht as Toiliú Limistéir Mhuirí (MAC) amach anseo a bhronnadh, an chéad chéim do thionscadail ghaoithe eischósta laistigh de chóras pleanála na hÉireann. Táthar ag súil go mbunófar MARA faoi Ráithe 3 in 2023, ach tá leordhóthanacht acmhainní agus cumas/saineolas seachadta fós ina n-ábhair imní laistigh den tionscal.

Aithnítear go bhfuil ranna rialtais agus gníomhaireachtaí stáit ag tabhairt faoi mhéid suntasach oibre chun earnáil na gaoithe eischósta in Éirinn a bhunú agus a acmhainn ghaoithe eischósta a mhéadú go 7GW+ faoi 2030. Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil baint ag na gníomhaireachtaí céanna agus uaireanta ag an bhfoireann chéanna le comhairle a chur ar fhoinsí in-athnuaite ar an gcladach agus amach ón gcósta as a dtagann saincheisteanna i ndáil le hacmhainní agus na moilleanna suntasacha a luann lucht tionscail dá bharr. Dá bhrí sin, beidh acmhainní leordhóthanacha agus imfhálú saineolais laistigh de na heagraíochtaí sin ríthábhachtach chun a chinntiú gur féidir spriocanna in-athnuaite eischósta na hÉireann a bhaint amach.

Cinntoidh tiomantas an Rialtais do chóras toilithe agus pleanála cuíchóirithe, agus acmhainní leordhóthanacha curtha ar fáil, nach mbeidh tionchar díobhálach ag moilleanna ar thréimhsí cinnteoireachta ar chláir thionscadail ná ar dhátaí críochnaithe d'áiseanna calafoirt. Cuirtear fáilte roimh iarrachtaí an Rialtais an córas pleanála a athchóiriú ina leith sin³². Beidh próiseas pleanála simplithe agus tráthúil ríthábhachtach chun spriocanna 2030 a bhaint amach agus chun muintín infheisteoirí a chinntiú.

Chabhródh leibhéal mhéadaithe acmhainní don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht agus ABP leis na moilleanna a chonacthas roimhe seo a mhaolú. Tá an gníomh seo ag teacht le moladh na Comhairle Náisiúnta Iomaíochais (4.2.iii) chun acmhainní cuí na n-údarás pleanála a chinntiú chun spriocanna bonneagair a bhaint amach³³.

32 [Dréacht-Bhille um Pleanáil agus Forbairt, 2022, An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, 2022.](#)

33 [Dúshlán Iomaíochais na hÉireann 2022, anChomhairle Náisiúnta Iomaíochais, 2022.](#)

6.4.3 Iarrataí/Príomh-Ghníomhartha

Gníomh	Úinéir	Dáta Dlite
Bunú MARA agus amlínte soiléire do phróiseáil MAC		
<ul style="list-style-type: none"> Tús pras a chur le hoibríochtaí an Údaráis Rialála Limistéir Mhuirí. 	RTRÁO	R3, 2023
<ul style="list-style-type: none"> Tiomantas chun fráma ama reachtúil 90 lá a sheachadadh chun iarratas bailí MAC a chinneadh. 	MARA	R3, 2023
Acmhainní méadaithe a sholáthar don Bhord Pleanála agus MARA, agus tiomantas chun feabhas a chur ar fhrámaí ama le haghaidh cinntí		
<ul style="list-style-type: none"> Tiomantas an Rialtais do chóras toilithe agus pleanála cuíchóirithe chun soiléireacht a chur ar fáil agus chun riosca a laghdú do thionscadail FLOW an Atlantaigh. 	An Rialtas Uile	R4, 2023
<ul style="list-style-type: none"> Acmhainní méadaithe a sholáthar do ghníomhaireachtaí stáit ar nós MARA agus an Bord Pleanála chun tionscadail bhonneagar chriticiúla a sheachadadh, ar a nós sin atá beartaithe d'Inbhear na Sionainne agus amach ón gcósta, ar bhealach níos éifeachtúla agus níos tráthúla. 	RCPA, RTRÁO	R4, 2023
<ul style="list-style-type: none"> Molaimid go dtabharfaí isteach agus go bhforfheidhmeofaí go docht amlínte éigeantacha réalaiócha le haghaidh cinntí toilithe forbartha chun cinnteacht níos fearr a sholáthar do thionscadail mhóra (gan líon méadaithe diúltuithe a bheith mar thoradh orthu). 	RTRÁO, ABP	R4, 2023
Ainmiú Pleanáil Tosaíochta – agus imscrúduithe cumasúcháin gaolmhara agus oibreacha curtha i gcrích		
<ul style="list-style-type: none"> Ba cheart don Rialtas tionscadail FLOW, lena n-áirítear bonneagar cumasúcháin amhail bonneagar eangaí agus calafoirt, a mheas lena n-ainmiú mar CDLPS i gcomhréir le Treoir an AE maidir le Gnáthóga. Go dtí go gcuirfeadh ainmiú CDLPS ar fáil, molaimid tús áite a thabhairt do thionscadail in-athnuaite agus tacú le bonneagar ag gach céim den phróiseas pleanála de réir Treoracha Eorpacha. Ba cheart tús áite a thabhairt freisin do na himscrúduithe comhshaoil riachtanacha lena n-áirítear MC agus MSC. 	RTRÁO, agus Roinn an Taoisigh	R1, 2024
Grúpa Oibre um Chreatphleanáil Comhtháite Inbhear na Sionainne a athbhunú		
<ul style="list-style-type: none"> Coiste Stiúrtha Chreatphlean Comhtháite Straitéiseach Inbhear na Sionainne a athbhunú agus acmhainní a chur ar fáil dó chun tús a chur arís le pleanáil ullmhúcháin agus gníomhaíochtaí comhshaoil do SFSanna nua reatha agus féideartha, le tacaíocht leordhóthanach agus acmhainní lárnacha. 	Príomh-Chomhpháirtithe CPCS, RTRÁO	R3, 2023

6.5 Pleanáil Straitéiseach Talún

6.5.1 Loighic/Réasúnaíocht

Moltar sa tuarascáil seo gur suíomh barrmhaith é Inbhear na Sionainne do tháirgeadh fuinneamh gaoithe eischósta ar mhórsála, lena n-áirítear oibríochtaí agus cothabháil feirmeacha gaoithe eischósta.

Chomh maith le saoráidí calafoirt agus coimhdeacha a sholáthar, fágann a shuíomh agus an cúlsoláthar talún atá ar fáil lena úsáid ag úsáideoirí iontógála fuinnimh troma, idir chinn atá ann cheana agus chinn nua, go bhféadfaí lárionad lárnach a dhéanamh den réigiún do thionscal an fhuinnimh ghlais. Mar shampla, moltar táirgeadh agus tomhaltas hidrigin ghlas ar mhórsála in Inbhear na Sionainne - lena n-áirítear leictrealóir móráláithreáin i gCiarraí Thuaidh mar chuid de Mháistirphlean Fís 2041 Chuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge³⁴, agus faoi chlaochlú *Atlantach Glas ag Gob na Muine*³⁵ ar champas leictreachais Ghob na Muine, agus ag *Páirc Teicneolaíochta agus Fuinnimh na Sionainne*³⁶, atá beartaithe, a d'fhéadfadh a oiriúnú don todhchaí le haghaidh hidrigin ghlas.

Moltar sa tuarascáil seo go dtabharfaí tús áite d'Inbhear na Sionainne trí úsáid a bhaint as beartais agus treoracha AE agus náisiúnta maidir le forbairt fuinneamh in-athnuaite, as a n-eascróidh tionscail throma fuinnimh amhail páirceanna fuinnimh/ braisle teicneolaíochta, mol lóistíochta, mol taighde agus nuálaíochta, stóráil ceallraí ar scála tionsclaíoch, táirgeadh fuinneamh glas. Chabhródh sé sin le hÉirinn a chur chun tosaigh i gcláir Eorpacha a bhfuil leas straitéiseach ag baint leo, amhail leictribhreaslaí, teicneolaíocht ceallraí, agus déantúsaíocht sliseanna.

Téama coiteann a thagann chun cinn le linn comhairliúcháin le páirtithe leasmhara is ea an fiúntas a bhainfeadh le tús áite a thabhairt d'Inbhear na Sionainne chun fuinneamh gaoithe eischósta ar snámh a fhorbairt ar scála, le Crios Forbartha Straitéiseach (SDZ), nó stádas comhionann.

Mar a luadh in alt 6.4.1.3, dhírigh CPCS ar dtús ar 9 SFSanna do thionscal a bhaineann le cúrsaí mara agus d'fhorbairt tionsclaíoch ar mhórsála timpeall an Inbhir. Ag an am a forbraíodh an creat sin, níor shoiléir go fóill scála an bhonneagair agus na riachtanais phleanála tithíochta agus fónais ghaolmhara chun tacú le tionscal gaoithe eischósta a fhorbairt ar scála mór.

I bhfianaise leibhéal uailmhéine an réigiúin atá méadaithe go mór agus atá bunaithe ar fhorbairt FLOW, tá gá le pleanáil straitéiseach talún chomhtháite bhreise, ag tógáil ar an obair den scoth laistigh de CPCS 2013.

34 [Athbhreithniú Straitéiseach Fis 2041, Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge, 2022.](#)

35 [An tAtlantach Glas ag Gob na Muine, BSL, 2023.](#)

36 [Páirc Teicneolaíochta & Fuinnimh na Sionainne \(STEP\), Gléasra Cumhachta & Críochfort Beartaithe – Aighneacht Pleanála, 2023.](#)

6.5.2 Tionchar/Toradh

Le himeacht ama, beidh anailís mhionsonraithe ar chriosú straitéiseach talún agus ar fhorbairt bonneagair don Inbhear mar thoradh ar phleanáil straitéiseach talún trí úsáid a bhaint as cásanna éagsúla imlonnaithe gaoithe eischósta mar a chuirtear i láthair i dtuarascálacha seachtracha (Fís 2041 Chomhlacht Calafóirt na Sionainne /Fhainge, Atlantic Glas ag Gob na Muine srl.), chomh maith le hanailís a choimisiúnaítear thar ceann an Tascfhórsa. Cuirfidh an bonn fianaise sin bonn eolais faoi straitéis infheistíochta a fhorbairt d'fhorbairt láithreán calafóirt iolrach agus do chriosanna tionsclaíocha comhlonnaithe mar chuid de mhol mórscála Fuinneamh Glas.

Molann an Tascfhórsa go mbreithneofaí ainmniúcháin phleanála speisialta do limistéar an Inbhir chun tacú le hainmniúcháin chriosaithe ar leith, agus próisis réamhphleanála amhail measúnuithe comhshaoil agus staidéir oiriúnaithe aeráide. Bheadh ainmiú comhphleanála mar bhonn chun tús áite a thabhairt d'infheistíocht bhonneagair in iompar (daoine agus lóistíocht), saol digiteach, tithíocht, oideachas agus fónais. Thabharfadh sé sin comhartha soiléir freisin d'earnáil na gaoithe eischósta agus d'úsáideoirí ardfhuinnimh uailmhianta na hÉireann maidir le gaoth eischósta, agus ag an am céanna spreagfaí lonnú na dtionscal coimhdeach sa réigiún tríd an gcóras phleanála a chuíchóiriú.

Tá an Tascfhórsa ag moladh staidéar innealtóireachta agus mapáil ar an Inbhear ar fad, a aithneoidh suíomhanna tionsclaíocha straitéiseacha sa réigiún faoi láthair atá criosaithe cheana féin. Déanfaidh an staidéar meastachán ar na costais a bhaineann leis an infreastruchtúr a theastaíonn chun iad a bheith 'réidh anois' i gcomhair tionscail éagsúla chun Gaoth Atlantach a úsáid, ar an uisce agus intíre araon, agus cuirfidh sé sin bonn eolais faoin máistirphleanáil bonneagair a mholtar den tuarascáil seo. Ar an dara dul síos, aithneoidh an staidéar suíomhanna nua atá oiriúnach do na tionscail sin a mbeidh fuinneamh glan den sórt sin ag teastáil uathu, ar an uisce agus intíre araon. D'fhéadfadh riachtanais shonracha thionsclaíocha amhail rochtain domhainmhara, cóngarachta d'ionaid mhóra daonra, méideanna móra talún, cóngarachta d'eangach ardvoltas, srl. a bheith i gceist leis sin.

6.5.3 Iarrataí/Príomh-Ghníomhartha

Gníomh	Úinéir	Dáta Dlite
<ul style="list-style-type: none"> Tá méideanna suntasacha talún criosaithe cheana féin ag réigiún Inbhear na Sionainne, as a dtagann cruthú 'Conair Dhigiteach Ghlas an Atlantaigh' náisiúnta, feadh an Inbhir agus intíre araon. Tá maoiniú á lorg ag TEIS chun: <ul style="list-style-type: none"> » na suíomhanna sin agus an bonneagar a theastaíonn a aithint chun iad a dhéanamh 'ullamh don laí'; » a chur ar chumas Gníomhaireachtaí Rialtais na suíomhanna seo a cheannach agus an obair sin a dhéanamh; » suíomhanna nua agus an bonneagar is gá a shainaitheint chun iad a ullmhú don chéad fhiche bliain eile (faoi threoir Choiste Stiúrtha Chreatphlean Comhtháite na Sionainne). 	RFTF	R2, 2024
<ul style="list-style-type: none"> Déanfaidh Údarás Áitiúla breithniú ar ainmiú comhphleanála do réigiún Inbhear na Sionainne (SDZ féideartha nó a leithéid) chun foráil a dhéanamh do nósanna imeachta pleanála cuíchóirithe agus comhordaithe ar féidir leo freastal ar riachtanais thionsclaíocha agus shochaíocha an réigiúin. 	CCCh, CCC, CCTÁ, CCCL	R4, 2024

6.6 Tacaíochtaí Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta, Oideachais agus Fiontair

Tacaíonn Tascfhórsa Eacnamaíoch Inbhear na Sionainne go hiomlán le huaimhian na hÉireann (agus na hEorpa) aistriú i dtreo a bheith go hiomlán glas agus digiteach³⁷, agus féachann sé le dlús a chur leis an gcur i bhfeidhm. Beidh leibhéal an luasghéaraithe ag brath go mór ar nuálaíocht theicneolaíoch agus ar athrú radacach córas, chun pleanáil chuíchóirithe, forbairt bonneagair chumasúcháin agus bearta straitéiseacha eile a chomhlánú.


Mar a tugadh le fios, measann TEIS scála acmhainn ghaoithe an Atlantaigh a éilíonn slabhra soláthair fuinneamh gaoithe a fhorbairt ar scála mór in éineacht le forbairt an éilimh thionsclaíoch sholúbtha ar tír agus bealaí chun an margadh a dhíríonn ar phunann chothrom de tháirgí breisluacha agus/nó sainordaithe. Ba cheart an fhorbairt thionsclaíoch a bheidh ann amach anseo a chothromú le riachtanais na sochaí agus ba cheart í a chomhlánú le clár oibre onnmhairiúcháin cliste agus brabúsach. Chun é sin a bhaint amach, táimid ag súil le taighde thar thrí cholún, a fhorbrófar le himeacht ama agus a mbeidh treochláir agus infheistíochtaí tiomnaithe TF&N ag teastáil ina leith:

1. tacú le tráchtálú FLOW sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma;
2. tacú leis na bealaí glasa agus digiteacha chun an mhargaidh sa mheántéarma agus san fhadtéarma;
3. forbairtí sochaíocha agus pobail sa mheántéarma agus sa ghearrthéarma.

³⁷ [Páipéar Bán ar Fhiontraíocht 2022-2030, An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, 2022](#)

Tabhair faoi deara, cé go mbainfear an fhorbairt eacnamaíoch amach thar scála ama níos faide, go dteastaíonn infheistíocht tosaigh ó na hinfeistíochtaí comhfhreagracha TF&N chun ailíniú agus chun ullmhú don todhchaí.

Commerclisation of FLOW Future Routes to Market Societal Development



Fíor 9: TEIS - Forbairt eacnamaíoch réigiúnach leathan a bhaineann leas as acmhainneacht FLOW an Atlantaigh – An tSionainn 2.0

6.6.1 Forbairt Ghearthéarmach go Meántéarmach (I dTreo 2035)

De ghnáth, glacann forbairt agus nuálaíocht i dteicneolaíochtaí fuinnimh thart ar dheich mbliana ó choincheap go córas tástála agus tráchtála, le héifeachtaí suntasacha foghlama ar laghdú costais agus éifeachtúlacht agus comhtháthú córais le linn d'acmhainn shuiteáilte a bheith ag méadú.

De réir na huailmhéine a cuireadh i láthair in Athbhreithniú Straitéiseach Fís 2041 Chuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge³⁸, beidh gá le céimeanna leantacha scálaithe do FLOW chun sprioc 30 GW a bhaint amach faoi 2050. Ar dtús, beidh an t-inbhear in ann 400 MW a úsáid in aghaidh na bliana, ach ó 2033 ar aghaidh táthar ag súil go mbeidh sé in ann suas le 1 GW a imlonnú in aghaidh na bliana trí acmhainn chalafoirt, saoráidí nua agus éifeachtúlacht fheabhsaithe a mhéadú. Tá an treochlár seo ag súil go dtarlóidh thart ar 80%+ den chaiteachas riachtanach CAPEX tar éis 2033, rud a thugann beagán le cois deich mbliana d'am forbartha d'Éirinn, le foghlaim ó luath-thionscadail tráchtála. Ar ndóigh imlonnófar na tionscadail luatha sin le comhpháirteanna úrscothacha a forbraíodh agus a tástáladh i ndlínsí eile, a imlonnófar ar scála i dtimpeallacht an Atlantaigh agus a éileoidh cóimeáil, tástáil/coimisiúnú, iompar agus suiteáil chuig a láithreáin tráchtála faoi seach, rud arb ionann e agus tionscadal fuinnimh in-athnuaite ar scála nach bhfacthas riamh roimhe seo.

38 [Fís 2041 Athbhreithniú Straitéiseach, Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge, 2022.](#)

Cé go mbeidh foghlaim ó dhlínsí eile i bhfeidhm, ní mór an chéim seo a úsáid chun dlús a chur le foghlaim thionsclaíoch agus acadúil na hÉireann, go hidéalach i gcomhfhorbairt idirnáisiúnta le príomhpháirtithe tionsclaíocha agus acadúla ón Danmhairg, an Iorua, an Ísiltír, an Ríocht Aontaithe, agus ó thíortha eile. Creidimid freisin nach mór an fhoghlaim seo a dhéanamh i gcomhpháirtíochtaí a thógann córas eolais a chomhcheanglaíonn cur síos samhailbhunaithe, optamú agus tuar ar gach gné den (1) slabhra soláthair fuinneamh gaoithe eischósta, (2) éileamh solúbtha tionsclaíoch agus sochaíoch ar tír agus, ag an am céanna, (3) anailís ar phríomhthionchair thimpeallachta agus shochaíocha a chomhtháthú. Déanfaidh an dara ceann an ceadúnas sóisialta a theastaíonn don chlár claochlaithe seo a chuíchóiriú agus a chumasú agus éascú ar mhonatóireacht agus ar phróisis toilithe amach anseo.


Molann an Tascfhórsa comhpháirtíochtaí a thógáil i gcláir chomhforbartha idirnáisiúnta agus comhoibriú i dtionscadail Eorpacha (Fís) agus i dtionscadail náisiúnta eile arna maoiniú ag TF&N ar féidir leo ár n-iarrachtaí a chomhlánú agus a dhíriú ar na réimsí sin ar féidir leo an tionchar is mó a imirt. Ina theannta sin, creidimid go bhfuil deis ann faoi láthair, sa tionscal agus sa saol acadúil araon, do na Stáit Aontaithe agus don AE comhoibriú ar a n-Acht um Laghdú Boilscithe agus ar chlár REPowerAE faoi seach. Molaimid gur áit iontach é réigiún an Inbhir dó sin: 6 uair an chloig ó Bhostún agus 2 uair as Beirlín agus ar imeall ceann de na hacmhainní gaoithe is mó ar domhan. Tríd an méid MI (Maoin Intleachtúil) a mhéadú, is féidir le geilleagar na hÉireann tairbhe níos leithne agus níos doimhne a bhaint as clár an fhuinnimh ghlais.

6.6.1.1 Saotharlann Bheo Inbhear na Sionainne

Cruthaíonn forbairt ar shlabhra soláthair FLOW an Atlantaigh córas fuinneamh in-athnuaite claochlaithe ar scála nach bhfacthas riamh roimhe seo. D'fhonn éifeachtaí foghlama a luathú; an córas a bharrfheabhsú, costais, lorg agus tionchair thimpeallachta a íoslaghdú; agus stóinseacht agus tionchair eacnamaíocha a bharrfheabhsú, ní mór glacadh leis na chéad chéimeanna forbartha mar shaotharlann bheo FIE (Fuinneamh In-athnuaite Eischósta) ar scála réalaióch. Is éiceachórais nuálaíochta oscailte iad saotharlanna beo, a fheidhmíonn go minic i gcomhthéacs ar leith, a chomhtháthaíonn taighde agus próisis nuálaíochta chomhthráthacha laistigh de chomhpháirtíocht phríobháideach phoiblí. Anseo, is bealach é saotharlann maireachtála go bunúsach chun TF&N a thriail agus a thástáil ar thionscadail ghníomhacha nó in éineacht leo. Chuige sin, tá gá le hinfheistíochtaí TF&N sa bhreis ar na hinfheistíochtaí díreacha tráchtála agus teicniúla.

Molann TEIS go mbunófaí saotharlann bheo feirm ghaoithe eischósta ar snámh amach ó chósta an iarthair. D'úsáidfí é sin mar chruthúnas (idir)náisiúnta ar choincheap agus d'fhoghlaimedfaí conas is féidir ardáin ghaoithe eischósta ar snámh a shuiteáil agus a oibriú i ndálaí an Atlantaigh. Thacódh sé sin freisin le costais O&C (oibriúcháin agus chothabhála) a dhí-rioscú do riachtanais shonracha FLOW an Atlantaigh agus chuideodh sé leis an slabhra soláthair a fhorbairt i réigiún Inbhear na Sionainne. Ina theannta sin, seolfaidh sé comhartha láidir chuig lucht tionscail ar intinní na hÉireann maidir le himlonnú gaoithe eischósta agus cuirfidh sé le muinín infheisteoirí.

Fógraíodh coincheap saotharlann bheo den chineál céanna le déanaí amach ó chósta Grimsby chun róbataic agus réitigh uathrialacha a thástáil chun tacú le cigireachtaí, cothabháil agus deisiú riachtanach i dtionscal na gaoithe eischósta³⁹. Mar chuid den tionscadal, forbrófar Modh Tástála 5G a ligfidh do sholáthraithe teicneolaíochta a dtrealamh a thástáil agus a léiriú i bhFíor dhálaí an domhain. Ba cheart seachadadh mórthionscadail eischósta amach ó chósta thiar na hÉireann a gh iaráil ar an mbealach céanna trí shaotharlanna beo chun tacú le nuálaíocht leanúnach, forbairt agus maoin intleachtúil dhúchasach.



Fíor 10: Éiceachóras Tionsclaíoch Glas Inbhear na Sionainne (Foinse: Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge⁴⁰)

39 'Saotharlann bheo' gaoithe eischóstabearaithe do chósta Shasana, renews.biz, 2023.
 40 [Fis 2041 Athbhreithniú Straitéiseach, Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge, 2022.](#)

6.6.2 Forbairt Mheántéarmach go Fadtéarmach (2035–2050)


Trí fhuinneamh in-athnuaite flúirseach a bheith ar fáil (i.e. tar éis 2035) cuirfear deiseanna nua ar fáil do nuálaíochtaí, do ghnólachtaí nuathionscanta agus d'fhorbairtí tionsclaíocha nua na hÉireann chun costas a laghdú agus iomaíochas a mhéadú. Cuideoidh an scála sin freisin le bealaí chun an mhargaidh a fhorbairt atá níos tarraingtí agus níos suntasaí agus is amhlaidh a ghabhfar tairbhí maicreacnamaíocha níos mó trí phunann chothrom ard-bhreislúacha d'úsáidí baile a fhorbairt in éineacht le clár oibre onnmhairiúcháin a bheidh deartha go cúramach.

Sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma, beidh formhór na bhforbairtí FLOW, mar gheall ar fhuinneamh teoranta eischósta agus traidisiún tionsclaíoch ar tír mór, bunaithe ar theicneolaíocht a fhorbrófar agus a mhonaraítear in áiteanna eile. Fágann sé sin go gcaitear codán suntasach de na hinfheistíochtaí díreacha riachtanacha go hidirnáisiúnta, agus ní choinnítear ach 35–38% den CAPEX díreach i ngeilleagar na hÉireann. Is é an toradh a bheidh air sin éifeacht eacnamaíoch dhíreach, indíreach agus spreagtha (OBL) de thart ar 75% de na hinfheistíochtaí díreacha, rud a fhágann, cé gure féidir glacadh leis sna luathchéimeanna, go bhfuil cuid mhór den luach neamhghafa.

Straitéis amháin chun dul i ngleic leis an sceitheadh infheistíochta seo is ea sainordú a thabhairt d'íosábhar áitiúil chun infheistíocht sa slabhra soláthair a spreagadh, amhail monarú comhpháirteanna slabhra soláthair gaoithe laistigh d'Éirinn, a tharlaíonn i ndlínsí eile⁴¹, ach is féidir leis sin tionchar a imirt ar sheachadadh tionscadail fad is atá slabhraí soláthair áitiúla á bhforbairt. Straitéis eile is ea díriú ar infheistíochtaí TF&N chun gnéithe den slabhra soláthair gaoithe a dhifreáil, agus chun éileamh solúbtha ar tír a chomhtháthú. Léiríonn miondealú garbh ar an infheistíocht chaipitil i slabhra soláthair FLOW na ranníocaíochtaí coibhneasta de réir Fhíor 11.

Cé gur codán mór de thionscadal CAPEX é an tuirbín gaoithe féin, d'fhéadfadh deiseanna chun teicneolaíocht nua a fhorbairt sna gnéithe eile de shlabhra soláthair FLOW deiseanna a chruthú chun an sciar infheistíochta in Éirinn a mhéadú go suntasach. Bunaithe ar roinnt tionscadail TF&N a bhí ann le déanaí, atá ann faoi láthair agus atá beartaithe in Éirinn, táthar ag súil go mbeifear in ann nuálaíochtaí lann agus tuirbíní a thuar sna deich mbliana amach romhainn. Tógfaidh iomaíochas méadaithe trí TF&N ar fud shlabhra soláthair FLOW codanna níos mó de shlabhra soláthair agus de bhonn eolais FLOW in Éirinn.

41 [Vestas ag Socrú Gléasra Cóimeála do thuirbín Gaoithe Eischósta Suaitheanta sa Pholainn](#)



Fíor 11: Ranniocáíocht MITF (meánchostas iomlán táirgthe fuinnimh) Leibhéal Comhpháirte do thionscadal tagartha eischósta ar snámh ag feidhmiú ar feadh 25 bliana (Foinse: An tSaotharlann Náisiúnta um Fhuinneamh In-athnuaite⁴²)

Is iondúil gur céatadán beag (2–5%) de na hinfheistíochtaí tráchtála ionchasacha €90–120 billiún iad infheistíochtaí in TF&N ábhartha don chás réamh-mheasta 30 GW. Dá bhrí sin, tá fiúntas ag baint le hinfheistíochtaí TF&N ar fiú os cionn €2 bhilliún iad. Meastar go dtosóidh an Infheistíocht TF&N seo in 2023/24 ag baint úsáid as meascán cothrom den earnáil phoiblí (trí RBATNE, RCAC, RFTF, srl.), an earnáil phríobháideach, agus foinsí Eorpacha éagsúla.

6.6.2.1 TF&N ag tacú le Bealaí chun an Mhargaidh Amach Anseo

Tá fuinneamh in-athnuaite eischósta flúirseach ríthábhachtach chun tionscail atá ann cheana agus atá ag teacht chun cinn in Éirinn a dhícharbónú. Is príomhearnálacha iad talmhaíocht (37.5% d'astaíochtaí GCT⁴³ na hÉireann), iompar (17.7%), fuinneamh (16.7%), agus déantúsaíocht (7.5%) óna mbainfeadh OTI agus⁴⁴ onnmhairí na hÉireann an⁴⁵ tairbhe is mó as an aistriú chuig fuinneamh glas. Tá cláir taighde láidre ag na hollscoileanna sa réigiún (OL, OTS, OTM) cheana féin ar fud réimsí ábhartha éagsúla, mar shampla ardchéim bia agus cothaithe, bithghilleagar, innealtóireacht, teicneolaíocht, bogearraí, eolaíocht ábhair agus cógaisíocht.

- **Talmhaíocht/bia** – Tá margáí láidre easpórtála ag Éirinn le haghaidh táirgeadh déiríochta (€5 billiún) agus feola (€2.5 billiún); mar sin féin, tá dúshlán roimh na gnáthchórais táirgthe agraibhia atá ann faoi láthair mar gheall ar a n-astaíochtaí dúchasacha GCT. D'fhéadfadh nuálaíochtaí sa spás seo rannchuidiú na hearnála seo le geilleagar na hÉireann a leathnú agus a fhás^{46,47} ar lorg laghdaithe GCT.

42 Athbhreithniú ar Chostas Fuinneamh Gaoithe 2019, An tSaotharlann Náisiúnta um Fhuinneamh In-athnuaite

43 [Astaíochtaí Sealadacha Gás Ceaptha Teasa na hÉireann, 2022, EPA](#)

44 [Eisiocáíocht Eacnamaíoch na hÉireann, suíomh gréasáin, 2019.](#)

45 [Atlas Chastacht Eacnamaíoch Harvard](#)

46 [An Bhith-Réabhlóid: Nuálaíochtaí ag athrú geilleagair, sochaithe, agus ár saoil, 2020, McKinsey](#)

47 [Athmhachnamh ar Bhia agus ar Thalmhaíocht 2020-2030.](#)

- **Iompar** – Is náisiún oileánda í Éire a bhfuil fócas láidir easpórtála aici. Dá bhrí sin, tá córais iompair dhícharbónaithe ríthábhachtach chun tacú le leanúnachas eacnamaíoch agus fás amach anseo. Bíonn sé deacair lasta eitlíochta, muirí agus lasta cianaistir a dhícharbónú, agus tá spriocanna (REFUEL, RED) acu atá sainordaithe ag an AE le ceanglais dhochta maidir le tionscnamh bithghiniceach aon charbóin ina mbreoslaí amach anseo (bithghás, iarmhar agraforaoiseachta nó Gabháil ón Aer).
- **Ábhair Chiorclacha agus Bhithghineacha** – tá líon suntasach tionscail ardteicneolaíochta/ard-bhreisluaicha i réigiún Inbhear na Sionainne sa réimse (bith) chógaisíochta, feistí bithleighis agus micrea-leictreonaice, bia, chomh maith le monaróirí ábhair thráchtearraí (Alúmanam agus Stroighne), agus athchúrsálaithe plaistigh. Tá ionaid taighde agus forbartha domhanda lonnaithe i roinnt tionscal sa réigiún agus beidh siad ag díriú ar chiorclaíocht na n-ábhar agus ar dhícharbónú na slabhraí soláthair. Beidh an chiorclaíocht ina príomh-nuálaíocht sa spás FLOW freisin agus beidh réitigh ag teastáil chun turbiní (naoisilí agus lanna) a chothabháil, a dheisiú agus a úsáid ag deireadh a ré.
- **Digiteach** – Faoi láthair baineann os cionn 50% d'easpórtálacha seirbhíse na hÉireann le TFC, airgeadas agus árachas, agus le seirbhísí digiteacha eile⁴⁸. Cuideoidh infhaighteacht cumhacht fhlúirseach dhícharbónaithe le fás agus le tionscail dhigiteacha nua a chruthú freisin. Áireofar in earnáil dhigiteach na hÉireann amach anseo raon leathan réimsí amhail iompar, stóráil agus láimhseáil sonraí, tacú le raon leathan earnálacha seirbhíse amhail TFC, airgeadas agus árachas, déantúsaíocht dhigiteach, réitigh r-Shláinte, Idirlíon na Rudaí Nithiúla, réitigh cathracha cliste, srl.

6.6.3 Scileanna

Tá scileanna laistigh den earnáil fuinnimh tagtha chun cinn mar phríomhthéama le linn gach gné den rannpháirtíocht le TEIS. Baineann an cheist seo go háirithe le forbairt ar an gcladach agus amach ón gcósta araon, agus tá éilimh agus ganntanais as cuimse i ngach gné den earnáil fuinnimh. Tá na héilimh a bheidh ann amach anseo ar mhargadh thionscal na gaoithe eischósta suntasach agus tá gá le móriarracht slógtha ar bhonn réigiúnach agus náisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar athsciliú, uas-sciliú agus forbairt scileanna nua.

Ar leibhéal náisiúnta, d'aithin an Tascfhórsa Seachadta Gaoithe Eischósta an tábhacht a bhaineann le forbairt scileanna agus trína Sruth Oibre 8 (scileanna agus lucht saothair) áirítear gníomhartha chun tacú le taighde, nuálaíocht, eolaíocht agus teicneolaíocht i ngaoth eischósta in Éirinn agus iad a chur chun cinn, chomh maith le rannpháirtíocht le gníomhaíocht idirnáisiúnta TF&N⁴⁹.

48 [Éire - Easpórtálacha Seirbhíse TFC, Eacnamaíocht Trádála, suíomh gréasáin](#)

49 [Tascfhórsa Seachadta Gaoithe Eischósta, DECC, 2023.](#)

Tá na soláthraithe oideachais i réigiún Inbhear na Sionainne ag comhoibriú cuid mhór cheana féin chun cuir chuige a bhreithniú maidir le forbairt, seachadadh agus scálú clár ar fud an réigiúin agus chun aghaidh a thabhairt ar gach leibhéal ó oibrithe go gairmithe. Bunaíodh Braisle Oideachais agus Oiliúna Fuinneamh Inathnuaithe an Iarthair Láir in 2022 chun an comhoibriú sin a éascú agus chuir sí cleachtadh bailithe faisnéise i gcrích i measc a chuid ball chun tairiscintí oideachais atá ar fáil sa réigiún a aithint. I measc na mball tá Fóram Réigiúnach Scileanna an Iarthair Láir, Campas Soghluaisteachta na hÉireann sa Toghcháin, Ionad Barr Feabhais Gnó na hÉireann, Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan, Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne, Ollscoil Luimnigh, Fuinneamh Gaoithe Éireann, Údarás Áitiúla, agus roinnt Skillnet agus ionadaithe tionscail. Tabharfar cuireadh d'ionadaithe ar nós Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí, Fóram Réigiúnach Scileanna an Iardheiscirt agus Plean Fiontraíochta Réigiúnach an Iardheiscirt páirt a ghlacadh amach anseo.

Cé go bhfuil an bhraisle dírithe ar na deiseanna i bhfuinneamh gaoithe eischósta a fhiosrú agus a chur chun cinn, bailíodh sonraí maidir le gach tairiscint oideachais i réimsí na hinbhuanaitheachta agus an fhuinnimh in-athnuaithe. Glacadh leis an gcur chuige macra seo chun acmhainn agus cumas sa réigiún a léiriú agus chun cabhrú le hiarrachtaí amach anseo cúrsaí a bhunú a fhreastalóidh ar fhuinneamh gaoithe eischósta. Áirítear leis an bhfaisnéis a ghabhtar sa chleachtadh cláir fochéime agus iarchéime, tairiscintí lánaimseartha agus páirtaimseartha, micrea-dhintiúir agus gearrchúrsaí, agus deiseanna uasoiliúna gairme. Sainaithníodh os cionn 230 tairiscint oideachais agus oiliúna sa réigiún agus léiríonn meastacháin tosaigh os cionn 3,000 céimí ó na cláir ábhartha. Bhain 21 tairiscint go díreach leis an tionscal fuinneamh gaoithe eischósta. Mar shampla de na tairiscintí scileanna sa réigiún is féidir a lua go bhfuil Printíseacht Theicneoir Cothabhála Turbíní Gaoithe na hÉireann lonnaithe i gColáiste Chiarraí i dTrá Lí⁵⁰.

Molann TEIS gur cheart Braisle Oideachais agus Oiliúna Réigiún an Iarthair Láir a chur ar bhonn foirmiúil agus acmhainní breise a chur ar fáil chun soláthar oideachais agus oiliúna sa réigiún a chomhordú agus a chur chun cinn. Ba cheart Comhordaitheoir tiomnaithe Scileanna Fuinneamh Inbhuanaithe a cheapadh chun oibriú go díreach le Bainisteoir an Fhórait Réigiúnaigh Scileanna atá ann cheana. Ba cheart maoiniú breise (agus imfhálaithe) a chur ar fáil chun forbairt agus seachadadh clár a chumasú i bpríomhearnálacha trí bhealaí maoinithe atá ann cheana (BOOnna, Skillnet, ÚAO, srl.).

50 [Printíseacht Theicneoir Cothabhála Turbíní Gaoithe, Coláiste Chiarraí, 2022.](#)

Ba cheart go n-áireofaí leis sin comhar idirnáisiúnta le soláthraithe oideachais agus oiliúna Eorpacha agus idirnáisiúnta chomh maith le lucht tionscail. Go criticiúil, tugann an Tascfhórsa dá aire go bhfuil scileanna ag teastáil ag gach leibhéal, ó oibrí go printiseach go dtí dearadh agus taighde. Ina theannta sin, tá gá le saineolas níos leithne i ndisciplíní comhshaoil, eacnamaíocha, airgeadais agus sóisialta chun na deiseanna eacnamaíocha agus sóisialta sa réigiún a uasmhéadú.

6.6.3.1 Crios Eacnamaíoch Muirí an Chláir

Is tionscnamh de chuid Chomhairle Contae an Chláir é tionscadal Chríos Eacnamaíoch Muirí an Chláir (Clare MEZ) i gCill Rois chun ionad oideachais agus oiliúna den chéad scoth a chur ar fáil a dhéanann speisialtóireacht in oiliúint sábháilteacht mhuirí. Is príomhghníomhaíocht é an tionscadal i bPlean Fiontraíochta Réigiúnach an Iarthair Láir go dtí 2024 agus cuirfidh sé deiseanna nua cruthaithe fostaíochta ar fáil don réigiún.

Tá an tsaoráid oiliúna le dearadh, le tógáil agus le feistiú chun go mbeidh sí in ann na riachtanais a shásamh chun creidiúnú a bhaint amach ag comhlachtaí oiliúna idirnáisiúnta. Ina measc seo tá OPITO (Ola agus Gás), IMO STCW (Muirí) agus GWO (Eagraíocht Dhomhanda Gaoithe) agus a bheith oiriúnach freisin chun oiliúint a chur ar go leor cásanna éigeandála agus tarrthála eile. Is í an tsaoráid an t-aon áis in Éirinn a bheidh tiomnaithe do chaighdeáin STCW, OPITO agus GWO amháin. Tá maoiniú faighte ag an tionscadal go dtí seo tríd an gCiste um Fhorbairt Fiontraíocht Réigiúnach (CFFR) agus tríd an gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe (CAFT).

Tá sé d'acmhainn ag Ionad Oiliúna Muirí Chill Rois oiliúint den chéad scoth a chur ar fáil do lucht idirnáisiúnta a chabhróidh le freastal ar an nganntanas scileanna a aithníodh chun freastal ar riachtanais na hearnála fuinnimh in-athnuaite eischósta atá ag teacht chun cinn.

6.6.4 Tionchar/Toradh

Mura mbíonn infheistíocht i scileanna agus in eolas laistigh den réigiún, ní bheidh an cumas ann chun na spriocanna uailmhianacha gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha a bhaint amach. Acmhainn thiomnaithe a d'oibreodh le gach soláthraí oideachais agus oiliúna, riachtanais mhapála agus tacú le forbairt clár mar fhreagairt ar éilimh chriticiúla, cuirfear dlús le soláthar clár agus feabhsóidh sí conairí dul chun cinn agus forbartha freisin.

Trí Chomhordaitheoir Scileanna Fuinneamh Inbhuanaithe a phíolótú laistigh de réigiún TEIS agus é a nascadh go díreach le Bainisteoirí FRS, beifear in ann an tsamhail a thástáil agus a chur i bhfeidhm go náisiúnta ar deireadh. Bheadh an Comhordaitheoir Scileanna Fuinneamh Inbhuanaithe i gceannas freisin ar Mhol Scileanna TEIS a fhorbairt trína ndéanfaí cláir a chomhordú agus a chur chun cinn, agus an tionchar is mó is féidir a bhaint amach.

6.6.5 Iarrataí/Príomh-Ghníomhartha

Gníomh	Úinéir	Dáta Dlite
Gníomhaíocht T&F a spreagadh		
<ul style="list-style-type: none"> An straitéis thionsclaíoch don ghaoth eischósta chun moltaí a dhéanamh maidir le critéir nuálaíochta/taighde agus forbartha a shainordú laistigh de thionscadail ghaoithe eischósta. 	RFTF	R1, 2024
<ul style="list-style-type: none"> An straitéis thionsclaíoch don ghaoth eischósta chun moltaí a dhéanamh maidir le céimniú na gceanglas don slabhra soláthair áitiúil do thionscadail amach anseo i gcomhréir leis an gcleachtas idirnáisiúnta is fearr. 	RFTF	R1, 2024
<ul style="list-style-type: none"> Staidéar Féidearthachta a mhaoiniú chun Éiceachóras Comhoibrithe idir na Stáit Aontaithe agus an tAontas Eorpach a thógáil i réigiún an Inbhir: <ul style="list-style-type: none"> » teicneolaíochtaí digiteacha; » eolaíocht ábhartha agus teicneolaíochtaí déantúsaíochta. 	RBATNE	R4, 2023
<ul style="list-style-type: none"> Criosanna TF&N a fhorbairt gar do ghníomhaíocht thionsclaíoch. Ba cheart go mbreithneofaí sna criosanna sin: nuálaíocht lanna tuirbiní gaoithe, déantúsaíocht fostruchtúir, cóimeáil ardáin, iompar tríd an Inbhear, comhtháthú éileamh solúbtha ar tír do leictribhreoslaí, agus déantúsaíocht ábhair inbhuanaithe chun suíomhanna feirmeacha gaoithe eischósta a chomhlánú. 	RFTF/ RBATNE	Ar siúl faoi láthair
Fás an tSlabhra Soláthair Áitiúil		
<ul style="list-style-type: none"> Dlús a chur le tógáil eolais trí chuideachtaí laistigh den réigiún atá gníomhach cheana féin nó ar mian leo dul i mbun earnáil idirnáisiúnta na gaoithe eischósta a aithint, agus a bhfás a chur chun cinn, m.sh. trí Gael-Líonra Eischósta Fhiontraíocht Éireann⁵¹ agus a chomhionann (infheisteoirí Eorpacha agus straitéiseacha). 	RFTF	R4, 2023
<ul style="list-style-type: none"> An earnáil a chur chun cinn agus a fhás go réigiúnach trí bhraisle slabhra soláthair gaoithe eischósta a fhorbairt sa réigiún ina dtugtar forbróirí, slabhra soláthair, calafoirt, lucht acadúil agus an earnáil phoiblí le chéile. 	RFTF	R4, 2023
<ul style="list-style-type: none"> Luasaire nuathionscanta/scálaithe a fhorbairt d'fhorbairt gaoithe eischósta ar snámh agus do ghníomhaíochtaí a bhaineann le fuinneamh in-athnuaite, amhail hidrigin ghlas a fhorbairt, seirbhísí digiteacha don ghaoth eischósta, gníomhaíochtaí uathrialaitheacha O&C, srl. 	RFTF	R4, 2024

51 [Gael Offshore Network, Enterprise Ireland](#)

Forbairt Scileanna		
<ul style="list-style-type: none"> Maoiniú a leithdháileadh ar Chomhordaitheoir Inbhuanaitheachta tiomnaithe chun oibriú leis an bhFóram Réigiúnach Scileanna, le Soláthraithe Oideachais agus Oiliúna agus le daoine eile chun soláthar a scálú go réigiúnach. 	RFTF	R1, 2024
<ul style="list-style-type: none"> Tar éis measúnú mionsonraithe ar scileanna agus ar lucht saothair a chur i gcrích a theastaíonn maoiniú a leithdháileadh de réir mar is gá trí phríomhpháirtithe leasmhara (BOOnna, SOLAS, IAOnna, IBOonna, Skillnet, Lucht Tionscail) le haghaidh soláthar clár tiomnaithe i ndáil le forbairt fuinneamh in-athnuaite ar tír agus amach ón gcósta 	RBATNE	R1, 2024
<ul style="list-style-type: none"> Giaráil a dhéanamh ar shaineolas reatha tuirbíní gaoithe ar tír ag BOO Chiarraí chun cláir nua a fhorbairt agus chun an bonn tallainne áitiúil do thionscadail amach ón gcósta a mhéadú. 	KETB	R4, 2024
<ul style="list-style-type: none"> Ionad Barr Feabhais Oiliúna Muirí a bhunú i gCill Rois faoi 2025, le maoiniú agus tacaíocht ón rialtas trí bhealaí maoinithe reatha. 	CCC	R4, 2024
<ul style="list-style-type: none"> Próifíl mhargaidh tallann Fíor-ama a chruthú don réigiún. Is féidir leis an tionscal, gníomhaireachtaí infheistíochta agus soláthraithe oideachais agus oiliúna an uirlis idirghníomhach ar líne seo (painéal nó a leithéid) a úsáid chun an phíblíne tallainne réigiúnach a rianú agus chun infheistíocht réigiúnach a thiomáint. D'fhéadfadh sé seo feidhmiú mar threoirthionscadal do réigiúin eile. 	RBATNE, Soláthraithe Oideachais Áitiúla	R4, 2024

7

Fuinneamh In-athnuaite ar tír mór



Tá fás suntasach tagtha ar gheilleagar Inbhear na Sionainne trí spleáchas láidir a thógáil ar dhíol bia agus earraí monaraithe le custaiméirí ar fud an domhain. Ós rud é go ndéantar cinntí infheistíochta maidir le hinfheistíocht dhíreach choigríche (IDC) lasmuigh d'Éirinn beagnach i gcónaí, tá sé rithábhachtach go bhfanfaidh an réigiún iomaíoch má tá sé chun infheistíocht leanúnach a chinntiú agus tacú le deiseanna nua.

Tacaíonn an Tascfhórsa seo go hiomlán leis na huailmhianta atá leagtha amach i bPlean na hÉireann um Ghníomhú ar son na hAeráide agus i gComhaontú Glas an AE. Creidimid gur buntáiste suntasach iomaíoch é glacadh rathúil agus is luaithe is féidir leis na beartais seo agus tá sé mar uailmhian ag an Tascfhórsa a bheith ina réigiún glan-nialasach tráth nach déanaí ná 2035. Chun aschur eacnamaíoch ó astaíochtaí carbóin a dhíchúpláil, ní mór dúinn cur i bhfeidhm teicneolaíochtaí atá ann cheana agus teicneolaíochtaí cruthaithe a scálú de réir mar a fhorbraimid fuinneamh in-athnuaithe ar mhórsála iontaofa agus ar chostas íseal. Trí aistriú rathúil, creidimid gur féidir gnólachtaí atá ann cheana a choinneáil, gur féidir gnólachtaí nua a chruthú agus a mhealladh, táirgí nua a chruthú agus custaiméirí nua a sheirbheáil, sna hearnálacha bia, earraí monaraithe, seirbhísí agus turasóireachta agus tairbhí eacnamaíocha a bheith ann don réigiún dá bharr.

Tathantaíonn an Tascfhórsa ar an Rialtas leanúint den dul chun cinn maidir le soláthar slán fuinnimh a chinntiú go réigiúnach agus go náisiúnta chun gníomhaíocht gheilleagrach reatha a choinneáil agus fás a éascú. In éineacht leis sin, ní mór tús áite a thabhairt d'fhorbairt an bhonneagair fuinnimh (go háirithe líonraí eangai).

Leis na spriocanna náisiúnta maidir le hastaíochtaí earnála, leagtar síos dúshláin uailmhianacha ar fud na n-earnálacha uile⁵² watá thar a bheith dúshlánach. Is gá móiminteam a fháil go han-tapa má tá na huailmhianta sin le baint amach. Cuirfidh an réigiún féin go mór le spriocanna náisiúnta sna blianta amach romhainn de réir mar a chuirfear deireadh le giniúint leictreachais ó ghual agus ó ola bhreosla throm.

Dá bhrí sin, tá glacadh foinsí breosla atá níos ísle agus go hiomlán dícharbónaithe chomh tapa agus is féidir, mar aon le héifeachtúlacht fuinnimh/feabhsuithe caomhnaithe, ar bhealach iomaíoch ar chostas idirnáisiúnta, rithábhachtach dár rath eacnamaíoch. Fáiltimid roimh spriocanna an Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide maidir le bithmheatán, gaoth ar tír, grian, éifeachtúlacht fuinnimh agus giniúint nua ísealcharbóin i.e. gás nádúrtha ina leith sin, agus féachaimid anois le dlús a chur le feidhmiú na spriocanna sin inár réigiún le bheith neodrach faoi 2035.

52 [Uasteorainneacha Astaíochtaí Earnála, DECC, 2022.](#)

Tá sé ríthábhachtach soláthar slán a chinntiú don ghníomhaíocht eacnamaíoch sa réigiún. De réir mar a mhéadaímid dul i bhfód ar fhoinsí athraitheacha fuinnimh amhail an ghaoth agus an ghrian, tá gá le soláthar fuinnimh intuartha a fhorbairt ó acmhainní amhail bithmheatán, bithfhuinneamh agus hidreafhuinneamh in éineacht le stóráil fuinnimh atá éifeachtach ó thaobh costais de agus le solúbthacht na heangaí.

Is teicneolaíochtaí ar tír iad seo atá cruthaithe cheana féin is féidir a sheachadadh ar scála agus laistigh de thréimhse ama réasúnta gearr, as a dtiocfaidh costais fuinnimh chobhsaithe, cinnteacht soláthair fheabhsaithe agus tairbhí comhshaoil. Tá gá ar leith le gníomhaíocht a mhéadú sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma, i gcomhthráth le forbairtí i ndáil leis an gcósta (a thabharfaidh torthaí uathu sa mheántéarma agus san fhadtéarma).

Tá aird á tarraingt ag an Tascfhórsa ar an ngéarghá atá le dlús a chur le tionscadail ar bhonn réigiúnach a chuir le dícharbónú ach le hiomaíochas costais freisin. Chun neodracht a bhaint amach faoi 2035 i réigiún Inbhear na Sionainne, molaimid roinnt gníomhaireachtaí réigiúnacha atá ann cheana a leathnú chun cabhrú le talmhaíocht, tionscal, fiontraíocht agus turasóireacht ina chuid iarrachtaí dícharbónaithe sna blianta amach romhainn. Ina theannta sin, molaimid treoirthionscnaimh nuálacha nua ar féidir iad a scálú lena rolladh amach ar fud na tíre.

I measc na saincheisteanna ríthábhachtacha don réigiún beidh forbairt ár mbonneagair fuinnimh (eangacha leictreachais, gáis agus teasa). Aithníonn 'Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú' de chuid Eirgrid⁵³ na riachtanais soláthair agus éilimh atá ann cheana féin go náisiúnta agus go réigiúnach. I measc na bpríomhphointí le lua tá an méid seo a leanas.

- Níl ach 4 thionscadal liostaithe laistigh den réigiún ó thaobh uasghrádú na heangaí de. Cé go léiríonn an infheistíocht theoranta seo go gcomhlíonann acmhainn reatha na heangaí sa réigiún éileamh gearrthéarmach, tá imní ann go bhféadfadh fás (éileamh agus/nó soláthar) amach anseo a bheith faoi shrian ag an eangach. Tá géarghá le hathbhreithniú a dhéanamh air sin i gcomhthéacs scála na bpleananna soláthair/éilimh ar tír agus amach ón gcósta ar aon.
- Aibhsítear na hualaí suntasacha tionsclaíocha laistigh den réigiún i dtuarascáil ÁTLM agus áirítear fás tuartha freisin d'ualaí ionaid sonraí. Beidh soláthar leictreachas glas slán ríthábhachtach chun an fás éilimh seo a mheaitseáil.
- Léiríonn na réamh-mheastacháin amach anseo d'fhorbairt in-athnuaithe ar an gcladach go mbeidh ról mór ag an ngaoth cois cladaigh i soláthar fuinnimh amach anseo. Feicfear fás suntasach sa tionscal fótavóltach (PV) ar scála mór go dtí 2030.

53 [Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú, EirGrid, 2022.](#)

- Déantar tagairt shonrach sa tuarascáil ÁTLM don tionscadal stórála pumpáilte atá beartaithe. 'Níor cuireadh tionscadal mórscála hidrileictreach Silvermines (tionscadal ENTSOE TYNDP 1025), a measadh a bheith ina thionscadal TLC (Tionscadal Leas Coiteann) ag an Aontas Eorpach freisin, san áireamh inár n-anailís. Leanfaidh EirGrid le monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairt an tionscadail TLC seo agus d'fhéadfaí é a chur san áireamh i staidéir amach anseo nuair is cuí.' Tugann an Tascfhórsa dá aire an acmhainneacht shuntasach atá ag an tionscadal seo agus freisin an gá atá le treoir shoiléir bheartais maidir le Stóráil Fhadtréimhseach Fuinnimh chun treá in-athnuaite ar mhórscála ar an eangach a éascú.

Iarrann an Tascfhórsa go leanfar leis an tuarascáil nuashonraithe Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú (dlite i mí an Mheithimh 2023) le plan réigiúnach mionsonraithe ina leagfar béim ar na príomhchriosanna inar féidir le forbairt tionscadail amach anseo tarlú, rud a thabharfaidh cinnteacht d'fhorbróirí tionscadail.


Tá páirt mhór ag an réigiún cheana féin i ngaoth cois cladaigh na hÉireann, agus tá os cionn 30% den acmhainneacht náisiúnta shuiteáilte lonnaithe anseo de réir Tábla 7 1.

Contae	Ciarraí	An Clár	Luimneach	Tiobraid Árann	Iomlán
Acmhainneacht Shuiteáilte (MW)	610	246	197	401	1454
% den acmhainneacht náisiúnta shuiteáilte	13%	5%	4%	9%	32%

Tábla 71: Acmhainneacht Ghaoithe Shuiteáilte de réir Contae⁵⁴

Léirítear sa Phlean Um Ghníomhú ar son na hAeráide suas le 9 GW gaoithe ar tír (suas ó 5.5 GW), 8 GW gréine ar tír, taobh le gaoth eischósta de 5 GW (+2GW don hidrigin ghlas) a bheith ag teastáil go náisiúnta chun an sprioc 80% de leictreachas in-athnuaite a bhaint amach faoi 2030. Tugann réamh-mheastacháin maidir le giniúint leictreachais in-athnuaite ag Eirgrid amach anseo léiriú láidir ar an ról leanúnach atá ag foinsí in-athnuaite ar tír ar fud an réigiúin. Ag leibhéal áitiúil, léiríonn na pleananna forbartha contae a nuashonraíodh le déanaí tacaíocht d'fhorbairt inbhuanaithe na hearnála fuinnimh in-athnuaite, cé go n-aithnítear go dtacaíonn na pleananna le cothromaíocht a bhaint amach idir soláthar forbairtí fuinneamh in-athnuaite agus caomhnú na timpeallachta nádúrtha agus tógtha.

54 Figiúirí 2021 ó Thuarascáil Acmhainneacht Shuiteáilte OCT (Oibreoirí Córas Tarchurtha) ag Eirgrid, agus Tuarascáil Acmhainneacht Shuiteáilte OCD (Oibreoirí Córas Dáileacháin) ag BSL



Fíor 12: Réamh-mheastacháin éilimh agus soláthair amach anseo go dtí 2030

Foinse: Eirgrid – *Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú*

Aithníonn an Tascfhórsa tiomantas an Rialtais chun tacú le fás téamh ceantair, agus dícharbónú teasa. I gcomhthéacs an tsoláthair teasa, tá roinnt dul chun cinn déanta maidir le dícharbónú foirgneamh agus acmhainneacht mhéadaithe T&F sa réigiún⁵⁵. Mar sin féin, tá dícharbónú mórscála an téimh i bhfoirgnimh, fontair agus tionscail teoranta. Meastar go bhfuil an t-éileamh reatha ar ghás réigiúnach os cionn 6 TWh in aghaidh na bliana. Níl ach dul chun cinn an-teoranta déanta maidir le téamh ceantair agus cosúil le réigiúin eile tá roinnt gníomhaithe ann a fhreastalaíonn ar na margai cónaithe, tráchtála agus tionsclaíocha agus tá oiriúnú margadh domhain ar theicneolaíochtaí téimh inbhuanaithe teoranta.

Fáiltíonn an Tascfhórsa roimh an dul chun cinn atá déanta sa réigiún maidir le córais fuinnimh phobail⁵⁶ agus tá roinnt Comhphobal Fuinneamh Inbhuanaithe sa réigiún⁵⁷. Cé go dtugann sé faoi deara go bhfuil feirm ghaoithe phobail ann cheana féin agus tionscadail PV phobail beartaithe don todhchaí chomh maith le gléasra bithgháis talmhaíochta amháin, tá go leor bacainní roimh phobail (saineolas, maoiniú, rochtain ar an eangach, srl.) chun a n-uailmhianta a aistriú i ndáiríre.

55 [Cityxchange, suíomh gréasáin, Nasc](#) ; [OTS, suíomh gréasáin, Nasc](#)

56 [Tionscadal Fuinnimh Cheann Leime - Nuashonrú, suíomh gréasáin, Nasc](#)

57 [Comhphobail Fuinneamh Inbhuanaithe, ÚFIÉ, suíomh gréasáin, Nasc](#)

Tá ceannaireacht léirithe ag Údaráis Áitiúla sa réigiún agus iad ag díriú ar dhícharbónú foirgnimh phoiblí. Léiríonn tionscnaimh ar nós +CityxChange⁵⁸ i Luimneach, Campas Glas OTM,⁵⁹ An Clár Níos Glaise,⁶⁰ agus an tIonad Barr Feabhais um Fhuinneamh Inbhuanaithe san Aonach⁶¹ go bhfuil toilteanas ann treoir a thabhairt laistigh den réigiún.

Breithníodh na réimsí seo a leanas nuair a bhí tús áite á thabhairt do na réimsí fócais don ghrúpa fuinneamh ar tír.

- **Leictreachas:** Tá forbairt shuntasach ann cheana féin agus pleanáilte le haghaidh gaoth ar talamh agus PV ar scála mór sa réigiún. Ó dhul i gcomhairle leis an tionscal, baineann na fachtóirí teorannaithe le haghaidh tuilleadh forbartha go príomha le hacmhainneacht na heangaí agus le pleanáil.
- **Timpeallacht Thógtha - Cónaithe:** Tá clár suntasach larfheistithe Náisiúnta ann cheana féin mar aon le dul chun cinn suntasach i rialacháin tógála d'fhoirgnimh nua. Ní raibh ach breisluach teoranta a d'fhéadfadh an Tascfhórsa a thabhairt chuig an réimse seo. Mar sin féin, molann an Tascfhórsa go leanfaí leis an infheistíocht san earnáil seo agus go ndéanfaí méadú ar ionaid ilfhreastail agus ar bhearta athchóirithe sa tithíocht shóisialta.
- **Timpeallacht Thógtha - Tráchtáil:** Tá ilroinnt shuntasach san earnáil seo agus spriocanna uaimhianacha le baint amach. Tá dúshlán chriticiúla ann maidir le saineolas teicniúil agus maoiniú na n-infheistíochtaí. Tá poitéinseal chun dul i gceann gnímh san earnáil seo.
- **Tionsclaíocht:** Ó tharla bonn tionsclaíoch a bheith sa réigiún, agus an rath suntasach a bhí ar fhás an IDS agus an tionscail dhúchais araon sa réigiún le roinnt blianta anuas, ba thosaíocht é tacaíocht a thabhairt don earnáil seo chun aghaidh a thabhairt ar na spriocanna dúshlánacha sriain san earnáil.
- **Talmhaíocht:** Taobh lena bhonn tionsclaíoch láidir, tá earnáil láidir talmhaíochta sa réigiún a chuireann go mór leis. Tá athrú suntasach ag teacht ar an earnáil agus is suntasach na deiseanna atá ann don earnáil.

Tá meascán éagsúil tionscal i réigiún Inbhear na Sionainne lena n-áirítear bia agus talmhaíocht, eitlíocht, miotail, stroighin, eolaíocht bheatha, déantúsaíocht feistí ardteicneolaíochta agus leighis agus an réimse digiteach/TFC agus is léiriú idéalach é ar an ngeilleagar náisiúnta ina iomláine. Tá imní ag méadú ar fud an réigiúin go mbeidh tionchar luath ag costais fuinnimh, cinnteacht an tsoláthair agus déine carbóin ar ár mbonn tionscail atá ann cheana féin agus ag an am céanna ár meallacht a laghdú mar shuíomh le haghaidh infheistíochta amach anseo.

58 [Cityxchange, suíomh gréasáin, Nasc](#)

59 [Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan, suíomh gréasáin, Nasc](#)

60 [An Clár Níos Glaise, Comhairle Contae an Chláir, Nasc](#)

61 [Faigheann an Lárionad Barr Feabhais d'Fhuinneamh Inbhuanaithe an Solas Glas, Gníomhaireacht Fuinnimh Thiobraid Árann, suíomh gréasáin. Nasc](#)

Ina theannta sin, tá ár mbonn láidir FBManna neamhchosanta freisin ar bhoilsciú costais fuinnimh agus is mian leo bogadh go bonn soláthair níos inbhuanaithe freisin. Tá iomaíochas bhonn tionscail reatha na hÉireann rithábhachtach d'fhorbairt an réigiúin amach anseo agus ní mór é sin a ailíniú leis an bhfócas ar inbhuanaitheacht laistigh den tionscal.

D'aithin rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara talmhaíochta mian agus uaillmhian chun freagairt do na dúshláin agus na deiseanna atá roimh an earnáil. I bhfianaise an ról chriticiúil atá ag an talmhaíocht laistigh den gheilleagar réigiúnach agus áitiúil, agus an ról lárnach atá aici maidir le rannchuidiú le sprioc na hÉireann maidir le gníomhú ar son na haeráide, tháinig an earnáil chun tosaigh mar phríomhréimse fócais don Tascfhórsa.

Bhreithnigh an Tascfhórsa na saincheisteanna sin agus, bunaithe ar rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara ábhartha agus le hionadaithe earnála, déanann sé príomh-mholtaí sna réimsí seo a leanas:

- forbairt bithmheatáin;
- samhlacha réigiúnacha chun dícharbónú a mhéadú;
- samhlacha agus réitigh airgeadais.

Mar bhonn agus taca leis an bhfócas sin tá an gá leanúnach atá le nuálaíocht agus T&F chun tacú le forbairtí tapa teicneolaíochta, comhtháthú córais, digiteáil agus réimsí eile chomh maith leis an ngá rithábhachtach atá ann lucht saothair oilte agus eolach a áirithiú chun uaillmhianta a bhaint amach.

7.1 Aonad Forbartha Bithmheatáin

7.1.1 Loighic/Réasúnaíocht

Tá fás na hearnála bithmheatáin tagtha chun cinn mar phríomhthéama laistigh den réigiún le linn obair an Tascfhórsa. Saináithnítear sa Staidéar Náisiúnta Teasa⁶² raon cásanna inar féidir le bithmheatán cur le dícharbónú agus iarrachtaí eile a chomhlánú amhail leictriú teas tionsclaíoch. Saináithnítear sa chás 'Gás Dícharbónaithe' Tomhaltas Fuinneamh Príomhúil Iomlán de bhithmheatán/bithghás de 4.6 TWh faoi 2030, agus léiríonn an cás dul chun cinn tapa acmhainneacht do 8.2 TWh. Deirtear sa tuarascáil *'Tá bithmheatán ar fáil níos luaithe ná hidrigin ach i gcainníochtaí níos teoranta. Tugann na meastacháin acmhainne le fios go bhféadfadh an acmhainn bhithmheatáin atá ar fáil a bheith 4-8% d'éileamh reatha na hÉireann ar bhreosla gáis. Dá dtarlódh athruithe ar úsáid talún sa talmhaíocht agus dá n-úsáidfí an talamh saortha chun seamair dhearg agus meascán seagal a fhás le haghaidh sadhla féir, d'fhéadfadh sé sin ardú go 11% den éileamh reatha ar ghás faoi 2030.'*

62 [Staidéar Teasa Náisiúnta, ÚFIÉ, 2022, Nasc](#)

Gealltar sa Phlean Um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023⁶³ go dtacófar leis an mbithmheatán agus go bhforbrófar é mar phríomhdheis don earnáil talmhaíochta (ó thaobh éagsúlú de) agus dícharbónú tionsclaíoch (Alt 13.3.1. Teas don Tionsclaíocht atá neodrach ó thaobh carbóin de). Tá spriocanna sonracha de 1 TWh de bhithmheatán (~ 200 planda DA {díleáiteoir anaeróbach}) faoi 2025 agus 5.7 TWh (~ 200 planda DA) leagtha síos faoi 2030. Tá Tascfhórsa Seachadta Teasa agus Timpeallacht Thógtha bunaithe ag an Rialtas agus foilseoidh sé Ráiteas Beartais Náisiúnta nua maidir le Teas chun freagairt an Rialtais ar an Staidéar Náisiúnta Teasa a threorú i ngach earnáil. Chuaigh an Tascfhórsa seo i dteagmháil leis an Tascfhórsa Teasa agus Timpeallacht Thógtha le linn a phlé.

Tá sé tugtha le fios ag páirtithe leasmhara gur fhág easpa creata/beartais tacaíochta agus nádúr ilroinnte na hearnála go raibh an fhorbairt mall nó nárbh ann di agus go bhfuil baol suntasach ann nach mbainfear amach sprioc an Phlean Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide de 5.7 TWh de bhithmheatán go náisiúnta.

Tugann an Tascfhórsa dá aire na gníomhartha sonracha seo a leanas laistigh den Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide:

- EN23/3: Tionsclaíocht - 2023: Treochlár dícharbónaithe a ullmhú don teas tionsclaíoch bunaithe ar mholtaí Staidéar Náisiúnta Teasa ÚFIÉ;
- Tionscal - 2024: RFTF - Braislí tionscail a aithint in aice le soláthraithe oiriúnacha bithmheatáin;
- AG23/14: Talmhaíocht - 2023: An Straitéis Náisiúnta Bithmheatáin a Fhorbairt laistigh de 6 mhí, arna comhordú ag RTBM agus RCAC;
- AG23/15: Talmhaíocht - 2023: Deiseanna airgeadais a lorg le haghaidh tacaíocht chaipitil d'fhorbairt thionscal an bhithmheatáin in Éirinn.

Ina theannta sin, leagtar amach go soiléir i dtuarascáil KPMG d'Fhóram Gáis In-athnuaite na hÉireann na buntáistí eacnamaíocha don tír agus don earnáil talmhaíochta a bhaineann le hinfheistíocht a dhéanamh agus tacú le hearnáil bhithmheatáin faoi stiúir an tionscail talmhaíochta⁶⁴.

I bhfianaise shaintréithe sonracha réigiún Inbhear na Sionainne (i.e. bonn mór talmhaíochta, éileamh láidir gáis tionscail agus líonra fairsing gáis), dhírigh an Tascfhórsa iarrachtaí sonracha ar dhul i dteagmháil leis an tionscal chun éileamh a chinneadh agus machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaí dlús a chur leis an bhforbairt. Aithníonn an Tascfhórsa pleanáil agus bainistiú cúramach na mbunábhar a theastaíonn chun forbairt inbhuanaithe tionscal bithmheatáin a chumasú.

63 [Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023, RCAC, 2022, Nasc](#)

64 [Cás Gnó Comhtháite don Bhithmheatán in Éirinn, Fóram Gás In-athnuaite na hÉireann, 2019. Nasc Éire](#)

Ní mór aird a thabhairt freisin ar éilimh ó earnálacha eile agus ar an mbithgheilleagar níos leithne. Cruthaíonn an Scéim Deimhniúcháin um Ghás In-athnuaite a bunáíodh le déanaí⁶⁵ bonn chun a chinntiú go dtarlaíonn forbairt bithmheatáin ar dhóig h inbhuanaithe. Léiríonn rannpháirtíochtaí le Líonraí Gáis Éireann (LGÉ) toilteanas láidir tacú le forbróirí tionscadail agus teagmháil a dhéanamh leo chun nasc leis an líonra gáis a éascú.

Léiríonn meastacháin ardleibhéil go bhfuil an acmhainneacht theicniúil laistigh den réigiún 2.6 TWh de bhithmheatán, i gcomparáid le héileamh gáis réigiúnach ó thionscal de níos mó ná 6 TWh. Cé go bhfuil tionscail aonair agus forbróirí tionscadail ag smaoinreamh ar dhul isteach sa mhargadh níl aon chomhordú ann, tá easpa tacaíocht lárnach ann chun dul i dteagmháil le gníomhaireachtaí ábhartha, níl aon réitigh mhaoinithe shoiléire ann agus tá nasc teoranta idir éileamh mór agus soláthar.

Ag tógáil ar thaithí in earnálacha eile, agus bunaithe ar chomhairliúchán, molaimid Aonad Forbartha Bithmheatáin (AFB) a bhunú. Bunaithe ar choincheap an ionaid ilfhreastail atá ag teacht chun cinn ar fud na hEorpa d'earnálacha amhail iarfheistiú tógála, feidhmeoidh an AFB mar chatalaíoch agus mar chomhordaitheoir gníomhaíochta. Molaimid go mbunófar an AFB mar fhoireann ar leith laistigh d'Fhondúireacht Bhithgheilleagair na hÉireann (FBÉ). Cinntíonn an bealach seo gur féidir an AFB a bhunú láithreach laistigh de struchtúr dlíthiúil atá ann cheana féin atá nasctha go díreach leis an earnáil bhithfhuinnimh agus bithgheilleagair. Go criticiúil, cuireann sé ar chumas an AFB tógáil ar shaineolas agus ar eolas maidir le hinbhuanaitheacht chun a chinntiú go bhforbróidh earnáil an bhithmheatáin ar bhealach inbhuanaithe. Tá baint ag an FBÉ freisin le gléasra bithgháis ar tugadh cead pleanála dó agus a bhfuil líonraí fairsinge aige le hearnálacha tionscail, talmhaíochta agus gaolmhara.

Beidh an AFB seo freagrach as dul i dteagmháil leis an tionscal chun éileamh soiléir bithmheatáin a shainiú, tacú le forbróirí tionscadail ag céimeanna éagsúla d'fhorbairt tionscadail, agus teacht le chéile/braislí a éascú chun bithmheatán a sholáthar ar an margadh. Déanfaidh sé comhordú freisin ar iarrachtaí chun tacaíochtaí d'fhorbairt thionscal an bhithmheatáin ó fhoinsí maoinithe náisiúnta agus AE a uasmhéadú.

Glacfaidh an AFB ról ceannasach i measúnú a dhéanamh ar bhunábhair inbhuanaithe laistigh den réigiún, ag comhordú sonraí ó fhoinsí éagsúla, Ranna agus earnálacha chun ailíniú le héilimh níos leithne ar fud an bhithgheilleagair agus feidhmeanna féideartha eile acmhainní bithghéineacha a chinntiú. Ar deireadh, feidhmeoidh sé mar nasc idir an earnáil agus eagraíochtaí TF&N chun nuálaíocht a chur chun cinn ar fud an réigiúin, ag féachaint le haghaidh a thabhairt ar inbhuanaitheacht, forbairtí/nuálaíochtaí teicneolaíochta, agus ailíniú leis na cláir oibre chiorclacha agus bhithgheilleagair.

65 [Deimhniú gás in-athnuaite, Líonraí Gáis Éireann, suíomh gréasáin. Nasc](#)

Cheana féin, tá gealltanais i bprionsabal ag an Tascfhórsa ó roinnt tionscal dul i gcomhar chun tacú le soláthar bithmheatáin ar leibhéal réigiúnach. Meastar go bhfuil forbairt na hearnála seo ríthábhachtach ní hamháin chun tacú le dícharbónú úsáid fuinneamh tionsclaíoch laistigh den réigiún ach is príomhghníomhaíocht í freisin a theastaíonn chun tacú leis an earnáil talmhaíochta trí éagsúlú gníomhaíochta, sruthanna ioncaim nua a sholáthar agus trí thacú le spriocanna comhshaoil agus aeráide a bhaint amach.

Go criticiúil, tugann an Tascfhórsa dá aire gur mian leis an tionscal bogadh chun tosaigh ar bheartas an Rialtais atá ag titim chun deiridh ar riachtanais na hearnála agus freagairt don chaipiteal reatha freisin atá ag iarraidh infheistíocht a dhéanamh in earnáil an bhithmheatáin⁶⁶.

Is é conclúid an Tascfhórsa go leanfar leis an dul chun cinn leanúnach ilroinnte agus mall atá á dhéanamh ar an mbithmheatán laistigh den réigiún mura mbíonn acmhainní tiomnaithe ann chun comhordú a dhéanamh ar iarrachtaí na hearnála talmhaíochta (mar eochair do sholáthar agus d'fhorbairt an bhithmheatáin) agus na tionsclaíochta. Tá spriocanna 2025 laistigh den Phlean Um Ghníomhú ar son na hAeráide thar a bheith dúshlánach (agus b'fhéidir nach féidir iad a bhaint amach ag an bpointe seo) i bhfianaise na gcéimeanna pleanála, ceadúnaithe agus forbartha tionscadail nach mór a chur i gcrích agus tá géarghá le móiminteam a thabhairt chuig an margadh.

7.1.2 Tionchar/Toradh

Beidh na ról seo a leanas ag an AFB.

- Próiseas soláthair nuálach a fhorbairt ag obair le braislí tionscail chun soláthar bithmheatáin a sholáthar. Féachfaidh an tsamhail seo leis an dícheangal idir forbróirí tionscadail bithmheatáin agus úsáideoirí deiridh a bhriseadh.
- Maoiniú agus tacaíochtaí airgeadais atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo a ghíaráil chun infheistíocht san earnáil a scálú (m.sh. CISÉ, an Ciste um Ghníomhú ar son na hAeráide, srl.) agus iarrachtaí a chomhordú chun tacaíochtaí maoinithe caipitil a fháil d'fhorbairt tionscadail bhithmheatáin.
- Struchtúir a thógáil chun tacú le forbróirí spriocanna ábhartha spriocanna um ghníomhú ar son na haeráide maidir le dícharbónú gáis sa réigiún a bhaint amach, agus d'fhéadfaí scálú a dhéanamh ar bhonn náisiúnta.
- Infheistíocht ghíarála €150 milliún a spreagfadh 300 post agus OBL de €1 bhiliún go dtí 2050⁶⁷. B'ionann sin agus forbairt 20-25 monarcha bhithmheatáin faoi stiúir an tionscail talmhaíochta.
- Comhordú a dhéanamh ar fheachtas cumarsáide ar fud réigiún Inbhear na Sionainne chun na buntáistí eacnamaíocha, comhshaoil agus sóisialta a bhaineann le bithmheatán a chur in iúl do phobail agus do pháirtithe leasmhara ábhartha.

66 [Infheistíochtaí réidh le haghaidh áiseanna bithmheatáin na hÉireann agus an t-éileamh ar fuinneamh glas ag ardú go mór, Líonraí Gáis Éireann, 2022. Nasc](#)

67 [Ríomh pro-rata bunaithe ar an tuarascáil: Inbhuanaitheacht Táirgeadh Bithmheatáin in Éirinn, KPMG, 2021. Nasc](#)

Díreoidh an AFB a chuid iarrachtaí i réigiún Inbhear na Sionainne ar dtús ach cuirfidh sé samhail agus cur chuige i láthair is féidir a mhacasamhlú i réigiúin eile.

7.1.3 Iarrataí/Príomh-Ghníomhartha

Gníomh	Úinéir	Dáta Dlite
Straitéis Náisiúnta Bithmheatáin agus Scéimeanna Tacaíochta		
<ul style="list-style-type: none"> An Straitéis Náisiúnta Bithmheatáin a fhoilsiú chun soiléireacht a chinntiú don earnáil agus chun rioscaí margaidh a laghdú d'infheisteoirí ionchasacha, lena n-áirítear: <ul style="list-style-type: none"> » margadh trádála um Ráthaíocht Tionscnaimh a bhunú do ghás in-athnuaite, cosúil leis an margadh don leictreachas inathnuaite; » scéim tacaíochta bithmheatáin (STBM) a sholáthar chun aghaidh a thabhairt ar iomaíochas praghsanna bithmheatáin (vs gás nádúrtha), de réir cleachtais i dtíortha eile AE; » cur leis an acmhainn T&F atá ann cheana trí chlár shonracha T&F a sheoladh chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais agus ar dheiseanna taighde criticiúil. 	RTBM, RCAC	R3, 2023
An tAonad Forbartha Bithmheatáin		
<ul style="list-style-type: none"> Clár píolótach bithmheatáin a chur ar bun sa réigiún, lena ngiaráiltear an t-éileamh tionsclaíoch atá ann cheana, an gréasán réigiúnach gáis agus foinsí saibhre bithgháis atá ar fáil go héasca trí: <ul style="list-style-type: none"> » Aonad Forbartha Bithmheatáin a bhunú, faoi Fhondúireacht Bhithghéilleagair na hÉireann, chun an treoirthionscadal réigiúnach a reáchtáil agus, ar deireadh, an sprioc náisiúnta de 5.7 TWh a bhaint amach faoi 2030; » Cistiú tosaigh measta de €2 milliún (2023 go 2025) a chur ar fáil agus é mar aidhm aige tacú le 5 ghléasra bhithmheatáin a sheachadadh faoi 2025, agus €4 milliún eile le geallúint do 2025 go 2030 – dhéanfaidh an infheistíocht iomlán €6 milliún infheistíocht iomlán de €150 milliún a ghíaráil go dtí 2030 (fachtóir gearála 25:1); » clár tacaíochta caipitil a bhunú don chéad 20 gléasra bithmheatáin sa Chlár Píolótach a chuirfead i bhfeidhm le leibhéal mhaoinithe de chúnamh deontais caipitil 40%. 	RTBM, RCAC	R3, 2023

7.2 Dlús a chur le Dicharbónú

7.2.1 Loighic/Réasúnaíocht

"Cé gur minic a chuirtear gníomhú ar son na haeráide in iúl i dtéarmaí spriocanna náisiúnta, ní mór seachadadh a dhéanamh ar an leibhéal réigiúnach nó áitiúil in go leor cásanna"⁶⁸. Cé go bhfuil spriocanna náisiúnta dúshlánacha leagtha síos, is dúshlán suntasach é iad a aistriú go seachadadh ag leibhéal áitiúil/réigiúnach.

68 Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide, leathanach 47

Léirigh na staidéir a rinne TEIS an acmhainneacht shuntasach sa réigiún leas a bhaint as ár n-acmhainní nádúrtha agus ár scileanna nádúrtha chun an clár oibre dícharbónaithe a bhaint amach go mór.

- D'fhéadfaí 500 MW de PV ar dhíonta a shuiteáil ar fud foirgnimh phoiblí, thionsclaíocha, talmhaíochta agus phobail a ghinfeadh 437 GWh leictreachais in aghaidh na bliana isteach sa réigiún. D'fhéadfadh beagnach 9,500 post a bheith mar thoradh air sin agus 150 kT CO₂ a sheachaint agus⁶⁹ infheistíocht €700 milliún⁷⁰ a bheith ann in PV ar dhíonta.
- Éilíonn 1.4 GWh de théamh próisis réitigh dhícharbónaithe a fhorbairt don tionscal (leictriú, bithmhais, bithmheatán agus réitigh eile). Tá cur síos déanta ag an tionscal ar na dúshláin shuntasacha atá le sárú aige maidir le laghdú 35% CO₂ a bhaint amach faoi 2030. Léiríonn meastacháin d'Inbhear na Sionainne infheistíochtaí de €300–336 milliún a d'fhéadfadh suas le 5,000 post a ghiniúint⁷¹.

Ina theannta sin, ón gcomhairliúchán le hearnálacha agus le páirtithe leasmhara éagsúla, chomh maith le hanailís ar an bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide, leagtar béim ar dhúshláin láithreacha agus ar dheiseanna gníomhaíochta.

- Spriocanna san earnáil phoiblí – astaíochtaí CO₂ a laghdú 51% agus éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú ó 33% go 50% faoi 2030⁷².
- Is féidir leas a bhaint as réitigh téimh cheantair i réigiúin ar leith inar féidir infhaighteacht teasa a mheaitseáil leis an éileamh áitiúil. Táthar ag súil le leibhéal shuntasacha d'fhoirgnimh chónaithe agus oifige sa réigiún agus d'fhéadfaí é sin a nascadh le líonra téimh ceantair. Ba cheart go mbeadh na deiseanna sin ag teacht leis na staidéir féidearthachta leanúnacha atá á ndéanamh ag ÚFIÉ.
- Ní mór dúshláin TF&N a shárú, go háirithe ag Leibhéal Ullmhachta Teicneolaíochta níos airde (LUTanna), chun scála an tseachadta a éascú.

Leagadh béim ar ghníomhaireachtaí réigiúnacha fuinnimh mar ghníomhaireachtaí fuinnimh atá thar a bheith ríthábhachtach do rath na réigiún sin san Eoraip atá ag stiúradh an chlár oibre um aistriú fuinnimh agus dícharbónú. Bunaíodh na gníomhaireachtaí seo chun uailmhianta Náisiúnta a bhaint amach ag leibhéal áitiúil. I measc na bpríomhshamplaí tá [OOEnergiesparverband](#) san Ostair, [REGEA](#) san Ungáir agus [AREC](#) sa Fhrainc. Ina theannta sin, tá samhlacha rathúla in Éirinn i mBaile Átha Cliath (CODEMA) agus san Oirdheisceart (Gníomhaireacht Fuinnimh an Oirdheiscirt). D'fhéadfadh comhoibriú níos doimhne a bheith ann idir na hÚdaráis Áitiúla sa réigiún agus a bheith ag foghlaim ó mhúnlaí i réigiúin eile in Éirinn agus ar fud na hEorpa.

69 Staidéar Coimisiúnaithe TEIS – O'Regan, B et al (2023) Acmhainneacht Fhótavoltach Gréine ar Dhíonta Inbhear na Sionainne. IERC, Corcaigh, Éire.

70 [Ag glacadh leis an meán-infheistíocht €1,400/kW ó ÚFIÉ 2022 "Roghanna beartais chun tacú le glacadh giniúint leictreachais in-athnuaite \(SSG\) in Éirinn: Forléargas ar shamhaltú eacnamaíoch don chomhairliúchán". Nasc](#)

71 Staidéar Coimisiúnaithe TEIS – Variam, A K; Egan, S; Vaughan, L (2023) Dícharbónú Teas Próisis – Inbhear na Sionainne. Gníomhaireacht Fuinnimh Thiobraid Árann CLD (2023).

72 Gníomh PS/23/2 Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide (leathanach 114)

D'aithin páirtithe leasmhara dúshláin i bhforbairt tionscadail maidir le PV agus dícharbónú teasa araon. Áiríodh orthu sin bacainní a bhaineann le "sreang phríobháideach" inar mian leis an tionscal giniúint PV a fhorbairt ar shuíomhanna cóngaracha, dúshláin chun maoiniú infheistíochta a fháil, comhiomlánú teoranta tionscadal ar scála níos lú agus inmharthanacht an leictirthe i bhfianaise an difreálaigh phraghais idir leictreachas agus gás nádúrtha.

Molann an Tascfhórsa go ndéanfaí breithniú ar Gníomhaireacht Réigiúnach Fuinnimh a fhorbairt a chuirfeadh tacaíocht ar fáil don tionscal, fiontraíocht, talmhaíocht, pobail agus earnálacha eile chun a bpleananna dícharbónaithe agus a gcur i bhfeidhm a mhéadú agus a luathú. Tá gá le modhanna nua agus nuálacha chun an t-aistriú fuinnimh a mhaoiniú i gcás ina ngiaráiltear cistí poiblí agus príobháideacha, agus ina mbaintear an leas is fearr as deiseanna cistiúcháin náisiúnta agus AE chun tacú le seachadadh tionscadail dícharbónaithe.

7.2.2 Tionchar/Toradh

Molann TEIS go ndéanfaidh na hÚdaráis Áitiúla iniúchadh ar an bhféidearthacht Gníomhaireacht Réigiúnach Fuinnimh a fhorbairt. D'fheidhmeodh a leithéid d'acmhainn mar chomhoibriú réigiúnach idir na hÚdaráis Áitiúla agus mar fhoinse lárnach saineolais chun spriocanna gearrthéarmacha agus meántéarmacha an Phlean um Gníomhú ar son na hAeráide sa réigiún a bhaint amach. Is féidir léi cur leis na líonraí agus na gníomhaíochtaí atá ag na hÚdaráis Áitiúla go léir cheana féin ach oibreoidh sí le gach earnáil, idir phoiblí agus phríobháideach, chun athrú agus infheistíocht a sholáthar.

Dá mbunófaí gníomhaireacht réigiúnach fuinnimh, chinnteodh sé comhoibriú réigiúnach éifeachtach agus cumais fheabhsaithe seachadta, rud a chuirfeadh ar chumas an réigiúin scála na ngníomhaíochtaí a theastaíonn sa Phlean um Gníomhú ar son na hAeráide a bhaint amach. D'fhéadfadh an ghníomhaireacht deiseanna infheistíochta dícharbónaithe a shainaithint agus a mheasúnú agus maoiniú a dhírú ar chistí AE, náisiúnta agus réigiúnacha don réigiún. Éilíonn gach earnáil sa réigiún rochtain ar shaineolas agus samplaí rathúla de thionscadail dícharbónaithe chun tacú le cásanna infheistíochta agus leas a bhaint as cistí an aistrithe ghlais.

Laistigh de réigiún Inbhear na Sionainne, tá an-rath ar Gníomhaireacht Fuinnimh Thiobraid Árann (GFTÁ) agus í ar thús cadhnaíochta maidir leis an aistriú fuinnimh a bhaint amach ó 1998. Tá cumhacht fhairsing aici cheana féin ar fud an réigiúin agus oibríonn sí leis an earnáil phoiblí, pobail, fiontraíocht, FBManna agus lucht tionscail (go pointe níos lú). Bhí ról tábhachtach ag Gníomhaireacht Fuinnimh Luimnigh an Chláir freisin maidir le tacú leis an aistriú fuinnimh ach bhí sainchúram níos cúinge uirthi le blianta beaga anuas. D'fhéadfaí cur leis an eolas agus leis an saineolas sin laistigh den réigiún.

Dá mbunófaí gníomhaireacht réigiúnach fuinnimh (GRF), d'fhéadfaí feithicil a chruthú trínar féidir comhiomlánú mórscaála gníomhaíochta a dhíriú. D'fhéadfadh an Ghníomhaireacht sin díriú ar dtús ar thacú le dícharbónú laistigh d'earnálacha tionscail, talmhaíochta agus fiontraíochta trí aghaidh a thabhairt ar an acmhainneacht a shainaithear sna staidéir PV agus Teas Próisis. Ba cheart go mbeadh sé ina thosaíocht bhreise tacú le pobail inbhuanaithe sa réigiún a n-uaillmhianta a aistriú ina bhFíor thionscadail. Bhí gníomhaireachtaí fuinnimh rathúla lárnach i gcomhoibriú a shlógadh idir earnálacha pobail, frontair agus poiblí, go háirithe chun rochtain a fháil ar chistí, saineolas agus acmhainní chun gníomhaíocht fuinnimh áitiúil a sheachadadh.

Chomh maith leis an acmhainneacht do Ghníomhaireacht Réigiúnach Fuinnimh, tá gá le haird agus tacaíochtaí ar leith chun inbhuanaitheacht na fiontraíochta agus na tionsclaíochta sa réigiún a chinntiú. Tá gá le beartais chumasúcháin chun déileáil le ceist na sreinge príobháidí agus ba cheart breithniú a dhéanamh ar dheiseanna téimh ceantair amach anseo.

Tá nuálaíocht theoranta ann maidir leis an gcaoi ar féidir scálú agus forbairt réitigh fuinnimh inbhuanaithe in Éirinn a mhaoiniú. Cé go bhfáiltítear roimh thionscnaimh ar nós comhoibriú CISE le Caipiteal Solas,⁷³ ní mór i bhfad níos mó a dhéanamh chun cur i bhfeidhm conarthaí feidhmíochta fuinnimh, cuideachtaí soláthair fuinnimh, conarthaí soláthair teasa agus bearta eile a scálú. Is gá aistriú ó bheith ag brath ar chórais tacaíochta deontais phoiblí go réitigh agus uirlisí nua airgeadais a chumascann maoiniú poiblí agus príobháideach. Ní mór saineolas réigiúnach a fhorbairt lena gcomhcheanglaítear eolas ar fud na n-earnálacha acadúla, poiblí agus príobháideacha agus cur le heolas laistigh de réigiúin eile, m.sh. CODEMA.

7.2.3 Iarrataí/Príomh-Ghníomhartha

Gníomh	Úinéir	Dáta Dlite
Scéimeanna Monatóireachta agus Tacaíochta Astaíochtaí Leictreachais		
<ul style="list-style-type: none"> • Réamhaisnéis gach ó mhíar dhéine carbóin an tsoláthair leictreachais, a thabharfaidh: <ul style="list-style-type: none"> » soiléireacht maidir le cén uair a bhainfear na breoslaí iontaise is déine carbóin (gual agus ola bhreosla throm) den eangach náisiúnta ar deireadh; » soiléireacht maidir leis an gcaoi a ndéanfar spriocanna an Phlean Um Ghníomhú ar son na hAeráide maidir le fuinneamh gaoithe ar talamh, gréine agus gaoithe eischósta a sheachadadh bliain ar bhliain go dtí 2030; » soiléireacht maidir le beartais Chomhaontú Glas an AE a chur in úsáid i ndáil le ceadanna pleanála/amlínte próisis a cheadú nach faide ná 12 mhí d'fhoinsí inathnuaithe den sórt sin; 	RCAC	R3 2023

73 [Tá €20 milliún geallta ag CISE do chiste a mhéadóidh éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh agus i dtithe tráchtála. Nasc](#)

<ul style="list-style-type: none"> • Soiléireacht agus cumarsáid leanúnach a chur ar fáil i leith na dtacaíochtaí atá ar fáil do chomhlachtaí ar mian leo infheistiócht a dhéanamh in uasghráduithe teicneolaíochta a laghdóidh a n-astaíochtaí carbóin. 	RCAC	R4, 2023
<ul style="list-style-type: none"> • Treochláir mhionsonraithe maidir le hacmhainn eangaí réigiúnacha, lena léirítear infhaighteacht reatha agus infhaighteacht amach anseo, chun forbairtí fuinnimh in-athnuaite den sórt sin a chumasú. 	RCAC	R4, 2024
<ul style="list-style-type: none"> • Reachtaíocht 'sreang phríobháideach' a chumasú a chuirfear i bhfeidhm chun ligean do thionscadail dícharbónaithe PV fiontraíochta, tionscail agus talmhaíochta dul chun cinn. 	RCAC	R2, 2024
<ul style="list-style-type: none"> • Tacaíochtaí téimh ceantair a bhíonn ag teastáil chun forbairt tionscadail a chumasú ailínithe le deiseanna éilimh/soláthair. 	RCAC	R2, 2024
Dlús a chur le Dícharbónú		
<ul style="list-style-type: none"> • Plean réigiúnach mionsonraithe ina leagtar béim ar na príomhchriosanna inar féidir le forbairt tionscadail tarlú amach anseo, rud a thabharfadh cinnteacht d'fhorbróirí tionscadail. 	RCAC	R3, 2024
<ul style="list-style-type: none"> • Dlús a chur le rannpháirtíocht FBManna le tacaíochtaí reatha agus amach anseo chun pleananna dícharbónaithe costéifeachtacha a imlonnú agus a chur chun feidhme. 	RCAC	R4, 2023
<ul style="list-style-type: none"> • Tacú le Gníomhaireacht Réigiúnach Fuinnimh a bhunú, trí acmhainní agus cumais theicniúla Gníomhaireacht Fuinnimh Thiobraid Árann a leathnú chun cabhrú le gnó, earnáil talmhaíochta agus pobail sa réigiún níos leithne clár dícharbónaithe 2030 a mheas, a fhorbairt agus a imlonnú. 	RCAC	R1, 2024
<ul style="list-style-type: none"> • Measúnú iomlán ar struchtúir agus acmhainní cuí a theastaíonn chun tacaíochtaí gníomhaireachta fuinnimh réigiúnacha a sheachadadh/a fhás faoi R4 2023. Riachtanais mheasta mhaoinithe de €1.5 milliún go dtí 2025 agus €5 milliún go dtí 2030 chun saineolas agus soláthar seirbhíse a mhéadú. 	RCAC	R4, 2024
<ul style="list-style-type: none"> • Údaráis Áitiúla sa réigiún chun tacú le beartha spriocdhírthe sa Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide a chur chun feidhme, ar bhealach a éascaíonn dícharbónú inbhuanaithe agus cost-iomaíoch bhonn tionsclaíoch reatha réigiún an Inbhir. 	Údaráis Áitiúla	Ar siúl faoi láthair
<ul style="list-style-type: none"> • Staidéar a dhéanamh faoi roghanna tacaíochta le forbairtí sa cheantar, lena n-áirítear breithniú faoi tháillí forbartha, rátaí, agus slite eile. Ba chóir don staidéar seo breithniú a dhéanamh faoin dea-chleachtas ar fud na hEorpa. 	Údaráis Áitiúla	R1, 2024

8

Cinnteacht Soláthair agus Costas an Fhuinnimh



Braitheann Inbhear na Sionainne, mar aon leis an gcuid is mó d'Éirinn, ar dhíol bia, earraí monaraithe, seirbhísí agus turasóireachta le margáí thar lear. Tá na táirgí seo íogair ó thaobh praghais de, agus tá roghanna ag ár gcustaiméirí go léir ar fud an domhain.

Le blianta fada tá Éire neamhiomaíoch ar chostas fuinnimh i gcomparáid le tíortha a lorgaíonn muid infheistíocht IDC ó thíortha a ndíolaimid leo, agus i gcomparáid le tíortha a ndíolaimid leo. Le blianta beaga anuas, tá an dúshlán sin níos measa mar gheall ar shaincheist maidir le cinnteacht an tsoláthair atá ina teorainn leis an bhfás eacnamaíoch⁷⁴. De réir mar a tháinig borradh faoin daonra agus faoin aschur eacnamaíoch le deich mbliana anuas, níor choinnigh infheistíocht i mbonneagar suas, agus níor léir aon bharrainneachtaí scála ó thaobh costais fuinnimh de.

Mar thoradh air sin, tá imní ar chuideachtaí seanbhunaithe faoina n-oibríochtaí reatha agus faoina gcumas leathnú. Is riosca suntasach é freisin do IDC a bheith ag breithniú infheistíochtaí in Éirinn, go háirithe do ghléasraí déantúsaíochta agus ionaid sonraí an-uathoibrithe, agus tá an dá cheann acu ríthábhachtach dár dtodhchaí eacnamaíoch⁷⁵. Cuireann Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023 tuilleadh éiginnteachta in intinn na ndaoine a mbímid ag iarraidh orthu infheistíocht a dhéanamh inár réigiún.

Chun an leibhéal fostaíochta is airde atá againn faoi láthair a choinneáil, tá sé ríthábhachtach treochlár náisiúnta soiléir a bheith againn go dtí 2030 lena mbainfear amach cinnteacht an tsoláthair, iomaíochas costais agus dícharbónú de réir spriocanna an Aontais. Tá sé seo thar a bheith tábhachtach do na tionscail i réigiún Inbhear na Sionainne, mar gheall ar a spleáchas an-ard ar onnmhairí atá íogair ó thaobh praghsanna de. Tá infheistíocht IDC i réigiún an Inbhir níos mó ná €10 mbilliún, tacaíonn sí le breis agus 25,000 post díreach, agus teastaíonn os cionn €500 milliún d'infheistíocht nua gach bliain chun fanacht nua-aimseartha. Ní mór do Cheannairí Láithreáin IDC a bheith in ann cás láidir a dhéanamh do 'Cén fáth Éire?' as infheistíocht mhór chaipitil a gcorparáide dá mbainistíocht thar lear, maidir le cinnteacht agus costas fuinnimh.

74 [Dúshlán Iomaíochais na hÉireann 2022, an Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais, 2022. Nasc](#)

75 [Tuarascáil Bhliantúil an GFT 2021, GFT, 2022. Nasc](#)

8.1 Iarrataí/Príomh-Ghníomhartha

Gníomh	Cén fáth	Úinéir	Dáta Dlite
Cinnteacht Soláthair Leictreachaí			
<ul style="list-style-type: none"> A mholadh go bhfoilseoidh RCAC an Tuarascáil 'deiridh' ar Chinnteacht an tSoláthair⁷⁶, a thugann aghaidh go leordhóthanach ar na hábhair imní theicniúla éagsúla a d'ardaigh go leor tráchtairí measúla faoin Tuarascáil Eatramhach i mí Mheán Fómhair 2022. 	Léiríonn tuarascálacha bliantúla Eirgrid go seasta riosca don soláthar leictreachais ⁷⁷ . Tá réimse gníomhartha éigeandála ar bun chun acmhainn giniúna ghearrthéarmach bhreise a chur ar fáil chun freastal ar an easnamh atá aitheanta ag Eirgrid ⁷⁸ . Is iad na tomhaltóirí leictreachais go léir a íocann na costais seo agus is mó an sciar atá ag fostóirí móra – a bhíonn muid ag iarraidh a choinneáil agus a fhás.	RCAC	R3, 2023
<ul style="list-style-type: none"> A mholadh go bhfoilseoidh Eirgrid nuashonrú ar dhul chun cinn, ar bhonn 6 mhí, go dtí go gcuirfeadh muintín ar ais i leordhóthanacht an chórais leictreachais – chun cumhacht a ghiniúint agus an líonra a bheith ann lena dháileadh araon. 	Tá dochar déanta do mhuinín i gcinnteacht an tsoláthair agus tá an mhuinín sin rithábhachtach chun fostóirí a choinneáil agus chun cur lena líon sa réigiún seo.	RCAC	R3, 2023
<ul style="list-style-type: none"> A mholadh go n-aithneofar an bonneagar eangaí riachtanach comhfhreagrach don réigiún seo sa tuarascáil nuashonraithe 'ATLM'⁷⁹ lena chur chun feidhme. 	Níor tógadh aon línte tarchuir incriminteacha in Éirinn le breis agus 15 bliana. Idir an dá linn, chonacthas i réigiún an Inbhir infheistíocht de roinnt billiún euro ina bhonn déantúsaíochta.	RCAC	R3, 2023

76 [Athbhreithniú ar Chinnteacht Soláthair Fuinnimh chórais leictreachais agus gás nádúrtha na hÉireann, An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, 2022. Nasc](#)

77 [Tuarann EirGrid Dúshlán Soláthair Leictreachais sna Blianta Amach Romhainn le foilsiú na Príomhthuarascála, Eirgrid, 2021. Nasc](#)

78 [Iarratais a fuair an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide faoi Alt 4 den Acht um Fhorbairt \(Giniúint Leictreachais Éigeandála\), 2022, An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, 2023. Nasc](#)

79 [Ár dTadhchaí Leictreachais a Mhúnlú, Eirgrid, 2022. Nasc](#)

<ul style="list-style-type: none"> • A mholadh go dtuairisceoidh Eirgrid gach bliain ar an acmhainn giniúna agus dáilte leictreachais atá ar fáil do thionscail atá ann cheana féin inar féidir leo leathnú, agus chun go meallfaí tionscail nua chuig réigiún Inbhear na Sionainne. Tuigimid go gcuireann dlínsí eile é sin ar fáil agus ba cheart d'Éirinn amhlaidh a dhéanamh ionas gur féidir le gineadóirí cumhachta agus úsáideoirí móra cinntí infheistíochta eolasacha a dhéanamh, muiníneach go bhfuil nó go mbeidh soláthar eangaí ar fáil. 			
<ul style="list-style-type: none"> • A mholadh go ndéanfaidh RCAC soiléiriú ar an mBeartas um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023 d'Úsáideoirí Móra Leictreachais⁸⁰ (EL/23/27) ina sonraítear an gá atá le 'bainistiú ar thaobh an éilimh' suas le 20% faoi 2025 agus 30% faoi 2030, agus 'táthar ag súil go ndéanfaidh MÚFanna (Mórúsáideoirí Fuinnimh) ranníocaíocht chomhréireach níos airde i dtreo na sprice'. 	<p>Ní léir cén tionchar gearrthéarmach agus meántéarmach atá ag beartais an Rialtais ar an tionscal as a dtagann éiginnteacht faoi infheistíocht amach anseo. Tá infheistíocht thionsclaíoch reatha sa réigiún thart ar €300–€500 milliún in aghaidh na bliana.</p>	<p>RCAC</p>	<p>R3, 2023</p>


80 [Plean an Ghníomhú ar son na hAeráide 2023, An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, 2023, Nasc](#)

Iomaíochas Costas Fuinnimh			
<ul style="list-style-type: none"> A mholadh go dtugtar sa tuarascáil deiridh 'Cinnteacht an tSoláthair' soiléireacht maidir leis an gcaoi a mbainfear amach cinnteacht soláthair do sholáthairtí gáis isteach i gcóras na hÉireann ó thaobh soláthair agus stórála de. A mholadh gur chóir don Rialtas a sheasamh maidir le hiompórtáil agus stóráil GNL (gás nádúrtha leachtaithe) a chinntiú agus a fhoilsiú mar ábhar práinne i bhfianaise a thábhachtaí atá sé sin dár réigiún ar leith. 	<p>Is é gás nádúrtha an breosla aistrithe go neodracht a bhfuil glacadh leis agus soláthraíonn sé an tsolúbthacht agus an cúltaca a theastaíonn ón eangach don mheántearma. Éilíonn go leor fostóirí móra sa réigiún gás le haghaidh teas próisis. Chun dul san iomaíocht ar fud an domhain, ní mór don ghás seo a bheith slán, iomaíoch ó thaobh costais de, agus níos glaise.</p>	<p>RCAC</p>	<p>R3, 2023</p>
Iomaíochas Costas Fuinnimh			
<ul style="list-style-type: none"> A mholadh go bhfoilseoidh an Rialtas treochlár mionsonraithe de bhearta a thugann praghsanna leictreachais na hÉireann ar ais go dtí an meán Eorpach ar a laghad. A mholadh nach gcuireann an rialtas ualach ar an tionscal leis na costais incriminteacha a bhaineann le soláthairtí leictreachais éigeandála a sholáthar atá le cur ar fáil in 2023/24. 	<p>Is tráchtearraí go leor de na táirgí a tháirgtear i réigiún an Inbhir nó tá siad an-íogair ó thaobh praghais de.</p> <p>De réir Eurostat, tá praghsanna leictreachais na hÉireann 22% os cionn mheán an AE⁸¹. Thug Coimisinéir Fuinnimh an AE le fios, i mí an Mheithimh 2022, go raibh costais tarchurtha agus dáileacháin in Éirinn an-ard. Níl siad seo ag brath ar chostas fuinnimh agus níor tógadh aon línte tarchuir nua le breis agus 15 bliana. Tá ár gcumas déantúsaíochta uathoibríthe nua-aimseartha a mhealladh go mór faoi réir praghsanna leictreachais agus gáis vs tíortha iomaitheora.</p> <p>Tá soláthairtí leictreachais éigeandála á gcur ar fáil anois mar gheall ar theip an Rialtais soláthar a chinntiú d'fhás tionsclaíoch.</p> <p>Dá bhrí sin, níor cheart go n-iarrfaí ar an tionscal íoc as an teip sin, thar na gnáthrátaí.</p>	<p>RCAC</p>	<p>R3, 2023</p>

81 [Staitisticí maidir le praghsanna leictreachais - Staitisticí Míithe, Eurostat, 2022. Nasc](#)

9

Iompar, Lóistíocht agus Nascacht



Le linn a chomhairliúcháin fhairsinge le páirtithe leasmhara, d'aithin an Tascfhórsa dúshláin an lae inniu agus deiseanna na forbartha eacnamaíche amach anseo d'Inbhear na Sionainne. Aithníonn an foghrúpa Iompair, Lóistíochta agus Nascachta bearnaí dícharbónaithe agus nascachta mar dhúshláin láithreacha an réigiúin ar gá aghaidh a thabhairt orthu sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma. Ina theannta sin, beidh cumas an réigiúin leas a bhaint as an deis shuntasach a bheith ina Mhol Eorpach d'fhuinneamh in-athnuaite glan trí leas a bhaint as FTE (fuinneamh tonnta eischósta) ag brath ar bhonneagar cumasúcháin ríthábhachtach, a bhfuil líonraí iompair agus nascachta ina gcuid thábhachtach de. Mar thoradh ar an uaimhian FTE seo, a luaithe a fhíorófar é, leathnófar an bonn tionsclaíoch iartheachtach, rud a fhágfaidh, le himeacht ama, fás suntasach ar an daonra agus ar an lucht saothair ar fud an Inbhir; is rud é seo a mhaíonn an Tascfhórsa go gcaithfidh an réigiún a bheith ullamh dó.

Díríonn an Creat Náisiúnta Pleanála ar fhás daonra idir 50,000 agus 50,000 to 55,000⁸² faoi 2040 i limistéar cathrach Luimnigh sula gcuirtear san áireamh tionchar fáis tionscal gaoithe eischósta nua san Inbhear. Tugann na meastacháin reatha le fios go nginfear 50,000 post breise i dtionscal na gaoithe eischósta agus a choimhdeacha faoi 2050, rud a chiallaíonn go bhfuil fás daonra i bhfad níos mó ná mar atá tuartha faoi láthair do réigiún Inbhear na Sionainne, go háirithe nuair a chuirtear na teaghlaigh a bhaineann leis na hoibrithe nua seo san áireamh. Chomh maith leis na ceanglais bhonneagair chumasúcháin a saináithníodh le haghaidh seachadadh gaoithe eischósta in alt 6.3, d'aithin an Tascfhórsa an gá atá le bonneagar criticiúil réigiúnach chun tacú leis an leathnú réamh-mheasta sin, lena n-áirítear bonneagar iompair agus digiteach.

Beidh líonra iompair agus nascachta ilmhódach agus comhtháite laistigh d'Inbhear na Sionainne, a nascann leis an gcuid eile d'Éirinn, agus leis an Eoraip/an domhan ina bhunchloch d'fhorbairt inbhuanaithe eacnamaíoch agus dhéimeagrafach sa réigiún. Is féidir le forbairt bonneagar straitéiseach san Iarthar Láir cabhrú freisin chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin náisiúnta. Is í an fhís atá againn gur féidir le réigiún Inbhear na Sionainne, trí infheistíocht réamhghníomhach a dhéanamh i mbonneagar, rannchuidiú suntasach a chur ar fáil do gheilleagar na hÉireann agus dá spriocanna dícharbónaithe amhail astaíochtaí iompair a laghdú 50% faoi 2030.

82 [Tionscadal Éireann 2040 – An Creat Náisiúnta Pleanála, RTRÁO, 2018. Nasc](#)

Creideann an Tascfhórsa gur féidir le réigiún an Inbhir réiteach a chur ar fáil don chósta thoir atá ag éirí níos plódaithe chun earraí, daoine agus sonraí a iompar. Is féidir leis cothromaíocht réigiúnach agus caighdeán maireachtála níos fearr a chur ar fáil dár saoránaigh go léir.

Téama athfhillteach a eascraíonn as comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara sa Tascfhórsa, cé go bhfuil obair luachmhar á déanamh ag comhlachtaí ar leith ar fud an réigiúin ó thaobh forbairt bonneagair de, go bhfuil comhordú de dhíth ar an obair chun fis níos soiléire a thabhairt ar réigiún idirnasctha. Ina theannta sin, leagadh béim sna comhairliúcháin ar mhíchothromaíocht shoiléir réigiúnach i sreafaí daoine, earraí agus sonraí ar fud na tíre; mar shampla, san eitlíocht, láimhseáil Aerfort Bhaile Átha Cliath 84% de na heitiltí go léir in 2022, agus ó thaobh lasta de, tagann 52% den trácht a thaistealaíonn go Calafort Bhaile Átha Cliath ó níos mó ná 70 km ón gcalafort, agus tá 38% den trácht ón gcalafort ceaptha dul 70 km nó níos mó ón gcalafort. Sa spás digiteach, tá 65 de na 70 ionad sonraí oibríochtúla in Éirinn i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath.

Chun aghaidh a thabhairt ar an éagothroime réigiúnach sin, agus freisin bonneagair chriticiúla iompair, lóistíochta agus dhigiteacha a bheith á gcur ar fáil do réigiún Inbhear na Sionainne agus do thionscal gaoithe eischósta an Atlantaigh amach anseo, molann an Tascfhórsa go ndíreodh máistirphleanáil bhonneagair sa réigiún ar thrí chroíchólún.

- **Gluaiseacht Daoine**

Moltar córas iompair ilmhódach inbhuanaithe agus comhtháite⁸³ bunaithe ar chomhairle ó Choiste Stiúrtha Inbhear na Sionainne atá beartaithe, a leagtar amach in alt 11.4. Cosúil le struchtúr Choiste Stiúrtha an Phlean Fiontraíochta Réigiúnaigh, tabharfaidh sé seo le chéile na príomhpháirtithe leasmhara sa réigiún, lena n-áirítear na húdaráis Áitiúla, chun fis iomlánaíoch a chur ar fáil do riachtanais bhonneagair laistigh d'Inbhear na Sionainne. Is é an uaillmhian a bheidh ann aghaidh a thabhairt ar dtús ar na bearnaí sa nascacht iompair atá ann cheana, agus ar an dara dul síos, an bonneagar riachtanach a shaináithint a chuirfidh ar chumas an réigiúin a ról a imirt maidir leis an acmhainneacht eacnamaíoch a uasmhéadú a bhaineann le spriocanna gaoithe eischósta an Stáit de 37 GW faoi 2050. Áirítear leis seo bóithre, iarnród, calafoirt/aerfoirt, srl. Mar chuid den cholún seo, moltar freisin go bhféachfaí ar an deis chun BELna (breoslaí eitlíochta inbhuanaithe) a tháirgeadh i réigiún Inbhear na Sionainne mar bhealach féideartha chun margadh a dhéanamh do FLOW chomh maith le breosla glas inacmhainne a bhítear a tháirgeadh go háitiúil a sholáthar don earnáil eitlíochta mhéadaitheach.

83 Chun críocha na tuarascála seo, tagraíonn "inbhuanaithe" d'úsáid leictribhreoslaí, feithiclí leictreacha/hibrideacha, agus digitíú méadaithe san earnáil iompair. Tagraíonn "ilmhódach" do bhogadh ar shiúl ón diriú trom ar iompar bóthair le haghaidh gluaiseacht earraí agus daoine. Tagraíonn "Comhtháite" don éascaíocht nascachta idir modhanna éagsúla iompair do dhaoine agus d'earraí.

- **Gluaiseacht Earraí**

Moltar Mol Náisiúnta Lóistíochta i réigiún Inbhear na Sionainne, ag tógáil ar phleananna fairsinge forbartha ag port na Sionainne–Fhainge agus an bonneagar atá ann cheana ag Aerfort na Sionna, chomh maith le críochfort lastais Thairseach Iarthair Acomhal Luimnigh atá beartaithe ag Iarnród Éireann, a bheidh ina mhol tábhachtach a nascaidh ceantar an Inbhir le Deisceart agus le hOirdheisceart na tíre. De thairbhe an infreastruchtúir nua agus uasghrádaithe a theastaíonn chun tacú leis an Mol Náisiúnta Lóistíochta agus le críochfort Acomhal Luimnigh Iarnród na hÉireann (bóthar, iarnród, srl.) déanfar nascacht paisinéirí sa réigiún a fheabhsú laistigh den réigiún, agus le réigiúin eile.

- **Gluaiseacht Sonraí**

Moltar Máistirphlean Digiteach don réigiún. Ba cheart go nglacfaí cur chuige iomlánaíoch ina leith sin agus go gcuimseofaí lárionaid sonraí, rolladh amach 5G, agus líonra sonraí trastíre sa réigiún. Trí chur chuige den sórt sin, féachfar chuige go mbeidh seasamh na haimsire i mbonneagar digiteach an réigiúin a fheastalóidh ar riachtanais an tionscail agus na sochaí.

9.1 Córas Iompair Inbhuanaithe Comhtháite

9.1.1 Loighic/Réasúnaíocht

Aithníonn an Tascfhórsa an gá atá le cur chuige comhtháite maidir le pleanáil bonneagair timpeall ar Inbhear na Sionainne chun an leas is fearr is féidir a bhaint as an acmhainneacht eacnamaíoch a bhaineann le huailmhian an Stáit 37 GW de ghaoth amach ón gcósta a sheachadadh faoi 2050. Leagtar amach in alt 6.5 an gá atá le Pleanáil Straitéiseach Talún timpeall an Inbhir chun pleanáil chomhordaithe ag na hÚdaráis Áitiúla faoi seach a chumasú bunaithe ar riachtanais an réigiúin níos leithne. Áirítear leis sin forbairt a dhéanamh ar an mbonneagar is gá chun go dtarlóidh an fás réamh-mheasta daonra agus chun tacú leis. Colún tábhachtach den iarracht chomhordaithe seo is ea pleanáil agus bainistiú iompair a cheadóidh córas iompair comhtháite inbhuanaithe a sholáthar. Caithfear an phleanáil seo a dhéanamh i gcomhthéacs sprioc na hÉireann maidir le hastaíochtaí carbóin a laghdú 50% don eanáil iompair.

Tugann an Tascfhórsa dá aire roinnt tionscadal atá beartaithe do réigiún Inbhear na Sionainne ag na comhlachtaí iompair éagsúla agus aithníonn sé an gá atá lena seachadadh comhordaithe agus luathaithe mar ní hamháin go bhfuil siad riachtanach chun tacú le forbairt eacnamaíoch an réigiúin amach anseo, ach freisin chun feabhas a chur ar cháilíocht na beatha don lucht saothair agus don daonra sa réigiún atá ann faoi láthair agus a bheidh ann sa todhchaí.

Sainithníodh i gcomhairliúcháin le páirtithe leasmhara an gá atá le straitéisí agus pleananna iompair náisiúnta agus réigiúnacha atá ann cheana a nascadh faoi phlean comhordaithe do réigiún níos leithne Inbhear na Sionainne. Tá pleanáil iompair leagtha amach ag leibhéal náisiúnta ag Tionscadal Éireann 2040⁸⁴, an Creat Náisiúnta Pleanála⁸⁵, an Plean Forbartha Náisiúnta⁸⁶, agus an Beartas Náisiúnta Calafort⁸⁷, a bhfuil béim straitéiseach acu go léir ar shoghluaisteacht inbhuanaithe. Tá sé seo leabaithe tuilleadh i bPlean Téarnaimh Eacnamaíoch 2021⁸⁸.

Ar an leibhéal réigiúnach, tacaítear le pleanáil chomhtháite iompair trí Straitéisí Eacnamaíocha Réigiúnacha agus Spásúla (SERS Chomhthionól Réigiúnach an Deiscirt⁸⁹) chomh maith le Straitéisí Iompair Limistéar Cathrach, agus Straitéis Iompair Limistéar Cathrach Luimnigh na Sionainne⁹⁰ atá suite laistigh de réigiún Inbhear na Sionainne. I measc na bpríomhpháirtithe leasmhara a bhfuil baint acu le tionscadail iompair talún a chur i bhfeidhm agus a oibriú tá Bonneagar Iompair Éireann, an tÚdarás Náisiúnta Iompair, na ceithre údarás áitiúla, Iarnród Éireann, Bus Éireann, Nasc Áitiúil IÉ, chomh maith le hoibreoírí príobháideacha. Éilítear sa Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023 rialachas feabhsaithe, go háirithe ar leibhéal na n-údarás áitiúil, le haghaidh comhfhorbairt áite fheabhsaithe agus inrochtaineacht inbhuanaithe agus athrú ar chur chuige ó phleananna forbartha go pleananna limistéarbhunaithe. I gcomhair ceaduithe nua do thionscadail iompair ba ghá tionchair aeráide, shóisialta agus thimpeallachta chomh maith le luach ar airgead a chur san áireamh.

Ó thaobh nascacht aeir de, ní mór scála Aerfort na Sionna le nascacht Eorpach agus thras-Atlantach a aithint mar mhol ríthábhachtach sa réigiún le haghaidh nascacht idirnáisiúnta gnó agus cuairteoirí. Aithníonn an Tascfhórsa an gá atá le líonra leathnaithe bealaí a nascann le moil ghnó a bhfuil tábhacht straitéiseach leo, chomh maith le nascacht iompair fheabhsaithe chuig an Aerfort agus uaidh, mar go bhfuil sé ríthábhachtach chun tacú leis na boinn thionsclaíocha agus daonra atá ann cheana agus atá leathnaithe agus atá réamh-mheasta don réigiún.

84 [Tionscadal Éireann 2040 – Todhchaí na hÉireann a Thógáil. Nasc](#)

85 [Tionscadal Éireann 2040 – An Creat Náisiúnta Pleanála, RTRÁO, 2018. Nasc](#)

86 [Plean Forbartha Náisiúnta 2021 – 2030, RCPA, 2021. Nasc](#)

87 [Beartas Náisiúnta Calafort, An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, 2013. Nasc](#)

88 [Plean Téarnaimh Eacnamaíochta, Roinn an Taoisigh, 2021. Nasc](#)

89 [Straitéis Réigiúnach Spáis agus Eacnamaíochta, Tionól Réigiúnach an Deiscirt, 2020. Nasc](#)

90 [Straitéis Iompair Limistéar Cathrach Luimnigh | na Sionainne 2040, an tÚdarás Náisiúnta Iompair. Nasc](#)

Áitíonn an Tascfhórsa freisin gurb í an tSionainn, a bhfuil ceann de na pobail aeraspáis agus eitlíochta is mó in Éirinn aici, oidhreacht láidir sa nuálaíocht, agus cóngarach d'fhoinsí fuinnimh in-athnuaite, an suíomh idéalach chun an teicneolaíocht a bhaineann le heitlíocht inbhuanaithe a fhorbairt agus a thástáil, lena n-áirítear aerárthaí Ceallra-Leictreacha, eVTOLs (aerárthaí leictreacha éirí agus tuirlingt cheartingearach) agus ingearfoirt (FMCI), BEI, agus hidrigin ghlas don eitlíocht. Dála Shaotharlann Bheo Inbhear na Sionainne atá beartaithe do FLOW atá leagtha amach in alt 6.6.1.1, molann an Tascfhórsa go bhforbrófaí agus go maoineofaí tionscadail taispeántais eitlíocht inbhuanaithe mar chuid de Shaotharlann Bheo ag Aerfort na Sionna.

Beidh infhaighteacht leictribhreaslaí ina cuid lárnach d'áirithiú inbhuanaitheacht chóras iompair an réigiúin amach anseo, agus trína chomhairliúcháin, d'aithin an Tascfhórsa riachtanas méadaitheach tionscal eitlíochta le haghaidh BEInna. Tá deis ann bealach chun margaidh a chruthú don fhuinneamh glas trí BEInna a tháirgeadh sa réigiún; mar sin féin, tá go leor dúshlán ann, idir eacnamaíoch agus theicneolaíoch, a gcaithfí aghaidh a thabhairt orthu maidir le táirgeadh agus éileamh BEI.

Tá sprioc dhearbhaithe ag tionscal na heitlíochta, arb ionann é agus 2.3% d'astaíochtaí CO₂ domhanda, glanastaíochtaí nialasacha a bhaint amach faoi 2050. I measc an iliomad gníomhaíochtaí a sainaitníodh chun neodracht a bhaint amach, meastar go forleathan gurb é úsáid BEI an luamhán aonair is mó chun astaíochtaí san earnáil eitlíochta a laghdú suas le 65% faoi 2050. Tá dúshlán shuntasacha ann don tionscal ó thaobh infhaighteacht agus costas BEInna i gcomparáid le gnáthbhreasla eitlíochta.

Ó thaobh acmhainn táirgthe agus éilimh de, tá tionscal BEI ag céim luath forbartha agus tá an úsáid reatha laistigh den AE ag leibhéal diomaibhseach. Tá cineálacha éagsúla cur chuige beartais ann chun glacadh BEI idir SAM agus an Eoraip a chur chun cinn. Sna Stáit Aontaithe, díródh ar dhreasachtaí a chur ar fáil chun táirgeadh a mhéadú. San Eoraip, díritear ar an éileamh a spreagadh trí shainorduithe íosta BEI a thabhairt isteach lena thogra reachtach ReFuelEU, a bhfuiltear ag súil go gcomhaontófar é sa dara leath de 2023. Spreagtar BEI a thuilleadh faoi thograí reachtacha Eorpacha gaolmhara eile amhail an treoir athbhreithnithe maidir le cánachas fuinnimh lena ndíolmhaítear BEI ó chánachas ar feadh idirthréimhse 10 mbliana, agus ráta i bhfad níos ísle ina dhiaidh sin ná an ráta i gcás gnáthbhreasla eitlíochta.

Tá gá le straitéis náisiúnta BEI chun go gcuirfí san áireamh riachtanais faoi na tograí éagsúla sin de chuid an Aontais chomh maith leis an mBeartas maidir le Breoslaí In-athnuaite don lompár agus Beartas Náisiúnta Eitlíochta nuashonraithe atá beartaithe do 2023.

9.1.2 Tionchar/Toradh


Cinnteadh comhordú ar leibhéal réigiúnach na Pleanála Comhtháite Iompair go gcuirfear i bhfeidhm go hiomlán agus go tapa na pleananna forbartha bonneagair atá ann cheana mar atá faofa faoin bPlean Forbartha Náisiúnta agus faoin gCreat Náisiúnta Pleanála. Fáiltíonn an Tascfhórsa roimh thiomantas an Rialtais tús áite a thabhairt do Scéim Bóithre Luimnigh go Faing a thabhairt chun críche, scéim a chaithfear a chur i gcrích chomh gasta agus is féidir. Tugaimid faoi deara freisin pleananna SFPC (Airgeadas Inbhuanaithe agus Cosaint Aeráide) do chalafort domhainmhara ar Oileán Fhainge agus tacaímid leo. Ní mór mótarbhealach an M20 idir Corcaigh agus Luimneach, chomh maith le seachbhealaí Áth Dara agus Lios Tuathail, a thógáil go pras chun Conair Dhigiteach Ghlas an Atlantaigh a leathnú ar bhealach inchreidte feadh chósta thiar na hÉireann ar fad. Tá ról Aerfort na Sionna ríthábhachtach d'fhorbairt eacnamaíoch an réigiúin, agus dá bhrí sin iarrtar dlús a chur le Scéim Feabhsúcháin Bóithre Rochtana Aerfort na Sionna N19. Ina theannta sin, cuirfidh scéim bheartaithe an N24 ó Luimneach go Port Láirge feabhas mór ar nascacht réigiún an Inbhir san Oirdheisceart, ar príomhchonair eacnamaíoch í do réigiún an mheán-iarthair, agus feabhsóidh sé nascacht réigiún an Inbhir ar aghaidh go Ros Láir, agus príomhchalafóirt na hEorpa.

Sainaitheofar i gcreat pleanála uileghabhálach do chóras iompair an réigiúin bearnaí sna pleananna agus sna straitéisí atá ann cheana, go háirithe i gceantair níos iargúlta ar fud an Inbhir, agus i dtéarmaí nascacht idir-réigiúnach. Ní mór tuilleadh infheistíochta in inrochtaineacht don réigiún seo a úsáid anois chun leas a bhaint as gaoth an Atlantaigh. Ar an taobh thuaidh den Inbhear, iarraimid go ndéanfaí uasghrádú ar an N68 ó Inis go Cill Rois mar thosaíocht i bhfianaise na bhforbairtí atá beartaithe ag BSL ag Gob na Muine, agus chun rochtain a fheabhsú do mhuintir na háite agus do thurasóirí ar an Inbhear thuaidh.

Aithníodh in ailt 6.5 agus 6.6 an deis SFSanna agus ionaid taighde i réigiún Inbhear na Sionainne agus sa cheantar máguaird a shainaitheint agus beidh nascacht uasghrádaithe bóithre agus iarnróid ag teastáil uathu sin. Tá gá le conair iompair agus bóthair faoisimh i dtuaisceart na cathrach a chabhróidh le róphlódú tráchtá i lár chathair Luimnigh a fhuascailt, a éascóidh an t-aistriú módach ó charr príobháideach a theastaíonn chun tacú leis an infheistíocht rialtais atá beartaithe sa taisteal gníomhach agus san iompar poiblí, agus a bheidh ina chumasóir ríthábhachtach do nascacht éiceachórais le hinstiúidí acadúla an réigiúin, ionaid T&F, agus slabhra soláthair éiritheach an tionscail FLOW. Dá bhrí sin, iarrann an Tascfhórsa go ndéanfaí athmhachnamh ar Bhóthar Dáileacháin Thuaisceart Luimnigh, mar a moladh ar dtús i Straitéis Réigiúnach Spáis agus Eacnamaíochta an Deiscirt. Is iad airí an bhóthair faoisimh atá beartaithe 10 km, carrbhealach singil, 60 kmsu, tosaíocht bus ag acomhail agus cosán/rotharbhealach leithscartha.


Ar an taobh theas den Inbhear, molann an Tascfhórsa go ndéanfaí measúnú ar thionscadail iarrnóid agus bhóthair chun nascacht idir Luimneach agus Ciarraí Thuaidh (Baile Longfoirt, Lios Tuathail agus eile) a fheabhsú, lena n-áirítear seachbhealaí N21 an Chaisleáin Nua Thiar agus Mhainistir na Féile. Ina theannta sin, ba cheart scrúdú a dhéanamh freisin ar an ról a d'fhéadfadh a bheith ag Aerfort Chiarraí maidir le freastal ar nascacht réigiúnach amach anseo.

Cinntoidh planáil iompair chomhordaithe ar an leibhéal réigiúnach go mbainfear comhtháthú idirmhódúil amach agus tionscadail bhonneagair agus seirbhísí iompair nua á gcur chun feidhme. Ba cheart go mbeadh seirbhísí iarrnóid agus bus idirchathrach feabhsaithe go Baile Átha Cliath, Corcaigh, Port Láirge, Gaillimh, agus seirbhís bus réigiúnach/áitiúil leathnaithe timpeall Inbhear na Sionainne faoi 'Éire a Nascadh' mar phríomhbhuntaístí leis sin. Go háirithe, measann an Tascfhórsa go bhfuil nasc iarrnóid le hAerfort na Sionna, an nasc iarrnóid lastais go Faing tugtha ar ais (le huasghrádú amach anseo do phaisinéirí), agus feabhsuithe ar chonair Luimnigh go Port Láirge rithábhachtach chun tacú leis an bhfás eacnamaíoch agus déimeagrafach a bhfuiltear ag súil leis sa réigiún. Beidh forbairt bhreise ar bhonneagar iarrnóid rithábhachtach freisin chun soghluaisteacht inbhuanaithe a bhaint amach sa réigiún. Léirigh comhairliúcháin le hIarrnóid Éireann forbairtí féideartha líonra iarrnóid amach anseo ar fud réigiún Inbhear na Sionainne a ndéantar iarrann an Tascfhórsa leis seo go ndéanfaí iad a mheas anois, agus breithniú a dhéanamh ar an méid is féidir a sheachadadh mar chuid de phlean soghluaisteachta inbhuanaithe paisinéirí do Chorn Ryder in 2027.



Fíor 13: Gréasán iarrnóid a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo timpeall réigiún Inbhear na Sionainne (Foinse: Iarrnóid Éireann)

Tacaíonn an Tascfhórsa go láidir leis an ngréasán iarnróid fo-uirbeach atá beartaithe i Straitéis Iompair Limistéar Cathrach Luimnigh na Sionainne mar phríomhphiosa de nascacht idirmhódúil an réigiúin ghinearálta:



Fíor 14: Léarscáil de Bhealach Iarnróid Fo-uirbeach Críochnaithe Féideartha Luimnigh-na Sionainne (Foinse: Iarnród Éireann)

Leis an gcreat comhtháite pleanála iompair inbhuanaithe atá beartaithe, beifear in ann é sin go léir a fhíorú trí struchtúr a chur ar fáil a thabharfaidh le chéile na príomhpháirtithe leasmhara iompair agus nascachta chun straitéisí iompair ar fud an réigiúin amach anseo a fhorbairt. Mar chuid de sin, tá deis ann Tionscadail Chlár Pathfinder a shainaithint a d'fhéadfaí a fhorbairt faoin mBeartas Náisiúnta um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe.

Maidir leis an inbhuanaitheacht, ní hamháin go gcuirfidh gréasán iompair amach anseo sa réigiún arna chumhachtú ag leictribheoslaí agus feithiclí leictreacha ceallra go mór le spriocanna náisiúnta laghdaithe astaíochtaí iompair ach cuirfidh sé úsáid deiridh ar fáil freisin don fhuinneamh in-athnuaite glan flúirseach a tháirgfeadh sa réigiún. Is deis shuntasach é táirgeadh leictribheosla don réigiún, agus aithnítear BEInna go háirithe mar thionscal nua féideartha in Inbhear na Sionainne. Tar éis dul i gcomhairle go forleathan leis an earnáil eitlíochta, molann an Tascfhórsa go ndéanfaí creat beartais náisiúnta a thacaíonn le BEI in Éirinn a fhorbairt faoi chuimsiú phlean forfheidhmithe na Straitéise Hidrigine atá le teacht. Meastar go bhféadfaidh hidrigin ghlas a bheith freagrach as suas le 70% de chostas táirgthe BEI agus dá bhrí sin is í an príomhchumasóir don tionscal í.

Tabharfaidh BEI a mhonaraítear in Éirinn cinnteacht do thionscal na heitlíochta; mar náisiún oileáin, cuireann táirgeadh BEI cinnteacht bhreosla agus rochtain iomaíoch leanúnach ar ár margaí idirnáisiúnta. Ón taobh réigiúnach de, déanfaidh comhshuíomh tionscail táirgthe BEI le táirgeadh hidrigin ghlas in Inbhear na Sionainne na tairbhí don daonra áitiúil a uasmhéadú trí mhargadh baile láidir áitiúil a chruthú don hidrigin ghlas agus spreagfaidh sé infheistíocht idirnáisiúnta agus cruthú post sa réigiún.

Agus é á aithint gur tionscal atá éiritheach é tionscal BEI, molann an Tascfhórsa freisin go gcuirfí maoiniú ar fáil do thionscadal BEI ar leibhéal náisiúnta atá lonnaithe san Inbhear chun foghlaim a chumasú i dtéarmaí barrfheabhsú na teicneolaíochta, an bhonneagair, an tslabhra soláthair agus an scálú táirgeachta atá le baint amach.

9.1.3 Iarrataí/Príomh-Ghníomhartha

Gníomh	Úinéir	Dáta Dlite
<ul style="list-style-type: none"> • Creat Comhtháite um Pleanáil Iompair Inbhuanaithe a fhorbairt don réigiún ina gcuirtear san áireamh na beartais náisiúnta agus na straitéisí réigiúnacha atá ann cheana ar fud gach modh iompair. 	Coiste Stiúrtha Inbhear na Sionainne i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair, TII, Iarnród Éireann, Bus Éireann, Nasc Áitiúil IÉ	R3, 2024
<ul style="list-style-type: none"> • Maoiniú le cur ar fáil faoin bPlean Forbartha Náisiúnta chun na tosaíochtaí láithreacha atá aitheanta ag an bpróiseas seo a bhaint amach. 	An Roinn Iompair agus an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide	Ar siúl ó R1, 2024
<ul style="list-style-type: none"> • Na tionscadail seo a leanas a sheachadadh atá riachtanach chun tacú le riachtanais ghnó atá ann cheana agus iad ag ullmhú do FLOW an Atlantaigh, chun soghluaisteacht inbhuanaithe ilmhódach paisinéirí a chumasú, chun tacú le tionscnaimh turasóireachta amhail forbairt na nGlasbhealaí a aibhsítear in alt 10.1.1 den tuarascáil seo, agus mar ullmhúchán do Chorn Ryder 2027: 	Coiste Stiúrtha Inbhear na Sionainne i gcomhar leis na hÚdaráis Áitiúla, an Údarás Náisiúnta Iompair, TII, Iarnród Éireann, Bus Éireann, Nasc Áitiúil IÉ	

<p>Tionscadail le cur i gcrích faoi 2027</p> <ul style="list-style-type: none"> » Scéim Bóithre ó Luimneach go Faing (seachbhóthar Áth Dara san áireamh) i gcomhréir le rialacháin TEN-T lena n-éilítear ceangal faoi 2030; » Iarnród Fhainge (le huasghrádú do phaisinéirí amach anseo); Líne Lastais i gcomhréir le rialacháin TEN-T lena n-éilítear ceangal faoi 2030 » Bóthar Dáileacháin Thuaisceart Luimnigh (tionscadal tosaíochta a aithníodh i Straitéis Réigiúnach Spais agus Eacnamaíochta an Deiscirt); » Scéim Feabhsúcháin Bhóthar Rochtana Aerfort na Sionna N19; <p>Tionscadail curtha i gcrích faoi 2027-30</p> <ul style="list-style-type: none"> » Luimneach go Corcaigh M20; » Inis go Cill Rois/Gob na Muine N68 » Uasghrádú ar Bhóthar Fhainge go Lios Tuathail/ Baile an Longfoirt » Uasghrádú an N24 ó Luimneach go Port Láirge; » Seachbhóithre an Chaisleáin Nua Thiar agus Mhainistir na Féile N21 ; » Aerfort na Sionna a nascadh leis an ngréasán iarnróid; » Calafort domhainmhara Fainge ar Oileán Fhainge. 		2027
<ul style="list-style-type: none"> • Tacaíocht rialtais do líonra leathnaithe bealaí a nascann Aerfort na Sionna le moil ghnó a bhfuil tábhacht straitéiseach leo, chomh maith le nascacht iompair fheabhsaithe chuig an Aerfort agus uaidh. 	An Roinn Iompair	R4, 2023
<ul style="list-style-type: none"> • Grúpa oibre trasrannach a bhunú faoi struchtúir forfheidhmithe Straitéis na Hidrigine Glaise chun Straitéis Náisiúnta BEI a fhorbairt, i gcomhairle leis an tionscal. 	An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (le hionchur ón Roinn Iompair agus Tionscail agus páirtithe leasmhara acadúla)	R4, 2023

<ul style="list-style-type: none"> Tionscadal taighde BEI ar leibhéal náisiúnta atá bunaithe in Inbhear na Sionainne chun foghlaim a chumasú i dtéarmaí barrfheabhsú na teicneolaíochta, an bhonneagair, an tslabhra soláthair agus scálú táirgeachta a bhaint amach. 	<p>An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (le hionchur ón Roinn Iompair agus Tionscail agus páirtithe leasmhara acadúla)</p>	<p>R1, 2024</p>
<ul style="list-style-type: none"> Cuirfear maoiniú TF&N ar fáil do thionscadail taispeántais eitlíocht inbhuanaithe mar Shaotharlann Bheo ag Aerfort na Sionna, as a dtiocfaidh, i gcomhpháirtíocht le cláir chomhoibríocha idirnáisiúnta, tráchtálú ar theicneolaíocht eitlíochta ghlan-nialasach. 	<p>An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta i gcomhar le Fiontraíocht Éireann, GFT, Grúpa Aerfort na Sionna, Coimisiún Forbartha an Iarthair</p>	<p>Ar siúl ó R3, 2023</p>

9.2 Máistirphlean an Mhoil Náisiúnta Lóistíochta

9.2.1 Loighic/Réasúnaíocht

Colún tábhachtach den mháistirphlean iompair foriomlán is ea bainistiú éifeachtach agus inbhuanaithe lastais agus lóistíochta ar féidir leis feidhmiú mar thiománaí na forbartha eacnamaíche. Molann an Tascfhórsa mol lóistíochta ilmhódach inbhuanaithe⁹¹ i réigiún Inbhear na Sionainne mar bhealach chun roinnt gníomhartha a bhaint amach a leagtar amach i *Straitéis na hÉireann um Tharlú Bóthair 2022-2031*⁹² agus sa *Phlean Um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023*. In earnáil an lastais agus an tarlaithe, tugann an Tascfhórsa dá aire roinnt pleananna uailmhianacha fáis lastais arna gcur i láthair ag soláthraithe iompair aonair sa réigiún, lena n-áirítear iad seo a leanas.

- In aice leis na bealaí loingseoireachta is gnóthaí ar domhan, a láimhseálann níos mó ná 10 milliún tona in aghaidh na bliana faoi láthair agus le doimhneacht uisce suas le 32 mhéadar, tá Port Fhainge na Sionainne, ar calafort Náisiúnta Leibhéal 1 agus 'calafort conaire lárnach' ar líonra TEN-T an AE é, suite go uathúil chun leathnú mar mhol lóistíochta idirnáisiúnta a fhreastalaíonn ar na margaidh intíre, Eorpacha agus domhanda. Is é cuspóir Chuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge gnó coimeádáin tráchtála a fhorbairt faoina straitéis Fís 2041, ag díriú ar 10% de mhéideanna coimeádáin na hÉireann faoi 2040.
- Straitéis Lastais 2040 Iarnród Éireann*⁹³ lena n-áirítear críochfort lastais beartaithe Thairseach Iarthair Acomhal Luimnigh, ionad mór ilchuspóireach idirmhalartaithe agus dáileacháin lasta a nascann líonraí iarnróid agus bóithre.

91 Chun críocha na tuarascála seo, tagraíonn "inbhuanaithe" d'úsáid leictribhreaslaí, feithiclí leictreacha/hibrideacha, agus digitiú méadaithe san earnáil iompair. Tagraíonn "ilmhódach" do bhogadh ar shiúl ón díriú trom ar iompar bóthair le haghaidh gluaiseacht earraí.

92 [Straitéis na hÉireann um Tharlú Bóthair 2022-2031, RI, 2022. Nasc](#)

93 [Lastas Iarnróid 2040, Iarnród Éireann. Nasc](#)

- Gníomh BIÉ (Bonneagar Iompair Éireann) agus na Roinne Iompair faoi *Straitéis na hÉireann um Tharlú Bóthair 2022-2031* chun staidéar a chur i gcrích ina scrúdófar indéantacht na nIonad Comhdhlúthaithe Lastais iompar lasta a chomhdhlúthú agus a chuíchóiriú agus na chéad chéimeanna eile a shainaitheint, agus rud a bhaineann leis sin, tionscadail bóithre straitéiseacha BIÉ a chuirfidh le soghluaisteacht lasta agus phaisinéirí an réigiúin.
- Acmhainneacht chun seirbhísí aerlastais Aerfort na Sionna a fhás idir an Eoraip (agus níos faide i gcéin) agus na Stáit Aontaithe. Éilíonn beartas Eitlíochta Náisiúnta na hÉireann go bhforbrófar beartas lastais foriomlán d'Éirinn d'fhonn iomaíochas leanúnach na hearnála lastais i gcoitinne a chinntiú, lena n-áirítear breithniú a dhéanamh ar ról méadaithe an aerlastais.

Spreagfaidh siad sin, mar aon leis an éileamh a bhfuiltear ag súil leis ó shlabhra soláthair FLOW, fás easpóntúil agus éilimh ar an earnáil lóistíochta agus iompair náisiúnta. Is deis shuntasach é an mol lóistíochta inbhuanaithe chun an deis chomhchoiteann ó na pleananna seo a tharraingt le chéile agus a uasmhéadú ar mhaithe leis an réigiún agus leis an Stát.

Ó thaobh lorg carbóin de, is ó iompar de bhóthar a thagann 94% d'astaíochtaí iompair, agus tá sé thar a bheith dúshlánach feithiclí earraí troma (HGV) (20%) agus feithiclí earraí éadroma (18%) a dhícharbónú. Agus aird á tabhairt ar sprioc dhícharbónaithe 50% don earnáil iompair, tá deis shuntasach ann d'Inbhear na Sionainne a bheith ina cheannaire náisiúnta i lóistíocht inbhuanaithe trí gach modh iompair.

Tá gréasán iompair lastais na hÉireann ag díriú níos mó ar an gcósta thoir le gach modh iompair. Tá sé seo ag cruthú imní atá ag dul i méid maidir leis an tionchar gnó i dtéarmaí brú tráchta a mhéadú, costais a mhéadú, ganntanas saothair, amanna seachadta níos faide, agus astaíochtaí a mhéadú. Ina theannta sin, tá trí oiread tagtha ar bhealaí díreacha farraige ó chósta thoir na hÉireann go dtí an Eoraip i ndiaidh an Bhreiteimeachta. Tá iompar lastais in Éirinn ag brath go háirithe ar an ngréasán bóithre arb ionann é agus 99% de ghluaiseachtaí lasta, agus tá is turais iarrnóid⁹⁴ atá san 1% eile.

94 [Straitéis na hÉireann um Tharlú Bóthair 2022-2031, RI, 2022. Nasc](#)

Faoi 2040, meastar go dtiocfaidh méadú 74% ar thrácht HGV altach thar leibhéal 2016. Léiríonn réamh-mheastacháin BIÉ freisin gurbh ionann na deich mbealach lastais is mó sa tír agus 20% (1,476,000) de gach turas HGV in 2016, agus go méadóidh sé sin go 25% (2,615,000) in 2040⁹⁵. Glacann na réamh-mheastacháin seo, áfach, conair 'ghnó mar is gnách' gan aon bhearta maolaithe amhail iad siúd atá á bhforbairt anois mar thoradh ar Phleananna comhleanúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide.

9.2.2 Tionchar/Toradh

Nuair a fhorbrófar an bonneagar iompair agus nascachta a mholtar sa tuarascáil seo, beidh sé d'acmhainn ag réigiún Inbhear na Sionainne €3.8 go €4.8 billiún breise a chur le OTI na hÉireann in aghaidh na bliana trí ghníomhaíochtaí díreacha agus indíreacha a chumasófar tríd an mbonneagar seo. Chruthódh mol lóistíochta ilmhódach inbhuanaithe i réigiún Inbhear na Sionainne le comhtháthú iomlán na mbealaí lastais 'tairseach thiar' do shreabhadh earraí ar fud na hÉireann, rud a thabharfadh aghaidh ar na fadhbanna lóistíochta náisiúnta atá againn inniu (plódú an chósta thoir, amanna seachadta méadaitheacha, ganntanas saothair, costais agus km lasta) chomh maith le teorainn a chur leis an ngá atá le bearta dícharbónaithe amach anseo amhail cánacha méadaithe, brú tráchta agus gníomhaíochtaí bainistithe éilimh.

Ba cheart an mol lóistíochta atá beartaithe a fhorbairt i gcomhthráth leis an bpleanáil straitéiseach talún a mholtar in alt 6.5 thuas mar gurb é seo an creat uileghabhálach faoina ndéanfar cinntí maidir le hinfheistíochtaí bonneagair. Chomh maith le dul i ngleic leis na dúshláin atá ann faoi láthair, ní mór an mol lóistíochta a phromhadh amach anseo trí bhonneagar tacaíochta a ionchorprú don tionscal FLOW atá ag teacht chun cinn agus do shlabhraí soláthair gaolmhara ó 2030 ar aghaidh, agus an fás tionsclaíoch agus déimeagrafach réamh-mheasta a thiocfaidh as sin.

Gné lárnach den tairbhe eacnamaíoch seo a chur i gcrích is ea mol lóistíochta ilmhódach inbhuanaithe a fhorbairt i réigiún Inbhear na Sionainne a dhíreoidh ar chéatadán suntasach den trácht lastais de bhóthar náisiúnta, agus tríd sin a dhéanamh a chur ar chumas an réigiúin a bheith ina cheannródaí náisiúnta i ndícharbónú na hearnála iompair in Éirinn.

95 [Nuashonrú ar an tSamhail Náisiúnta Iompair – Tuarascáil Réamhaisnéise ar Éileamh Taistil, AECOM, 2019. Nasc](#)

9.2.3 Iarrataí/Príomh-Ghníomhartha

Gníomh	Úinéir	Dáta Dlite
<ul style="list-style-type: none"> Staidéar féidearthachta a dhéanamh agus togra coincheapa a fhorbairt chun Mol Náisiúnta Lóistíochta a fhorbairt in Inbhear na Sionainne, mar ionchur in ullmhú 'Straitéis Lastais Réigiúnach' do réigiún Luimnigh/na Sionainne atá beartaithe i Straitéis Iompair Limistéar Cathrach Luimnigh na Sionainne, agus i gcomhréir le Gníomh 23 chun straitéisí a fhorbairt maidir le dáileadh inbhuanaithe lastais sa Straitéis um Tharlú Bóthair a foilsíodh le déanaí <ul style="list-style-type: none"> » raon feidhme an staidéir a shainiú; » sainchomhairleoir pleanála a fhostú; » comhairliúcháin a dhéanamh le páirtithe leasmhara; » tuarascáil féidearthachta agus togra coincheapa a sheachadadh. 	Údarás Náisiúnta Iompair i gcomhar le BIÉ, Iarnród Éireann, Tionól Réigiúnach an Deiscirt, Coiste Stiúrtha Inbhear na Sionainne (lena n-áirítear SFPC, Grúpa Aerfort na Sionna, Údarás Áitiúla).	R3, 2024
		R3, 2023
		R3, 2023
		R2, 2024
		R3, 2024

9.3 Inbhear na Sionainne: Tairseach Dhigiteach Nua

9.3.1 Loighic/Réasúnaíocht

Cuireann beartas náisiúnta amhail an Páipéar Bán ar Fhiontraíocht 2022–2030⁹⁶ an t-aistriú dúbailte dícharbónaithe agus digítithe i gcroílár straitéis forbartha fiontraíochta na hÉireann, le spriocanna digiteála agus maoiniú tacaíochta dá bhforáiltear faoi Chreat Digiteach na hÉireann⁹⁷.

Tá deis ann Inbhear na Sionainne a fhorbairt mar Chonair Dhigiteach Ghlas nua an Atlantaigh. Bheadh cáblaí nua trasatlantacha agus díreacha chun na hEorpa ón Inbhear ina bpríomhspreagadh chun infheistíocht fhadtéarmach a chumasú i mbonneagar sonraí sa réigiún a d'fhéadfadh a bheith mar thairseach dhigiteach an iarthair d'Éirinn agus don Eoraip. Tá práinn ag teacht chun cinn freisin chun slándáil fhadtéarmach sonraí na hÉireann a mheas agus bonneagar cábla ag dul in aois agus conairí nua iompar digiteach ag teacht chun cinn tar éis an Bhreimeachta.

96 [Páipéar Bán ar Fhiontraíocht, RFTF, 2023. Nasc](#)

97 [Leas a bhaint as Digitiú – Creat Digiteach na hÉireann, Roinn an Taoisigh, 2022. Nasc](#)

Trí acmhainn dhigiteach an réigiúin a fhorbairt, is féidir straitéis shoiléir leathnaithe a chur ar fáil do thionscal lárionad sonraí na hÉireann atá comhsheasmhach le giniúint fuinnimh inbhuanaithe, slándáil eangai, agus cuspóirí beartais Rialtas na hÉireann. Tá treocht dhomhanda ann chun ionaid sonraí a lonnú amach ó lárionaid uirbeacha mhóra agus samhlacha forbartha níos inbhuanaithe a ghlacadh. Le scála na forbartha beartaithe ar FLOW in Inbhear na Sionainne, aithnítear forbairt an réigiúin mar chríos tionsclaíoch neodrach in alt 6.1 mar dhóigh chun bealaí chun an mhargaidh a chruthú gar d'fhoinsé táirgthe agus stórála fuinneamh glas. Is príomh-bhreithniú é bonneagar nascachta le haghaidh cumarsáide ó lárionad sonraí go lárionad sonraí d'úsáideoirí móra sonraí agus suíomh á roghnú acu d'ionaid sonraí.

D'aithin an Tascfhórsa, trína chomhairliúcháin fhairsinge le páirtithe leasmhara, an gá atá le máistirphlean bonneagar digiteach d'Inbhear na Sionainne chun nascacht a neartú agus leas a bhaint as na deiseanna a thugann FLOW dúinn. Ba cheart an máistirphlean sin a fhorbairt ag tagairt don phleanáil straitéiseach talún a mholtar in alt 6.5 thuas mar go mbeidh sé seo ina chreat uileghabhálach le himeacht ama faoina ndéanfar cinntí maidir le hinfheistíochtaí bonneagar fisiciúil agus digiteach araon.

Beidh ar an máistirphlean digiteach atá beartaithe aghaidh a thabhairt ar na dúshláin shonracha seo a leanas.

- Easpa nascacht thrastíre ar ardchaighdeán timpeall an Inbhir, chomh maith le Gaillimh, Corcaigh agus Baile Átha Cliath mar na príomhchonairí tarchurtha cumarsáide náisiúnta. Chun aghaidh a thabhairt air sin, beidh gá le hinfheistíocht láidir bonneagar snáithín (aisiompair), chomh maith le líonra nuathógtha 'de chineál trunca' (neamhspleách ar bhonneagar na n-oibreoirí móibíleacha atá ann cheana) a thógfar leis an teicneolaíocht is déanaí chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna aga folaigh agus chun réiteach níos inmharthana ó thaobh an gheilleagair de a chur ar fáil. Is príomhshásra cistiúcháin í an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE) trí SCE Digiteach sa spás digiteach a chuireann deiseanna cistiúcháin ar fáil do thionscadail atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar easnaimh dhigiteacha cosúil leo sin i réigiún Inbhear na Sionainne⁹⁸.

98 [An tSaoráid um Chónascadh na hEorpa – SCE Digiteach, an Coimisiún Eorpach, suíomh gréasáin. Nasc](#)

- Téama a chonacthas arís is arís ag eascairt as comhairliúcháin ba ea an chastacht a thuairiscigh oibreoírí maidir le nascleanúint a dhéanamh ar na próisis rialála éagsúla a bhaineann le ceadúnú urthrá, pleanáil agus nasc eangaí. Ina theannta sin, chuir páirtithe leasmhara samplaí ar fáil inar luadh costas ceadúnais urthrá do chábla fomhuirí ag 2 go 3 oiread an mhéid a chosnaíonn sé sa Fhrainc. Dúradh go gcosnódh praghas snáithín dorcha aisiompair dhá oiread níos mó ná praghas na Ríochta Aontaithe mar gheall ar easpa iomaíochta in Éirinn. Tugann an Tascfhórsa dá aire go bhfuil bunú an Údaráis Rialála Limistéir Mhuirí (MARA) ar tí tarlú agus ba cheart dó aghaidh a thabhairt ar chuid de na saincheistanna sin ar an leibhéal náisiúnta, ach leanfaidh dúshláin réigiúnacha ar aghaidh mura dtabharfar aghaidh orthu.
- Easpa comhordaithe maidir le pleanáil bonneagar digiteach – príomhiarraidh a eascraíonn as comhairliúcháin an Tascfhórsa le páirtithe leasmhara is ea cur chuige níos comhordaithe sa réigiún chun 'éascaíocht gnó a dhéanamh' a éascú.

9.3.2 Tionchar/Toradh

Beidh creat don Mháistreacht Dhigiteach, cosúil leis an méid atá beartaithe in alt 9.1 chun pleanáil bonneagar iompair a chomhordú, mar phríomhthoradh ar mholtaí an Tascfhórsa sa réimse seo. Le cur chuige comhleanúnach comhordaithe maidir le forbairt bonneagar digiteach do réigiún Inbhear na Sionainne, méadófar athléimneacht, éagsúlacht, acmhainn, agus laghdóidh sé aga foláigh an bhonneagair dhigitigh agus comhlíonfaidh sé éilimh atá ag dul i méid freisin. Beidh éiceachóras digiteach níos láidre mar bhonn agus taca le cruthú post, deiseanna nua gnó, infheistíocht amach anseo a mhealladh, margaí leathnaithe, agus rochtain ar sheirbhísí poiblí.

9.3.3 Iarrataí/Príomh-Ghníomhartha

Gníomh	Úinéir	Dáta Dlíte
<ul style="list-style-type: none"> • Iarrtar maoiniú chun máistirphlean digiteach a choimisiúnu don réigiún ina dtabharfar le chéile saineolas ó na hÚdaráis Áitiúla agus ó pháirtithe leasmhara saineolacha a thabharfaidh tús áite do riachtanais an bhonneagair dhigitigh agus don mhaoiniú tacaíochta spriocdhírthe dá bhforáiltear faoi Chreat Digiteach na hÉireann agus a bheidh mar bhonn agus mar thaca ag fás eacnamaíoch inbhuanaithe ar fud an réigiúin. • Maoiniú agus treo beartais faoi chuimsiú Chreat Digiteach na hÉireann le cur ar fáil ón Rialtas Láir a chuirfidh ar chumas Choiste Stiúrtha Inbhear na Sionainne, i gcomhar leis na hÚdaráis Áitiúla i gcrích an Máistirphlean Digiteach a chur i gcrích. 	Coiste Stiúrtha Inbhear na Sionainne i gcomhar le comhairliúchán i measc sainpháirtithe leasmhara (RCAC, RFTF, RFTP, Coimisiún Forbartha an Iarthair, lucht acadúil, tionscal príobháideach)	R4, 2023 Ag tosú 2024

9.4 Mol Domhanda Trasloingsithe

9.4.1 Loighic/Réasúnaíocht

Is é téama uileghabhálach thuarascáil an Tascfhórsa acmhainneacht gan sárú an Inbhir do tháirgeadh fuinnimh gaoithe in-athnuaite eischósta, a eascraíonn as meascán de scála na hacmhainne gaoithe mar aon leis an uisce domhain foscúil atá ar fáil agus an talamh forbartha in aice láimhe.

Cé gur rogha é cainníochtaí suntasacha fuinneamh leictreach a onnmhairiú trí líonra dáileacháin Eorpach atá ag éirí níos idirnasctha, is dócha go méadófaí go mór 'breisluach' an táirge agus go bhfeabhsófaí an geilleagar áitiúil agus an geilleagar níos leithne chomh maith dá réadófaí luach an fhuinnimh sin ag an bpointe tuirlingthe ar tír nó gar dó.

Leagtar béim i nGníomh 9.2 – An Mol Náisiúnta Lóistíochta – ar an gcaoi a dtacóidh forbairt ar bhonneagar lóistíochta agus lastais timpeall an Inbhir le tionscal FLOW atá ag teacht chun cinn; tá deis ann freisin do chóras lastais agus lóistíochta cás úsáid deiridh a chur ar fáil don fhuinneamh in-athnuaite seo gar don fhoirse. Chomh maith le mol lóistíochta náisiúnta intíre, aithníonn an Tascfhórsa suíomh calafort trasloingsithe domhanda 'astaíochtaí nialasacha' san Inbhear mar rogha amháin eile chun an fuinneamh sin a úsáid go díreach mar fhuinneamh leictreach nó mar bhreoslaí 'glasa' eile a mhonaraítear ón bhfuinneamh leictreach atá ar fáil. Molann an Tascfhórsa go gcuirfí tús le staidéar féidearthachta ar an gcoincheap sin mar chéim thosaigh ina leith sin.

Tá tréchur calafoirt coimeádán domhanda tar éis méadú ó thart ar 550 MTEU (milliún aonad coibhéise fiche troigh) go 800 MTEU idir 2010 agus 2019. Chuir an méadú an-suntasach sin i dtréimhse réasúnta gearr brú suntasach ar na struchtúir chalafoirt atá ann cheana féin, agus tá go leor acu srianta ó leathnú breise ag tosca amhail lána loingseoireachta agus plódú calafoirt agus an talamh forbartha atá ar fáil. Tá fadhbanna breise ag baint le méid na long a úsáidtear le haghaidh trasloingsithe atá ag dul i méid i gcónaí do roinnt calafort atá srianta cheana féin.

Tar éis comhairliúcháin an Tascfhórsa le saineolaithe tionscail, is léir go bhfuil tionchar mór ag an 'gclár oibre glas' ar fhorbairt straitéiseach thionscal na loingseoireachta. Tá éilimh mhéadaitheacha roimh shaoráidí calafoirt agus línte loingseoireachta chun aghaidh a thabhairt ar astaíochtaí carbóin óna gcustaiméirí agus óna rialtóirí. Is cinnte go gcuirfear fuinneamh 'glas' ar fáil le liosta na n-ítimí agus forbairt na gcalafoirt trasloingsithe á meas amach anseo. Tá conairí loingseoireachta glasa á bhforbairt trína gcaithfear calafoirt agus soithí ar bhealaí den sórt sin a aicmiú mar chalafoirt saor ó astaíochtaí.

Ina theannta sin, tarlaíonn méid suntasach trasloingsithe chuig calafoirt na hEorpa trí chalafoirt na Breataine amhail Southampton agus Felixstowe. Tá míbhuntáistí áirithe iomaíochta curtha i bhfeidhm ag an mBreaitimeacht ar na calafoirt sin amhail imréiteach custaim breise agus moilleanna gaolmhara. D'fhéadfadh sé sin cur go mór le hinmharthanacht calafort trasloingsithe a bheadh suite ar Inbhear na Sionainne.

9.4.2 Tionchar/Toradh

Meastar go bhféadfadh calafort trasloingsithe ar mórskála úsáid a bhaint as thart ar 300 MW go 1 GW d'fhuinneamh leictreach. I measc na bhfachtóirí a mbeadh tionchar acu ar an méid iomlán fuinnimh a d'úsáidfí tá úsáid ag soithí múrálte agus friothálacha agus feithiclí bóthair agus iarnróid, uathoibriú atá ag brath ar leictreachas 'glas', agus déantúsaíocht agus stóráil breosla glas agus suíomh saoráidí sonraí san Inbhear.

Chomh maith leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch a chruthaigh gluaiseacht lasta, d'fhéadfadh gníomhaíocht shuntasach eacnamaíoch eile eascairt as gníomhaíochtaí amhail buncaeireacht, longa cúrsála (seirbhísiú agus ioncam turasóireachta araon – tabhair faoi deara alt 10.1.6 thíos), deisiú agus cothabháil long, agus trádstóráil le haghaidh lóistíochta.

Tá infheistíocht €1-5 billiún beartaithe chun calafort trasloingsithe a fhorbairt san Inbhear a thabharfadh leibhéal arda fostaíocht áitiúil le linn chéim na tógála. Ós rud é go samhlaítear go mbeadh an calafort seo an-uathoibríthe, bheadh éileamh leanúnach ann ar shaothar ardoilte go fadtéarmach.

9.4.3 Iarrataí/Príomh-Ghníomhartha

Gníomh	Úinéir	Dáta Dlite
<ul style="list-style-type: none"> Maoiniú iarrtha chun staidéar féidearthachta a choimisiúnú do Mhol Domhanda Neodrach Trasloingsithe ag suíomh oiriúnach in Inbhear na Sionainne a bhainfidh leas as infhaighteacht leictribhreosla muirí, uisce domhain foscúil, cúlsoláthair talún, agus ár suíomh a bhfuil tábhacht mhuirí dhomhanda ag baint leis. Ba cheart maoiniú a lorg do staidéar den sórt sin i gcomhar leis an Athbhreithniú ar Bheartas Náisiúnta Calafort atá le teacht. 	SFPC (a bhfuil dlínse reachtúil aige ar gach gníomhaíocht mhuirí san Inbhear) i gcomhar le RI, ÚNI (an tÚdarás Náisiúnta Iompair), Coiste Stiúrtha Inbhear na Sionainne.	R4, 2023

10

Turasóireacht



Measann an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán go bhfuil 325,000 duine fostaithe in earnáil na turasóireachta in Éirinn, sin thart ar 1 as gach ochtar oibrithe sa Stát. Ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin, d'fhéadfadh suas le 1 as 4 phost a bheith i gceist leis an turasóireacht. Mar léiriú air sin, tá stóinseacht earnáil na turasóireachta i gceantair ar nós Inbhear na Sionainne ríthábhachtach do chreatlach eacnamaíoch agus shóisialta an réigiúin.

Ina theannta sin, agus fócas méadaithe ar chothromaíocht oibre is saoil mar aon leis an méadú atá tagtha ar chianobair agus ar obair hibrideach, tá tábhacht nua ag baint le tairiscint chaighdeán na beatha i gceantar Inbhear na Sionainne.

Breathnaítear ar shócmhainní nádúrtha, taitneamhachtaí spóirt agus áineasa agus tairiscint na hearnála fáilteachais mar fhachtóir difreálach sa tairiscint fostaíochta níos leithne san Iarthar Láir agus tá siad an-tábhachtach chun tacú le fostóirí reatha i Luimneach, sa Chlár agus i gCiarraí oibrithe oilte a mhealladh agus a choinneáil.

Tá limistéar Inbhear na Sionainne gafa laistigh de Straitéis Forbartha Turasóireachta Réigiúnach Shlí an Atlantaigh Fhiáin (WAWRTDS) níos leithne atá á cur chun cinn ag Fáilte Éireann. Tá an Straitéis sin ag teacht le straitéisí náisiúnta níos leithne an Rialtais agus le beartas pleanála mar atá curtha in iúl ag an gCreat Náisiúnta Pleanála, Straitéisí Réigiúnacha Spáis agus Eacnamaíochta agus Pleananna Áitiúla Eacnamaíochta agus Pobail. Tá sé ailínithe freisin le samhail VICE (Cuartheoirí, Tionscal, Comhphobal, Timpeallacht) don turasóireacht inbhuanaithe a bhí i gcoilár gach breithnithe a rinne an Tascfhórsa. Dírionn an tsamhail VICE ar an idirghníomhaíocht idir Cuairteoirí (V), an tionscal (I), an Comhphobal a óstálann iad (C) agus a dtionchar comhchoiteann ar an dTimpeallacht (E) agus a bhfreagairt di.

Is iad prionsabail uileghabhálacha Thascfhórsa Eacnamaíoch Inbhear na Sionainne leas a bhaint as deiseanna glasa agus inbhuanaithe. Ó thaobh na turasóireachta de, creideann an Tascfhórsa gur réimse amháin inar deis é sin díriú ar mhallturasóireacht, inbhuanaithe agus ghníomhach.

Tá an straitéis do Luimneach dírithe ar ainmniú Luimnigh mar Chathair Thairsí ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin, a chuireann an chathair chun cinn mar bhunáit uirbeach bhríomhar gar do bhealach Shlí an Atlantaigh Fhiáin agus mar thúsphointe idéalach chun iniúchadh níos leithne a dhéanamh ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin. Tá na prionsabail seo ailínithe leis an WAWRTDS ina bhfuil sé mar uaimhian *'leas a bhaint as acmhainneacht tráchtála Shlí an Atlantaigh Fhiáin agus a chinntiú ag an am céanna go bhfuil an fhorbairt seo inbhuanaithe, go bhfabhraíonn na tairbhí do phobail áitiúla, agus go gcosnaítear ár dtimpeallacht nádúrtha'*.

Fáiltíonn an Tascfhórsa roimh an uaillmhian atá ag Fáilte Éireann díriú ar ioncam turasóireachta atá ag dul i méid ar ráta níos tapa i gceantair nach dtugtar cuairt orthu faoi láthair i gcomparáid le cinn scribe turasóireachta sheanbhunaithe. Tar éis dó dul i gcomhairle go forleathan le páirtithe leasmhara áitiúla, measann an Tascfhórsa go bhfuil acmhainneacht shuntasach ann líon na dturasóirí a leathnú feadh Inbhear na Sionainne, nach raibh tairbhí chomh mór céanna aige le ceantair eile ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin le blianta beaga anuas. Tá an poitéinseal seo ag brath ar infheistíocht i mbonneagar caipitil agus nithe is díol spéise atá tarraingteach do chuairoteoirí intíre agus idirnáisiúnta araon.

Is féidir le leibhéal chuí infheistíochta díriú ar chuairoteoirí intíre agus idirnáisiúnta a fhanfaidh níos faide sna réigiúin, a chaithfidh níos mó agus/nó a thiocfaidh i dtréimhsí seachbhuaice. Tar éis breithniú a dhéanamh ar láidreachtaí coibhneasta an réigiúin, tuigeanann an Tascfhórsa go bhfuil riachtanais chodarsnacha ann do cheantair éagsúla. Tá Aillte an Mhothair, le tacaíocht ó Fháilte Éireann, sna céimeanna deiridh de Straitéis Aillte an Mhothair 2040 agus Máistirphlean Láithreáin a chur i gcrích. Caithfear maoiniú a lorg chun an straitéis a chur i bhfeidhm. Bainfidh ceantair eile nach n-éiríonn leo líon na gcuairoteoirí a mhealladh tairbhe as tacaíochtaí spriocdhírthe a éascóidh scaipeadh níos mó cuairteoirí. Ní mór tacú freisin le cur i gcrích na físe do Thionscadal um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe Lios Tuathail (CAFT) chun a chinntiú go mbainfear amach a acmhainneacht mar mhol straitéiseach eacnamaíoch don réigiún.

Dúshlán mór do thionscal na turasóireachta i réigiún Inbhear na Sionainne agus ar fud na hÉireann is ea raon cineálacha éagsúla cóiríochta ar ardchaighdeán a bheith ar fáil go leordhóthanach. Ba théama láidir é seo a aibhsíodh sna comhairliúcháin a rinne an Tascfhórsa. Tá an ganntanas cóiríochta níos measa freisin mar gheall ar an ngéarchéim dhaonnúil agus céatadán ard cóiríochta a leithdháiltear chun freastal ar theifigh, go háirithe sa réigiún seo i gcomparáid le leithdháileadh náisiúnta. Faoi láthair tá 40% de chóiríocht chláráithe an Chláir easáitithe mar gheall ar an bhfreagairt dhaonnúil. Tuairiscíodh go bhféadfadh an easpa lóistín do thurasóirí faoi láthair costas os cionn €1.1 billiún a ghearradh ar ghnólachtaí turasóireachta nach lóistín iad i mbliana⁹⁹. Is ionann é sin agus leibhéal deiseanna eacnamaíocha caillte nach féidir leanúint de. Téann an Tascfhórsa i bpáirt le tionscal na turasóireachta i gcoitinne chun an Rialtas a spreagadh chun oibriú le hÚdaráis Áitiúla agus le páirtithe leasmhara agus dul i ngleic leis an nganntanas lóistín do thurasóirí.

99 ['Dúshlán atá roimh Sholáthraithe Cóiríocht Turasóireachta', Fáilte Ireland, 2023. Nasc](#)

Le linn chomhairliúcháin an Tascfhórsa a bhain leis an turasóireacht, rinneadh tagairt leanúnach don deis nach mbeadh ann ach uair amháin a thug Corn Ryder 2027 ag Mainéar Áth Dara. Leag páirtithe don réigiún leasmhara béim ar a thábhachtaí atá sé dlús a chur le seachadadh príomhchumasóirí bonneagair (bóithre, glasbhealaí, agus tionscadail bhonneagar turasóireachta, srl.) agus tairiscintí táirgí turasóireachta roimh 2027. Mar thoradh ar Chorn Ryder 2027 beidh clúdach agus nochtadh sna meáin dhomhanda a thabharfaidh deis an réigiún a thaispeáint. Dá bhrí sin, tá an Tascfhórsa ag moladh go láidir go gcuirfí a chuid moltaí i gcrích roimh 2027 chun tairbhe eacnamaíoch na n-infheistíochtaí sin a uasmhéadú don gheilleagar náisiúnta agus réigiúnach.

10.1 Plean Forbartha Eispéiris Cheann Scribe

Is pleananna forbartha inbhuanaithe 5 bliana iad Pleananna Forbartha Eispéiris Cheann Scribe (DEDP) do cheann cúrsa. Tá roinnt pleananna DEDP á bhforbairt agus á gcur i bhfeidhm ar fud Shlí an Atlantaigh Fhiáin faoi láthair, lena n-áirítear i réigiún Inbhear na Sionainne. Tá na pleananna seo á mbainistiú ag Fáilte Éireann agus á gcur ar fáil ag Grúpa Forfheidhmithe Ceann Scribe i ngach ceantar. Is iad na ceithre phlean atá i bhfeidhm faoi láthair i réigiún Inbhear na Sionainne DEDP Chósta na nAillte (Ciarraí Thuaidh agus Iarthar an Chláir), Straitéis Chathair Thairsí Shlí an Atlantaigh Fhiáin Luimnigh, DEDP Bhoirne agus Aillte an Mhothair, agus Máistirphlean na Sionainne agus Plean Forbartha Eispéiris Chuaiteoirí Loch Deirgeirt. Beidh sruthanna maoinithe de dhíth ar gach tionscadal Caipitil agus Catalaíoch atá ag gabháil leis na pleananna sin. Tar éis comhairliúchán fairsing, comhaontaíonn an Grúpa Forfheidhmithe ar réimse gníomhaíochtaí agus tosaíochtaí atá le cur i bhfeidhm thar thréimhse 5 bliana. Tá siad mar chroílár straitéis Fháilte Éireann i ngach ceantar.

Straitéis Chathair Thairsí Shlí an Atlantaigh Fhiáin Luimnigh

Tá sé mar aidhm ag DEDP Luimnigh tionscal turasóireachta fóillíochta den chéad scoth a fhorbairt i gcathair Luimnigh agus a bhonn margaidh corparáideach faoi láthair a éagsúlú, agus próifíl náisiúnta agus idirnáisiúnta Luimnigh a mhéadú ionas go mbeidh aithne uirthi mar *'an ceann scribe cathrach is úire, is fearr san Eoraip le cuairt a thabhairt air'*. Tacaíonn an Tascfhórsa leis an bhfócas ar mhargadh turasóireacht fóillíochta intíre agus idirnáisiúnta a thógáil a sholáthróidh líon suntasach cuairteoirí agus fás ioncaim agus tairbhí eacnamaíocha do Chathair agus do chontae Luimnigh ó thaobh fostaíocht mhéadaithe de agus freisin trí chabhrú leis an gcathair a athrú ina háit an-tarraingteach agus thaitneamhach chun cuairt a thabhairt uirthi agus cónaí agus obair a dhéanamh inti.

Tionscadail Chatalaíocha

- Athfhorbairt Mhargadh an Bhainne agus an cheantair timpeall air mar spás imeachtaí fóillíochta agus ilúsáide ar ardchaighdeán.
- Bonneagar feabhsaithe do chuairoteoirí a sheachadadh lena n-áirítear forbairt na nithe is díol spéise atá ann cheana féin, m.sh. Caisleán Luimnigh, Ardeaglais Naomh Muire agus Iarsmalann Hunt.
- Forbairt Ceathrúna, Conairí na Cathrach, forbairt Láithreáin Deiseanna Turasóireachta ar nós tarraingt nua ag suíomh Cleaves agus measúnú a dhéanamh ar úsáid Mhainistir na bProinsiasach ar Shráid Anraí. Ina theannta sin, an indéantacht a fhiosrú a bhaineann le mór-mhealladh nua cultúrtha do chuairoteoirí faoi dhíon do Chathair Luimnigh.
- Eispéiris indíolta atá ann cheana féin a fhorbairt agus oibriú leis an tionscal chun eispéiris turasóireachta nua ar ardchaighdeán a chruthú a d'fhéadfadh eispéireas iontach cuairteoirí a sholáthar do dhaoine a thagann go Luimneach.

Corn Ryder

Tá Fáilte Éireann, i gcomhar le coiste straitéise Chorn Ryder, faoi chathaoirleacht Tim O'Connor, tar éis liosta sealadach de thosaíochtaí caipitil a chur le chéile do Luimneach mar ullmhúchán do Chorn Ryder 2027. Tacaíonn an Tascfhórsa go mór le forbairt phráinneach na dtosaíochtaí sin atá ailínithe le tosaíochtaí na DEDPna sa réigiún agus áirítear leo na nithe seo a leanas.

- Margadh an Bhainne a fhorbairt.
- Uasghrádú ar Ionad Cuairteoirí Áth Dara.
- Páirc Thuamhan - tacú le forbairt saoráid Siamsaíochta/Cheolchoirme.
- Infheistíocht chaipitil do Chaisleán Luimnigh.
- Treochomharthaíocht agus Treoshuíomh do Thurasóirí – leathnú a nascann cathair agus contae chomh maith le bailte tairsí.
- Infheistíocht i Réimse Poiblí Shráidbhaile Áth Dara.
- Infheistíocht i Réimse Poiblí na Cathrach.
- Forfheidhmiú straitéis na bhFéilte agus na nImeachtaí.
- Tionscadal CAFT (Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe) Lios Tuathail.

DEDP Chósta na nAillte

D'aithin DEDP Chósta na nAillte teach solais Cheann Léime agus Garraí Daingean Vandeleur mar thionscadail chatalaíocha don réigiún agus mar nithe inbhuanaithe a mheallann agus a spreagann mallturasóireacht.

Ina theannta sin, tá máistirphlean láithreáin iomlán agus dearadh mionsonraithe curtha i gcrích. Mar sin féin, caithfear aghaidh a thabhairt ar bhearna mhaoinithe chun an tionscadal a chur i gcrích. Glacfaidh Comhairle Contae an Chláir úinéireacht agus bainistíocht ar láithreáin Oidhreachta na Sionainne i gContae an Chláir agus beidh infheistíocht chaipitil shuntasach ag teastáil uathu sin. Tá taithí fhairsing ag an gComhairle ar láithreáin turasóireachta a bhainistiú, mar shampla Aillte an Mhothair, Garraí Daingean Vandeleur, agus Teach Solais Cheann Léime, a bhfuil inmharthanacht tráchtála léirithe acu go léir a théann chun tairbhe eacnamaíoch don réigiún níos leithne, agus urraim á tabhairt ag an am céanna do chúrsaí comhshaoil. Leagann an DEDP béim ar a thábhachtaí atá sé acmhainn dhigiteach a fhorbairt ar fud an réigiúin chun a chinntiú go mbíonn cinn scríbe rathúla le feiceáil ag gach céim de thuras cuairteoirí.

Beidh sé tábhachtach an iarracht a ailíniú leis na tionscadail a ghlaoitear amach i Straitéis Chathair Thairsí Shlí an Atlantaigh Fhiáin Luimnigh agus DEDP Chósta na nAillte.

Tionscadail Tosaíochta Ábhartha

- Teach Solais Cheann Léime.
- Garraí Daingean Vandeleur.
- Iarnród Iarthar an Chláir – Glasbhealach.
- Conairí agus siúlóidí a fhorbairt laistigh de réigiún Chósta na nAillte – bealach Shlí na Sionainne, conair Chiarraí Thuaidh.
- Infheistíocht i saoráidí uisce roinnte i mBaile an Bhuinneánaigh, an Fhianait agus Cill Chaoi.

10.2 Glasbhealaí

10.2.1 Loighic/Réasúnaíocht

Chuirfeadh bealach comhcheangailte glasbhealaí go mór leis an soláthar turasóireachta agus caighdeán na beatha d’Inbhear na Sionainne agus do cheantar níos leithne an Mheán-Iarthair agus bheadh sé ag teacht go hiomlán le samhail VICE de thurasóireacht inbhuanaithe a bhfuil an Tascfhórsa meáite ar a chur chun cinn. Sa chomhairliúchán le páirtithe leasmhara cuireadh béim ar na 5 SS atá riachtanach le go n-éireoidh le féarbhealach – scéimhe, inbhuanaithe, straitéiseach, deighilte, féach agus déan. Tá an t-ádh ar an réigiún go bhfuil roinnt féarbhealaí sárscéimhe ann cheana féin ach is é an dúshlán anois ná na bealaí éagsúla a nascadh agus an soláthar turasóireachta a láidriú.

Tá tairbhí bunathraithe cruthaithe ag glasbhealaí do phobail áitiúla ar fud na tíre. Agus spéis i laethanta saoire siúlóide agus rothaíochta ag méadú ar fud na hEorpa agus ar fud an domhain, tacaíonn an Tascfhórsa le deiseanna chun acmhainn turasóireachta agus tionchar eacnamaíoch na nglasbhealaí a fhorbairt. Measann Fáilte Éireann go mbíonn breis is 114,000 cuairteoir i mbun rothaíochta in Éirinn agus is ionann sin agus thart ar €97 milliún de chaiteachas ó chuairoteoirí ón iasacht.

Mheas taighde eacnamaíoch ar thionchar Ghlasbhealach Mór an Iarthair (Cathair na Mart-Baile Uí Fhiacháin-An Mhala Raithní-Acaill), leas iomlán de €7.2 milliún don gheilleagar áitiúil ag mealladh turasóirí ón tír féin agus idirnáisiúnta. Bhí baint ag cuairteoirí idirnáisiúnta glasbhealaí freisin le meánfhad fanachta 6.8 lá. Tá forbairt soláthar láidir glasbhealaí ag teacht arís le cuairteoirí a mhealladh a fhanfaidh níos faide sa réigiún, a chaithfidh níos mó airgid ann agus a thiocfaidh ar cuairt sna tréimhsí seachbhuaice.

D'éirigh thar barr le Glasbhealach Luimnigh feadh sheanlíne iarnróid Luimnigh go Trá Lí le breis agus 500,000 úsáideoir ag nascadh Ráth Caola, An Caisleán Nua agus Mainistir na Féile, áit a mbeidh méadú suntasach ar líon na gcuairoteoirí agus na n-úsáideoirí nuair a osclaíodh Glasbhealaí Ríocht Chiarraí le déanaí agus is amhlaidh go gcuirfeadh le táirge turasóireachta an réigiúin.

Tá Glasbhealaí Ríocht Chiarraí ina dhá chuid; nascann cuid amháin baile oidhreachta Lios Tuathail le Glasbhealach Luimnigh atá ann cheana féin, rud a chuireann ar chumas an chuairoteora taithe a fháil ar bhealach féarach 53 km. Cuirfidh feabhsú na gconairí tuaithe agus cósta in aice láimhe lena n-áirítear Bealach na Sionainne – Baile an Bhuinneánaigh go Tairbeart, siúlóid aille Bhaile an Bhuinneánaigh agus siúlóid Saidhbh tuilleadh le heispéireas an chuairoteora.

Nascann an dara cuid Trá Lí le baile muirí na Fianaite ag tairiscint bealach 13.6 km le radharcanna sárscéimhe ar Chuan Thrá Lí. Cinnteoidh forbairt na n-áiseanna trá comhroinnte sa Fhianait agus i mBaile an Bhuinneánaigh, arna thacú ag clár Platforms for Growth de chuid Fáilte Éireann, go bhfeidhmeoidh an glasbhealach mar nasc lárnach idir turasóireacht ghníomhaíochta bunaithe ar an talamh agus ar an bhfarrage, áit a nascann an glasbhealach freisin le bealach tras-Eorpach EuroVelo, príomdheis turasóireachta.

Tacaíonn an Tascfhórsa leis an rún an chéim pleanáilte ó Lios Tuathail go Fiannait den Ghlasbhealach a sholáthar, as a dtiocfaidh os cionn 90 km d'fhéarbhealach gan bhriseadh ó Luimneach go dtí an Fhianait, ag nascadh príomhbhailte oidhreachta agus stairiúla mar Thrá Lí, Lios Tuathail agus An Caisleán Nua Thiar.

Ar an taobh thoir den Inbhear, tugann an Tascfhórsa faoi deara tionscadail ar nós Ghlasbhealach Luimnigh go Scairbh a nascfaidh Lár Chathair Luimnigh le Cuan na Scairbhe i gCo. an Chláir, agus Glasbhealach Loch Deirgeirt a nascfaidh Béal an Átha agus Drom Inbhir i gContae Thiobraid Árann ar an mbealach 24 km. Nuair a bheidh siad réidh, feabhsóidh an dá cheann go suntasach an tairiscint turasóireachta inbhuanaithe agus gníomhach sa réigiún. Beidh tacaíocht ag an dá Ghlasbhealach ó na saoráidí áiseanna i nDroim Inbhear agus i mBaile Uí Chogaráin, de chuid Ardáin Fáis Fáilte Éireann. Ceanglófar na Glasbhealaí le Gormbhealach Loch Deirgeirt, rud a chruthóidh líonra fad 160km de 21 conaire céaslóireachta.

Tacaíonn an Tascfhórsa freisin le forbairt Ghlasbhealach Iarnróid Iarthar an Chláir go hInis atá beartaithe chun bealach inmhaíte eile a sholáthar.

10.2.2 Tionchar/Toradh

Tacaíonn an Tascfhórsa le heispéireas iomlán inbhuanaithe/gníomhach iompair do chuairoteoirí ar Inbhear na Sionainne, ina mbíonn deis ag cuairteoirí a thagann go hAerfort na Sionainne turas timpeall Inbhear na Sionainne ar bhealach inbhuanaithe trí líonra comhtháite Glasbhealaí agus lánaí rothar leithscartha.

Dá bhrí sin, molann an Tascfhórsa go láidir iniúchadh gasta a dhéanamh ar fhorbairtí rotharbhealaí leithscartha eile in éineacht le forbairtí glasbhealaí chun ciorcad de bhealaí rothaíochta/siúlóidí sábháilte, leithscartha a sholáthar timpeall an inbhir le nascacht ag ionchorprú Inis, Sionainn, Bun Raite, Cathair Luimnigh, Áth Dara, páirc foraoise an Churraigh, Faing, Tairbeart, Lios Tuathail, Trá Lí agus Baile an Bhuinneánaigh, Cill Rois, Cill Chaoi, an tAonach. Soláthróidh forbairt na mbealaí seo chomh maith le bealach EuroVelo naisc rithábhachtacha turasóireachta leis an RA agus le mór-roinn na hEorpa.

Ba cheart soláthar an bhonneagair thábhachtaigh seo do chuairoteoirí a thabhairt chun críche roimh Chorn Ryder 2027 chun an t-eispéireas is mó agus is féidir a fháil do chuairoteoirí agus an deis an réigiún a thaispeáint do lucht féachana ar fud an domhain.

Tagann sé seo go hiomlán leis an uaimhian glas agus inbhuanaithe don réigiún agus cuirfidh sé le tairiscint táirge turasóireachta an Inbhir.

10.2.3 Sprioc/Príomhghníomhartha

Gníomh	Úinéir	Dáta Dlite
<ul style="list-style-type: none"> Tugann SEETF tacaíocht do Chomhairle Contae Chiarraí, do Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, agus do Bhonneagar Iompair Éireann (TII) chun Glasbhealach Lios Tuathail go Fianait a chríochnú agus é a leathnú go hOllscoil Luimnigh trí Chathair Luimnigh. Tugann SEETF tacaíocht do Chomhairle Contae an Chláir agus do Bhonneagar Iompair Éireann (TII) chun Glasbhealach Iarnróid Iarthar an Chláir a chríochnú. Na hacmhainní agus an fhoireann is gá a sholáthar d'Údarás Áitiúla chun tionscadail Glasbhealaí a chur i bhfeidhm. Leanfaidh TII de rannpháirtíocht le Comhairle Contae an Chláir, le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, le Comhairle Contae Chiarraí, agus le Comhairle Contae Thiobraid Árann chun tuilleadh glasbhealaí a aithint chun an soláthar turasóireachta a neartú agus nascacht níos fearr a fhorbairt. Ba cheart go neartódh an obair seo freisin tairiscint Eurovelo a nascann ár gcuid bealaí rothaíochta leis an Eoraip. Ba cheart bonneagar bóithre áitiúla atá mar chuid den Eurovelo a mheasúnú chun a chinntiú go gcomhlíonann sé caighdeáin rothaíochta sábháilte. I gcomhairle le príomhpháirtithe leasmhara agus pobail áitiúla, uasmhéadú a dhéanamh ar acmhainneacht turasóireachta agus eacnamaíoch ghlasbhealaí an réigiúin trí scrúdú a dhéanamh ar dheiseanna chun na bealaí a nascadh agus taitneamhachtaí turasóireachta áitiúla agus eispéiris indíolta a chomhtháthú chun an tionchar eacnamaíoch a uasmhéadú ag leibhéal áitiúil. TII chun dul i dteagmháil le Comhairle Contae Chiarraí, Comhairle Contae an Chláir, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Comhairle Contae Thiobraid Árann, Iarnród Éireann agus Coillte chun na rotharbhealaí leithscartha breise a shainaithint a bheidh ag teastáil chun ciorcad glasbhealaí agus rotharbhealaí a chur i gcrích a chruthóidh nascacht thart ar an inbhear agus ionchorpróidh na príomh-nithe is díol spéise do chuirteoirí, Bun Raite, Inis, Cill Rois/Cill Chaoi, Tairbeart, Lios Tuathail, Trá Lí, Baile an Bhuinneánaigh, Faing, Foraois Churrach Chais agus Cathair Luimnigh, ag nascadh ar aghaidh, ar thaobh an Chláir agus Luimnigh araon, chun comhtháthú le Glasbhealaí ar Loch Deirgeirt. 	<p>Bonneagar Iompair Éireann a bheith i gceannas i gcomhairle le hÚdarás Áitiúla, Iarnród Éireann agus Coillte</p>	<p>R4, 2024</p>

10.3 Tionscadail Chaipitil agus Comhdhálacha

10.3.1 Loighic/Réasúnaíocht

Tá soláthar táirgí turasóireachta láidir ríthábhachtach chun cuairteoirí a mhealladh agus a choinneáil ar feadh tréimhse níos faide sa réigiún, ag méadú an chaiteachais ón turasóireacht agus ag síneadh an tséasúir turasóireachta.

Tá breis is €60 milliún de mhaoiniú caipitil geallta cheana féin ag Fáilte Éireann do thionscadail turasóireachta feadh Shlí an Atlantaigh Fhiáin agus tá tuilleadh maoinithe le lorg bunaithe ar na riachtanais ar leith a aithníodh i ngach ceann de na Pleananna Forbartha Ceann Scríbe agus Taithí.

Maidir le hInbhear na Sionainne, is iad na ceithre DEDP ábhartha ná Boirne agus Aillte an Mhothair, Cathair Tairsí Shlí an Atlantaigh Fhiáin Luimnigh, Cósta Aille (Ciarraí Thuaidh agus Iarthar an Chláir), agus Loch Deirgeirt. Measann an Tascfhórsa go bhfuil roinnt tosaíochtaí ann do mhaoiniú caipitil ar Inbhear na Sionainne le cumasc de shócmhainní reatha a athnuachan agus tairiscintí nua a chruthú.

- Torthaí 'Straitéis Aillte an Mhothair 2040 agus Máistirphlean Láithreáin'.
- Infheistíocht i gCaisleán agus Daonpháirc Bhun Raite chun a shaoráidí a uasghrádú agus chun eispéireas cuairteoirí a sholáthar a sháraíonn an méid lena mbítear ag súil.
- Áis imeachtaí a fhorbairt ar féidir freastal ar chomhdhálacha idirnáisiúnta. Cé gur éirigh le Biúro Comhdhála agus Spóirt Réigiún na Sionainne raon éagsúil de chomhdhálacha agus imeachtaí a mhealladh, chaill sé amach ar dheiseanna suntasacha freisin mar gheall ar an easpa ionad/áiseanna oiriúnacha a luadh mar phríomhchúis. I bhfianaise scála na huailmhéine ó thaobh turasóireachta agus gnó araon don réigiún, meastar go bhfuil sé ríthábhachtach saoráid oiriúnach comhdhála agus imeachtaí a sholáthar. Tá sé seo ar aon dul le huailmhian Fáilte Éireann líon na n-eispéiris nua indíolta só a mhéadú chun iomaíochas a choinneáil agus cúiseanna láidre a thairiscint chun an réigiún a roghnú le haghaidh imeachtaí gnó agus dreasachta agus turasóireacht le haghaidh só.
- Cé go bhfuil fonn ar an Tascfhórsa díriú ar thairiscintí gníomhacha amuigh faoin aer, cuideoidh forbairt na nithe is díol spéise laistigh d'ardchaighdeán leis an séasúr a shíneadh agus caiteachas a mhéadú. D'fhéadfadh go n-áireofaí ar thairiscintí den sórt sin ionad cuairteoirí suntasach ina ndéantar ceiliúradh ar fhorbairt urghnách Ard na Croise 100 bliain ó shin, a bhí ag an am sin ina fhorbairt bhonneagair nuálaíoch a bhfuil tábhacht idirnáisiúnta ag baint leis. Rogha eile a bheadh ann ná scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht do 'Ionad Léirmhínte' na Sionainne a thaispeánfadh an abhainn lena stair shaibhir agus an tábhacht comhshaoil a bhaineann léi, mar abhainn.

- Beidh gá le bailte agus sráidbhailte bríomhara chun cuairteoirí comhdhála agus imeachtaí a choinneáil níos faide i gceantair. Chuige sin, iniúchadh a dhéanamh ar dheiseanna nideoige do phobail áitiúla in áiteanna ar nós Bhaile an Bhuinneánaigh, Baile Uí Thaidhg agus Lios Tuathail i gCo. Chiarraí, Faing, An Gleann, An Caisleán Nua, Mainistir na Féile, Áth Dara, Cromadh, agus Eas Géitine i gCo. Luimnigh, Cill Chaoi, Cill Rois, Sráid na Cathrach, Leacht Uí Chonchúir, Inis Díomáin, Baile Uí Bheacháin, agus Lios Dúin Bhearna i gCo. an Chláir agus Cill Dá Lua, Béal an Átha, Baile Uí Fhiacháin, agus Aonach Urmhumhan i gCo. tacaíthe ag an Tascfhórsa, chomh maith leis an mbonneagar feabhsaithe bóithre agus iompair a theastaíonn chun na láithreacha seo a dhéanamh níos inrochtana do chuairoteoirí.
- Líonra de chonairí cósta agus tuaithe sa réigiún a fhorbairt trí chur chuige forbartha inbhuanaithe chun próifíl ceann scribe náisiúnta agus idirnáisiúnta a chruthú le haghaidh conairí áitiúla agus eispéiris ghaolmhara. Mar shampla, Bealach na Sionainne agus cosán Aillte an Dúinín ó Bhealach go Baile an Bhuinneánaigh.

10.3.2 Tionchar/Toradh

- An comhshaol nádúrtha a chosaint.
- Spás a chruthú le go scaipfear gníomhaíochtaí turasóireachta ar bonn níos leithne.
- Caiteachas níos airde agus turasóirí a fhanann níos faide a mhealladh.
- An séasúr turasóireachta a leathnú.

10.3.3 Sprioc/príomhghníomhartha

Gníomh	Úinéir	Dáta Dlite
<ul style="list-style-type: none"> • Comhairle Contae an Chláir chun dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara chun áiseanna Chaisleán agus Daonpháirc Bhun Raite a uasghrádú agus eispéireas cuairteoirí den scoth a sholáthar. 	Comhairle Contae an Chláir	R4, 2024
<ul style="list-style-type: none"> • Fáilte Éireann chun dul i dteagmháil le Biúró Comhdhála agus Spóirt Réigiún na Sionainne agus na hÚdaráis Áitiúla maidir le forbairt ionad oiriúnach comhdhála agus imeachtaí. • Fáilte Éireann le bheith ag obair le BSL chun measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht le haghaidh ionad suntasach cuairteoirí ag Ard na Croise chun a bhaint le Stát na hÉireann a shonrú. 	Fáilte Éireann i gcomhar le Biúró Comhdhála agus Spóirt Réigiún na Sionainne, Údaráis Áitiúla agus BSL	R4, 2024
<ul style="list-style-type: none"> • Fáilte Éireann le bheith ag obair leis na hÚdaráis Áitiúla sa réigiún chun measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht do 'Ionad Léirmhínte' na Sionainne a thaispeánfaidh an abhainn lena stair shaibhir agus an tábhacht comhshaoil a bhaineann leis, mar abhainn. 		

- Fáilte Éireann le bheith ag obair le Comhairle Contae an Chláir, Comhairle Contae Chiarraí, Comhairle Contae Thiobraid Árann agus Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh chun tarraingtí ardchaighdeán laistigh a aithint a neartóidh soláthar turasóireachta na 4 DEDP

10.4 Forbairt Foraoise

10.4.1 Loighic/Réasúnaíocht

Ag teacht le téama na turasóireachta maille, inbhuanaithe agus gníomhaí, chuaigh an Tascfhórsa i gcomhairle go forleathan maidir le féidearthacht ceann de shócmhainní Choillte a fhorbairt in Inbhear na Sionainne. Faigheann an coincheap seo inspioráid ó thionscnaimh mar Pháirc Foraoise Avondale a sháraigh an líon cuairteoirí a rabhtas ag dúil leis, rud a léiríonn an t-éileamh agus an luach a bhaineann le taitneamhacht dá leithéid.

Fáiltíonn an Tascfhórsa roimh ghealltanais na Straitéise Forbartha Turasóireachta Réigiúnach WAW oibriú go dlúth le comhpháirtithe straitéiseacha ar nós Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW), an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS), Coillte agus eile chun leas a bhaint as acmhainneacht turasóireachta na sócmhainní nádúrtha faoi úinéireacht an stáit ar bhealach inbhuanaithe.

Aithníonn an Tascfhórsa nach mór d'fhorbairt sócmhainní nádúrtha cloí le hoibleagáidí caomhnaithe agus go gcaithfear iad a bhainistiú go híogair. Molann an Tascfhórsa freisin, áfach, gur cheart freastal ar chúrsaí turasóireachta agus fáis eacnamaíoch agus measúnú á dhéanamh ar fhorbairt fhéideartha suíomhanna faoi úinéireacht an stáit chun leas an réigiúin níos leithne.

Go hidéalach, d'fhéadfaí a leithéid de shuíomh a fhorbairt gar do lárionaid uirbeacha atá ann cheana féin agus/nó limistéir ina bhféadfaí díriú ar thurasóirí cosúil leo siúd atá éascaithe ag an ngréasán glasbhealaí atá ag méadú.

10.4.2 Tionchar/Toradh

Páirc shainchomhartha foraoiseachta a dhéanamh ar scála comhchosúil le Teach Avondale agus Páirc Foraoise ag cur ábhar spéise tábhachtach ar fáil do theaghlaigh agus ag méadú cuairteoirí chuig an réigiún.

Ba cheart aird chúí a thabhairt ar Pháirc Foraoise Churrach Chais, atá aitheanta ag Fáilte Éireann mar pháirc a bhfuil acmhainneacht shuntasach ag baint léi.

Leanúint ar aghaidh ag tacú le agus ag feabhsú na bpáirceanna áineasa foraoise atá ann cheana féin i réigiún an inbhir lena n-áirítear Cill Rois, An Chreatalach, Faing, Lios an Chromáin agus Gleann na gCaorach, ag aithint na bhféidearthachtaí a bhaineann leo mar thaitneamhachtaí áineasa faoin aer.

10.4.3 Sprioc/príomhghníomhartha

Gníomh	Úinéir	Dáta Dlite
<ul style="list-style-type: none"> Grúpa Oibre a bhunú faoi cheannas Fáilte Éireann a chuimseoidh Coillte, Oifig na nOibreacha Poiblí, an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS), Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Comhairle Contae Chiarraí, agus Comhairle Contae an Chláir. 	Fáilte Éireann i gcomhar leis an NPWS, Coillte, OOP agus Údaráis Áitiúla	R3, 2023
<ul style="list-style-type: none"> Grúpa Oibre chun an suíomh is oiriúnaí a aithint chun pleananna a fhorbairt don Pháirc Foraoise feadh Inbhear na Sionainne. 		críoch 2024
<ul style="list-style-type: none"> Maoiniú a chur ar fáil trí Fháilte Éireann, Coillte agus an tÚdarás Áitiúil ábhartha chun an tionscadal/ na tionscadail a sholáthar agus é d'aidhm aige a bheith ar fáil roimh Chorn Ryder 2027. 		2025

10.5 Straitéis Ar Uisce

Leagtar amach i Máistirphlean Turasóireachta na Sionainne creat cróga agus comhtháite d'fhorbairt inbhuanaithe turasóireachta feadh Uiscebhealach na Sionainne agus na Sionainne/ na hÉirne, ag athshuíomh an réigiúin mar phríomh-cheann scríbe turasóireachta laistigh de Chroíthailte faoi Cheilte na hÉireann, le heispéiris den scoth do chuartheoirí bunaithe ar shócmhainní nádúrtha agus cultúrtha an réigiúin. Tá gníomhaíochtaí ar uisce agus as uisce ríthábhachtach do Mháistirphlean na Sionainne a sholáthar. Beidh teagmháil dhíreach le huisce i gceist le heispéiris na Sionainne. Nuair is féidir, spreagfaidh siad cuairteoirí le dul isteach san abhainn agus sna lochanna nó in aice leo. Seachas sin, cuirfidh siad béim ar thábhacht agus ar thionchar an uisce. Tá comhreir idir VEDP Loch Deirgeirt agus Máistirphlean Turasóireachta na Sionainne, agus a thacaíocht aige, agus tá tús curtha leis an gcur i bhfeidhm cheana féin. Beidh maoiniú de dhíth ar gach ceann de na tionscadail sa Mháistirphlean.

10.5.1 Loighic/Réasúnaíocht

Ina chroí, ceann de phríomhbhuntaistí iomaíocha Inbhear na Sionainne do thurasóirí is ea an caidreamh lárnach atá aige le huisce – an tAtlantach Fiáin agus na codanna íochtair den abhainn is faide in Éirinn, an tSionainn, agus í ag sreabhadh síos ó Loch Deirgeirt isteach san Inbhear.

Sin an fáth a molann an Tascfhórsa go láidir tacaíocht do Mháistirphlean Turasóireachta na Sionainne, VEDP Loch Deirgeirt, agus do DEDP Chósta na hAille.

Léiríodh i gcomhairliúcháin le páirtithe leasmhara agus le Fáilte Éireann fonn láidir táirgí a chur ar fáil a bhaineann leas as an tsócmhainn nádúrtha seo. Arís, tá an uaimhian seo ag teacht go hiomlán le samhail na turasóireachta maille, gníomhaí agus inbhuanaithe atá ag an Tascfhórsa.

Leagtar béim i Máistirphlean Turasóireachta na Sionainne agus an DEDP ar Chósta na hAille ar an raon táirgí atá ar fáil do thurasóirí a bhfuil spéis mhór acu i ngníomhaíochtaí uisce. D'fhéadfadh cadhcáil, tacsaithe uisce, turais mhara, slatiascaireacht, snámh farraige, lapadán, luamh, rámhaíocht, srl a bheith i gceist leis seo. Chun na tairiscintí seo a fhorbairt, is féidir le hUiscebhealaí Éireann na gníomhaíochtaí is oiriúnaí do láithreacha éagsúla a shainiú. D'fhéadfadh táirge cothrom uiscebhunaithe a bheith mar thoradh air seo ar fud an réigiúin.

10.5.2 Tionchar/Toradh

- Tairiscint táirge chuimsitheach uisce-bhunaithe a uasmhéadaíonn na deiseanna a chuireann Loch Deirgeirt, an tSionainn íochtair, a Inbhear agus an tAtlantach ar fáil lena n-áirítear nascadh le Cuan Thrá Lí, Cill Rois agus Cuan Chill Chaoi ar bhéal an inbhir.
- Scaipeadh níos mó ar ghníomhaíochtaí turasóireachta a cheadú.
- Caiteachas níos airde agus turasóirí a fhanann ar feadh tréimhse níos faide a mhealladh.
- An séasúr turasóireachta a shíneadh.
- Iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht chun glasbhealaí a nascadh le gormbhealaí agus an fhéidearthacht le tírdhreacha nua a iniúchadh.

10.5.3 Spríoc/príomhghníomhartha

Gníomh	Úinéir	Dáta Dlíte
<ul style="list-style-type: none"> • Tacú leis na gníomhartha laistigh de DEDP Chósta na hAille, Máistirphlean Turasóireachta na Sionainne agus VEDP Loch Deirgeirt. 	Fáilte Éireann i gcomhar le Comhairle Contae an Chláir, Comhairle Cathrach agus	R3, 2023
<ul style="list-style-type: none"> • Fáilte Éireann le grúpa oibre a thionól le páirtithe leasmhara ábhartha mar Mháistir Cuain Chuideachta Chalafoirt na Sionainne, Fhainge, Uiscebhealaí Éireann, agus Údaráis Áitiúla chun straitéis uisce uileghabhálach a fhorbairt • Tosaíochtaí forbartha táirgí ar an inbhear le haithint sa straitéis agus maoiniú a leithdháileadh. 	Contae Luimnigh, Comhairle Contae Chiarraí, Máistirphlean Turasóireachta na Sionainne, Máistirphlean Chuan na Sionainne, Fhainge agus Uiscebhealaí Éireann	R2, 2024

10.6 Féilte agus Imeachtaí

10.6.1 Loighic/Réasúnaíocht

Téama a tháinig chun cinn arís agus arís eile de chomhairliúcháin an Tascfhórsa ba ea an fhéidearthacht do chomhoibriú feabhsaithe thar theorainneacha contae agus DEDPanna faoi seach chun margaíocht a dhéanamh ar an raon leathan de nithe is díol spéise agus de ghníomhaíochtaí timpeall Inbhear na Sionainne. D'fhágfadh sé sin go bhféadfaí tairiscint láidir táirge a mhargú do thurasóirí, ag méadú caiteachais áitiúil, agus ag síneadh an tséasúir isteach sna tréimhsí idirshéasúir.

Tá an coincheap seo luachmhar go háirithe agus athbhreithniú á dhéanamh ar an raon saibhir féilte agus imeachtaí a fhreastalaíonn ar dhaoine de gach aois, spéis agus cumas.

Molann an Tascfhórsa go mbunófaí féilire Féilte agus Imeachtaí Inbhear na Sionainne ar féidir é a óstáil ar shuíomh Gréasáin shannonestuaryway.ie agus a chur chun cinn ag Fáilte Éireann. Molann an Tascfhórsa freisin go ndéanfadh Fáilte Éireann, in éineacht le hÚdaráis Áitiúla agus lucht eagraithe imeachtaí, machnamh ar an dóigh is fearr an raon imeachtaí/fhéile a chur chun cinn chun an séasúr turasóireachta a shíneadh ó thús an earraigh go dtí an fhómhar. Chuirfeadh sé seo tairiscint láidir táirgí ar fáil ar feadh tréimhse sínte chun leasa na hearnála turasóireachta sa réigiún agus an gheilleagair áitiúil.

10.6.2 Tionchar/Toradh

- An séasúr turasóireachta a shíneadh.
- Branda an réigiúin a neartú mar áit chónaithe d'imeachtaí gníomhacha agus cultúrtha araon.
- Féilire imeachtaí comhordaithe a sholáthar ar fud Inbhear na Sionainne ar fad.

10.6.3 Sprioc/Príomhghníomhartha

Gníomh	Úinéir	Dáta Dlite
<ul style="list-style-type: none"> • Fáilte Éireann chun cruinniú a thionól le hÚdaráis Áitiúla agus le lucht eagraithe imeachtaí chun uainiú comhordaithe na n-imeachtaí thar shéasúr turasóireachta níos faide a mheas. 	Fáilte Éireann i gcomhar le hÚdaráis Áitiúla	R3, 2023
<ul style="list-style-type: none"> • Comhfhéilire Imeachtaí agus Féilte Inbhear na Sionainne a sheoladh ag Fáilte agus na hÚdaráis Áitiúla le buiséad margaíochta gaolmhar. 		R1, 2024

10.7 Cúrsáil Inbhuanaithe

10.7.1 Loighic/Réasúnaíocht

Chuaigh foghrúpa Turasóireachta an Tascfhórsa i gcomhairle go forleathan le páirtithe leasmhara maidir le leathnú a dhéanamh ar thionscal na long cúrsála atá ag fás go mór. Tá Comhlacht Chalafort na Sionainne–Faingne ag díriú ar an tionscal seo i gcomhar le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Comhairle Contae Chiarraí, Comhairle Contae an Chláir, agus Aerfort na Sionainne.

Léirtear in anailís eacnamaíoch a rinne Cruise Europe earnáil ardfháis le fás 34% idir 2010 agus 2019. In 2019, measann Cruise Europe gur thug 53.96 milliún paisinéir agus ball foirne cuairt ar chladach na hEorpa.

Léiríodh i gcomhairliúchán leis an tionscal béim ar an éileamh ar láithreacha calafoirt in Éirinn agus go háirithe ar an gcósta thiar. Measann Cruise Europe go bhfanann 58% de phaisinéirí an chalafoirt bhaile sa cheann scríbe roimh an turas mara nó ina diaidh agus go bhfanann siad ar feadh 2.3 oíche ar an meán ag ceann scríbe an chalafoirt bhaile. Mar gheall ar chomhlonnú éifeachtach Aerfort na Sionainne le Cuideachta Chalafort na Sionainne agus Fhaingne, is é Inbhear na Sionainne an suíomh idéalach chun leas a bhaint as na buntáistí breise a bhaineann le láithreacha cúrsála ag calafoirt bhaile.

Léirítear i suirbhéanna tionscail freisin go bhfilléann 30–40% de phaisinéirí cúrsála ar saoire talún chuig na calafoirt ag a nduganna cúrsála. Go bunúsach, feidhmíonn an long chúrsála mar ‘chlár fógraí gluaiseachta’ a thugann deis don chósta a tharraingteacht dá chliant a léiriú. Go stairiúil, bhí an tairiscint seirbhíse a d’fhéadfadh sé a chur ar fáil teoranta don tionscal cúrsála i gCalafort na Sionainne agus Fhaingne, ach sárófar na teorainneacha sin anois faoi 2027/2028 i bhfianaise forbairtí atá beartaithe faoi Straitéis Horizon 2041 an chalafoirt.

Tá baill de Chomhlachas Idirnáisiúnta Cruise Lines (CLIA), an cumann trádála is mó sa tionscal cúrsála, tar éis gealltanais a thabhairt go sroichfidh siad astuithe carbóin glan-nialas faoi 2050, agus go laghdófar rátaí carbóin 40% faoi 2030 (i gcomparáid le leibhéal 2008). Creideann an Tascfhórsa go bhfuil deis ann do Chalafort na Sionainne agus Fhaingne forbairt a dhéanamh ar an mbonneagar ar thaobh an chalafoirt a theastaíonn chun tacú le cur le cé le hastaíochtaí nialasacha, breoslaí malartacha níos glaine, agus tionscnaimh eile atá ag teacht chun cinn chun an earnáil a dhícharbónú.

Molann an Tascfhórsa gur cheart treisiú leis na hiarrachtaí trialacha reatha chun an tionscal cúrsála a mhealladh trí mheitheal oibre tiomnaithe a bhunú a bheadh in ann aghaidh a thabhairt ar riachtanais chúrsála níos glaise an tionscail. I dteannta le cláir taistil agus táirgí a thairiscint ar an gcladach an-láidir a fhorbairt, ceanglais maidir le hacmhainn calafoirt, bonneagar ar an gcladach (m.sh. saoráidí críochfoirt droichid farraige agus taobh na ndugaí, bóithre, iarnród paisinéirí, nascacht eangaí), soláthar fuinnimh in-athnuaite, agus calafort slánúcháin (Aerfort na Sionainne), ba cheart nascacht a scrúdú freisin.

10.7.2 Tionchar/Toradh

Déanfaidh forbairt an tionscail chúrsála:

- rochtain mhéadaithe ar an margadh turasóireachta le haghaidh só a bheith mar thoradh air le féidearthacht shuntasach do chaiteachas áitiúil ar thurais, fáilteachas, lóistín srl;
- ailíniú le fíis an Tascfhórsa maidir le hInbhear na Sionainne a bhunú mar rogha cheann scríbe do thaisteal mall, inbhuanaithe agus gníomhach;
- foinse éilimh fhéideartha eile a sholáthar don acmhainn fuinnimh in-athnuaite a bheidh ar fáil sa réigiún;
- tacaíocht a thabhairt do na nithe is díol spéise do chuariteoirí agus don táirge turasóireachta atá i Luimneach, sa Chlár agus i gCiarraí ag éascú cúrsaí taistil laistigh de raon 90 nóiméad den Inbhear.

10.7.3 Sprioc/príomhghníomhartha

Gníomh	Úinéir	Dáta dlíte
<ul style="list-style-type: none"> • Grúpa oibre a bhunú faoi cheannas Cuideachta Chalaafort na Sionainne agus Fhainge ar a mbeidh Cruise Europe, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Comhairle Contae Chiarraí, Comhairle Contae an Chláir, agus Grúpa Aerfort na Sionainne. • Grúpa Oibre chun príomhspríocanna a fhorbairt maidir le líon na dturas á gcur le cé go hInbhear na Sionainne faoi 2027/2030 agus gníomhartha aitheanta chun an sprioc seo a bhaint amach. • Páirtithe leasmhara ar nós Excursions Ireland chun cuidiú le tairiscint táirge an-láidir a fhorbairt do phaisinéirí long cúrsála a théann le cé i bhFaing. • Seirbhísí iarnróid do phaisinéirí a fhorbairt idir Faing agus Cathair Luimnigh, chun líon na dturasóirí méadaithe a éascú ar aon dul le méaduithe ar úsáid iarnróid paisinéirí long cúrsála idir an Cóbh agus Cathair Chorcaí. • Anailís ar chás gnó a mhaoiniú do sholáthar seirbhísí iarnróid do phaisinéirí idir Faing agus Luimneach (líne á tabhairt ar ais in úsáid faoi láthair le haghaidh seirbhísí lastais mar thaca le gníomhaíochtaí calafoirt) ag nascadh le limistéir chónaithe/gnó tábhachtacha ar an líne ar mhaithe le leas eacnamaíoch iomlán don phobal sa réigiún. 	<p>Cuideachta Chalaafort na Sionainne agus Fhainge le bheith i gceannas i gcomhairle le Cruise Europe, Údarás Áitiúla, Grúpa Aerfort na Sionainne</p>	<p>R3, 2023</p> <p>R1, 2024</p>
<ul style="list-style-type: none"> • Fáilte Éireann chun measúnú a dhéanamh ar fhéidearthacht 'Turasóireacht Chúrsála Glas' mar thiománaí eacnamaíoch do réigiún Inbhear na Sionainne. 	Fáilte Ireland	R3, 2024

11

Moltaí maidir le cur i bhfeidhm



Sa chuid seo déanaimid roinnt moltaí maidir le cur i bhfeidhm.

Ag teacht le cleachtas caighdeánach le haghaidh tuarascálacha don Rialtas, moltar inár raon gníomhartha go mbeidh freagracht ar na hinstitiúidí Stáit ábhartha as go leor de na gníomhartha riachtanacha a sholáthar. Mar sin féin, molann an Tascfhórsa go láidir go ndéanfar tuairisciú débhlíantúil ar dhul chun cinn i ngach gníomh sa tuarascáil seo. Ba cheart é seo a chomhordú go lárnach sa Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus é a fhoilsiú ar a suíomh Gréasáin.

Chun tacú le tionscail chláir a chruthú agus a chur i bhfeidhm chun a gcuid spriocanna laghdaithe astuithe carbóin 2030 a bhaint amach, tá sé beartaithe againn Gníomhaireachtaí Fuinnimh Luimnigh/an Chláir agus Thiobraid Árann a chónascadh agus acmhainní méadaithe a sholáthar dóibh chun an obair seo a dhéanamh sa réigiún níos leithne. Is cur chuige é seo a mbaintear úsáid as agus a n-éiríonn leis san Eoraip.

Chun teas tionsclaíoch a dhícharbónú trí dheiseanna bithmheatán, aithnímid an phráinn atá le bheith ar an leibhéal chéanna lenár gcomharsana Eorpacha ionas go ndéanfar infheistíocht na dtionscal áitiúil reatha a chosaint agus gur féidir í a mhealladh tuilleadh laistigh d'uasteorainn astaíochtaí an Phlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide. Molaimid gur chóir go ndéanfadh Fondúireacht Bithgheilleagair na hÉireann, atá lonnaithe ar an gCampas Náisiúnta Bithgheilleagair i Lios Sí, Co.Thiobraid Árann, i gcomhpháirtíocht le Rannógha an Rialtais ar nós DECC, DAFM, DETE forbairt ar an obair ar thosaíomar uirthi. Iarraimid na hacmhainní agus an maoiniú chun é seo a chumasú.

Mar sin féin, measann an Tascfhórsa go bhfuil gá le creat rialachais sonrath nua chun an deis eacnamaíoch a chuireann gaoth eischósta ar fáil a bhrú chun cinn. Tá cur chuige 'Rialtais iomlán ar luas' riachtanach i bhfianaise ár dtuairim: (a) gur réabhlóid thionsclaíoch nua atá i gceist anseo, agus (b) go bhfuil rás ar siúl ar fud an domhain le hacmhainn theoranta an tslabhra soláthair a chinntiú agus chun leas a bhaint as deiseanna éilimh thionsclaíoch a bhaineann le méideanna fíor-mhóra fuinnimh ghlais.

Ba cheart go mbeadh sraitheanna comhlántacha sa chreat chun an réabhlóid thionsclaíoch a thiomáint.

11.1 An Coiste Comh-Aireachta ar Gheilleagar agus Infheistíocht

Tá an Tánaiste ina chathaoirleach ar an gCoiste seo agus ar a bhfreastalaíonn an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, agus Iompair, an tAire Airgeadais, an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an tAire Turasóireachta, Cultúr, Ealaíona, Gaeltachtaí, Spórt agus na Meáin Chumarsáide.

Ba cheart dul chun cinn ar chur i bhfeidhm straitéise tionscail don ghaoth amach ón gcósta a thuairisciú don ghrúpa seo débhliantúil. Ba cheart go mbeadh sé mar shainordú ag an straitéis thionsclaíoch an deis eacnamaíoch a bhaineann leis an uaimhian atá luaite ag an Rialtas, ar a laghad, 37 GW de ghaoth amach ón gcósta a sheachadadh faoi 2050 a uasmhéadú.

Sula gcuirfead é seo ar aghaidh chuig an gCoiste Comh-Aireachta, beidh an straitéis thionsclaíoch maidir le gaoth eischósta faoi réir breithniú ag an nGrúpa Oifigeach Sinsearach tras-Rialtais ar Gheilleagar agus Infheistíochta.

11.2 Grúpa Idir-Rannach ag Tiomáint Chur i bhFeidhm na Straitéise Tionscail do Ghaoth Amach ón gCósta

Ba cheart don Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta straitéis thionsclaíoch maidir le gaoth eischósta a fhoilsiú sna 12 mhí atá romhainn ag tógáil ar mholtaí na tuarascála seo. Ba cheart go gcomhlánódh an straitéis seo obair leanúnach an Tascfhórsa um Sholáthar Gaoithe eischósta atá á stiúradh ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.

Ba cheart don Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta maoirsiú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Straitéise trí ghrúpa idir-rannach ar a mbeadh príomh-Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais. Ba cheart don Aire ansin tuairisc a thabhairt don Choiste Comh-Aireachta ar Gheilleagar agus Infheistíocht gach sé mhí.

11.3 Gníomhaireacht Fhiontair Tiomnaithe do Ghaoth Shnámhach Amach ón gCósta

Trí chomhairliúcháin leis an tionscal agus le páirtithe leasmhara eile ón Tascfhórsa tá béim leanúnach curtha ar an ualach riaracháin ollmhór a bhíonn ar fhorbróirí ionchasacha gaoithe eischósta agus ar phríomhpháirtithe leasmhara san éiceachóras gaoithe eischósta níos leithne. Tá tuairim ann freisin go bhfuil teachtaireachtaí measctha curtha i láthair ag an Rialtas mar shampla ag athruithe tobanna i mbeartas a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do mhúinín infheisteoirí agus don tuiscint go mbeidh an tionscadal rannpháirteach sa togra. Tá an iliomad comhlachtaí stáit le dul i ngleic leo ar leibhéal náisiúnta agus áitiúil, reachtaíocht chasta, breithnithe eangaí, riachtanais chomhshaoil agus saincheisteanna eile le plé. Is mar gheall air seo go bhféadfaí nach mbeadh cás gnó na hÉireann chomh tarraingteach céanna i gcomparáid le dlínsí eile d'fhorbróirí a d'fhéadfaí a bheith ann.

Ag tógáil ar rathúlacht agus ar chlú Fhiontraíocht Éireann maidir le hacmhainn fiontraíochta na hÉireann a fhorbairt, agus ar GFT Éireann maidir le FDI a mhealladh, molann an Tascfhórsa go mbunófaí Gníomhaireacht Forbartha Gaoithe eischósta ar Snámh tiomnaithe, ina mbeidh foireann atá saindirithe agus cáilithe go cuí ar féidir leo dul i ngleic go creidiúnach le forbróirí idirnáisiúnta, ar an leibhéal tráchtála agus teicniúil araon. Feidhmeoidh sé seo mar ionad céad stad/ilfhreastail d'fhorbróirí gaoithe eischósta agus do príomhpháirtithe leasmhara san éiceachóras gaoithe eischósta níos leithne.

Is féidir leis an ionad sármhaitheasa agus saineolais seo an turas d'fhorbróirí a shimpliú go mór agus nasc a sholáthar idir bheartas náisiúnta, cur i bhfeidhm réigiúnach agus an slabhra soláthair intíre. Níos tábhachtaí fós, rachaidh sé chun tairbhe do tháirgeadh fuinnimh ghlais ar scála agus tacóidh sé le forbairt eacnamaíoch réigiúnach chothrom.

Toisc gur gá breis agus €100 billiún d'infheistíocht phríobháideach agus teicneolaíocht a mhealladh ar deireadh, molaimid go mbeadh an Ghníomhaireacht seo dírithe go mór ar an gcustaiméir, agus í lonnaithe i réigiún an Inbhir, gar do chustaiméirí agus áit a ndéanfar na tuirbíní gaoithe ar snámh d'uisce uile na hÉireann. Tá suíomh an Mheán-larthair lárnach freisin do cheantair ghaoithe ar snámh amach ón gcósta eile, agus i mBaile Átha Cliath.

Molaimid go gcoinneoidh IDA agus FÉ freagracht as tionscail nua a mhealladh chun an leictreachas glas seo a úsáid agus chun breisluach a chur leis. Beidh sé riachtanach go n-oibreoidh na trí Ghníomhaireacht go han-dlúth le chéile agus go gcumasóidh a struchtúir tuairiscithe é sin oiread agus is féidir.

11.4 Grúpa Forfheidhmithe Réigiúnach

Tá an Tascfhórsa den tuairim go bhfuil gá le príomhpháirtithe leasmhara áitiúla a bheith ag obair lena chéile agus a bheith ag teacht le beartas náisiúnta chun an deis eacnamaíoch a bhaineann le gaoth eischósta a uasmhéadú. Chonacthas don Tascfhórsa go pearsanta an luach a bhaineann le hionadaithe ó thionscal, ardoideachas, údaráis áitiúla, calafoirt/aerfoirt agus an Rialtas láir a thabhairt le chéile chun breithniú a dhéanamh le chéile ar na saincheisteanna ar gá aghaidh a thabhairt orthu le go n-éireoidh leis an tionscal. Is léir ón aiseolas atá faighte againn ón tionscal go bhfeiceann siad luach ollmhór i struchtúir dá leithéid freisin.

Agus an t-eolas seo aige, tacaíonn an Tascfhórsa go láidir le Coiste Stiúrtha seasta Inbhear na Sionainne a bhunú. Tá sé beartaithe go mbeidh croí-bhallraíocht ag an ngrúpa seo de na comhlachtaí reachtúla cuí sa réigiún agus go mbeidh cúnaimh ó dhaoine eile de réir mar is gá.

Is iad na comhlachtaí reachtúla seo ná na hÚdaráis Áitiúla faoi seach (Comhairle Contae an Chláir, Comhairle Contae Chiarraí, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus Comhairle Contae Thiobraid Árann) mar aon le (ionadaíocht) IAO réigiúnach (UL, TUS, MTU), Cuideachta Chalafoirt na Sionainne agus Fhainge agus Aerfort na Sionainne. Ba cheart go mbeadh foireann bheag bhainistíochta tionscadail ag tacú leis an gCoiste Stiúrtha agus go mbeadh na sainscileanna ábhartha maoinithe ar dtús tríd an rialtas láir nó áitiúil. Le himeacht ama, d'fhéadfadh scóip a bheith ann do phríomhpháirtithe leasmhara sa réigiún foireann a mhaoiniú/a thabhairt ar iasacht don struchtúr seo i bhfianaise na mbuntáistí a bhaineann le socrú dá leithéid. Tá sé seo cosúil leis an gcur chuige céimnithe a ghlac Fiontraíocht Éireann maidir le cnuasaigh tionscail a mhaoiniú. Is féidir le hionadaíocht ó thionscal, ardoideachas, rialtas láir, gníomhaireachtaí fontair agus an tsochaí a bheith ag tacú le hobair leanúnach an Choiste Stiúrtha mar is cuí.

Mar a shonraítear sa tuarascáil seo, tá roinnt moltaí le haghaidh tuilleadh sainstaidéir agus réimsí taighde le coimisiúnú. Tá sé molta ag an Tascfhórsa go mbeadh na píosaí taighde seo faoi stiúir an Choiste Stiúrtha nua. I bhfianaise nádúr teicniúil na hoibre seo, ba ríthábhachtach go mbeadh na scileanna, an taithí agus an saineolas cuí ag an bhfoireann ghairmiúil bainistíochta tionscadail a thacódh leis an gCoiste Stiúrtha chun na tionscadail chasta seo a bhainistiú agus chun a chinntiú go ndéanfaí airgead poiblí a bhainistiú go héifeachtach.

Ba cheart go mbeadh ar an gCoiste Stiúrtha roinnt feidhmeanna a dhéanamh:

Ar an gcéad dul síos, ba chóir dóibh creat-straitéis chomhleanúnach a fhorbairt don réigiún a uasmhéadaíonn na deiseanna ó ghaoth amach ón gcósta. Roinnfear gach straitéis leis an nGrúpa Idir-Rannach atá ag tiomáint na straitéise tionsclaíochta don ghaoth amach ón gcósta. Beidh príomhbhreithnithe gach straitéise réigiúnacha bunaithe ar an Straitéis Náisiúnta Tionscail agus ar phleananna straitéiseacha chomhaltaí an Ghrúpa Stiúrtha agus d'fhéadfaí na pleananna seo a leanas a bheith san áireamh:

- Príomhriachtanais bhonneagair a chur chun cinn, de réir phleananna straitéiseacha chomhaltaí an Ghrúpa Stiúrtha, chun éileamh tionsclaíoch a éascú agus le tarmligean chuig Údaráis Áitiúla faoi seach agus chuig gníomhaireachtaí gaolmhara de réir mar is cuí. D'fhéadfadh criosú tailte, measúnuithe comhshaoil agus soláthar bóithre, bonneagar digiteach, srl., a bheith san áireamh anseo.
- Riachtanais bhonneagair tacaíochta a aithint (amhail uisce, fuíolluisce, tithíocht, srl.) chun fás daonra a bhaineann le deiseanna fostaíochta nua a éascú agus le tarmligean chuig Údaráis Áitiúla agus gníomhaireachtaí faoi seach mar is cuí.
- Riachtanais scileanna agus cumas soláthair a aithint dóibh seo ag leibhéal réigiúnach agus náisiúnta.

D'fhéadfadh an Coiste Stiúrtha nuashonruithe a fháil freisin ar fhorbairtí ábhartha náisiúnta agus áitiúla. Mar shampla, d'fhéadfadh go n-áireofaí leis sin nuashonruithe ón Rialtas ar chur chun feidhme náisiúnta, ón gcalafort agus ón tionscal ar a bhforbairtí, ó ollscoileanna agus ó chomhlachtaí oideachais agus oiliúna ar an gclár oibre scileanna, agus ó ghníomhaireachtaí fiontair maidir le gníomhaíocht slabhra soláthair agus éileamh tionsclaíochta nua araon.

Ar deireadh, d'fhéadfadh an Coiste Stiúrtha feidhmiú mar ionad ilfhreastail d'fhorbróirí a d'fhéadfadh a bheith ann/tionscail nua a shílfeadh go mbeadh luach le rannpháirtíocht le haonán amháin a sheasann do dhearcadh comhleanúnach na bpáirtithe leasmhara réigiúnacha.

Cé go bhfuil an tsamhail Grúpa Stiúrtha seo molta do réigiún Inbhear na Sionainne, d'fhéadfadh sé feidhmiú mar fhréamhshamhail do struchtúir chomhchosúla ag pointí tábhachtacha eile timpeall chósta na hÉireann a bheidh ina moil thábhachtacha d'fhorbairt eacnamaíoch a bhaineann le hearnáil na gaoithe eischósta. Ar an mbonn sin, molann an Tascfhórsa gur cheart go mbeadh ionadaí ón nGrúpa Stiúrtha réigiúnach seo ina bhall den ghrúpa forfheidhmithe straitéise tionscail gaoithe eischósta agus den fhóram ardleibhéil Rialtais/tionscail ar cheart do Roinn an Taoisigh a bheith i gceannas air.

12

Aguisíní



12.1 Aguisín 1 – Faisnéis Tacaíochta

12.1.1 Téarmaí Tagartha

Gheall an Clár don Rialtas tacaíocht a thabhairt d'Inbhear na Sionainne agus an ceantar máguaird trí Thascfhórsa a chur ar bun chun cumas forbartha geilleagraí an cheantair a mheas agus a chinneadh faoin dóigh ar féidir an acmhainneacht seo a bhaint amach ar bhealach atá inbhuanaithe ó thaobh an gheilleagair agus an chomhshaoil de.

Bunaíodh an Tascfhórsa an 21 Aibreán 2022 agus tá ceannairí sa tionscal agus sa saol acadúil ó ar fud limistéar Inbhear na Sionainne air.

Is iad na Téarmaí Tagartha don tascfhórsa ná:

1. láidreachtaí straitéiseacha agus buntáistí comparáideacha Inbhear na Sionainne a mheas ó thaobh infheistíochta agus forbartha fiontraíochta de, i gcomhthéacs náisiúnta agus idirnáisiúnta;
2. réimsí deiseanna féideartha d'Inbhear na Sionainne a scóipeáil agus riachtanais bheartais agus infheistíochta a shonrú chun leas a bhaint as na réimsí sin féidearthachta;
3. nascacht reatha an réigiúin a mheas agus moltaí a dhéanamh maidir le conas is féidir é seo a fheabhsú;
4. na gníomhaíochtaí a shonrú a theastaíonn ón rialtas náisiúnta agus áitiúil, agus ó pháirtithe leasmhara eile, chun na réimsí sin féidearthachta a shaothrú;
5. tuarascáil agus plean gníomhaíochta gaolmhar a tháirgeadh ina mbeidh céimeanna sonracha i réimsí féidearthachta.

12.1.2 Struchtúr an Tascfhórsa

D'aontaigh an Tascfhórsa go luath foghrúpaí a bhunú chun acmhainneacht a scrúdú agus chun moltaí a dhéanamh thar na ceithre réimse fócais seo a leanas:



Sna ceithre fhoghrúpa tá cathaoirligh foghrúpaí, baill den Tascfhórsa a bhfuil saineolas acu i ngach réimse, le tacaíocht ó shaineolaithe ó Ranna Rialtais, ó Ghníomhaireachtaí stáit agus ó rialtas áitiúil. Buailteann cathaoirleach an fhoghrúpa le cathaoirleach an Tascfhórsa ar bhonn seachtainiúil, agus cuireann gach foghrúpa nuashonrú ar fáil do chruinnithe an tascfhórsa iomlánaigh (a bhíonn ar siúl gach trí seachtaine de ghnáth). Cé go léiríonn na foghrúpaí sainghnéithe ar leith, tá siad fite fuaite fríd a chéile go dlúth agus cuireann siad le comhfhís de réigiún inbhuanaithe, rathúil a chinntíonn todhchaí inbhuanaithe do gach gné den tsochaí. Tá saineolas sonrath coimisiúnaithe ag na foghrúpaí, nuair is gá, chun a gcuid oibre a threorú.

12.1.3 Comhairliúcháin le páirtithe leasmhara

Thug clár fairsing rannpháirtíochta páirtithe leasmhara le chéile ar fud an rialtais náisiúnta agus áitiúil, an tionscail, an taighde agus an saol acadúil, agus an phobail áitiúil chun na deiseanna, na dúshláin agus an uaimhian don todhchaí do réigiún Inbhear na Sionainne a mheas.

Sna hearnálacha fuinnimh ar an gcladach agus amach ón gcósta, áirítear leis na comhairliúcháin páirtithe leasmhara náisiúnta amhail Eirgrid, ESB, SEAI, agus comhlachtaí ionadaíoch do thionscail fuinneamh gaoithe, bithfhuinneamh agus fuinneamh na gréine. Tá an Tascfhórsa i dteagmháil freisin le páirtithe leasmhara idirnáisiúnta lena n-áirítear an Coimisiún Eorpach, Hydrogen Europe, forbróirí fuinnimh gaoithe, calafoirt fuinnimh Eorpacha, agus eile.

Sna hearnálacha iompair agus nascachta, díriodh sna comhairliúcháin ar dheiseanna chun bonneagair fhisiceacha agus dhigiteacha a fhorbairt agus a chomhtháthú le geallsealbhóirí a dhéanann ionadaíocht thar ceann na gcomhlachtaí náisiúnta iompair, an tionscal eitlíochta, earnáil na mbreoslaí iompair inbhuanaithe, agus iad siúd a bhfuil baint acu le hearnálacha nascacht sonraí agus teileachumarsáide in Éirinn agus san Eoraip araon.

San earnáil turasóireachta, tá an Tascfhórsa i dteagmháil go forleathan le páirtithe leasmhara áitiúla agus náisiúnta lena n-áirítear an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, gach údarás áitiúil, Fáilte Éireann, Coillte, tionscal áitiúil agus comhlachtaí ionadaíoch. Chuathas i gcomhairle freisin le páirtithe leasmhara tábhachtacha maidir le forbairt gníomhaíochtaí uisce-bhunaithe lena n-áirítear Uiscebhealaí Éireann, Cuideachta Chalafoirt na Sionainne agus Fhainge, agus an Máistir Cuain.

Chuaigh an Tascfhórsa i gcomhairle le Tascfhórsa Straitéiseach an Rialtais le haghaidh ullmhúcháin Chorn Ryder, Adare Manor agus Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh le go mbeadh an uaimhian agus an fócas céanna ann maidir le sócmhainní turasóireachta ar ardchaighdeán a sholáthar roimh 2027 a chinntiú.

Áiríodh leis an gclár comhairliúcháin dhá chomhairliúchán poiblí a rinne an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta thar ceann an Tascfhórsa. Tharla an chéad cheann de na comhairliúcháin seo sular bunaíodh an tascfhórsa agus bhí sé ar oscailt ó 09 Márta go 13 Aibreán, agus tharla an dara ceann tar éis gur bunaíodh an tascfhórsa agus bhí sé ar oscailt ón 16 Meitheamh go dtí an 29 Iúil. Fuarthas 42 aighneacht ón earnáil fuinnimh, ón rialtas áitiúil, ó ghrúpaí pobail áitiúla, ó chomhlachtaí comhshaoil, ón saol acadúil, agus ón bpobal. Tacaíonn na haighneachtaí seo go ginearálta leis na deiseanna forbartha atá á scrúdú ag an Tascfhórsa, le béim ar leith ar fhuinneamh, turasóireacht, agus tionchair timpeallachta na forbartha eacnamaíochta amach anseo.

Áiríodh sa chlár comhairliúcháin chomh maith cur i láthair ón gCathaoirleach d'oifigigh thofa ó gach ceann de na ceithre údarás áitiúla (an Clár, Luimneach, Tiobraid Árann, agus Ciarraí), agus réachtáladh cruinnithe freisin idir an Cathaoirleach agus comhaltaí an Oireachtais ón réigiún, Feisirí Eorpacha an réigiúin, agus roinnt Airí Comh-aireachta ábhartha.

Tá na comhairliúcháin seo mar bhonn agus mar thaca ag na téamaí atá ag teacht chun cinn atá leagtha amach sa tuarascáil seo.

12.1.4 Tacaíocht Sheachtrach

Choimisiúnaigh an Tascfhórsa an saineolas seachtrach seo chun a chuid oibre a threorú.

1. Deiseanna Fiontraíochta Fuinneamh Gaoithe ar Snámh Amach ón gCósta

Anailís ar na deiseanna fiontraíochta a bhaineann le himscaradh feirmeacha gaoithe ar snámh amach ón gcósta in Éirinn lena n-áirítear measúnú ar an gcleachtas idirnáisiúnta is fearr – Conradh á ullmhú le Gavin & Doherty Geosolutions (GDG).

2. Measúnú ar Dheiseanna chun Teas Próisis a Dhícharbónú

Staidéar chun conairí a shainiú chun teas a dhícharbónú sa tionscal (Tráchtáil agus Tionsclaíoch) – Conradh bronnta ar Ghníomhaireacht Fuinnimh Thiobraid Árann.

3. Measúnú ar Dheiseanna d'Imscaradh PV ar bharr an díon ar mhórscála

Anailís ar an bhféidearthacht atá ann do phainéil mhórscála Fótvoltach Rooftop (PV) ar fhoirgnimh thionsclaíocha, thalmhaíochta, thráchtála agus poiblí i réigiún Inbhear na Sionainne – Conradh á ullmhú leis an Ionad Idirnáisiúnta um Thaighde Fuinnimh, Institiúid Náisiúnta Tyndall.

4. Fís d'Inbhear na Sionainne

Sainchomhairle a sholáthar maidir le fís uileghabhálach a fhorbairt agus a chur in iúl do réigiún Inbhear na Sionainne – Bronnadh conradh ar Teneo Ireland.

Tá gach Conradh faighte ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta thar ceann an Tascfhórsa de réir rialacha soláthair phoiblí.

12.2 Aguisín 2 - Comhréiteach le Beartas Náisiúnta, Réigiúnach agus Áitiúil


Tá ceanglais reachtúla agus beartais ag an leibhéal náisiúnta chun athrú aeráide a mhaolú agus giniúint fuinnimh in-athnuaite a mhéadú bunaithe ar reachtaíocht ardleibhéil idirnáisiúnta agus Eorpach. Cuidíonn an comhthéacs beartais seo go díreach le riachtanas soiléir práinneach a bhunú chun deiseanna Inbhear na Sionainne agus acmhainn fuinnimh chósta thiar na hÉireann a threisiú. Tugann fás na hearnála fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta deis d'Inbhear na Sionainne maidir le bonneagar nua agus deiseanna slabhra soláthair. Mar a léirítear sna caibidlí thíos, tá beartas suntasach ag an leibhéal idirnáisiúnta, náisiúnta agus réigiúnach chun Inbhear na Sionainne a chumasú agus a thacú mar phríomhnód glactha do leictreachas gaoithe eischósta a ghintear amach ó chósta thiar na hÉireann.

Tá roinnt gnéithe den aguisín comhréitigh bheartais seo maidir le fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta agus bonneagar cumasaithe bunaithe ar an mbuntéacs atá i ndoiciméad Athbhreithnithe Straitéisigh Fís 2041 de chuid Chuideachta Chalafort na Sionainne agus Fhainge a d'ullmhaigh Bechtel Infrastructure Ireland Limited do Chuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge.¹

12.2.1 Beartas Idirnáisiúnta agus AE

Gréasán TEN-T

Aithníonn an Coimisiún Eorpach Cuideachta Chalafóirt na Sionainne agus Fhainge (SFPC) mar cheann de na trí chroí-chalafort in Éirinn faoi Líonra Tras-Eorpach Iompair an CE² (TEN-T). Féachann líonra TEN-T le gréasán a fhorbairt ar fud na hEorpa de na bealaí agus na calafóirt loingseoireachta muirí is tábhachtaí a mheastar mar aon le críochfoirt iarnróid agus aerfoirt.



Conairí Athraithe an Chroíghréasáin faoin tSaoráid um Chónascadh na hEorpa 2 (Foinse: An Coimisiún Eorpach)

Tá gréasán TEN-T ríthábhachtach chun cur le himeascadh na hEorpa, leis an margadh inmheánach a neartú agus le bheith ina chnámh droma don iompar i Margadh Aonair na hEorpa.

Chun iad a áireamh sa 'chroíghréasán', ní mór go mbeadh méideanna suntasacha lasta ag calafoirt (lena n-áirítear SFPC) agus ardleibhéal nascachta idirnáisiúnta a bheith acu. Go suntasach, cuimsíonn an SFPC cuid de dhá chonair lena n-áirítear Conair Chroíghréasáin na Mara Thuaidh- na Meánmhara (NS-M) agus Conair an Atlantaigh. Ó 2021, d'fheabhsaigh an CE SFPC agus thug sé tosaíocht dó trí chonair an chroíghréasáin TEN-T a oiriúnú agus Conair an Chroíghréasáin NS-M a leathnú chun SFPC a áireamh. Ciallaíonn sé seo ní hamháin go bhfuil SFPC sainmhínithe mar Chroí-chalafort sa Ghréasán Ten-T tosaíochta ach leathnaíodh Croí-chonair na Meánmhara sa Mhuir Thuaidh laistigh den Chroíghréasán chun SFPC a áireamh chun nascacht níos fearr idir na croí-chalafort agus na dtionscadal trasteorann a áirithiú (figiúr 14) thuas). Neartóidh sé seo na naisc dhíreacha loingseoireachta idir na Sionainne agus Fhainge agus calafoirt eile an AE ar an ngréasán TEN-T.

Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Athrú Aeráide

Conradh idirnáisiúnta comhshaoil is ea Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC) a ndearnadh idirbheartaíocht air i 1992. Ba é an cuspóir deiridh a bhí aige ná "...tiúchan gás ceaptha teasa san atmaisféar a chobhsú ag leibhéal a chuirfeadh cosc ar thrasnaíocht chontúirteach antrapaigineach ar an aeráid córas"³.

Gach bliain déanann an UNFCCC óstáil ar Chomhdháil na bPáirtithe (COP) chun dul chun cinn a mheas maidir le saincheist an athraithe aeráide a réiteach. Ag COP21 i bPáras in 2015, socraíodh an chéad mhargadh domhanda um aeráid uilíoch a bhí ceangailteach ó thaobh dlí de, eadhon Comhaontú Pháras. Leagtar amach sa chomhaontú sin plean gníomhaíochta domhanda chun an pobal domhanda a chur ar an mbóthar ceart chun athrú contúirteach aeráide a sheachaint trí théamh domhanda a theorannú go dtí i bhfad faoi bhun 2°C os cionn leibhéil réamhthionsclaíocha agus trí iarrachtaí a dhéanamh chun é a theorannú go 1.5°C os cionn leibhéil réamhthionsclaíocha.

12.2.1.1 Treoracha agus Beartais Aeráide an AE

Leagtar amach i dtreoracha agus beartais éagsúla an AE sainordú soiléir do gach ballstát aistriú go fuinneamh inbhuanaithe in-athnuaite agus astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. Leagadh amach i dTreoir an AE ar Chur Chun Cinn Úsáid Fuinnimh ó Fhoinsí In-athnuaite (2009/28/CE) sprioc amach 20 % de thomhaltas fuinnimh an AE ó fhoinsí in-athnuaite faoi 2020 agus laghdú 20% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2020, an plean 20:20:20 mar a thugtar air. Mar chuid den Treoir seo, ba é sprioc náisiúnta iomlán na hÉireann maidir le sciar an fhuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite san olltomhaltas deiridh fuinnimh in 2020 ná 16% (méadú ó 3.1% in 2005). Cé go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta ag Éirinn maidir lena spriocanna leictreachais in-athnuaite 2020 a bhaint amach níor chomhlíon sí a sprioc leictreachais de 40% d'fhuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite^{5,6}.

Creat Aeráide agus Fuinnimh 2030

I mí Dheireadh Fómhair 2014, ghlac ceannairí an AE Creat Aeráide agus Fuinnimh 2030 a nuashonraíodh ina dhiaidh sin in 2018⁷. Soláthraíonn an creat seo peirspictíocht fhadtéarmach thar spriocanna 2020. Leagtar amach trí phríomhspríoc don bhliain 2030 i gCreat Aeráide agus Fuinnimh 2030:

- Laghdúithe 40% ar a laghad ar astuithe gáis cheaptha teasa (ó leibhéal 1990)
- Sciar 32% ar a laghad den fhuinneamh in-athnuaite
- Feabhsú 32.5% ar a laghad in éifeachtúlacht fuinnimh (ó leibhéal 1990).

Ar a bharr sin, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach a mhiondealú maidir le spriocanna astaíochtaí 2030 do gach Ballstát in 2016. Cé gurb é sprioc fhoriomlán an AE laghdú 40% ar astaíochtaí gáis cheaptha teasa ó 1990 faoi 2030, déanann gach Ballstát idirbheartaíocht maidir le sprioc aonair. Is é sprioc na hÉireann a cuid astuithe a laghdú 30% i gcomparáid lena hastuithe in 2005⁸.

Treochlár chun Bogadh chuig Geilleagar Ísealcharbóin Iomaíoch in 2050

Ag féachaint níos faide ná 2020, i gcomhréir le Treochlár Fuinnimh 2050 an CE, léiríodh sprioc AE de 27% ar a laghad mar an sciar den fhuinneamh in-athnuaite a ídíodh san AE in 2030. Tá an Treochlár mar bhonn eolais ag an mbeartas náisiúnta agus bhí tionchar aige ar an bPlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide (2021) ina leagtar amach gníomhaíochtaí chun an t-athrú aeráide a laghdú i dtreo 2050⁹.

An Treoir um Fhuinneamh In-athnuaite a Athmhúnlú (RED2)

Thángthas ar chomhaontú san Eoraip idir na hidirbheartaithe don Choimisiún Eorpach, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle Eorpach in 2018 maidir le húsáid fuinnimh in-athnuaite san Eoraip a mhéadú. Áiríonn an creat rialála nua sprioc cheangailteach fuinnimh in-athnuaite don AE do 2030 de 32 % le clásal um athbheithníú aníos faoi 2023. Cabhróidh an comhaontú seo leis an AE spriocanna Chomhaontú Pháras a bhaint amach¹⁰.

Margadh Glas na hEorpa (2019)

Is straitéis fáis don AE é an Margadh Glas Eorpach a bhfuil sé d'aidhm aige an AE a chlaodhlú ina shocháí chothrom agus rachmasach, ag cur feabhas ar cháilíocht na beatha le geilleagar nua-aimseartha, tíosach ar acmhainní agus iomaíoch nuair nach bhfuil aon ghlanastaíochtaí gáis cheaptha teasa ann in 2050 agus in áit ina ndéanfar fás a dhíchúpláil ó úsáid acmhainní. Tá sé mar aidhm ag an AE é seo a dhéanamh trí bheith neodrach ó thaobh na haeráide de faoi 2050. Príomhphrionsabal chun é sin a bhaint amach is ea earnáil fuinnimh a fhorbairt a bheidh bunaithe go príomha ar acmhainní in-athnuaite.

Straitéis an AE maidir le Fuinneamh In-athnuaite Amach ón gCósta

I mí Iúil 2020, sheol an AE treochlár dá Straitéis um Fhuinneamh In-athnuaite Amach ón gCósta¹¹. Ba é aidhm an treochláir ná saoránaigh a chur ar an eolas agus rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí comhairliúcháin a éascú. Leag an treochlár seo don Straitéis um Fhuinneamh In-athnuaite Amach ón gCósta aird freisin ar fhreagairt an AE ar an bpaindéim COVID-19 maidir le fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta.

“Agus an Eoraip ag iarraidh tionchair COVID-19 a láimhseáil tá sé rithábhachtach moilleanna suntasacha a sheachaint in infheistíocht in athnuaiteán amach ón gcósta, toisc gur féidir leis an earnáil seo a chinntiú freisin go dtiocfaidh fás inbhuanaithe as an téarnamh.”

Is é aidhm na straitéise a chinntiú gur féidir le fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta cabhrú le spriocanna uailmhianacha fuinnimh agus aeráide an AE a bhaint amach. Measann an Coimisiún Eorpach go bhfuil idir 240 agus 450GW de chumhacht gaoithe eischósta ag teastáil faoi 2050 chun ardú teochta a choinneáil faoi 1.5°C. Tá sé beartaithe sa Straitéis acmhainn gaoithe eischósta na hEorpa a mhéadú ón leibhéal reatha 12GW go 60 GW ar a laghad faoi 2030 agus go 300 GW faoi 2050.

Plean CE REPowerEU

In 2022 chuir an Coimisiún Eorpach a fhreagairt i láthair ar an gcruatan agus ar an gcur isteach sa mhargadh fuinnimh domhanda de bharr ionraí na Rúise ar an Úcráin. Thug an CE léargas ar a gcuid cuspóirí “deireadh a chur le spleáchas an AE ar bhreoslai iontaise na Rúise” agus “dul i ngleic leis an ngéarchéim aeráide”.

Déanann na bearta i bPlean REPowerEU iarracht deireadh a chur le spleáchas na hEorpa ar bhreoslai iontaise na Rúise trí “choigilteas fuinnimh, éagsúlú soláthairtí fuinnimh, agus rolladh amach luathaithe fuinnimh in-athnuaite”. Aithníonn sé go gcuirfidh “scálú agus luasghéarú suntasach ar fhuinneamh in-athnuaite” dlús le neamhspleáchas fuinnimh an AE agus go gcuideoidh sé leis an aistriú glas.

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún Eorpach “príomhspríoc 2030 d’fhuinneamh in-athnuaite a mhéadú ó 40% go 45%” faoin bpacáiste ‘Fit for 55’ de reachtaíocht an Mhargaidh Ghlais Eorpaigh. Aithníonn an uailmhian mhéadaithe seo an gá atá le “dul i ngleic le ceadú mall agus casta le haghaidh mórtionscadail in-athnuaite”, agus leasú spriocdhírithé ar an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite chun fuinneamh in-athnuaite a aithint mar ábhar sáraitheach do leas an phobail¹².

12.2.2 Beartas Náisiúnta, Réigiúnach agus Áitiúil

12.2.2.1 Beartas Náisiúnta

Tagann beartas náisiúnta fuinnimh agus aeráide ón mbeartas uileghabhálach Eorpach a bhfuil sé mar aidhm aige an tAontas Eorpach a aontú i spriocanna fuinnimh agus aeráide.

An tAcht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Ísealcharbóin (Leasú), 2021

Forálann an tAcht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Ísealcharbóin (Leasú) 2021¹³ d’fhaomhadh pleananna ag Rialtas na hÉireann maidir le hathrú aeráide chun an t-aistriú go geilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide de a leanúint faoi dheireadh na bliana 2050. Bunaítear leis an Acht creat atá ceangailteach ó thaobh dlí le spriocanna agus gealltanais shoiléire leagtha síos sa dlí agus cinnteoidh sé go mbeidh na struchtúir agus na próisis riachtanacha leabaithe ar bhonn reachtúil chun a chinntiú go mbainfear amach spriocanna agus oibleagáidí náisiúnta, AE agus idirnáisiúnta maidir leis an aeráid.

Cuimsíonn an tAcht an próiseas buiséadaithe carbóin sa dlí. Ceanglaítear ar an Rialtas sraith buiséad carbóin cúig bliana ar fud an gheilleagair a ghlacadh, lena n-áirítear spriocanna earnála do gach earnáil ábhartha, ar bhonn rollach 15 bliana, ag tosú in 2021. Áirítear leis seo foráil go mbeidh an dá bhuiséad carbóin cúig bliana ina dhiaidh seo ar comhionann le laghdú iomlán de 51% ar astaíochtaí thar an tréimhse go dtí 2030, i gcomhréir leis an gClár don Rialtas a thugann gealltanas go laghdófar meánlaghdú bliantúil 7% ar astaíochtaí foriomlána gáis cheaptha teasa thar na deich mbliana atá romhainn, agus go mbainfear amach glan-astaíochtaí nialasacha faoi 2050. Tiomáinfidh an tAcht seo cur i bhfeidhm sraith bheartas chun cabhrú leis an sprioc seo a bhaint amach.

Éilíonn an tAcht freisin go n-ullmhóidh gach Údarás Áitiúil Pleananna Gníomhaíochta Aeráide aonair a chuirfeadh bearta maolaithe agus oiriúnaithe araon, a léiríonn sainordú d'Údaráis Áitiúla oiriúnú d'athrú aeráide.

Plean Gníomhaíochta Aeráide (2021)

Foilsíodh den chéad uair i mí an Mheithimh 2019, tá an Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide (CBT) bunúsach chun an tAcht um Gníomhú ar son na hAeráide agus Ísealcharbóin (Leasú) 2021 a chur i bhfeidhm. Foilsíodh CBT nuashonraithe nua i mí na Nollag 2022¹⁴ a thugann na spriocanna don fhuinneamh in-athnuaite cothrom le dáta faoi 2030 ón 70% roimhe sin go dtí an sprioc 80% anois. Cosúil le CBT 2019, tá an sprioc le baint amach trí 5GW ar a laghad d'fhuinneamh gaoithe eischósta a sholáthar faoi 2030.

Chun an sprioc seo a bhaint amach, measann an CBT gur gá:

- A chinntiú go gcuireann MARA tús leis na próisis toilithe faoina shainchúram (EL/23/8),
- Plean ar fud an chórais a fhoilsiú chun ORE a sholáthar in Éirinn (EL/23/9),
- Ceantanna RESS ar an gcladach agus amach ón gcósta a sholáthar de réir fhéilire bliantúil ceantála RESS (EL/23/10)
- A chinntiú go n-éascaítear naisc eangai teicneolaíochta hibrideacha, agus go mbaintear na bacainní atá fágtha (EL/23/14)
- Beartas Idirnasctha nuashonraithe a fhoilsiú chun aeráid agus fuinneamh méadaithe na hÉireann a léiriú
- uailmhian, an Rialachán athbhreithnithe GTE-F an AE, dúshláin Brexit agus an tábhacht mhéadaithe a bhaineann le hidirnascairí hibrideacha (EL/23/16)
